	Pride in our national identity is strengthened through engagement with the cultural and sporting experiences that bind us as a nation.	<ul style="list-style-type: none"> Maintain public perception that RTÉ devotes the right amount of time to children's programmes at $\geq 50\%$ 	Commitment largely achieved. 48% of Irish adults agreed.
	Irish children will see their experiences and hear their own voices on screen, on radio and online.	<ul style="list-style-type: none"> Maintain public perception that RTÉ provides a comprehensive service for Irish speakers at $\geq 60\%$ 	Commitment achieved
	The Irish language will grow in prominence and become an integral part of the Irish media landscape.	<ul style="list-style-type: none"> Maintain RTÉ RnaG weekly reach among adults 15+ at $\geq 3\%$ 	Commitment not achieved. Weekly reach was 2%. In 2022, however RnaG celebrated 50 years of enriching the Gaeltacht and Irish language communities around the country sharing their stories, songs and music, and throughout the year brought RnaG into the community with a series of small and large events.
		<ul style="list-style-type: none"> Meet the '365 provision' to TG4 as per S120 of the Act 	Commitment achieved.

Content (continued)

Commitment	Intended Public Impacts	Target Measure	Result	
5. Celebrate diversity and cultivate Irish talent	People from every part of Irish society see their experiences represented in their PSM organisation and feel included.	<ul style="list-style-type: none"> Grow public perception that RTÉ reflects current Irish society to $\geq 80\%$ 	Commitment not achieved. 63% of Irish adults agreed. See contextual commentary in Introduction.	
	There is a heightened awareness of the diversity of Irish society and enhanced social cohesion.	<ul style="list-style-type: none"> Report on female faces and voices on air 	Commitment achieved.	
	Ireland has a consistently creative and innovative PSM.	<ul style="list-style-type: none"> Maintain high proportion of RTÉ Radio's FM output as first-run indigenous at $\geq 80\%$ 	Commitment achieved	
	The creative economy in Ireland experiences growth and is strengthened and developed.	<ul style="list-style-type: none"> Maintain high proportion of indigenous hours as a % of total peaktime hours on RTÉ One at $>75\%$ 	Commitment not achieved. 70% of total peaktime hours on RTÉ One were indigenous. While original hours were up on 2021, there were fewer repeats and more acquired hours broadcast. Q4 2022 also had FIFA World Cup on RTÉ2.	
	Ireland's existing and emerging creative talents are showcased and celebrated.	<ul style="list-style-type: none"> Statutory spend requirement met Grow public perception that RTÉ One is good for Irish drama to $\geq 70\%$ 	Commitment achieved	
	Compelling Irish stories are told in a universal and powerful way.		RTÉ drama remains a key fixture in the RTÉ One schedule, attracting high audience numbers, however Irish drama is increasingly watched via RTÉ Player, both live and on-demand, where the 'long tail' is also evident. Smother season 2 attracted 599k streams in 2022, while series from 2021's schedule continue to attract high on-demand audiences, with significant total stream numbers to date: Smother season 1 (974k) Hidden Assets (840k), Kin (2.9m). See also the contextual commentary in Introduction.	
	Access to the arts will be broadened and democratized, enhancing public appreciation for our distinctive culture and heritage.		<ul style="list-style-type: none"> Maintain public satisfaction with the quality of culture and arts on RTÉ at $\geq 67\%$ 	Commitment not achieved. 59% of Irish adults agreed (64% excluding 'don't know'), with upward trends evident across the year. As artistic and cultural activities resumed to close to previous levels, certain types of live events did not always achieve pre-pandemic audiences. Despite this, RTÉ broadcast a diverse range of arts and culture content, including live audience events and commissioned productions. See also the contextual commentary in Introduction.
			<ul style="list-style-type: none"> Maintain public perception that RTÉ provides a broad range of orchestral music at (% agree) 50% 	Commitment achieved

Sustainability

Protect the future of Public Service Media through a sustainable RTÉ

Commitment	Intended Public Impacts	Target Measure	Result
6. Protect the future of PSM	The future of PSM in Ireland is protected and is sustainable.	• Meet annual budget	Commitment largely achieved
		• Deliver RTÉ's portfolio of services within budgeted operating costs	Commitment achieved
	It is run effectively and efficiently. It is supported by RTÉ commercial activities.	• Operate RTÉ's commercial activities efficiently to maximise the net return for RTÉ's public service activities and achieve Group commercial revenue targets	Commitment largely achieved
		• Total content and distribution spend as a % of Operating Costs is $\geq 80\%$	Commitment largely achieved
	It is open, accountable and transparent.	• PROC* target achieved	Commitment achieved
	PSM legitimacy is strengthened and protected in Ireland.	*Personnel Related Operating Costs	
		• Maintain public perception that RTÉ is valuable to Irish society at $\geq 85\%$	Commitment not achieved. 77% of Irish adults agreed, and this metric saw upward trends over the course of the year. See contextual commentary in Introduction.
	• Maintain public perception that RTÉ is trustworthy at $\geq 75\%$	Commitment not achieved. 69% of Irish adults agreed, unchanged from 2021's result. A number of other organisational indicators that contribute to trust have seen a slight uplift 2022, which is an encouraging sign.	
		See also commentary under Commitment 3: trust in RTÉ N&CA, and in Introduction on public perception scores.	

Other Reporting & Statistical Information

RTÉ Fair Trading Report 2022

RTÉ is committed to ensuring that its trading activities adhere to the principles of fair competition and are operated within the framework of both EU and national legislation. In addition, RTÉ has considered it appropriate to implement its own policy and procedures, the RTÉ Fair Trading Policy and Procedures, which are published on the RTÉ website. The document was reviewed and updated in 2022.

The Fair Trading Committee was established to oversee the implementation of the Policy and Procedures. It is a sub-committee of the RTÉ Board. The members of the sub-committee at the year-end date were Ian Kehoe and Susan Ahern. Deborah Kelleher ceased to be a member of the Committee with effect from 6 November

2022, following the end of her term of office. This sub-committee is responsible for the independent oversight of the Fair Trading Policy with regard to its implementation; with the ability to conduct periodic reviews of the policy as well as a review of the complaints procedure. The Fair Trading Officer, Eleanor Bleahene, reported directly to the sub-committee during 2022. The Fair Trading Officer continued to provide advice and guidance to relevant areas in RTÉ on fair trading matters during 2022.

Report under Section 22 of the Protected Disclosures Act 2014

Section 22 of the *Protected Disclosures Act 2014* requires RTÉ to publish an annual report relating to protected disclosures made under the *Protected Disclosures Act 2014*. In accordance with this requirement, RTÉ reports that no protected disclosure was received during the year ending 31 December 2022.

FREEDOM OF INFORMATION REQUESTS TO RTÉ


■ 2022 □ 2021



Source: RTÉ

COMPLAINTS TO BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND ABOUT RTÉ OUTPUT

■ 2022 □ 2021



Source: RTÉ

	2022	2021	2020	2019	2018
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
INCOME STATEMENT					
Television licence revenue	195,642	196,131	196,623	196,248	189,055
Commercial revenue	152,053	148,342	134,519	145,837	150,050
Total revenue	347,695	344,473	331,142	342,085	339,105
Operating costs (before depreciation, amortisation and exceptional items)	(339,288)	(331,345)	(307,691)	(337,773)	(339,803)
EBITDA before exceptional items	8,407	13,128	23,451	4,312	(698)
Depreciation and amortisation	(11,765)	(11,654)	(13,543)	(13,803)	(12,417)
Gain/(loss) on disposal of assets	12	73	(8)	288	5
Disposal of investments	36	-	-	-	-
Exceptional items ¹	-	-	-	256	(548)
Profit/(loss) from operating activities after exceptional items	(3,310)	1,547	9,900	(8,947)	(13,658)
Net finance income/(expense)	320	1,219	(99)	57	520
Tax	197	(407)	(1,863)	1,689	135
Surplus/(deficit) for the year	(2,793)	2,359	7,938	(7,201)	(13,003)
BALANCE SHEET					
Non-current and current assets					
Property, plant and equipment	58,145	62,810	60,982	71,028	67,846
Intangible assets	4,252	7,968	4,772	6,311	5,695
Pension asset	180,590	147,714	150,816	110,404	49,556
Inventories	25,951	27,105	26,669	27,689	31,245
Cash and liquid investments	114,062	101,392	87,165	69,149	66,961
Other assets	62,831	61,484	71,509	63,511	60,246
Total assets	445,831	408,473	401,913	348,092	281,549
Non-current and current liabilities					
Employee benefits – restructuring	7,392	8,792	13,411	14,332	16,675
Other liabilities	206,105	197,554	190,358	178,452	169,344
Total liabilities	213,497	206,346	203,769	192,784	186,019
Equity	232,334	202,127	198,144	155,308	95,530
Total equity and liabilities	445,831	408,473	401,913	348,092	281,549
CASH FLOW					
Net cash generated/(absorbed) from operating activities	26,085	27,682	22,560	8,025	(21,156)
Net cash outflow from acquisition of property, plant, equipment and intangible assets	(9,682)	(11,629)	(8,178)	(14,287)	(18,205)
Net proceeds from sale of property, plant and equipment	15	77	20	305	17
EMPLOYEES					
Total headcount at 31 December	1,868	1,871	1,866	1,831	1,822
Total FTE at 31 December	1,735	1,755	1,758	1,714	1,691

¹ Exceptional items includes gain on disposal of land, sales-enabling project costs, restructuring and other charges







Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

T: +353 1 208 3111
F: +353 1 208 3080

E: info@RTÉ.ie
www.RTÉ.ie

 twitter.com/rte
 [linkedin.com/company/rte](https://www.linkedin.com/company/rte)



2



0



2



2

Inniu, amárach, le chéile

Is é RTÉ eagraíocht náisiúnta meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann – ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar ghléasra soghluaiste.

An 62ú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa do na 12 mhí dar chríoch an 31 Nollaig 2022 arna gcur faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de réir alt 109 agus alt 110 den *Acht Craolacháin, 2009*.

Is féidir leagan Béarla den Tuarascáil a íoslódáil ó www.rte.ie/annualreport
www.rte.ie/about/en/policies-and-reports/annual-reports/

02	Aisling, Misean & Luachanna
04	RTÉ: Figúirí na Bliana
06	RTÉ: Buaiophointí na bliana 2022
24	Ráiteas an Chathaoirlígh
26	Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra
28	Athbhreithniú Airgeadais
37	Seo RTÉ
38	RTÉ: Obair na Bliana 2022
52	RTÉ: Duaiseanna na Bliana 2022
54	RTÉ: Ábhar na Bliana 2022
82	An Obair
88	Staitisticí
96	Bord RTÉ
100	Feidhmíuchán
102	Rialachas Corparáide
111	Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
112	Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird
113	Tuarascáil ón Iníuchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ
115	Ráitis Airgeadais
122	Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa
169	Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Polasaithe Cuntasaíochta
176	Gealltanais Feidhmíochta 2022
181	Eolas Tuairiscithe & Staitistice Eile
182	Stair Airgeadais

Aisling

A bheith ina chrann seasta do chultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a mhealladh agus a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach; trí iléagsúlacht ildánach dhomhain na tíre a cheiliúradh; agus trí chumas mhuintir na hÉireann a chothú.

Misean

Cur le saol na hÉireann le hábhar atá ina lón machnaimh, foghlama agus siamsaíochta.

Luachanna

Beidh dearcadh oscailte, ilbhreathnach ag RTÉ, an eagraíocht agus na daoine san eagraíocht sin, agus beidh tréithe na cruithaitheachta, an mheasa, na hinmharthanachta agus na freagrachta, na comhoibríochta agus na trédhearcachta ag rith leo, tréithe a léireoidh chomh maith na hiompraíochtaí seo leanas:

An Dearcadh Ilbhreathnach

Tuiscint dhomhain a léiriú ar an lucht éisteachta agus féachana agus ar a gcuid riachtanas. Am agus dua a chaitheamh le súil a choinneáil ar na hathruithe a thagann ar thírdhreach na meán.

Cruthaitheacht

A bheith acmhainneach agus nuálach i mbun lón ábhair a chruthú. A bheith cróga, sásta dul i bhfiontar agus sásta ciall a cheannach nuair nach n-éiríonn le beart.

Meas

Déileáil le daoine - baill foirne agus páirtnéirí san áireamh - le teann measa, fiú nuair nach é sin is furasta. Muinín a chothú trína bheith cóir, cothrom, macánta maidir le cinntí a dhéantar.

Inmharthanacht agus Freagracht

Bainistíocht fhreagrach a dhéanamh ar an ngnó, a bheith freagrach dá chéile taobh istigh de RTÉ agus don lucht éisteachta agus féachana agus do na páirithe leasmhara.

An comhar

Oibriú le chéile agus beocht a chur in eagraíocht 'Aon RTÉ amháin'. Oibriú i gcomhar le páirtnéirí chun riachtanais lucht féachana agus éisteachta RTÉ a shásamh.

Trédhearcacht

Cinntí a dhéanamh ar bhealach trédhearcach oscailte. Na cúiseanna le bearta a lua go neamhbhalbh.

1

Choinnigh RTÉ an áit atá aige mar an láithreán gréasáin nuachta agus siamsaíochta is fearr in Éirinn. Tugadh 31 milliún cuairt in aghaidh na míosa ar an suíomh agus chaith cuairteoirí 8 nóiméad 25 soicind ar an meán ag féachaint air.

5

Chuir RTÉ leis na cearta atá aige chun clúdach cuimsitheach a dhéanamh ar Chraobhchomórtas CLG ar fud sheirbhísí RTÉ ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne do na cúig shéasúr amach romhainn, rud a chinntíonn go mbeidh clúdach saorchraolta ar ardchaighdeán ag an lucht féachana agus éisteachta in Éirinn 12 mhí den bhliain ó 2023 go 2027.

6

D'fhógair RTÉ agus Virgin Media Television comhpháirtíocht stairiúil chun cluichí Rugbaí na Sé Náisiún (comórtais na bhFear, na mBan agus faoi 20 de chuid na hÉireann) a shaorchraoladh do lucht leanúna spóirt na hÉireann.

50

Rinneamar ceiliúradh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, a bhí 50 bliain ar an bhfód i mí Aibreáin, le mórcheolchoirm le Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus aíonna i gConamara a craoladh beo ar RnaG agus ar chlár buaicphointí teilifíse ar RTÉ One.

5,000

Rinne an sobalchlár is mó a bhfuil tóir air in Éirinn, Fair City, gaisce mó i mí na Bealtaine agus 5,000 eipeasóid craolta den chlár.

6,800,000

Bainfidh níos mó ná 1.1 milliún leanbh agus a dteaghlaigh tairbhe as thart ar €6.8 milliún i síntiúis a bailíodh mar chuid den RTÉ Toy Show Appeal 2021. Trínár gcomhiarrachtaí le heagraíochtaí meán eile chun tacú le ciste na hÉireann don Úcráin, bailíodh os cionn €7 milliún. Bailíodh beagán os cionn €3 mhilliún don Úcráin le feachtas bailithe airgid na Croise Deirge ar *The Late Late Show* i mí an Mhárta chun cabhrú leo siúd a raibh tionchar díreach ag an gcogadh san Úcráin orthu.

8,500,000

Bhí na sluaite de lucht leanúna sacair na hÉireann ag féachaint ar Chorn an Domhain i gCatar ar an RTÉ Player agus rinneadh 8.5 milliún sruth san iomlán ar 1.8 milliún gléasra ar leith le linn an chomórtais - méadú 240% ar shruthanna beo Euro 2020 agus méadú 47% ar Chorn an Domhain 2018.

17,500,000

Ó thús Chorn an Domhain ar an 20 Samhain, bhí níos mó ná 17.5 milliún sruth ag an RTÉ Player agus lucht féachana ag féachaint ar réimse leathan ábhar, *Quinn Country*, *The Late Late Toy Show* agus *The Irish Civil War* ina measc.

21,000,000

21 milliún cuairt a tugadh ar Aip RTÉ News in aghaidh na míosa le gach úsáideoir ag tabhairt cuairt ar an aip 29 n-uaire ar an meán in aghaidh na míosa.

83,300,000

83.3 milliún sruth san iomlán a bhí ag an RTÉ Player in 2022, méadú 14% ar 2021 arb ionann é sin agus 25 milliún uair an chloig de shruthú, méadú 33% ar 2021.

Ar RTÉ a craoladh 44 de na 50 clár ba mhó a féachadh orthu in 2022, agus lucht féachana ag féachaint ar spórt beo, siamsaíocht, nuacht iontaofa, cláracha tarraingteacha fíorasacha, cláracha faisnéise Éireannacha agus drámaíocht áitiúil. D’fhan an *Late Late Toy Show* i mbarr réime agus níos mó ná 1.5 milliún lucht féachana aige agus ba chluichí beo CLG, rugbaí agus sacair saorchraolta naoi gcinn de na deich gclár ba mhó a féachadh orthu. Ba é *Cluiche Ceannais Peile Sinsear na hÉireann* (872,000) an dara clár ar an iomlán ba mhó ar féachadh air.



Thacaigh RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona le 150 imeacht ealaíon agus cultúir áitiúil, réigiúnach, pobail agus náisiúnta ar fud an oileáin le meascán de thacaíochtaí fógraíochta craolta, ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar na meáin shóisialta. Is ionann é sin agus an figiúr bliantúil is airde i stair na scéime – léiriú ar éagsúlacht agus ar bheocht earnáil na n-ealaíon agus an chultúir ar fud na hÉireann agus imeachtaí ar ais mar a bhí agus an lucht féachana ag filleadh arís.



Ba é RTÉ lárionad shacar na mban i mí Iúil agus gach ceann den 31 cluiche in Euro 2022 na mBan UEFA á gcráoladh beo – an chéad uair riamh ar theilifís phríomhthrátha na hÉireann – ag leanúint le tiomantas RTÉ do spórt na mban. Bhí RTÉ2 agus RTÉ Player ann freisin nuair a bhuaill Poblacht na hÉireann Albain i nGlaschú sa chluiche ba mhó riamh i stair shacar na mban in Éirinn.



Chabhraigh €6.8 milliún i gcistí a bhailigh an RTÉ Toy Show Appeal le níos mó ná 160 eagraíocht ar fud oileán na hÉireann atá ag obair ar mhaithe le saol níos fearr a bheith ag leanaí agus d'éascaigh sin tionscadal amháin ar a laghad i ngach contae ar oileán na hÉireann.



Bhí cúis mhór cheiliúrtha ag RTÉ Raidió na Gaeltachta agus caoga bliain ar an bhfód bainte amach ag an stáisiún. I mí Aibreáin, bhí ceolchoirm ollmhór i gcroílár na Gaeltachta, a craoladh beo ar an raidió, le Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus cuid de na ceoltóirí traidisiúnta is fearr sa tír, ina measc Altan, Iarla Ó Lionáird, Steve Cooney, Muireann Nic Amhlaoibh, Cór Chúil Aodha agus go leor eile. Bhí buaicphointí ón gceolchoirm le feiceáil i gclár teilifíse ar RTÉ One.



Bhí drámaí úrnua Éireannacha ar ais ar RTÉ2 le sraith nua de *Storyland*, ag bogadh ón ardán ar líne go teilifís RTÉ den chéad uair, le trí dhráma uathúla, a bhí úrnua agus spreagúil. Coimisiúnaíonn Storyland RTÉ, i gcomhar le Fís Éireann, ábhar nua a bhfuil script leo lena gcur i láthair go sonrach ar an teilifís chun an bealach a réiteach do scríbhneoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí an lae amárach.



Mar chuid dá iarrachtaí a oibríochtaí foriomlána a dhéanamh níos inbhuanaithe, lean RTÉ de Thionscadal Albert a fheidhmiú, clár atá á bhainistiú ag BAFTA agus atá leagtha amach chun tacú le déanamh cláracha níos inbhuanaithe. Bhain 11 clár de chuid RTÉ deimhniú albert amach in 2022, *The Late Late Show*, *The Today Show*, *Prime Time*, lena n-áirítear trí cinn de *Prime Time Climate Specials*, *Ask Me Anything*, *The Main Stage*, *Cloch Le Carn*, *Scannal* agus *Gafa*.



Spreag cláracha spóirt, drámaíochta, sobalchláracha agus ábhar a bhaineann go sonrach le hÉirinn fás i ngach cás ar an RTÉ Player agus bhí an líon is mó sruthanna riamh, 83,300,000 sruth, aige (+14% bliain ar bhliain) ar fáil agus caitheadh 25,800,000 uair an chloig ag sruthú (+33% le hais 2021).





Bhí RTÉ i measc grúpa de na príomheagraíochtaí meán in Éirinn a tháinig le chéile i mí Aibreáin chun comhpháirtíocht gan fasach a bhunú agus feachtas poiblí bailithe airgid a sheoladh, Éire don Úcráin. Fuair an feachtas tacaíocht ó shíntiús €5 mhilliún ó Rialtas na hÉireann agus bailíodh níos mó ná €7 milliún. Trí dheathoil agus flaithiúlacht ollmhór mhuintir na hÉireann, bhailigh feachtas bailithe airgid Chros Dhearg na hÉireann ar an *Late Late Show* i mí an Mhárta os cionn €3 mhilliún de chistí ríthábhachtacha don Úcráin.

THE LATE LATE SHOW



Ba mhór an phribhléid dom é a bheith ceaptha i mo Chathaoirleach ar RTÉ i mí na Samhna 2022, ag deireadh bliain shuntasach eile d'eagraíocht meán seirbhíse poiblí náisiúnta na hÉireann.

Ba bhliain chinníunach 2021 dár dtionscal. Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán i mí Iúil 2022, inar aithníodh an tábhacht a bhaineann le meáin ilchineálacha agus bhríomhara, agus an ról ilghnéitheach atá acu i saol na hÉireann, chomh maith leis an ról ar leith atá ag na meáin seirbhíse poiblí náisiúnta. Bliain a bhí ann freisin inar fógraíodh go mbunófaí Coimisiún na Meán chun tírdhreach rathúil, ilchineálach agus sábháilte ar líne agus sna meáin a chinntiú, le teacht in áit Údarás Craolacháin na hÉireann. Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar bhaill uaisle an Choimisiúin agus táimid ag tnúth le caidreamh láidir oibre a chothú leis mar a rinneamar leis an BAI.

Ba bhliain í 2022 freisin ina bhfuair daoine cumasacha cruthaitheacha as Éirinn ar an dá thaobh den cheamara aitheantas domhanda, a bhí tuillte go maith acu, agus an oiread sin léiriúcháin scannáin agus teilifíse, a rinneadh in Éirinn agus a raibh daoine cumasacha as Éirinn iontu, á gceiliúradh ag a bpiaraí agus ag an bpobal araon. Meabhrúchán tráthúil ab ea é ar na caighdeáin den scoth a bhaintear amach go seasta anseo in Éirinn anois agus an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht san earnáil. Táimid ag tnúth leis an gcaidreamh atá againn leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách a threisiú.

R2135 (v) PAC33

Ina hathbhreithniú ar an mbliain 2022, leag an Príomh-Stiúrthóir béim ar go leor de na gaiscí atá déanta ag RTÉ: an lucht féachana ar ais arís i stiúideoonna agus ag imeachtaí RTÉ tar éis dhá bhliain dheacra nach bhfacthas a leithéid riamh cheana; ceiliúradh ar leathchead bliain RTÉ Raidió na Gaeltachta; drámaíocht bhreá úrnua de chuid na hÉireann ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne; cláracha faisnéise den chéad scoth; nuacht agus cúrsaí reatha iontaofa; fiosrúcháin agus tuairiscí tábhachtacha a mbíonn tionchar acu; imeachtaí dochreidte beo spóirt ar fud ár gcuid seirbhísí; an líon is mó sruthanna riamh ar an RTÉ Player; tacaíocht rithábhachtach d'ealaíontóirí agus do cheoltóirí, agus a oiread eile arís agus iad ar fáil ó lá go lá ar fud sheirbhísí RTÉ.

Mar a léiríonn 2022, is iomaí rud a dhéanann RTÉ go maith. Ach tá go leor le déanamh fós againn.

Bíonn an lucht féachana ag athrú go tapa de bharr go bhfuil níos mó roghanna ná riamh cheana ar fáil dóibh – ní hamháin ó thaobh cad air a fhéachfaidh siad, ach conas, cathain agus cá háit a fhéachfaidh siad air. Bíonn comhlachtaí nua ag teacht isteach sa mhargadh i goónaí. Leanann mórchomhlachtaí domhanda, a bhfuil neart airgid acu, d'infheistíocht a dhéanamh in ábhar tarraingteach do lucht féachana domhanda, lucht féachana na hÉireann san áireamh agus, mar gheall ar éileamh nach bhfacthas riamh cheana ar spóirt beo, bíonn siad sa tóir ar na cearta spóirt a thuilleann brabús mór dóibh. Tá nósanna éisteachta ag athrú go tapa freisin agus an tóir atá ar phodchraoltaí do chách ag dul i méid, agus iad ar fáil ar éileamh.

Mar a léiríonn 2022, is iomaí rud a dhéanann RTÉ go maith. Ach tá go leor le déanamh fós againn.

Ní mór do RTÉ freagairt do na hathruithe seo má táimid chun teacht slán. Tá an acmhainneacht a bheith nuálach agus a bheith ábalta dul in oiriúint d'athruithe, lárnach do rath na heagraíochta, ach bíonn a chuid dúshlán féin ag baint leis sin. Cé go mbíonn athrú teicneolaíochta riachtanach, is minic costas mór i gceist leis, rud a chiallaíonn go mbíonn go leor cinntí móra le déanamh againn, cinntí tábhachtacha faoinár dtodhchaí agus muid ag smaoineamh i gcónaí ar bhealaí chun freastal níos fearr a dhéanamh ar an lucht féachana agus éisteachta, agus na cuntais a chomhardú ag an am céanna. Tá sé beagnach dodhéanta na féidearthachtaí a mheas go hiomlán gan réiteach ceart a fháil ar cheist mhaoiniú na meán seirbhíse poiblí in Éirinn, rud a bhfuilimse tiomanta dó i mo ról mar Chathaoirleach.

Agus an chuid is mó den bhéim ar athrú agus ar thodhchaí RTÉ, tá sé ríthábhachtach go mbeimid thar a bheith soiléir i gcónaí faoin méid atá le déanamh againn. Tá RTÉ in áit ar leith i gcónaí chun ár scéalta, scéalta tábhachtacha, a insint sa dá theanga, chun léargas a thabhairt ar an tsochaí, chun tacú lenár n-ealaíontóirí, ceoltóirí, scríbhneoirí, léiritheoirí agus taibheoirí aitheanta agus atá ag teacht chun cinn, chun daoine a thabhairt linn, chun siamsaíocht a chur ar fáil, chun bheith ann do na mór-ócáidí náisiúnta, chun tacú lenár bhfoirne agus lenár lúthchleasaithe, chun ár n-éachtaí a cheiliúradh agus chun léargas a thabhairt ar na saincheisteanna tábhachtacha a mbíonn tionchar acu orainn.

Ní gá dul i bhfad chun na dúshláin atá á dtabhairt don fhirinne, don daonlathas, don fhéiniúlacht, don ilchineálacht, don chultúr agus don saol sibhialta a fheiceáil; dúshlán atá ag dul i méid i gcónaí. Mura mbeidh RTÉ láidir agus bríomhar tá baol níos mó ann do na nithe sin, nithe atá thar a bheith tábhachtach dúinn ach a ndéanaimid talamh slán díobh go minic.

Thug RTÉ aghaidh riamh ar athrú agus d'fhreagair sé go maith do dhúshlán, agus leanfaimid orainn á dhéanamh sin. Níl aon mhíthuisicint orainn faoin obair atá romhainn, ná nílimid ag déanamh talamh slán den ról atá againn, ach táimid ag féachaint i dtreo na todhchaí le diongbháilteacht athnuaite agus dúthracht chun tabhairt faoin méid is gá a dhéanamh chun meán seirbhíse poiblí a chur ar fáil ar féidir a bheith bródúil as. Tá bunús cruthaithe ag an mbliain 2022 le forbairt a dhéanamh air.

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach, Bord RTÉ



In ainneoin mórán dúshlán, táim an-bhródúil as an méid a bhain RTÉ amach in 2022.

R2135 (v) PAC33

Bliain mhór eile do RTÉ ab ea 2022.

Chuireamar tús leis an mbliain ag féachaint le dóchas i dtreo filleadh go hiomlán ar an 'ngnáthshaol' tar éis nach mór dhá bhliain ag maireachtáil le dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh cheana mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda. Agus deireadh cur luath sa bhliain leis na srianta, diaidh ar ndiaidh, chuireamar fáilte ar ais roimh an lucht féachana agus éisteachta inár stiúideoonna agus cuireadh tús arís le himeachtaí poiblí beo.

In ainneoin mórán dúshlán, táim an-bhródúil as an méid a bhain RTÉ amach in 2022. I measc na n-éachtaí sin bhí an méid seo a leanas:

- Ar RTÉ a craoladh 44 de na 50 clár teilifíse ba mhó a féachadh orthu in 2022, agus lucht féachana ag féachaint ar spórt beo, siamsaíocht, nuacht iontaoifa, cláracha tarraingteacha fíorasacha, cláracha faisnéise Éireannacha agus drámaíocht áitiúil.
- Rinneamar ceiliúradh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, a bhí 50 bliain ar an bhfód i mí Aibreáin, le mórcheolchoirm le Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus aionna i gConamara a craoladh beo ar RnaG agus ar chlár buaicphointí teilifíse ar RTÉ One. Bhí sé tábhachtach dúinn go mbeimis in ann teacht le chéile chun ócáid chomh tábhachtach a chomóradh.



- Bhí 8.5 milliún sruth san iomlán ag Corn Domhanda FIFA ar an RTÉ Player ar 1.8 milliún gléasra ar leith i rith an chomórtais - méadú 240% ar shruthanna beo Euro 2020 agus méadú 47% ar Chorn Domhanda 2018. Níos lú ná 1% díobh sin a bhí ag sruthú a dúirt go raibh fadhbanna acu le feidhmíocht an RTÉ Player, rud a léiríonn an infheistíocht atá déanta againn sa tseirbhís le blianta beaga anuas.
- Chomh maith leis sin, d'fhéach an lucht féachana ar níos mó dár n-ábhar ar an RTÉ Player le linn na tréimhse seo. Idir tús Chorn an Domhain, a thosaigh ar an 20 Samhain, agus deireadh na bliana, bhí níos mó ná 17 milliún sruth ag an RTÉ Player agus an lucht féachana ag féachaint ar réimse leathan ábhar, lena n-áirítear *Quinn Country*, *The Late Late Toy Show* agus *The Irish Civil War*.
- Tugadh 31 milliún cuairt ar ár suíomh gréasáin RTE.ie gach mí, rud a fhágann gurb é an suíomh gréasáin nuachta agus siamsaíochta is mó in Éirinn é. Tugadh 21 milliún cuairt mhíosúil ar Aip RTÉ News.
- Agus lucht féachana agus éisteachta ag filleadh, thacaigh scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona le 150 imeacht ealaíon agus cultúir áitiúil, réigiúnach, pobail agus náisiúnta ar fud an oileáin le meascán tacaíochtaí ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne.

Ach craoladh an oiread ábhar agus cláracha seirbhíse poiblí i bhfad níos tábhachtaí eile a chuir an ról tábhachtach atá ag RTÉ i gcónaí i gcroílár shaol na hÉireann i gcuimhne dúinn.

Bhí sé deacair ach riachtanach éisteacht le cláracha faisnéise agus tuairiscí fiosrúcháin spéisiúla ar nós Blackrock Boys a léirigh foireann RTÉ Documentary on One, mar aon le cláracha Liveline ar an ábhar ina dhiaidh sin, a thug ardán tábhachtach do na híospartaigh chun teacht chun cinn agus a gcuid scéalta féin a nochtadh thar roinnt laethanta.

Nil i *Quinn Country*, *Vicky*, *War at Home*, *Cold Case Collins*, *The Irish Civil War* agus *Tiger Roll*, *The People's Horse* ach cuid de na cláracha faisnéise is fearr dá leithéid a spreag spéis agus caint mhór i measc an phobail. I mí na Bealtaine, chuamar i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun an clár faisnéise, *The Change – Ireland's Menopause Story*, a chómhaoiniú. Craoladh an clár ar RTÉ One agus ar an RTÉ Player tar éis don phobal spéis ollmhór a chur i scéalta na mban a bhí faoi chaibidil ar Liveline ar RTÉ Radio 1 an bhliain roimhe sin.

Lean RTÉ Investigates leis an obair riachtanach agus luachmhar a dhéanann sé nuair a d'aimsigh sé fianaise nua a bhain le bás an Athar Niall Molloy agus nuair a dhírigh sé aird ar uchtaithe mídhleathacha na hÉireann, agus a léirigh an méid daoine a bhí fós gan freagra 12 mhí ina dhiaidh sin. Bíonn tionchar ag na fiosrúcháin thábhachtacha sin i bhfad tar éis a gcríoil.

I mbliain ina raibh RTÉ ina lárionad do dhrámaíocht d'ardchaighdeán na hÉireann agus ina ndearna *Fair City* ceiliúradh ar 5,000 clár, bhí bród ar leith orainn tacú le scríbhneoireacht nua na hÉireann trí *Storyland* chur ar fáil ar theilifís RTÉ den chéad uair le drámaí aonair úrnu, *Balor Hall*, *Mustard* agus *Every Five Miles*. Tá an-tóir i gcónaí ar na drámaí gearra seo ar an RTÉ Player. Táim an-bhródúil freisin go raibh sé ar ár gcumas i mí Dheireadh Fómhair *Dizzy Deliveries* a chraoladh trí RTÉjr, an chéad sraith teilifíse riamh a raibh teanga chomharthaíochta láimhe Lámh in úsáid inti, ag cur ardán luachmhar ar fáil do na mílte leanaí a úsáideann é go laethúil.

Tá a fhios againn go bhfuil spórt beo tábhachtach dár lucht féachana agus in 2022, chomh maith leis an gCorn Domhanda ar éirigh go maith leis, chuir RTÉ spórt beo dochreidte agus cuimhní iontacha ar fáil do lucht leanúna spóirt ar fud na hÉireann le clúdach ar na Sé Náisiún, craobhchomórtais clubanna agus contae CLG, cluichí craobhchomórtais camógaíochta beo, sacar na mban, lena n-áirítear cluiche cáilithe stairiúil na hÉireann do Chorn Domhanda na mBan, cluichí Shraithchomórtas na Náisiún, cluichí Chorn Seaimpíní Heineken, imeachtaí Trastíre na hEorpa, agus go leor eile ar fud sheirbhísí teilifíse, raidió agus ar líne RTÉ.

Chomh maith lenár bhfócas ar chláracha agus ábhar tábhachtach, leanamar den nuálaíocht a chur ar fáil sa teicneolaíocht agus ag cur feabhas ar ár dtáirgí agus ár seirbhísí digiteacha: rinneamar uasghrádú suntasach ar aip an RTÉ Radio Player; d'aontaíomar socrú nua le Sky a mhéadóidh ábhar RTÉ ar ardán Sky agus a chuirfidh RTÉ i gcroílár Sky Glass; leanamar d'infheistiú a dhéanamh i stiúideoanna físiúla solúbtha le haghaidh craoltaí fuaime, rud a chuireann ar ár gcumas ábhar físe ar ardchaighdeán a chruthú do na meáin shóisialta, ar líne agus don teilifís. Is cuid é seo dár dtiomantas leanúnach táirgí nua, feidhmiúlacht nua agus gnéithe nua a chur ar fáil, chomh maith le níos mó deiseanna pearsantaithe agus formáidí ábhair nua chun ár gcríoilíreacht bheo a chomhlánú agus chun ár rannpháirtíocht le lucht féachana agus éisteachta a neartú, go háirithe lucht féachana níos óige, ar fud iliomad gléasra agus ardán.

Mar a luaigh mé cheana, cuireadh tús arís le himeachtaí freisin tar éis tréimhse chrua gan iad agus bhí sé an-speisialta a bheith mar chuid de chomhpháirtíochtaí tábhachtacha arís a chuir fáilte ar ais roimh an bpobal arís, lena n-áirítear na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta, Oíche Chultúir, RTÉ Choice Music Prize, Rós Thrá Lí, Fleadh Cheoil, féile Drámaíochta Uile-Éireann, Bloom, agus neart eile. Tugann imeachtaí mar seo níos gaire dár lucht féachana muid agus tugann siad deis dúinn iad a thabhairt isteach i dtithe ár lucht féachana agus éisteachta.

Arís eile, táim thar a bheith bródúil as an ról a bhí ag RTÉ maidir lenár n-iarraichtaí cistí a raibh géarghá leo a bhailiú do charthanais ar fud na tíre trí thionscnaimh spreagúla agus chroíúla éagsúla in 2022. Níos luaithe i mbliana, d'fhógraíomar go raibh níos mó ná 1.1 milliún leanbh agus a dteaghlaigh ag tosú ag baint tairbhe as thart ar €6.8 milliún i sinitíúis a bailíodh tríd an RTÉ Toy Show Appeal 2021. Bhailigh RTÉ Toy Show Appeal 2022 beagnach €4 mhíliún. Éacht dochreidte. Thug RTÉ 2FM, i gcomhar le Keary's Motor Group, carr d'aon éisteoir amháin i mí na Samhna agus bhailigh sé €47,000 do Childline chun cabhrú le leanaí ar fud na hÉireann. Trínár gcomhiarraichtaí le heagraíochtaí meán eile chun tacú le ciste na hÉireann don Úcráin, bailíodh os cionn €7 milliún. Bailíodh beagán os cionn €3 mhíliún don Úcráin le feachtas bailithe airgid na Croise Deirge ar *The Late Late Show* i mí an Mhárta chun cabhrú leo sin a raibh tionchar díreach ag an gcogadh san Úcráin orthu. Cé nach ndéanaimid deimhin riamh d'fhlaithiúlacht phobal na hÉireann, chuaigh an freagra a fuarthas ar na tionscnaimh seo, agus cinn eile i rith na bliana, go croí ionainn.

Chuireamar tús le 2022 freisin agus súil againn, le foilsiú Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, go mbainfí cor cinniúnach amach maidir le hinfeistíocht náisiúnta sna meáin seirbhíse poiblí. Foilsíodh an Tuarascáil i mí Iúil 2022 agus aithníodh inti an tábhacht a bhaineann le meáin ilchineálacha agus bhríomhara, agus an ról ilghnéitheach atá acu i saol na hÉireann, chomh maith le ról ar leith na meán seirbhíse poiblí náisiúnta. Ba é an réiteach maoinithe a moladh i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán an t-aon mholadh nár thacaigh an Rialtas leis. Leanfaidh RTÉ lena chuid iarraichtaí an cás a dhéanamh ar son an athchóirithe chun todhchaí na meán seirbhíse poiblí in Éirinn a chinntiú. Ní raibh sé chomh tábhachtach riamh is atá sé anois.

Dee Forbes

Príomh-Stiúrthóir

Torthaí agus Brabús Oibriúcháin

In ainneoin na héiginnteachta ginearálta gnó a d'eascair as an gcoagadh san Úcráin agus timpeallacht an-bhoilscithe, thaifead RTÉ easnamh measartha de €2.8 milliún in 2022.

Cé gur tháinig costais oibriúcháin ar ais go gnáthleibhéil, tar éis maolú costas in 2020 agus 2021 mar gheall ar shrianta COVID ar léiriú, tháinig feabhas ar ioncam tráchtála freisin tar éis tús mall leis an mbliain. Tháinig fógraíocht míreanna teilifíse ar ais go maith sa ráithe dheiridh mar gheall ar spéis mhór i gCorn Domhanda FIFA.

R2135 (v) PAC33

Ar an lámh eile, tháinig laghdú beag ar ioncam ón gceadúnas teilifíse i gcomparáid le 2021, rud a chiallaíonn nach bhfuil sé tagtha chuige féin go dtí na leibhéil a bhí ann roimh COVID go fóill. Ba iad Corn Domhanda FIFA, Sraith Náisiún UEFA agus Craobhchomórtais Peile Eorpach na mBan na hlmeachtaí Speisialta in 2022.

Tháinig méadú €12.6 milliún ar airgead ar láimh i rith na bliana. Tharla sé seo go príomha mar gheall go bhfuarthas €15 milliún i maoiniú poiblí breise i mí na Nollag 2022 mar thoradh ar mholtaí Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán a foilsíodh in 2022. Tá sé beartaithe go gcumhdóidh an maoiniú breise seo costais oibriúcháin in 2023 agus aithneofar ansin é.

Achoimre ar na Buaicphointí Airgeadais

	2022 €m	2021 €m	Athrú €m
Ioncam Tráchtála	152.1	148.3	3.8
Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse	195.6	196.1	(0.5)
Ioncam Iomlán	347.7	344.4	3.3
Costais oibriúcháin (gan lmeachtaí Speisialta a áireamh)*	(332.6)	(315.5)	(17.1)
EBITDA** (roimh lmeachtaí Speisialta)	15.1	28.9	(13.8)
Costais maidir le hlmeachtaí Speisialta	(6.7)	(15.8)	9.1
EBITDA	8.4	13.1	(4.7)
Dímheas & Amúchadh	(11.8)	(11.6)	(0.2)
Gnóthachan ó Dhiúscairt Sócmhainní	-	0.1	(0.1)
Glanioncam airgeadais	0.4	1.2	(0.8)
(Easnamh)/Barrachas roimh Cháin	(3.0)	2.8	(5.8)
Cáin	0.2	(0.4)	0.6
(Glaneasnamh)/Glanbharrachas don Bhliain	(2.8)	2.4	(5.2)

* Costais Oibriúcháin roimh Dímheas & Amúchadh agus gan costais incriminteacha maidir le hlmeachtaí Speisialta a áireamh.

** EBITDA: Tuilleamh roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh.

Ioncam Tráchtála

Is ionann ioncam tráchtála €152.1 milliún na bliana 2022 agus méadú 2.6% bliain ar bhliain (2021: €148.3 milliún). Ba é an phríomhchúis leis an méadú ná feidhmíocht ioncaim neamhthrádála eile de réir mar a leanann RTÉ ag éagsúlú a ioncaim.

	2022 v 2021 Athrú €m	Athrú %
Ioncam Tráchtála 2021	148.3	
Trádáil - Teilifís	(0.3)	(0.3%)
Trádáil - Raidió	0.3	1.2%
Trádáil - Digiteach	0.6	7.1%
Ioncam Neamhthrádála Eile	3.2	12.0%
Glaiseacht Bliain ar Bhliain	3.8	2.6%
Ioncam Tráchtála 2022	152.1	

Tháinig laghdú 1.3% ar mhíreanna fógraíochta ar an teilifís, an ranníocóir is mó maidir le hioncam tráchtála, i gcomórtas le 2021. Thosaigh an bhliain 2022 go dóchasach le deireadh curtha le srianta dianghlása. Mar sin féin, chuir an cogadh san Úcráin agus an méadú ar chostais fuinnimh isteach ar mhúinín an lucht fógraíochta. Bhuail fadhbanna leanúnacha an tslabhra soláthair agus an timpeallacht bhoilscithe muinín an lucht fógraíochta tuilleadh. Tháinig feabhas ar ioncam i dtreo dheireadh na bliana le héileamh suntasach ó lucht fógraíochta timpeall ar Chorn Domhanda FIFA. Ba laghdú i gcatagóirí amhail Bia, Fuinneamh agus Teileachumarsáid ba chúis leis an bhfeidhmíocht bliain ar bhliain, ach chúitigh méaduithe sna catagóirí Miondíola, Taistil agus Siamsaíochta na laghduithe seo.

Tháinig méadú 5.7% ar ioncam trádála teilifíse eile, lena n-áirítear urraíocht agus suíomh táirgí. Le níos lú cur isteach ar sceideal na gcláracha teilifíse in 2022 ná mar a bhí in 2021, bhí deiseanna ann tús a chur arís le patrún ioncaim urraíochta níos rialta.

Bhí an-bhliain go ginearálta ag trádáil raidió, lena n-áirítear mír, urraíocht agus promóisin, bhí méadú 1.2% bliain ar bhliain i gceist. Tháinig laghdú 1.8% ar fhógraíocht míreanna raidió, ach chúitigh méaduithe ar fud urraíochta agus promóisin Raidió an laghdú sin.

Tharla an laghdú i bhfógraíocht míreanna Raidió den chuid is mó mar gheall ar laghdú ar chaiteachas an Rialtais ar theachtaireachtaí rithábachtacha sláinte poiblí. Cé gur tháinig laghdú ar chaiteachas uile an Rialtais in 2022 go 13.3% (2021: 18.6%) den ioncam iomlán fógraíochta míreanna Raidió, cuid shuntasach den ghnó a bhí ann mar sin féin.

Tháinig méadú 7.1% ar ioncam ó thrádáil dhigiteach i gcomórtas le 2021. Is ionann ioncam VOD agus an ranníocóir is mó chuig ioncaim ó thrádáil dhigiteach agus bhí sé méadaithe 18.4% bliain ar bhliain. Tháinig laghdú 20.8% bliain ar bhliain ar ioncam ar bhonn digiteach ar fud rte.ie agus tháinig méadú 3.8% ar urraíocht dhigiteach.

Tháinig méadú €3.2m ar ioncam neamhthrádála sa bhliain go príomha mar gheall ar shocruithe dáileacháin digiteacha a cuireadh i gcrích le haghaidh ceadúnú an RTÉ Player agus mar gheall ar thús a bheith curtha arís le léirithe Cheolfhoireann Coirme RTÉ.

Thit ioncam ó PIC (Comórtas Idirghníomhacha Cláir) 25.4% bliain ar bhliain mar gheall nár fhill leibhéal rannpháirtíochta an lucht féachana i gcomórtas teilifíse ar na leibhéil a bhí ann roimh COVID.

Tháinig laghdú 10% ar an *RTÉ Guide* bliain ar bhliain agus ar aon dul le margadh a mheastar a bheith síos 10%. B'ionann díolachán iomlán na gcoipeanna agus 1.657 milliún agus áirítear laghdú 9% ar an méid a díoladh den mhóreagrán Nollag, ar díoladh 240,600 cóip de. Tháinig laghdú ar ioncam fógraíochta don *RTÉ Guide* bliain ar bhliain freisin mar go raibh margadh fógraíochta na n-irisí dúshlánach.

Mar chuid de straitéis RTÉ chun imeachtaí beo le ticéid a fhorbairt, cuireadh *Toy Show The Musical* ar stáitse i mí na Nollag. Ó go bhfuair an seó seo léirmheasanna fabhracha, bhí díolachán ticéad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis, agus níorbh aon chuidiú gurbh éigean roinnt seónna a chur ar ceal mar gheall ar thinneas i measc an chliar.

Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Ós craoltóir seirbhíse poiblí démhaoinithe RTÉ ar a leagtar réimse leathan cúraimí faoin reachtaíocht, tá buntábhacht leis an leibhéal maoinithe poiblí a fháightear chun ról na heagraíochta a chomhlíonadh. An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) atá freagrach as ioncam ó dhíolachán na gceadúnas teilifíse a bhailiú ó An Post (an t-aon ghníomhaire amháin maidir le ceadúnais teilifíse a dhíol) agus ón Roinn Coimisce Sóisialaí (RCS) i ndáil le ceadúnais teilifíse 'saor in aisce'. Tugann an RTCEGSM ansin deontas do RTÉ as an airgead maidir le táillí ceadúnais a bhailítear.

As an €221.5 milliún a bailíodh maidir le ceadúnas teilifíse sa bhliain 2022, fuair RTÉ €195.6 milliún (88%) de. Baineadh úsáid as an gcuid eile den airgead ón táille ceadúnais, €25.9 milliún, chun na costais bailiúcháin agus muirir ghaolmhara An Post a íoc agus chun airgead a chur ar fáil don scoim atá ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), Fuaim & Fís. Bhí an t-ioncam ón táille ceadúnais a fuair RTÉ sa bhliain 2022 €0.5 milliún níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2021, ó tharla nár éirigh le díolacháin na gceadúnas teilifíse na leibhéil chéanna a bhaint amach agus a bhí ann roimh COVID.

Is é an ráta seachanta don bhliain 2020 an ráta is déanaí atá ar fáil. An RTCEGSM a dhéanann an ríomh ar na figiúirí agus an ráta seachanta cothrom le 15.2% de na teaghlaigh agus de na háitribh ghnó a mbeadh an táille le gearradh orthu. Tá an ráta seachanta in Éirinn i bhfad níos airde ná mar atá sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile san Eoraip (féach leathanach 31) agus tá an costas bailiúcháin níos mó ná dhá oiread an chostais atá ag craoltóirí seirbhíse poiblí eile san Eoraip.

Ábhar buartha freisin an t-ardú ar líon na dteaghlach nach bhfuil teilifíseán den ghnáthchineál acu. Tá ardú seasta ag teacht le blianta beaga anuas ar an bhfigiúr sin de réir an Nielsen Establishment Survey

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

agus é cothrom le 16.9% faoin tráth seo (Eanáir 2023), ardú 1.8% le bliain anuas. De réir mar atá athrú níos casta ag teacht ar na modhanna ina dtapaítear ábhar meán cumarsáide is lú a thiofadh táille an cheadúnais teilifíse leis an gcaoi a dtapaíonn daoine ábhar seirbhíse poiblí. Tá sin ar an gcúis is mó leis an athrú ar an gcóras atá á thabhairt isteach i dtíortha eile, ionas gur táille maidir leis na meáin chumarsáide nó modh eile atá iontu anois seachas táille a bhaineann le gaireas de chineál faoi leith.

D'ainneoin mholadh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) go ndéanfaí méadú láithreach €30 milliún ar mhaoiniú poiblí, moladh a rinneadh in 2018 mar chuid d'athbhreithniú an BAI ar straitéis RTÉ 2018-2022, níl ach méadú c.€7 milliún tagtha ar mhaoiniú poiblí RTÉ ó shin. Fuarthas maoiniú poiblí breise aonuaire €15m do 2023 freisin tar éis moltaí a rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán. Bhunaigh an Rialtas an Coimisiún agus d'eisigh sé a mholtaí in 2022. Glacadh i bprionsabal le gach moladh seachas RTÉ a mhaoiniú go díreach ón státchiste. Tá an moladh maidir le hathchóiriú na táille ceadúnais curtha ar aghaidh anois chuig Grúpa Oibre Teicniúil agus tá RTÉ ag súil go dtuairisceoidh an Grúpa seo in 2023. Mura gcuirtear, agus go dtí go gcuirfead, athchóiriú substaintiúil i gcrích ar an gcóras Táille Ceadúnais, beidh staid airgeadais RTÉ leochaileach agus neamh-inbhuanaithe i gcónaí agus laghdófar a acmhainneacht chun pleanáil agus infheistiócht a dhéanamh don todhchaí.

Leagtar amach faoin gceannnteideal 'Mar a chaitear gach Táille Ceadúnais Teilifíse' (féach leathanaigh 35-36) an úsáid a bhaintear as an táille ón gceadúnas le hinfeistiócht á dhéanamh i seirbhísí agus i mbeartaíocht RTÉ ar 84% d'iomlán na dtáillí ceadúnais. Déantar an 16% atá fanta a infheistiú i mBearta neamh-RTÉ, lena n-áirítear an ciste atá ag Údarás Craolacháin na hÉireann, Fuaim & Fís, an cúnaimh a bhaineann le TG4 agus na táillí bailiúcháin a iocfar le An Post.

R2135 (v) PAC33 Costais Oibríocháin

Tháinig méadú €17.1 milliún ar chostais oibríocháin, gan lmeachtaí Speisialta san áireamh, bliain ar bhliain de réir mar a d'fhill léiriú na gcláracha inmheánacha agus coimisiúnaithe go dtí an leibhéal léirithe a bhí ann roimh COVID.


Tháinig méadú €1.9 milliún ar chostais cláracha coimisiúnaithe mar thoradh ar tharchuradóireacht níos moille na gcláracha ó 2021 agus ardú ar chostais léiriúcháin mar gheall ar bhoilsciú le linn 2022. Agus gníomhaíochtaí Spóirt ar ais mar a bhí, tháinig méadú suntasach ar chostais in 2022 – bhí séasúr iomlán CLG ann den chéad uair ó 2019, clúdach iomlán bliana ar Rugbaí an URC agus d'fhill Rugbaí na 6 Náisiún ar RTÉ. Tháinig méadú freisin ar na costais taistil a bhain leis sin. Tháinig méadú €1.8m ar chostais fuinnimh de réir mar a chuaigh praghsanna in airde mar gheall ar an gcogadh san Úcráin. Tháinig méadú €1 mhilliún ar chostais fostaithe bliain ar bhliain mar gheall ar an gComhaontú Pá ar thángthas air i mí na Samhna 2022 (féach Comhaontú Pá thíos), incrimintí pá a bronnadh agus roinnt fostú incriminteach.

Tháinig laghdú €9.1 milliún ar chostais lmeachtaí Speisialta in 2022 mar gheall gur bhliain thar a bheith gnóthach a bhí in 2021 le haghaidh lmeachtaí Speisialta, le Euro 2020 agus na Cluichí Oilimpeacha tugtha ar aghaidh ó 2020 nuair a cuireadh siar iad mar gheall ar COVID.

2022 v 2021
Athrú
€m

Costais Oibríocháin 2021	331.3
Ardú ar Chostais Oibríocháin	17.1
Laghdú ar Chostais maidir le hImeachtaí Speisialta	(9.1)
Ardú bliain ar bhliain (lmeachtaí Speisialta san áireamh)	8.0
Costais Oibríocháin 2022	339.3

TÁILLÍ CEADÚNAIS - RÁTAÍ SEACHANTA




Foinse: Tuarascail de chuid an EBU maidir le Táillí Ceadúnais 2022 - Rátaí Seachanta 2021 san áireamh


LÍON NA bhFOSTAITHE

Seirbhísí Lárnacha, Teicneolaíocht, Gnóthaí Corparáide, Acmhainní Daonna & Cúrsaí Airgeadais **161**

Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht **133**



COSTAIS OIBRIÚCHÁIN RTÉ €M 2008 - 2022



Straitéis Athbhreithnithe

Foilsíodh Straitéis Athbhreithnithe 2020-24 agus cuireadh i bhfeidhm í i mí na Samhna 2019 chun RTÉ a thabhairt ar ais chuig inbhuanaitheacht airgeadais.

Dhírigh an Straitéis ar €59m de choigilteas ar chostais réamh-mheasta don tréimhse 2020-22. Go dtí seo tá €93m de choigilteas bainte amach. Mar sin féin, cosúil le go leor eagraíochtaí bhí ar RTÉ a phleananna a athrú go suntasach i bhfianaise phaindéim COVID. Mar thoradh air sin, tháinig €26m de na coigiltis seo ó thionscnaimh a bhí beartaithe mar chuid den straitéis agus baineadh €67m eile de choigilteas amach trí mhodhanna eile.

Níor cuireadh gnéithe maoinithe poiblí na Straitéise i gcrích.

Líon na bhFostaithe

B'ionann líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2022 agus 1,868 (2021: 1,871) agus bhí 243 (2021: 232) acu sin ina bhfostaithe ar bhonn páirtaimseartha / ócáideach. B'ionann coibhéis líon na bhfostaithe lánaimseartha (FTE) amhail an 31 Nollaig 2022 agus 1,735 (2021: 1,755). Ag tús 2022 d'aistrigh an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta agus a 70 ball foirne FTE ó RTÉ go dtí an Ceoláras Náisiúnta.

I mí Eanáir 2023, tar éis athbhreithniú agus comhairle ghairmiúil a fuarthas, aistríodh 52 aisteoir a raibh baint acu le *Fair City* ó stádas conraitheora go fostaithe. Tá an polasaí *Fostaíocht ar dtús* atá á chur i bhfeidhm anois ag méadú ar fud na heagraíochta. Tugadh an polasaí seo isteach in 2019 tar éis *Thuarascáil Eversheds do RTÉ maidir le húsáid saorobrithe / conraitheoirí*. Is é polasaí RTÉ anois ná breathnú ar gach ról mar ról fostaíochta mura gcomhlíonann siad na critéir mar atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh* ina dtairgfear fostú conraitheoirí neamhspleách. Samhlaítear go ndéanfar an chuid is mó de na ról in RTÉ as seo amach a mheas mar fhostaíocht ar dtús.

R2135 (v) PAC33

Glanioncam Airgeadais

Bhí glanioncam airgeadais €0.4 milliún i gceist in 2022 (2021: glanioncam €1.2 milliún), mar seo a leanas:

B'ionann an t-ioncam airgeadais iomlán sa bhliain 2022 agus €2.1 milliún (2021: €2.6 milliún). Áiríodh leis an nglanioncam úis €1.7m (2021: €1.4 milliún) a bhaineann le hioncam scéime pinsin sochair sainithe IAS 19, ioncam infheistíochta €0.3 milliún ó chomhfhiontar (2021: €0.5 milliún) agus ús taisce.

B'ionann an costas airgeadais do 2022 agus €1.8 milliún (2021: €1.4 milliún). Áiríodh leis an gcostas €1.8 milliún ús is iníoctha ar iasachtaí, taiscí, ús ar chostais athstruchtúraithe agus cailiteanas cóirluacha ar chonarthaí díorthacha airgeadra eachtraigh.

Cánachas

Bhí creidmheas cánach foriomlán de €0.2 milliún ann in 2022 (2021: muirear cánach €0.4 milliún). Tháinig muirear cánach €0.3 milliún chun cinn in 2022 mar thoradh ar bhrabúis incháinithe a gineadh. Mar sin féin, fritháiríodh é seo le creidmheas cánach iarchurtha €0.5 milliún a d'eascair as an ngluaiseacht ar dhifríochtaí sealadacha incháinithe ar mhaoin, fearas agus trealamh.

Sreabhadh Airgeadais agus Iasachtaí

B'ionann iarmhéid iomlán an airgid thirim iomlána, infheistíochtaí leachtacha san áireamh, amhail an 31 Nollaig 2022 agus €114.0 milliún (2021: €101.4 milliún). Is ionann é seo agus méadú €12.6 milliún agus tharla sé den chuid is mó mar gheall ar dheontas maoinithe phoiblí €15m a fuarthas i mí na Nollag agus a aithneofar in 2023. Is féidir achoimre i ndáil leis an ngluaiseacht ó thaobh iarmhéideanna airgid thirim i rith na bliana 2022 a leagan amach mar seo a leanas:

Ráiteas Achoimre faoi Shreabhadh Airgid

	2022	2021
	€m	€m
EBITDA	8	13
Sreafaí airgid oibriúcháin:		
– laghdú ar Chaipiteal Oibre	20	18
Sreabhadh airgid athstruchtúraithe:		
– Íocaíochtaí	(1)	(2)
Cánacha ioncain íoctha	(1)	(3)
Beartaíocht Infheistíochta:		
– Caiteachas Caipítíl	(10)	(11)
Sreafaí airgid a mhaoiniú:		
– Aisíocaíocht lasachta	(2)	-
– Ús íoctha	(1)	(1)
Ardú glan maidir le hAirgead		
Tirim agus Infheistíocht i		
Sócmhainní Leachtacha	13	14

Bhí iasachtaí bainc iomlána €631 milliún ag RTÉ, amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €65 milliún) mar seo a leanas:

- Tá Saoráid Club €60 milliún ag 2rn, fochuideachta tarchuradóireachta RTÉ, le Barclays agus le Banc na hÉireann. Baineann €40 milliún den tsaoráid sin le cistiú tionscadail don bhonneagar tarchuradóireachta agus dáileacháin a theastaíonn don líonra maidir le Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT), agus bhí a iomlán sin tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2022. Tá saoráid iasachta téarma breise dar luach €20 milliún i bhfeidhm, €15 milliún de sin a bhí tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2022.
- Tá saoráid €20 milliún ag RTÉ le Banc na hÉireann, lena n-áirítear saoráid €10 milliún de chreidmheas imrothlach agus iasacht téarma €10 milliún. Amhail an 31 Nollaig 2022 bhí an iasacht téarma €8 milliún tarraingthe anuas.

Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais

Formheasann Bord RTÉ polasaí Ciste an Ghrúpa, a chlédaíonn iasachtaí, bainistiú airgid, riosca creidmheasa contrapháirtí, riosca leachtachta, riosca ráta úis agus riosca airgeadra eachtraí. Tá nochtadh RTÉ faoi gach ceann de na rioscaí seo leagtha amach i Nóta 21 a ghabhann leis na *Ráitis Airgeadais: Ionstraimí Airgeadais agus Bainistiú Riosca Airgeadais*.

B'ionann caiteachas iomlán RTÉ ar thionscadail caipítíl i rith na bliana 2022 agus €10 milliún (2021: €12 milliún). Baineann an chuid is mó den chaiteachas le tionscadail teicneolaíochta agus le clár athsholáthair sócmhainne DTT.

Leanann infheistíocht na bhfáltais a gineadh ó dhíol na talún in 2017 le roinnt tionscadail chaipítíl straitéiseacha atá ar siúl lena n-áirítear ardán stórála nua, córas nua ERP, comhdhlúthú an eastáit iarléiriúcháin agus digitíú na gcartlann. Tá an chuid is mó de na fáltais ó dhíol na talún geallta anois do thionscadail.

Tuairiscíocht Idirhealaithe agus Leithroinnt Costais

Déantar anailís idirhealaithe RTÉ a ullmhú i gcomhréir le caighdeán IFRS 8 *Réimsí Dealaithe Oibriúcháin* a leagtar amach i nóta 2(d) a ghabhann leis na *Ráitis Airgeadais: Príomhghníomhaíochtaí agus Eolas Teascánach*. Is iad na ranna éagsúla na príomhréimsí dealaithe ag RTÉ agus rinneadh iad a leagan amach ar an 1 Eanáir 2018 i ndiaidh atheagar eagraíochta. Rinneadh modhanna oibre maidir le leithroinnt costais a chur i bhfeidhm go seasta leanúnach i rith na bliana 2022 faoi mar a leagtar amach i Nóta 2 maidir le Tuairiscíú Idirhealaithe.

Cúrsaí Rialála

Tagann RTÉ faoin BAI maidir leis na dualgais mar chomhlacht craolacháin seirbhíse poiblí. Oibríonn RTÉ (faoi mar a éilítear faoin Acht Craolacháin 2009) leis an Údarás Craolacháin i ndáil leis an athbhreithniú bliantúil agus leis an athbhreithniú cúig bliana ar an gcoistíocht phoiblí a dhéanann an BAI faoi alt 124 an Achta.

D'ainmnigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) RTÉ roimhe seo agus a fhochuideachta 2rn mar fhochuideachta a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige maidir le rochtain mhórdhíola ar sheirbhísí ilphléacsaithe DTT (Margadh B) agus sa mhargadh maidir le rochtain mhórdhíola ar sheirbhísí náisiúnta tarchuir agus dáilte craolacháin talún (Margadh A). Chuir an cinneadh oibleagáidí áirithe ar RTÉ (Margadh B) agus 2rn (Margadh A). Cuirtear seirbhísí tarchurtha ar fáil do chraoltóirí ar a gcostas móide toradh ar infheistíocht ceadaithe ag ComReg ar na glansócmhainní a úsáidtear. Déantar cuntais dheighilte lena mbaineann cuntais rialáilte maidir le Margadh A agus Margadh B faoi seach chomh maith le buncháipéisíocht cuntasíochta a fhoilsiú de réir na goiníollacha faoin rialáil.

Comhaontú Pá

I mí na Samhna 2022 tháinig RTÉ agus Grúpa Ceardchumann RTÉ (TUG) ar chomhaontú maidir le méadú beartaithe 6% ar phá sa dá bhliain amach romhainn. Tugadh dearbháin neamh-inchánithe don fhoireann in 2022. Glacadh leis an gcomhaontú trí vótáil ag deireadh mhí na Nollag. I gcomhráiteas dúirt RTÉ agus an TUG *'go raibh an comhaontú ag iarraidh cothromaíocht chóir a bhaint amach, a d'aithin an srianadh pá in RTÉ ó 2008 agus a bhí freagrúil do thionchar na méaduithe suntasacha costas maireachtála ar fhoireann RTÉ agus ar a dteaghlaigh.'* D'aithin an comhaontú freisin *'staid airgeadais RTÉ féin laistigh d'earnáil corraitheach na meán agus na hoibleagáidí atá air ó thaobh fostaíochta agus cláracha seirbhíse poiblí a choinneáil agus a thiomantas don lucht féachana agus éisteachta.'*

Cúrsaí Pinsin

Tá trí cinn de scéimeanna pinsin ar bun ag RTÉ do na fostaíthe: scéim pinsin le sochair shainithe (DB), scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe (DC) agus scéim hibrídeach (scéim a mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC araon léi).

Scéim Aoisliúntais RTÉ

Is scéim pinsin mhaoinithe, ranníoca, le sochair shainithe, arna cur ar bun faoin reachtaíocht agus faoi urraíocht ag RTÉ, atá i Scéim Aoisliúntais RTÉ. Níor ligeadh aon fhostaithe nua isteach faoin scéim ón mbliain 1989 i leith. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 51 fostaí ag RTÉ (2021: 69) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

Amhail an 31 Nollaig 2022, ba ionann luach shócmhainní na Scéime ar an margadh agus €1,031 milliún (2021: €1,194 milliún). Ba ionann dliteanas na Scéime, arna ríomh de réir IAS 19 maidir le Sochair Fostaithe, agus €859 milliún (2021: €1,047 milliún). Mar a éilítear faoi IAS 19, luaitear an farasbarr nó an t-easnamh idir sócmhainní agus dliteanas na Scéime mar shócmhainn ar ráiteas RTÉ faoin seasamh airgeadais. Dá réir sin, luaitear sócmhainn pinsin €172 milliún i leith na Scéime amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €147 milliún).

Tá barrachas ag baint leis an scéim faoi thástáil MFS agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus, dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

Scéim Ranníocaíochta Sainithe RTÉ

Is socrú ranníocaíochtaí sainithe maoinithe í an Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe atá oscailte do chomhaltaí nua ó 1989. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 1,243 fostaí ag RTÉ (2021: 1,280) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ

Scéim mhaoinithe, ranníocach, hibrídeach atá i Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ lena mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC agus atá faoi urraíocht RTÉ. Cuireadh tús leis an scéim seo ar an 1 Meán Fómhair 2010 mar shocrú pinsin roghnach d'fhostaithe atá ina theideal. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 399 fostaí de chuid RTÉ ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ (2021: 401).

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí luach €28.6 milliún ar an margadh le sócmhainní roinn DB na Scéime. Ba ionann na dliteanas faoi IAS 19 i ndáil leis an roinn DB agus €19.7 milliún, rud a fhágann barrachas €8.9 milliún (barrachas na bliana 2020: €1.0 milliún). Luaitear sin mar shócmhainn sa ráiteas maidir le seasamh airgeadais RTÉ.

Tá barrachas ag baint le roinn DB na Scéime faoi thástáil MFS agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus; dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

Breathnú Romhainn

Tiocfaidh ardú suntasach ar bhonn costais RTÉ in 2023 mar gheall ar bhrúnna boilscithe agus freisin mar gheall ar an infheistíocht a theastaíonn ó thionscadail dhigiteacha chun RTÉ a athrú ó bhonn do thriúdhreach athraitheach úsáid na meán.

Comhaontaíodh socrú pá leis an bhfoireann i mí na Nollag 2022 agus tiocfaidh ardú 6% ar an bpá sa 2 bhliain amach romhainn.

Guideoidh an maoiniú poiblí breise €15m a fuarthas i mí na Nollag 2022 faoi mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán le cuid de na méaduithe costais seo a fhritháireamh, ach ní na costais ar fad.

Mar a chaitear gach Táille Ceadúnais Teilifíse

Tugtar tuairisc i nóta 2 leis na ráitis airgeadais ar an leas a bhaintear as an airgead ón táille ceadúnais a fhaigheann RTÉ chun seirbhísí poiblí RTÉ a mhaoiniú.

Leagtar amach i nóta 2(c) an bunús ar a gcuirtear an táille ceadúnais i leith chainéil agus sheirbhísí faoi leith. Cuirtear maoiniú poiblí i leith sheirbhísí faoi leith ar bhealach atá i gcomhréir le costas glan na seirbhíse poiblí. Ríomhtar costas glan na seirbhíse poiblí tríd an gcionroinnt ó bheartaíocht tráchtála a dhealú ón ollchostas a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí a thabhairt i gcrích.

Mar a chaitear gach Táille Ceadúnais Teilifíse


Léirítear sa tábla seo a leanas an úsáid a bhaintear as aon táille ceadúnais teilifíse amháin, arna thabhairt san áireamh nach le RTÉ amháin a íoctar an t-airgead a chruinnítear ó tháillí ceadúnais teilifíse:

Úsáid Gach Táille Ceadúnais Teilifíse a Bailíodh

	2022 €	2021 €
RTÉ One	50.05	45.08
RTÉ2	31.17	32.07
Teilifís RTÉ	81.22	77.15
RTÉ Radio 1	13.49	13.06
RTÉ 2fm	2.60	2.49
RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG)	8.36	8.13
RTÉ lyric fm	3.54	3.36
Raidió RTÉ	27.99	27.04
Ceolfhoirne RTÉ	3.88	9.15
Seirbhísí ar Líne	12.16	11.16
Cainéil agus Seirbhísí Eile	6.97	7.74
Muirir Rialachais agus Cistíochta	2.26	2.22
Cúrsaí DTT	0.49	0.34
Gníomhaíochtaí RTÉ	134.97	134.80
	84%	84%
Cúnamh RTÉ do TG4	5.33	5.39
Tobhach BAI	1.05	1.24
Ciste Fuaim agus Fís BAI	10.64	10.65
Costais Bailiúcháin An Post agus Táillí Gaolmhara	8.01	7.92
Beartaíocht Neamh-RTÉ	25.03	25.20
	16%	16%
Costas an Cheadúnais Teilifíse	160.00	160.00

Tugtar achoimre leis an bpíchart thíos ar an dáileadh a rinneadh ar an ioncam ó tháillí an cheadúnais teilifíse a fuair RTÉ i rith na bliana 2022 i ndáil le gné na seirbhíse poiblí de bheartaíocht RTÉ.

LEITHROINNT AR AN IONCAM ÓN gCÉADÚNAS TEILIFÍSE A FUAIR RTÉ IN 2022



An Costas in aghaidh na hUaire Craolacháin

Mar chuid den Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin, foilsíonn RTÉ an meánchostas in aghaidh na huaire a bhain leis na cláracha a craoladh ar na cainéil éagsúla. Leagtar amach sa tábla thíos an t-eolas sin i ndáil leis an mbliain 2022 chomh maith le figiúirí inchoimharcála leo i leith na bliana 2021.

2022	RTÉOne €'m	RTÉ2 €'m	RTÉRadio1 €'m	RTÉ2fm €'m	RTÉlyricfm €'m	RTÉRnaG €'m
Costais						
Cláracha a dhéantar in Éirinn	104.8	52.9	27.6	5.5	3.8	10.0
Cláracha a Ceannaíodh – in Éirinn	3.7	0.3	-	-	-	-
- Thar Lear	12.3	6.6	-	-	-	-
Oibriúchán Ghinearálta						
Craolacháin & Tarchuradóireachta	13.0	9.2	6.0	4.6	0.7	0.6
Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta	1.6	1.6	1.9	1.1	1.1	1.1
	135.4	70.6	35.5	11.2	5.6	11.7
Uaireanta						
Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh)	8,760	8,760	8,805	8,760	8,760	8,760
Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolta – 2022						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	15,500	8,100	4,000	1,300	600	1,300
2021						
	RTÉOne €'m	RTÉ2 €'m	RTÉRadio1 €'m	RTÉ2fm €'m	RTÉlyricfm €'m	RTÉRnaG €'m
Costais						
Cláracha a dhéantar in Éirinn	98.9	52.1	27.3	5.2	3.6	9.8
Cláracha a Ceannaíodh – in Éirinn	3.3	0.3	-	-	-	-
- Thar Lear	11.3	6.6	-	-	-	-
Oibriúchán Ghinearálta						
Craolacháin & Tarchuradóireachta	14.0	8.9	5.9	4.0	0.6	0.5
Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta	2.0	2.0	2.4	1.0	1.1	1.0
	129.5	69.9	35.6	10.2	5.3	11.3
Uaireanta						
Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh)	8,760	8,760	8,806	8,760	8,760	8,760
Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolta – 2021						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	14,800	8,000	4,000	1,200	600	1,300
Gluaiseacht i rith na bliana						
% d'Athrú ar an gCostas in aghaidh na hUaire¹						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	4.6%	0.9%	(0.2)%	10.1%	5.0%	2.5%

1. Déantar an costas in aghaidh na huaire a shlánú go dtí an céad Euro is gaire. Déantar an céatadán d'athrú a ríomh de réir chostas na huaire sula n-oibrítear an slánúchán.

Tarlaíonn athrú ar an meánchostas in aghaidh na huaire craolacháin mar gheall ar thosca éagsúla a dtagann ardú agus íslú maidir le costais cláir dá mbarr; mar shampla athrú ar chineálacha agus ar mheascán na gclár, an leibhéal cómhaoiniúcháin, an líon uaireanta an chloig d'ábhar atá á chraoladh den chéad uair agus líon na n-uaireanta athchraolta.

Teilifís

RTÉ ONE

RTÉ ONE ⁺¹

RTÉ 2

RTÉ 2 ⁺¹



RTÉ News

Raidió

RTÉ RADIO 1

RTÉ 2^{FM}

RTÉ lyric fm

RTÉ RAIDÍÓ
NA GAELTACHTA

RTÉ 2><M

RTÉ pulse

RTÉ RADIO 1
EXTRA

RTÉ GOLD[★]



RTÉ radioplayer

Nuacht & Cúrsaí Reatha

RTÉ News & Current Affairs

Spórt

RTÉ Sport

Digíteach

RTÉ.ie

RTÉ **PLAYER**

RTÉ AERTEL

RTÉ Archives

RTÉ News

Ceolfhoirne

RTÉ Concert
Orchestra

RTÉ GUIDE

SAORVIEW

2r

Freagairt ar ghéarchéim na hÚcráine

Ábhar agus cláracha chun
tacú leis an lucht féachana
agus éisteachta

Feachtas na hÉireann don Úcráin

Bhí RTÉ i measc grúpa de na príomheagraíochtaí meán in Éirinn a tháinig le chéile i mí Aibreáin chun comhpháirtíocht gan fasach a bhunú agus feachtas poiblí bailithe airgid a sheoladh, Éire don Úcráin. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas, i nGaeilge agus i mBéarla, ciste rithábhachtach a bhailiú dóibh sin a ndeachaigh an choimhlint i bhfeidhm orthu, chomh maith leo sin a cuireadh as seilbh. Ba é an leibhéal dochreidte tacaíochta poiblí ó Éirinn don Úcráin a spreag an feachtas.

Bhí ról suntasach ag RTÉ mar go raibh an tionscnamh le feiceáil ar fud na meán ar an raidió, ar an teilifís, sna meáin chlóite agus ar líne go háitiúil agus go náisiúnta, agus ba é an carthanas cláraithe, *The Community Foundation for Ireland*, a bhfuil taithí 22 bliain acu ar dhaonchairdeas agus ar dheontas a thabhairt, a ghlac leis an airgead agus a thug amach é. Thug Rialtas na hÉireann cúnamh le sintiús €5 mhiliún don chiste nua agus bhailigh os cionn €7 milliún ar fad don chiste.

Cruthaíodh fógra 30 soicind don teilifís agus chraol craoltóirí éagsúla a bhí ag tacú leis an bhfeachtas é. Chuir RTÉ roinnt míreanna gearra fise ar fáil freisin don fhoireann agus don phobal i gcoitinne dá gcainéil meán sóisialta pearsanta chun tacú leis an teachtaireacht #IrelandForUkraine.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhógair Ciste na hÉireann don Úcráin eolas faoi €5.2 milliún i ndeontais agus go mbeadh an t-airgead a bailíodh le húsáid chun cabhrú le freastal ar riachtanais na ndaoine a bhí ag lorg sábháilteachta in Éirinn chomh maith le fir, mná agus leanaí a bhí fanta san Úcráin faoi scáth an chogaidh.

Feachtas Bailithe Airgid Chros Dhearg na hÉireann ar an *Late Late Show* don Úcráin

Trí dhea-thoil agus flaithiúlacht ollmhór mhuintir na hÉireann, bhailigh feachtas bailithe airgid Chros Dhearg na hÉireann ar an *Late Late Show* i mí an Mhárta os cionn €3 mhiliún de chistí rithábhachtacha don Úcráin. Chabhraigh na cistí leo sin a raibh tionchar díreach ag an gcogadh san Úcráin orthu agus chabhraigh siad le hobair dhaonnúil na ndaoine sin a bhí ar an láthair chun bunriachtanais dhaonna a sholáthar amháil bia, uisce, soláthairtí leighis agus foscadh. Rinne Cumainn na Croise Deirge an obair seo ar an láthair san Úcráin agus sna tíortha máguaird lena n-áirítear an Pholainn, an Rómáin agus an Ungáir.

Bhí an RTÉ *Late Late Show* speisialta seo dírithe ar an ngéarchéim agus labhair muintir na hÚcráine atá ina gcónaí in Éirinn faoin imní a bhí orthu faoina dteaghlaigh agus a gcairde. Labhair an Taoiseach Micheál Ó Máirtín, an daonnúlach Adi Roche, an banna ceoil

R2135 (v) PAC33

as Baile Átha Cliath Aslán, an t-amhránaí/cumadóir Róisín Murphy agus an t-aisteoir as Hollywood Alan Cumming a bhí ag tacú leis an bhfeachtas agus a bhí ag léiriú ómóis do mhuintir na hÚcráine.

Dúirt Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir RTÉ ag an am:

*Bhí sé thar a bheith deacair féachaint ar an tragóid atá ag titim amach san Úcráin le seachtain anuas agus í a thuiscint. Táimid ar fad ar an eolas anois faoi scála agus faoi thionchar ionsaí scanrúil na Rúise ar an Úcráin agus na scéalta pearsanta faoi chailleanas, faoi fhulaingt agus eagla i measc na ndaoine atá ina gcónaí san Úcráin agus timpeall uirthi, chomh maith lena ngaolta atá ina gcónaí anseo. Tá tionchar ollmhór ag na himeachtaí seo orainn ar fad, ach tá sé rithábhachtach go leanfaimid orainn ag insint na scéalta seo ar gach bealach is féidir linn. Tá tábhacht leis an bhfírinne. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís le pobal na hÉireann as an bhflaithiúlacht sin a léirigh siad d'fheachtas an *Late Late Show* aréir a chabhróidh leis an gCros Dhearg dul i ngleic leis an ngéarchéim ar an láthair.*

Dúirt Ryan Tubridy, láithreoir *The Late Late Show* ag an am:

*Baineadh siar asainn ar bhealach an-mhaith leis an méid a tharla aréir. Thapaigh muintir na hÉireann an deis agus bhronn siad breis agus trí mhiliún euro, rud atá thar a bheith suntasach. Ghoill an scéal san Úcráin ar mhuintir na tíre agus misneach agus crógacht mhuintir na hÚcráine a bhí sa lucht féachana aréir, ní dhéanfar dearmad air agus is mór againn é. Mar is gnáth, tá foireann iomlán an *Late Late Show* thar a bheith buíoch do mhuintir na hÉireann as an méid a rinne siad aréir.*

Christmas in the Castle - Happy Xmas (War Is Over) le Jack Lukeman agus Shobsy

I gclár speisialta *CHRISTMAS IN THE CASTLE*, chas Jack Lukeman & Shobsy an t-amhrán Nollag mór le rá de chuid John Lennon/Yoko Ono le Ceolfhoireann Coirme RTÉ, Cór Aireagail Ollscoil Chathair BÁC, Cór LADTA+ Glória agus Cór Pobail na hÚcráine Dhomhnach Cearna, chun tacú le www.IrelandforUkraine.ie.

Craoladh *CHRISTMAS IN THE CASTLE* ag 9.30pm ar RTÉ One Oíche Nollag.

Ba é David Whelan a léirigh an seó agus ba é Pat Cowap an stiúrthóir.

The War at Home – clár faisnéise teilifíse ar RTÉ One agus RTÉ Player

I gclár faisnéise RTÉ One *The War at Home* roinneadh scéalta iontacha faoi dhaoine a bhí ag troid sa Chogadh san Úcráin as Éirinn agus léiríodh freagairt na hÉireann don ghéarchéim san Úcráin ar RTÉ One agus ar RTÉ Player Dé Luain an 19 Meán Fómhair.

Tugann an clár faisnéise tochtmhar, spreagúil agus tarraingteach seo, atá fós ar fáil ar an RTÉ Player, léargas daonna ar eispéiris phearsanta na ndaoine atá curtha as seilbh, flaitiúlacht leanúnach mhuintir na hÉireann agus na dúshláin atá romhainn. Leanann sé freisin eispéiris na nÚcránach arbh éigean dóibh taisteal go hÉirinn, agus iad ag féachaint i dteannta phobal seanbhunaithe na hÚcráine anseo ar an scrios ar a dtír dhúchas atá 3,000km ó bhaile.

Léirítear sa chlár faisnéise an tréimhse achrainn seo ón ionradh i mí Feabhra go dtí an ghéarchéim leanúnach inar tháinig níos mó ná 40,000 teifeach isteach sa tír, agus leantar naonúr as an Úcráin agus as Éirinn a roinneann a gcuid scéalta agus eispéiris iontacha linn.

I measc na ndaoine a cuireadh faoi agallamh tá Grace Kennedy, teagascóir dlí in Ollscoil na Gaillimhe, a d'fhág a post ag tús an chogaídh agus a bhfuil os cionn €70,000 bailithe aici ó shin agus oúnamh, iompar agus tacaíocht eagraithe aici. Go dtí seo, tá os cionn 5,000 Úcránach tugtha go hÉirinn go sábháilte aici agus iad lonnaithe i dtithe le cabhair ón tiománaí bus Aidan Geraghty as Ros Comáin. Roinneann roinnt de na teifigh a chabhraigh Grace agus Aidan leo teacht chun na tíre seo a scéalta faoi theacht anseo agus socrú isteach i dtithe nua in Éirinn.

Craoladh *The War at Home* Dé Luain, an 19 Meán Fómhair, ag 9.35pm ar RTÉ One agus tá sé fós ar fáil ar an RTÉ Player.

Inchineálacht Bhreise, Uilegh-abhálacht Bhreise

Tá RTÉ tugtha do cheannródaíocht a spreagadh maidir le cúrsaí ilchineálachta agus uileghabhálachta

Inscne	Líon Nollaig 2022
Mná	886 (48%)
Fir	982 (52%)
lomlán	1,868 (100%)

Intéirneacht Ilchineálachta agus Uileghabhálachta

Tá intéirneacht rathúil, leanúnach agus dea-struchtúrtha ríthábhachtach do RTÉ chun daoine cumasacha a aimsiú ó gach pobal in Éirinn. In 2020 sheolamar ár gclár intéirneachta íoctha le hilchineálacht agus uileghabhálacht ina chroílár. Cé gur thosaigh líon beag intéirneach in 2020, b'éigean dúinn an clár a chur ar sos mar gheall ar phaindeim COVID-19. Chuireamar tús arís leis an tionscadal in 2022 agus chuireamar 10 n-intéirneach i mbun oibre ar fud ár bhfoirne teilifíse, raidió, seomra nuachta RTÉ agus ar líne. Chomh maith le taithí oibre luachmhar a chur ar fáil do na hintéirneigh, fuair siad oiliúint ó phríomhphearsana thionscal na meán in Éirinn agus bronnadh meantóirí orthu le linn a gcuid ama in RTÉ.

D'oibrigh na hintéirneigh le chéile ar thionscadal ilmheán inar thug ceannródaíthe ón bpobal Dubh agus Éireannach a gcuid smaointe faoin tábhacht a bhaineann le Mí Stair na nDaoine Dubha a cheiliúradh in Éirinn.

Is féidir leat é seo a fheiceáil anseo: <https://www.youtube.com/watch?v=tadlpDyeVo8>

Ag Tacú le Cruthaitheacht Phobail

D'oibrigh RTÉ le ReWrite agus leis an Creative Futures Academy ar chlár samhraidh sé seachtaine chun daoine cumasacha a fhorbairt. Bhí sé mar aidhm againn deireadh a chur le bacainn ar shásamh ealaíonta agus cruthaitheach d'ealaíontóirí imirceacha/teifeach in Éirinn. Chuir an cúrsa ilghnéitheach seo oiliúint sna healaíona agus sa chruthaitheacht ar fáil, mar aon le meantóireacht, do dheichniúir idir 18-25 bliain d'aois a bhfuil taithí teaghlaigh acu ar Sholáthar Díreach. Fuair scoláirí oiliúint scileanna agus ceardlanna ag RTÉ, The Glenree Centre for Peace and Reconciliation, MoLI agus an Ceoláras Náisiúnta.

Thacaigh RTÉ freisin le Tionscadal na mBan Moslamach de chuid ReWrite a thug le chéile deichniúir ban Moslamach arbh as an Tansáin, an Phalaistín, an Chéinia, an Nigéir, an Ailgéir agus an tSomáil iad ó dhúchas, ach atá anois ina goónaí i mBaile Átha Cliath. Thug an tionscnamh seo deis thábhachtach do mhná a bheith ina ndéantóirí ealaíne agus a gcruithaitheacht a iniúchadh den chéad uair.

Tionscadal Rannpháirtíochta

Bhí an tionscadal Rannpháirtíochta ar cheann de na príomhthionscadail a bhaineann le huileghabhálacht a bhí sceidealaithe sa chéad leath de 2022. Theastaigh uainn cloisteáil ó dhaoine i bpobail atá faoi ghannionadaíocht

R2135 (v) PAC33

sna meáin Éireannacha faoi mar a cheapann siad faoi na meáin in Éirinn, faoi na ceisteanna atá tábhachtach dóibh agus chun níos mó a fhoghlaim faoi na nósanna atá acu maidir le húsáid na meán.

Bhunaíomar grúpaí agus chualamar ó dhaoine ón bpobal Dubh agus Éireannach, ó phobal Oirthear na hEorpa agus ón bpobal LADTA+. Bhí na seisiúin bhriomhara seo, a raibh freastal maith orthu, eolasach agus tarraingteach agus bhain gach duine díobh tairbhe éigin astu, chomh maith le hábhar machnaimh.

50:50

Is comhpháirtí seachtrach é RTÉ le 50:50 The Equality Project. Úsáideann an tionscnamh seo modheolaíocht atá fréamhaithe i sonraí, i gcruthaitheacht, i bpraiticiúlacht agus i bpaisean chun ionadaíocht a athrú ó bhonn sna meáin. Is córas féinmhonatóireachta é, agus tá glactha ag foirne i raidió, teilifís agus ar líne RTÉ leis chun féachaint ar an ilchineálacht inscne inár n-ábhar.

Déanann foirne monatóireacht ar líon na mban agus na bhfear ina n-ábhar, rianaíonn siad a ndul chun cinn agus tuairiscíonn siad a gcuid sonraí do Ghrúpa Ilchineálachta Ábhar RTÉ, a dhéanann athbhreithniú ar na sonraí 50:50 go míosúil. Tar éis na modheolaíochta a bunaíodh leis an tionscadal 50:50, ní chomhairleann foirne rannpháirteacha ach na rannpháirtithe atá faoina gcúram.

Seachtain Feasachta Seas an Fód

Ba í 2022 an ceathrú bliain a ndeachaigh RTÉ 2FM i gcomhpháirtíocht le BeLonG To chun tacú le Seachtain Feasachta Seas an Fód. I mí na Samhna chraol RTÉ 2FM agallaimh agus scéalta ó úsáideoirí seirbhísí óige BeLonG To, eagraíocht náisiúnta a thacaíonn le daoine óga leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LADTA+) in Éirinn.

Is ionann an feachtas agus seachtain thábhachtach ina ndéanann scoileanna dara leibhéal, seirbhísí óige, agus Ionaid Ógtheagmhála ar fud na hÉireann iarracht mhór i dteannta a chéile an fód a sheasamh i gcoinne bulaíochta atá homafóbach, défhóbach agus trasfhóbach.

Mí Stair na nDaoine Dubha ar RTÉ lyric fm

I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne RTÉ lyric fm ceiliúradh ar Mhí Stair na nDaoine Dubha ar fud an stáisiúin. In ómós d'oidhreacht iontach na gcomadóirí, na stiúrthóirí agus na dtaibheoirí Dubha – d'insíomar a gcuid scéalta, ag cur béim ar a mbuanna uathúla ceoil. Gach lá i mí Dheireadh Fómhair, chuala éisteoirí ceoltóirí mór le rá ag léiriú ómóis do shaol na gceoltóirí Dubha a bhí faoi ghannionadaíocht i saol an cheoil chlasaiceigh.



Breis Rochtana, Breis Foghlama

Tá RTÉ tugtha d'fheabhas a chur ar sheirbhísí rochtana agus do dheiseanna tairbheacha oideachais a chur ar fáil do shaoránaigh.

Seachtain Feasachta ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) (Dé Luain - Dé Domhnaigh 19 - 25 Meán Fómhair)

Rinne RTÉ Seachtain Feasachta ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a chomóradh in 2022 le roinnt cláracha agus ábhar ISL speisialta ar fud ár seirbhísí i rith na seachtaine. Idir Nationwide ar an Luan, an 19 Meán Fómhair, a chuimsigh ISL ar RTÉ One agus an RTÉ Player agus rannpháirtithe Bodhra agus Lagéisteachta ar News2Day agus an RTÉ Player i rith na seachtaine agus cláracha do leanaí ina raibh ISL ar RTÉjr agus RTÉ2 agus catalóg de chláracha ISL ar an RTÉ Player, leag RTÉ béim ar a thiomantas don phobal Bodhar agus Lagéisteachta in Éirinn.

Seisiúin aiseolais ar líne

Mar chuid de Sheachtain Feasachta ISL, agus mar chuid de rannpháirtíocht RTÉ leis an bpobal Bodhar, Lagéisteachta, Dall agus Lagamhairc in Éirinn, reáchtáil RTÉ 'Seisiún Aiseolais ar Líne' dhá uair an chloig ar an Aoine an 23 Meán Fómhair. Ba ghné thábhachtach é sin de spéis leanúnach RTÉ níos mó a fhoghlaim faoi eispéiris na ndaoine a úsáideann ár n-ábhar ISL agus fotheidealaithe. Chlúdaigh an seisiún seo raon leathan ábhar agus dhírigh sé ar eispéireas an úsáideora.

D'óstálar seisiúin ar leith Léargais an Lucht Féachana agus Éisteachta freisin a dhírigh ar ár seirbhísí craolacháin agus ar a n-inrochtaineacht. Chuireamar na seisiúin chun cinn go forleathan trínár gcainéil shóisialta agus trí chumarsáid dhíreach a dhéanamh le grúpaí ionadaíochta agus lena mbaill. I mí na Nollag tionóladh Cruinniú Rochtana Bliantúil RTÉ agus den chéad uair bhí fáilte roimh chách a bheith páirteacha ann agus fógraíodh go forleathan é. Cuireadh an Cruinniú Rochtana Bliantúil, cosúil le gach imeacht rochtana de chuid RTÉ, ar fáil trí ateangairí ISL agus Teanga go Téacs agus bhí seisiún cuimsitheach ceisteanna agus freagraí ann faoi fhotheidealú agus ISL ina raibh foireann RTÉ a bhí freagrach as príomhréimsí ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt agus aiseolas luachmhar a fháil.

Tá fáilte curtha ag úsáideoirí atá Dall agus a bhfuil Lagamharc acu roimh an bhfeabhas atá curtha ag RTÉ ar a Thráchttaireacht Fuaime le bliain anuas. Táimid tar éis oiliúint ar chaighdeán idirnáisiúnta a chur ar chohórt nua guthanna Tráchttaireachta Fuaime Éireannacha chun ní hamháin an méid fuaime a mhéadú, ach chun caighdeán agus raon na seánraí a chuirimid ar fáil a mhéadú freisin.

R2135 (v) PAC33 ISL ar The Late Late Toy Show

In 2022 d'fhostaigh RTÉ Amanda Coogan, Jason Maguire agus Ciara Grant chun *The Late Late Toy Show* a chur i láthair beo le ISL ar an RTÉ Player agus ar RTÉ News don dara bliain. Bhí an seó ar fáil le sruthú go gairid tar éis an chraolacháin bheo. Bhí Tráchttaireacht Fuaime (AD) ar fáil don athchraoladh Dé Domhnaigh ag 3.15pm agus oíche Dé Luain, agus ina dhiaidh sin ar an RTÉ Player. Ansin craoladh leagan iomlán inrochtana (le fotheidil, ISL agus AD) ar an gCéadaoin, an 30 Samhain, a bhí ar fáil le sruthú freisin. Chuir RTÉ Tráchttaireacht Fuaime (AD) ar fáil freisin do lucht féachana Dall agus Lagamhairc ar an athchraoladh ar an Domhnach agus bhí an leagan AD seo ar fáil ar an RTÉ Player i ndiaidh an clár a chraoladh ar an teilifís. Rinne Clara Murray agus Kevin Sherwin tráchttaireacht fuaime ar an gclár.

Tá an t-aiseolas atá faighte ón bpobal Bodhar agus ón bpobal i gcoitinne maidir le bheith in ann a bheith mar chuid den lucht féachana sa bhaile agus taitneamh a bhaint as an gclár teilifíse is mó a bhfuil daoine ag féachaint air in Éirinn gach bliain fós thar a bheith dearfach. Tá fás tagtha go dtí beagnach 40,000 ar an líon amharc ar an Late Late Show ISL le linn an chláir ar an RTÉ Player.

Rochtana a Fheabhsú

Ar fud RTÉ One, RTÉ2 agus RTÉjr, sháraigh RTÉ a spriocanna ar fad maidir le fotheidil, tráchttaireacht fuaime agus ISL a chur ar fáil in 2022. Is é Údarás Craolacháin na hÉireann (ar tháinig Coimisiún na Meán ina ionad in 2023) a shocraíonn na spriocanna seo. Le linn na bliana 2022, bhí 99.1% de na cláracha i rith na mbuaicthráthanna ar RTÉ One ar fáil le fotheidil, agus bhí 99.93% de na cláracha i rith na mbuaicthráthanna ar RTÉ2 ar fáil le fotheidil. Ar RTÉjr bhí os cionn 61% de na cláracha ar fad ar fáil le fotheidil.

Chuir an infheistíocht a rinne RTÉ i bpainéal tráchtairí fuaime a earcú agus a thraenáil ar ár gcumas cur le méid agus réimse an ábhair inrochtana le béim ar leith ar ábhar Éireannach, drámaíocht san áireamh.

Seachtain eolaíochta

Seachtain 'd'fhéidearthachtaí as cuimse' an téama a bhí ag Seachtain na hEolaíochta 2022 ar thacaigh RTÉ léi, i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, le raon leathan ábhar ar théama speisialta ar fud theilifís, raidió agus sheirbhís ar líne RTÉ, ón Domhnach an 13 Samhain go dtí an Domhnach an 20 Samhain. I mbliain eile ina raibh an eolaíocht dhomhanda agus faoi chaibidil seasta sa saol, bhí Seachtain na hEolaíochta ina fócas mór ar fud RTÉ.

Idir fhilleadh *Future Island* leis an láithreoir, Anna Daly, agus *10 Things To Know About*, agus Podchraoladh Raidió RTÉjr, *Let's Dive In* agus Clár 1 de *Atom Town*, an cartún nua bunaithe ar an tábla peiriadach, bhí neart ábhair ag RTÉ don inchinn fhiosrach, lena n-áirítear iniúchadh ar bhealaí inar féidir linn astaíochtaí carbóin a laghdú agus cabhrú chun ár bpláinéad a shábháil.



Cúnamh Taca don Phobal

Tá RTÉ tugtha do chúnamh a thabhairt do phobail áitiúla a gcuid scéalta a chur in iúl, a gcuid cruthaitheachta a thabhairt chun cinn agus a gcuid tuairimí féin a chur i láthair.

Cruinniú na nÓg

Bhí RTÉ ina chomhpháirtí bródúil do Chruinniú na nÓg 2022. Bhí níos mó ná 450 imeacht cruthaitheach saor in aisce ann do dhaoine óga ar fud na tíre mar chuid den ócáid, le hocht n-ardán de cheol beo, 12 thob-thaibhiú damhsa, agus ceardlanna tosaigh amharclannaíochta ar fud na tíre. Scaipeadh 5,000 liathróid lámhchleasaíochta do thosaitheoirí ar fud na tíre, le ceithre cheardlann sorcais i dTiobraid Árann, i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh.

Éire don Úcráin

Tháinig grúpa de phríomh-eagraíochtaí meán na hÉireann – RTÉ san áireamh – le chéile in 2022 chun comhpháirtíocht gan fasach a bhunú, ag seoladh feachtas tiomsaithe airgid poiblí, 'Éire don Úcráin'. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas ciste ríthábhachtach a bhailiú dóibh sin a raibh tionchar ag an gcoimhlint orthu, chomh maith leo sin a cuireadh as seilbh. Bhí an tionscnamh le feiceáil ar fud na meán raidió, teilifíse, clóite agus ar líne áitiúil agus náisiúnta, agus ghlac an carthanas cláraithe The Community Foundation for Ireland leis an airgead uile a bailíodh.

Ag tacú go fíorúil le Eolaí Óg BT 2022

I mí Eanáir 2022, mar a bhí fíor le go leor tionscnaimh eile, d'óstáil Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT imeacht fíorúil ar btyoungscientist.com agus bhí RTÉ ann arís chun tacú le scoileanna na hÉireann le seastán fíorúil a thug ardán d'ábhar teilifíse, raidió, ar líne agus podchraolta.

Las na Soilse

D'fhill Féile Drámaíochta Uile-Éireann RTÉ mar chomórtas ar an láthair in am dá cheiliúradh 70ú bliain ar an bhfód. Bhí 33 féile drámaíochta ar fud oileán na hÉireann sa chamchuairt cháilitheach, agus grúpaí ag iarraidh áit a bhaint amach sa bhabhta cinniúnach Uile-Éireann. Bhí na hiomaitheoirí ar an stáitse i mBaile Átha Luain, nuair a tháinig grúpaí drámaíochta as Corcaigh, Baile Átha Cliath, Port Láirge, Loch Garman, Dún na nGall agus Cill Dara le chéile os comhair bhruachshoilse Amharclann Dean Crowe.

Seaimpíní Digiteacha na Scoileanna

Bhí mórtas ar RTÉ leanúint lena thacaíocht do Chlár Seaimpíní Digiteacha na Scoileanna, arna mhaoiniú agus arna reáchtáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i gcomhar leis an Roinn Oideachais le seacht mbliana anois. In ainneoin bliain dhúshlánach eile, ghlac thart ar 200 scoláire ó scoileanna dara leibhéal ar fud na hÉireann páirt, trí Zoom, in Ócáid Taispeántais Chlár Sheaimpíní Digiteacha na Scoileanna, a chuir Laura Fox ó RTÉ 2FM i láthair, agus roinn siad cuid de na tionscadail a bhí déanta acu mar chuid de chlár 2022.



Ár gCuid Oibríochtaí a Ghlasú

Ag obair i dtreo RTÉ
níos inbhuanaithe

Léiriúcháin níos inbhuanaithe

Mar chuid dá iarrachtaí a oibríochtaí foriomlána a dhéanamh níos inbhuanaithe, lean RTÉ de Thionscadal Albert a fheidhmiú, clár atá á bhainistiú ag BAFTA agus atá leagtha amach chun tacú le déanamh cláracha níos inbhuanaithe. Bunaíthe in 2011, tacaíonn Albert leis an tionscal Scannán agus Teilifíse domhanda chun tionchair timpeallachta an léiriúcháin a laghdú agus chun ábhar a chruthú a thacaíonn le fis do thodhchaí inbhuanaithe.

Bhain 111 clár san iomlán de chuid RTÉ deimhniúcháin Albert amach in 2022, lena n-áirítear na sraithanna seo a leanas:

- *The Late Late Show* (sraith 2022 / 2023)
- *The Today Show* (leanúnach)
- *Prime Time* (sraith 2022 / 2023)
- *3 x Prime Time Climate Specials*
- *Ask Me Anything* (sraith 2022)
- *The Main Stage* (sraith 2022)
- *Cloch Le Carrn, Scannal agus Gafa* (2022)

Bainistiú fuinnimh

Tá RTÉ tar éis é féin a bhunú mar cheannródaí laistigh den earnáil phoiblí trí na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) a shárú agus trí bheith ar an gcéad chraoltóir in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a bhain an caighdeán idirnáisiúnta bainistithe fuinnimh ISO50001 amach i mí Feabhra 2021.

Mar chuid den phróiseas ISO 50001, coinníonn RTÉ Clár Deiseanna faoi athbheithniú go leanúnach ina n-aithnítear agus ina ndéantar measúnú ar dheiseanna éifeachtúlachta fuinnimh spriocdhírthe.

I mí Feabhra 2022, chuir Maoin & Seirbhísí RTÉ tionscadal i gcrích chun an soilsiú a uasghrúdaí in Ionad Raidió RTÉ ar ár gcampas i nDomhnach Broc. Bhain an tionscadal le 681 daingneán solais a bhaint agus soilse LED atá níos tiosaí ar fhuinneamh a chur ina n-áit, ach freisin líon iomlán na bhfeistiú solais a laghdú faoi 308. Laghdóidh an t-uasghrúdaí agus an laghdú seo ar shoilseáin ár n-úsáid leictreachais faoi níos mó ná 290,000kWh, arb ionann é agus 552,800kg Carbóin (CO₂e) in aghaidh na bliana.

In 2022, dhírigh an Fhoireann Fuinnimh ar uasghrúdaí a dhéanamh ar sheanchórais aerchóirithe san Fhoirgneamh Teilifíse ar ár gcampas i nDomhnach Broc go gaothráin leanúna agus rialaitheoirí nua-aimseartha CL. Mar thoradh air sin, sábháladh thart ar 70% d'fhuinneamh don chóras áirithe sin.

Cé gur príomhghné dár gcóras bainistithe fuinnimh é ár n-úsáid fuinnimh a laghdú, tá 50kw de ghiniúint fótvoltach (PV) suiteáilte againn freisin ar dhíon Stáitse 7 ar ár gcampas i nDomhnach Broc. D'fhéadfadh an córas seo an méid leictreachais ar fad a úsáidimid i bhfoirgneamh Stáitse 7 a chúiteamh suas le 10-12%.

R2135 (v) PAC33

Bainistiú dramhaíola

Níor cuireadh aon dramhaíl de chuid RTÉ i líonadh talún ó 2017 agus tá próisis éifeachtacha bainistithe agus coiscthe dramhaíola fós ag cur le laghdú foriomlán ar dhramhaíl. Cuirtear an tábhacht a bhaineann le dramhaíl a chos agus a dheighilt chun cinn go gníomhach le polasaí 'athchúrsáil ag an bhfoinse'. Ba 297 tona a bhí i dtionnaithe iomlán dramhaíola RTÉ in 2022, laghdú 40% i gcomparáid le 2019.

Bithéagsúlacht

Cruthaíodh limistéir nua a thacaíonn le pailniú ar fud champas RTÉ i nDomhnach Broc agus tá RTÉ ina rannpháirtí deimhnithe i bplean Phailneoirí Uile-Éireann.

Uisce

Tá sé mar aidhm ag RTÉ tacú le huailmhianta náisiúnta caomhnaithe agus cosanta uisce. Tá méadar anois ar níos mó ná 95% de na príomhfhoirgnimh áiseanna chun cur amú uisce a laghdú.

Ba ionann an t-uisce nach raibh cuntas air (neamh-mhéadraithe/sceitheadh) in 2022 ar shuíomh Domhnach Broc agus 20% den uisce iomlán a úsáideadh mar gheall ar mheascán de mhéadrú breise agus deireadh curtha le sceitheadh laistigh den líonra trí fheabhsúcháin ar an bpiobán uisce príomhlíonra. Tá laghdú 10% tagtha ar úsáid uisce an phríomhlíonra le ceithre bliana anuas.

Ag obair i gcomhar le chéile chun difríocht a dhéanamh

- Tá RTÉ ina shínteoir leis an nGealltanas Ísealcharbóin, atá á reáchtáil ag *Business in the Community Ireland*.
- Tá RTÉ ina shínteoir le Marc Gnó *Business in the Community Ireland* agus tá sé deimhnithe don mharc seo mar gheall ar inbhuanaitheacht (bunaithe ar chaighdeán ISO 26000 ar dtús agus fíoraithe ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann).
- Tá RTÉ ina shínteoir ar Chairt Treochlár Inbhuanaitheachta Údarás Craolacháin na hÉireann agus tá sé tugtha do bheith ag obair go comhoibríoch laistigh d'earnáil náisiúnta meán agus scáileáin na hÉireann chun bealaí a aimsiú inar féidir dlús a chur leis an aistriú chuig táirgeadh astaíochtaí níos ísle.
- Tá RTÉ ina bhall den Chomhghuaillíocht Screen Greening.
- Tá RTÉ ina bhall de Chomhghuaillíocht Inbhuanaitheachta Aontas Craolacháin na hEorpa, ag obair le piar-eagraíochtaí sna meáin ar fud na hEorpa chun bealaí a iniúchadh inar féidir le craoltóirí ról ceannaireachta a imirt in athchóiriú léirithe craolacháin, agus tuisceant ar an aeráid agus gníomhaíocht aeráide a chur chun cinn don lucht féachana



An Chruthaitheacht a Chothú in Éirinn

An chruthaitheacht a spreagadh agus tacú léi ar fud na hÉireann.

Comórtas Gearrscéalta RTÉ

Ba é Big Why, Little Why le Brendan Killeen an scéal a bhuaigh Comórtas Gearrscéalta RTÉ i mbliana in ómós do Francis MacManus. Ba í an moltóir Lisa Molnerney a rinne an fógra ag ócáid speisialta bheo de chuid RTÉ Radio 1 Arena do Ghearrscéalta RTÉ a chuir Sean Rocks i láthair in Amharclann an Pavillion i nDún Laoghaire agus a craoladh beo ar RTÉ Radio 1 mar chuid de chlár speisialta *Arena*.

Junk Kouture: Á Thacú ag RTÉ

Chuaigh *Junk Kouture*, an t-ardán Éireannach mór le rá um léiriú, cruthaitheacht agus inbhuanaitheacht na n-óg, i gcomhar le RTÉ arís. Vótáil an pobal dearadh Zuzanna Cieslewicz, 'Ex Static', mar Chuireadh Speisialta RTÉ agus chuaigh sí ar aghaidh chun an áit dheireanach a thabhairt léi i mBabhta Ceannais *Junk Kouture* an Domhain in Abú Daibí. Ní faoi inbhuanaitheacht agus dearadh den scoth amháin é *Junk Kouture* Arna Thacú ag RTÉ, is faoi na daoine a ghlacann páirt ann, an inspioráid is bunús leis na dearáí, agus a bheith cumasaithe tríd an gcruthaitheacht freisin é.

This is Art!

D'fhógair Clár Éire Ildánach agus RTÉ buaiteoirí an dara comórtas náisiúnta This is Art! a dhéanann ceiliúradh ar ealaíontóirí óga de gach cumas. Ba as Co. Chorcaí, Co. Chill Mhantáin, Co. Loch Garman agus Co. Mhaigh Eo na buaiteoirí agus de réir phainéal neamhspleách na moltóirí, bhí caighdeán na n-iontrálacha thar a bheith ard arís, ar fud na gcatagóirí aoise.

R2135 (v) PAC33

RTÉ Eye on Nature

Fógraíodh gurbh é an íomhá álainn d'Iora Rua a thóg Jimmy Mc Donnell as an gCaisleán Nua i gCo. Chill Mhantáin an buaiteoir foriomlán i gcomórtas grianghrafadóireachta fiadhúlra Eye On Nature RTÉ. Sheol RTÉ agus Garraithe Náisiúnta na Lus le hOifig na nOibreacha Poiblí comórtas 2022 ar Mooney Goes Wild ar RTÉ Radio 1 agus The Today Show ar RTÉ One. Ag ceiliúradh fhíora agus fhána ár n-oileáin, bhí an-tóir go deo ar an gcomórtas, agus seoladh níos mó ná 3,000 grianghraf ar aghaidh chugainn.

RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona

Tháinig na healaíona ar ais faoi lán seoil in 2022, agus bhí RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona ar fáil chun tacú le 150 imeacht ealaíon agus cultúir áitiúil, réigiúnach, pobail agus náisiúnta ar fud an oileáin in 2022. Cuireann an scéim meascán de thacaíochtaí fógraíochta ag am craolta ar fáil, ar an teilifís, ar an raidió, ar an ardán digiteach agus ar na meáin shóisialta.

RTÉ Choice Music Prize 2022

Rinneadh ceiliúradh ar an gcuid is fearr de cheol taifeadta na hÉireann arís leis an 17ú bliain den RTÉ Choice Music Prize. Bhuaigh Dermot Kennedy Amhrán Éireannach na Bliana de chuid an RTÉ Choice Music Prize, agus bronnadh an duais d'Albam Éireannach na Bliana 2021 de chuid an RTÉ Choice Music Prized ar For Those I Love as an albam For Those I Love (September Recordings).



An Chóir a Chúiteamh



RTÉ Toy Show Appeal – D'athraigh sé saol leanaí ar fud oileán na hÉireann

Is féidir Tuarascáil Tionchair an RTÉ Toy Show Appeal a fheiceáil anseo www.communityfoundation.ie/images/uploads/pdfs/Toy-Show-Appeal-Report-Screen.pdf

Ag tacú le leanaí ar RTÉ 2FM

Chuaigh RTÉ 2FM i gcomhpháirtíocht le Keary's Motor Group i mí na Samhna chun comórtas a reáchtáil ar mhaithe leis an gcarthanas náisiúnta, Childline, a d'fhreagair do bhreis is 100,000 leanbh i ngátar anraidh. Agus an comórtas á chur chun cinn ar fud na gcláracha ar fad, bailíodh €47,000 ar an iomlán leis an bhfeachtas.

Dúirt Dan Healy, Ceannasaí RTÉ 2FM agus Straitéise Raidió: Tá 2FM ag tacú go mór le Childline agus leis an obair iontach a dhéanann siad le roinnt blianta anuas, agus tá ríméad orainn a bheith in ann an oiread sin airgid a bhailiú chun tacú le leanaí na hÉireann sa tréimhse roimh an Nollaig. Gabhaimid buíochas mór lenár n-éisteoirí ar fad a chuir isteach ar an gcomórtas agus a thug airgead chun tacú le cúis thar a bheith fíntach."

Ag Tacú le Seachtain Feasachta Seas an Fód ar fud RTÉ 2FM

Thacaigh RTÉ 2FM arís le Seachtain Feasachta Seas an Fód don cheathrú Bliain as a chéile a bhí ar siúl ón 14ú-18ú Samhain. Eagraíonn Seirbhísí Óige BeLonG To Seachtain Feasachta Seas an Fód agus spreagann siad scoileanna dara leibhéal, seirbhísí óige agus Ionaid Ógtheagmhála in Éirinn chun seasamh a ghlacadh i gcoinne na bulaíochta atá homafóbach, défhóbach agus trasfhóbach.

Is eagraíocht náisiúnta é Seirbhísí Óige BeLonG To a thacaíonn le daoine óga lespiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LADTA+) in Éirinn. I rith na seachtaine, bhí agallaimh agus scéalta ó úsáideoirí seirbhísí BeLonG To le cloisteáil ar 2FM.

Climb with Charlie

Mar thacaíocht dár gcara agus dár gcomhghleacaí, Charlie Bird, ina chuid iarrachtaí iontacha chun airgead a bhailiú agus feachtas a mhéadú ar an nGalar Néarón Luadrach trína fheachtas bailithe airgid Climb with Charlie ar Chruach Phádraig. Roimh an ócáid, d'eisigh Michael English agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ singil charthanachta an-speisialta, 'Climb with Charlie' ina raibh go leor de chairde agus de chomhghleacaithe Charlie in RTÉ. Ghlac comhghleacaithe ar fud na heagraíochta páirt san imeacht Climb with Charlie a bhailigh os cionn €2 mhilliún do Pieta House agus do Chumann Galar Néarón Luadrach na hÉireann.

R2135 (v) PAC33 Tacú le Feachtas Chorn na hAfraice de chuid an Irish Emergency Alliance

Tá breis is 20 milliún leanbh, bean agus fear – beagnach trí oiread dhaonra oileán na hÉireann – ag fáil bháis leis an ocras san Aetóip, sa Chéinia agus sa tSomáil. Tar éis ceithre sheasúr d'easpa báistí le dhá bhliain anuas, tá páirteanna den Aetóip, den Chéinia agus den tSomáil ag tabhairt aghaidh ar an triomach is measa le 40 bliain. Mar fhreagra ar an ngéarchéim, thacaigh RTÉ le hAchainí Speisialta an Irish Emergency Alliance trí fhógra speisialta seirbhíse poiblí a chur ar fáil agus a craoladh le linn an chéad bhriseadh fógraíochta sa Six-One News ar RTÉ One ar an 14ú Meán Fómhair.

Lítearthacht sna Meáin & Cibearshlándaíil Leanaí

Chun tacú leis an Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, thaispeáin RTÉ sraith nua de *Alva's World* ar RTÉjr. Léirithe ag an gcuideachta Éireannach Kavaleer, is seó beochana spráuil, magúil é *Alva's World*, an chéad cheann dá leithéid, do pháistí réamhscoile a bhfuil sé mar aidhm aige canóin nua finscéalta a chruthú don ré dhigiteach, ag cur sábháilteacht idirlín, comhbhá agus litearthacht sna meáin i gcoiríl ar scéalaíochta atá cruthaitheach agus meidhreach.

Tráth a bhfuil go leor leanaí níos óige ar líne níos mó ná riamh, déanann *Alva's World* iniúchadh ar théamaí a forbraíodh i gcomhar le CyberSafe Kids agus Crandall Consulting i bhfoirm scéalta draíochta chun iompar cuí ar líne a mhúineadh do pháistí, idirghníomhaíocht ina measc, chomh maith lena réiteach d'fhadhbanna coitianta óige a d'fhéadfaidís teacht orthu ar na meáin shóisialta.

Ó seoladh é ar RTÉjr i mí Mheán Fómhair 2021, tá *Alva's World* ar taispeáint ar SkyKids (an Ríocht Aontaithe), MBC Shahid (an Araib Shádach), Kids Network Television (na tíortha Baltacha, an Rúis), YLE (an Fhionlainn) agus ABC (an Astráil) i measc críocha eile.

RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona

Thacaigh RTÉ le níos mó ná 150 imeacht ealaíon, cultúrtha agus pobail in 2022 trí scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona. Is ionann é seo agus an figiúr bliantúil is airde riamh i stair na scéime – léiriú ar éagsúlacht agus ar bheocht earnáil na n-ealaíon agus an chultúir ar fud na hÉireann agus imeachtaí ar ais mar a bhí ar feadh na bliana agus an lucht féachana ag fileadh arís. Trína thionscnamh uathúil Ag Tacú leis na hEalaíona, tá RTÉ i gcomhpháirtíocht arís leis an iliomad imeachtaí áitiúla agus náisiúnta, idir thaispeántais agus léiriúcháin damhsa agus imeachtaí agus féilte amharclannaíochta agus ceoil áitiúla, agus go leor eile.

**YOU ARE
AWESOME!**

*Agos, registered charity in Ireland.
Registered charity number 20064846.
Charity revenue number CHY 17439*

JIGSAW
Young people's
health in mind

Bhain sé chlár de chuid RTÉ an gradam óir ag Gradaim iomráiteacha Theilifíse RTS Ireland 2022 i mí Aibreáin. I measc na mbuaiteoirí bhí *BOWIE: Starman* le Ceolfhoireann Coirme RTÉ (Clár Siamsaíochta is Fearr), *Keelin Shanley: Faraway, Still Close* – Scratch Films Ltd (An Clár Fíorasach Aonair is Fearr) agus *Adam Saves Christmas* – Kavaleer Productions (An Clár Beochana is Fearr).

Bhuaigh RTÉ **naoi ngradam ag Gradaim na Meán Ceartais de chuid Dhlí-Chumann na hÉireann** 2022 sna catagóirí, Tuairisciú Craolacháin Raidió agus Teilifíse, Cearta Daonna/Ceartas Sóisialta agus Tuairisciú Ceartais Idirnáisiúnta. Bhí an searmanas bronnta mór le rá ar siúl ar an 22 Meitheamh i gceannocheathrú an Dlí-Chumainn i bPlás Blackhall. I measc na mBuaiteoirí Catagóire bhí *RTÉ Investigates Domestic Abuse – A Year of Crisis* (Cearta Daonna / Ceartas Sóisialta), *RTÉ Documentary on One, L’Agression* (Tuairisciú Ceartais Idirnáisiúnta).

Bronnadh **Gradam Chraoltóir na Bliana ar RTÉ ag an New York Festivals Radio Awards** i mí Aibreáin. Fuair RTÉ trí dhuais óir do *Sing! Cór Aerach agus Leispiach Bhaile Átha Cliath* agus *One Day / Lá Dá Raibh* (RTÉ lyric fm), *Mamó*, Le Sara Keating, léite ag Ingrid Craigie (Comórtas Gearrscéalta RTÉ), *Documentary on One : L’Agression* (RTÉ Radio 1). I measc bhuaiteoirí dhuaiseanna airgid agus cré-umha RTÉ bhí RTÉjr Radio, RTÉ lyric fm agus RTÉ Radio 1 (lena n-áirítear roinnt gradam do *Documentary on One* agus *Drama on One*).

Bhuaigh RTÉ 11 ghradam ag Gradaim thionscnaimh Phodchraoltaí na hÉireann a reáchtáladh i Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath, i mí Mheán Fómhair, lena n-áirítear ceithre ghradam óir, cúig ghradam airgid agus dhá ghradam cré-umha. Ba iad buaiteoirí ghradaim óir RTÉ *Someone Like Me* (RTÉjr), *Beo Ar Éigean*, *RTÉ Documentary on One* agus *Maddie and Triggs* (RTÉjr) sna catagóirí don Phodchraoladh is Fearr do Theaghlaigh, don Phodchraoladh Gaeilge is Fearr, don Phodchraoladh Raidió is Fearr agus don Phodchraoladh Cruthaitheachta is Fearr faoi seach. I measc bhuaiteoirí ghradaim airgid RTÉ bhí *Hot Mess* agus *The Almanac of Ireland* sna catagóirí Gradam Aeráide agus Podchraoladh Raidió is Fearr. Bhuaigh *Maddie and Triggs* ó RTÉjr Radio gradam airgid freisin don Phodchraoladh is Fearr do Theaghlaigh agus bhuaigh RTÉ *Documentary on One* gradam airgid sa chatagóir oscailte Spotsolas (bíonn níos mó ná 50,000 éisteoir aige in aghaidh an chláir) agus do *GunPlot* (cuid de shraith démheáin RTÉ ar an Triail Arm) sa chatagóir don Chlár Faisnéise is Fearr. Ba iad *Ecolution* agus *Spooky FM* a bhain an dá ghradam cré-umha do RTÉ, an péire acu ó RTÉjr Radio sna catagóirí Aeráide agus an Podchraoladh is Fearr do Theaghlaigh.

I mí na Samhna, **bhain dhá léiriúchán inmheánacha de dhráma raidió RTÉjr gradaim ag an Prix Ex Aequo**, féile idirnáisiúnta drámaíochta raidió do leanaí agus don aos óg a eagraíonn Raidió agus Teilifís na Slóvaice gach dhá bhliain i gcomhar leis an EBU. Ba iad an dá bhuaiteoir ná *The Emperor’s New Duds* (catagóir Sísceálta do Leanaí), scríofa agus léirithe ag Nicky Coghlan agus *Cereal* (catagóir Dráma Raidió don Óige), sraith sé chlár scríofa ag Carol Walsh.

Chomh maith leis sin i mí na Samhna fuair *Maddie and Triggs*, sraith 15 chlár a rinneadh le cúnamh ón BAI le Turnip agus Duck **an Gradam Sochaí ag Gradaim Físe an NCBI** do 2022.

Fuair *Let's Find Out*, sraith siamsaíochta eolaíochta do leanaí RTÉjr, **dhá ghradam idirnáisiúnta mór le rá** i mí an Mheithimh. Fuair léiriúcháin stop.watch duais as fiúntas eolaíoch ag an SCINEMA International Film Festival, an fhéile scannán eolaíochta is mó sa leathsféar theas, a chuir an Royal Institution of Australia i láthair. Bronnadh gradam tionscail ar an tsraith freisin as an Meán Oideachais is Fearr ag an Raw Science Film Festival. Ar siúl i gCósta Ríce, tugann RSFF daoine le chéile ar fud na heolaíochta, na teicneolaíochta, na siamsaíochta agus na meán chun na scannáin is fearr dá leithéid ó gach cearn den domhan a thaispeáint.

Bhain Adam Maguire, iriseoir le Nuacht RTÉ, an **gradam do Scéal Fuaime na Bliana amach ag Gradaim Iriseoirí Gnó Scoil Smurfit an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath** i mí na Nollag. Aithníodh Adam as a shraith fuaime ar bhoilsciú, a craoladh ar *Today with Claire Byrne* ar RTÉ Radio 1. D'fhiosraigh sé sa tsraith, dar teideal 'Inflation Shopping Basket' an chúis go bhfuil do shiopadóireacht sheachtainiúil ag éirí níos costasaí.

Bhain cláracha de chuid RTÉ **dhá ghradam amach ag na gradaim iomráiteacha AIB** i mí na Samhna. Bhain an *Documentary on One: Felix – Life and Limb* an chéad áit sa chatagóir Raidió/Fuaime, fuair *RTÉ Investigates: The Accountant, the Con, the Lies* ardmholadh sa rannóg faoi Chlár Faisnéise Imscrúdaitheach Teilifíse/Físe.

Bhuaigh léiriúchán an *RTÉ Documentary on One, I'll Send You Butterflies*, a léirigh Mary-Elaine Tynan agus Tim Desmond, **an 74ú Prix Italia, a tionóladh in Bari**, na hIodáil i mí Dheireadh Fómhair. Is é an Prix Italia an comórtas meán poiblí is faide ar an bhfód ar domhan. Insítear sa chlár faisnéise scéal Margaret Tynan, máthair Mary-Elaine, agus í ag streachailt leis an ngalar néarón luadrach ó fuair sí an diagnóis go dtí an bhliain dheireanach dá saol.

I mí Dheireadh Fómhair, bhuaigh RTÉ **dhá ghradam ag Searmanas Ghradaim Prix Europa**, an t-ardán comórtais is mó san Eoraip do chraoltóirí poiblí. Tar éis seachtain de mholtóireacht agus de vótáil ó léiritheoirí ó gach cearn den Eoraip, bhuaigh *RTÉ Documentary on One: I'll Send You Butterflies* moladh speisialta mar 'Chlár Faisnéise Raidió Eorpach na Bliana', agus fuair *Digging for Fire* de chuid RTÉ Drama on One Moladh Speisialta mar Chlár Ceoil Raidió Eorpach na Bliana.

Bhain RTÉ Raidió na Gaeltachta **ceithre ghradam ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais**, gradaim náisiúnta na meán Gaeilge, ar an 2 Samhain. Bhain Cóilín Ó Neachtain Iriseoir na Bliana, bhain *Bladhaire* an tSraith Raidió is Fearr, bhain Pádraig Ó Sé craoltóir solabhartha na bliana, agus ghlac Gearóid Mac Donncha le gradam speisialta a bronnadh ar an stáisiún ar chomóradh caoga bliain an stáisiúin. Bhí na gradaim ar siúl mar chuid d'fhéile Oireachtas na Samhna i gCill Airne, an chéad uair a reáchtáladh an fhéile ó 2019.

Leis an ábhar agus leis na cláracha, leis na seirbhísí agus leis na daoine, tá mar aidhm ag RTÉ seasamh le cultúr na hÉireann, le muintir na tíre, leis an oileán agus leis an iléagsúlacht.

Drámaíocht agus Greann

In 2022 lean RTÉ lena straitéis chun ár liosta forbartha sa drámaíocht agus sa ghreann scrípte a mhéadú, ar mhaithe le níos mó sraitheanna a chur amach ar an teilifís, ach níos tábhachtaí fós ar an RTÉ Player ó tharla gur sraitheanna scrípte is mó a mbíonn tóir orthu ar an ardán sin.

In 2022 bhí *Smother* ar ais don dara sraith, seoladh *North Sea Connection* agus d'fhill *Storyland*, ar RTÉ 2 an uair seo, agus é cómhaoinithe ag Fís Éireann. Ina theannta sin, cuireadh tús le hobair ar an tsraith dheiridh de *Smother*, sraith 2 de *KIN*, an clár grinn *Sisters* agus an clár drámaíochta atá suite sa Nua-Shéalainn, *The Gone*.

Chuir comhpháirtíochtaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ar ár gcumas na sraitheanna seo a dhéanamh, de réir mar a d'fhulaing tionscadail na drámaíochta boilsciú breise, mar gheall ar an staid eacnamaíoch i gcoitinne, ach freisin an dianiomaíocht do chriú ó na seirbhísí sruthaithe idirnáisiúnta.

Chabhraigh Fís Éireann arís le príomhthionscadail uile RTÉ a mhaoiniú, agus chuidigh ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair leo sin a ndearnadh scannánaíocht orthu san Iarthair. I measc na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta bhí AMC, Sundance, Acorn, ITV Studios, Bron, A&E agus Viaplay.

Chabhraigh na comhpháirtithe sin leis na sraitheanna seo a chur faoi bhráid lucht féachana idirnáisiúnta, agus *Smother* ar fáil anois i 160 críoch agus Hidden Assets díolta le príomhchraoltóirí amhail an BBC, France TV agus SBS Australia.

Drama on RTÉ One agus an RTÉ Player

Bliain ghnóthach a bhí in 2022 do dhrámaíocht úrnua Éireannach ar RTÉ One agus ar an RTÉ Player agus *Smother*, *North Sea Connection*, agus *Conversations with Friends* craolta againn, chomh maith le dul i mbun léirithe ar shraith 2 de *KIN* a bhfuil an-tóir air, agus ag ullmhú do shraith 2 de *Hidden Assets*, a bheidh réidh don lucht féachana in 2023.

Craoladh sraith 2 de *Smother*, an scéinséir sé chlár atá suite i gCo. an Chláir agus a léiríonn Treasure Entertainment i gcomhpháirtíocht leis an BBC, ag 9.30pm ar an Domhnach ar RTÉ One ar feadh sé seachtaine ón 9 Eanáir. Faoi stiúir Dhathaí Keane agus scríofa ag Kate O'Riordan, Ursula Rani Sarma, Tom Farrelly agus Sonya Kelly, bhí sé dírithe ar mhatarc theaghlach Ahern, Val Ahern, agus a triúr

iníonacha agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as teacht gan choinne deartháir leo agus gan fios acu go raibh a leithéid riamh ann. Tá Dervla Kirwan, Gemma-Leah Devereux, Niamh Walsh, Seána Kerlake, Dean Fagan agus Conor Mullen páirteach ann. Tá *Smother* díolta cheana féin le Peacock sna Stáit Aontaithe agus le Alibi sa Ríocht Aontaithe. Tá Sraith 3 taifeadta agus curtha i gcrích agus tá sé le craoladh i Ráithe 1 2023. Bhí 381,000 lucht féachana ar an meán agus sciar 30.1% ag Sraith 2 de *Smother* agus bhí os cionn 543,000 sruth ar an RTÉ Player idir an 9 Eanáir agus an 21 Feabhra.

Seoladh *North Sea Connection*, a léirigh Tristan Orpen-Lynch do Subotica agus Willim Diskay ó Mopar Media, le hinfeistíocht ó Mopar, Viaplay, RTÉ agus A+E International i mí Mheán Fómhair. Bhí an tsraith sé chlár dírithe ar theaghlach Kenny, teaghlach iascaireachta ar chósta thiar na hÉireann a tharraingítear isteach sa trádáil idirnáisiúnta drugaí. Is iad Sinéad Cusack, Kerr Logan, Lynn Rafferty, Lydia McGuinness agus Stuart Graham chomh maith leis na réaltaí Sualannacha Alida Morberg agus Claes Ljungmark atá páirteach ann. Ba iad Paul Murphy agus Hannah Quinn a stiúir *North Sea Connection* agus bhí 293,000 lucht féachana ar an meán aige agus sciar 27.2% ar fud na sraithe.

I mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh, craoladh an léiriúchán de chuid Element Pictures *Conversations with Friends* ar RTÉ One. Arís eile, ba iad an BBC agus Hulu sna Stáit Aontaithe na príomh-chomhpháirtithe, a chuir an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil. Bunaithe ar an goéad leabhar le Sally Rooney, ba shraith de dhá chlár déag leathuair an chloig a bhí inti. Amhail cóiriú Element Pictures roimhe seo de *Normal People*, ba é Lenny Abrahamson príomhstíúir *Conversations with Friends*. Cé nár éirigh baileach chomh maith leis le *Normal People*, thaitin sé go háirithe le lucht féachana níos óige agus d'éirigh go fiormhaith leis ar an RTÉ Player le 840,000 sruth.

I mí Iúil agus i mí Lúnasa, chraol RTÉ One *Harry Wild*, sraith ocht gclár de choireacht bhog do Acorn i gcomhar le Dynamic agus RTÉ, ina raibh Jane Seymour páirteach agus é suite i mBaile Átha Cliath. Ba í an scríbhneoir Éireannach Jo Spain agus Scot David Logan a scríobh é. D'éirigh go hiontach leis an tsraith go hidirnáisiúnta agus tá an dara agus an tríú séasúr le taifeadadh i mBaile Átha Cliath in 2023.

In 2022 bhí *Smother* ar ais don dara sraith agus seoladh *North Sea Connection* agus d'fhill *Storyland*, ar RTÉ 2 an uair seo, agus é cómhainithe ag Fís Éireann. Ina theannta sin, cuireadh tús le hobair ar an tsraith dheiridh de *Smother*, sraith 2 de *KIN*, an clár grinn *Sisters* agus an clár drámaíochta atá suite sa Nua-Shéalainn, *The Gone*.



Drámaíocht agus Greann (ar lean)

Mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh leis an gcéad sraith, taifeadadh an dara sraith de *Kin* le Peter McKenna in Éirinn agus sa Spáinn i rith an tsamhraidh agus i bhfómhar na bliana 2022. Táthar i mbun iarléirithe faoi láthair ar na cláracha seo. Beidh ar na réaltaí Clare Dunne, Charlie Cox, Emmett J. Scanlan, Aidan Gillen, Maria Doyle Kennedy agus Sam Keeley aghaidh a thabhairt ar naimhde láidre nua ó theaghlach agus ó phobal na gcarachtar féin agus ó thar lear. Tá Felix Thompson, Kate Dolan, Christine Molloy agus Joe Lawlor I measc na stiúrthóirí nua *Kin*.

Tar éis an rath a bhí ar an gcéad sraith, forbraíodh an scéinséir coireachta idirnáisiúnta *Hidden Assets* agus tá sé i mbun ullmhúchán do shraith 2. Is iad Siobhan Bourke agus Kathryn Lennon ó Saffron Moon a léirigh *Hidden Assets* le comhpháirtithe infheistíochta ó Acorn, Fis Éireann, Screen

R2135 (v) PAC33
Flanders, Streamz agus Mediafonds sa Bheilg agus Facet 4 i gCeanada le DCD Rights ina chomhpháirtí dáileacháin idirnáisiúnta. Scríobh Peter McKenna, Sinead Collopy, Susan Connolly, Marty Fox agus Mary Thornton sraith 2 agus tá an tsraith á stiúradh arís ag Thaddeus O'Sullivan. Thug foireann *Hidden Assets* daoine cumasacha eiseamláireacha as Éirinn le chéile i scéinséir casta síceolaíoch atá scríofa ag Peter McKenna agus Morna Regan. Bhí na haisteoirí Angeline Ball, Simone Kirby, Peter Coonan, Aaron Monaghan agus Cathy Belton le feiceáil sa chlár in éineacht le Wouter Hendrickx agus Gilles De Schryver ón mBeilg agus na haisteoirí idirnáisiúnta Charlie Carrick agus Michael Ironside. Díoladh *Hidden Assets* leis an BBC agus le SBS, craoltóir poiblí na hAstráile. Tá cuid mhaith den scriptiú á dhéanamh nó á mhaoirsiú ag Mary Fox agus Marty Thornton, a tháinig tríd an tsraith *Storyland* in 2017.

Storyland ar RTÉ2

Bhí drámaí úrnua Éireannacha ar ais ar RTÉ2 le sraith nua de *Storyland*, ag bogadh go teilifís RTÉ den chéad uair, le trí dhráma uathúla, a bhí úrnua agus spreagúil. Coimisiúnaíonn *Storyland* RTÉ, i gcomhar le Fis Éireann, scrípteanna nua lena gcur i láthair go sonrach ar an teilifís chun an bealach a réiteach do scríbhneoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí an lae amárach. Is iad Marty Fox agus Mary Thornton, atá ag scríobh trí chlár de shraith 2 de *Hidden Assets* faoi láthair, a scríobh dráma *Storyland* in 2017.

Ba spás forbartha tallainne é *Storyland* i gcónaí. Cuireann éagsúlacht na scéalta i mbliana béim ar dhaoine cumasacha iontacha nua Éireannacha atá ag stiúradh agus ag scríobh, le trí dhráma a bhfuil stíleanna agus toin éagsúla acu, gach ceann acu ag cur guthanna agus fiseanna nua os comhair lucht féachana na hÉireann. Léiríonn na guthanna ilghnéitheacha agus iontaofa seo an cheird agus an úrnuaacht a chothóidh earnáil drámaíochta teilifíse na hÉireann, earnáil atá ag fás go tapa.

Is í Eva O'Connor a scríobh *Mustard*, scéal as an ngnáth faoi fhéindochar, faoi stiúir Hildegard Ryan agus léirithe ag Jason Forde do Four Quadrant Films. Is í Rioghach Ní Ghrioghair a scríobh agus a stiúir Balor Hall agus Deirdre Levins a léirigh é do Fantastic Films. Scríobh Sinead Collopy *Every Five Miles*, scéal corraitheach faoi gháinneáil ar dhaoine, faoi stiúir Vincent Lambe agus léirithe ag Colmán Mac Cionnaith do Vico Films.

I gcomhpháirtíocht le Fis Éireann, leanann RTÉ de dhaoine cumasacha ilchineálach nua agus smaointeoireacht nua a aimsiú, a chothú agus infheistíocht a dhéanamh iontu trí *Storyland*, chun gairmeacha a chur chun cinn agus chun borradh a chur faoin tionscal ar fad. Is léiriú iontach iad drámaí na bliana seo ar an infheistíocht sin.

Bhí drámaí úrnua Éireannacha ar ais ar RTÉ2 le sraith nua de *Storyland*, ag bogadh go teilifís RTÉ den chéad uair, le trí dhráma uathúla, a bhí úrnua agus spreagúil.



Drámaíocht agus Greann (ar lean)

Greann

Tá sé de chúram ar RTÉ Comedy réimse éagsúil d'ábhar grinn a fhorbairt agus a léiriú ar fud ardáin éagsúla RTÉ. Mar aon le tacú le daoine cumasacha grinn seanbhunaithe ar nós Tommy Tiernan, tacaíonn RTÉ Comedy le forbairt na scríbhneoireachta grinn agus le daoine cumasacha taibhiúcháin atá ag teacht chun cinn.

Dúshlánach in amanna, ach tarraingteach i gcónaí, tarraingíonn príomh-airíonna an ghrinn líon ard lucht féachana go seasta (*Mrs Brown's Boys*, *Tommy Tiernan Show*). Ach tá ár rannpháirtíocht le lucht féachana níos óige a mbíonn claonadh acu úsáid a bhaint as na meáin, nach cainéil thraidisiúnta RTÉ iad, agus tacú le daoine cumasacha nua grinn, fós ar an tosaíocht is tábhachtaí ag RTÉ Comedy. Tar éis dul i gcomhairle leis an earnáil neamhspleách sa bhliain 2022, choimisiúnaíomar *No Worries If Not*. Cuireadh struchtúr sonrach air chun teacht i dtír ar dhaoine cumasacha grinn atá ag teacht chun cinn ó shaol TikTok agus Instagram, agus craoladh an tsraith sceitse sé chlár seo i bhfómhar 2022. D'éirigh thar barr léi ó thaobh líon suntasach daoine idir 15-24 bliana d'aois a mhealladh go dtí ardáin shóisialta RTÉ agus ar an RTÉ Player. I measc na príomhchléire bhí daoine cumasacha atá ag teacht chun cinn amháil Michael Fry agus Justine Stafford, a thug a lucht leanúna mór chuig RTÉ2 agus cainéil meán sóisialta RTÉ.

Tá glacadh maith ag lucht féachana i gcónaí le greann nua a bhfuil script leis ar an RTÉ Player, agus in 2022 choimisiúnaíomar an dara sraith de *Free Gaff*. Is iad na haisteoirí nua Darren Conway agus Joe McGucken a bhí páirteach ann agus bhí *Free Gaff* ar cheann de na cláracha úrnua ba mhó a raibh tóir air ar an RTÉ Player. Craoladh é freisin mar mhionsraith ar RTÉ2. Ar RTÉ2 freisin, rinneamar athchoimisiúnú ar an dara sraith de *Clear History*. Is sraith phainéil formáidithe é seo arna cur i láthair ag Kevin McGahern, Joanne McNally agus Jason Byrne agus inar féidir leis na haíonna imeachtaí náireacha a tharla dóibh san am atá caite a scríosadh as cuimhne na ndaoine. Chruthaigh an tsraith deis freisin do scríbhneoireacht nua chomh maith le hardán a thabhairt do dhaoine cumasacha grinn nua a bheith ina n-aíonna.


R2135 (v) PAC33

Tháinig an clár de chuid RTÉ Comedy a bhfuil gradaim buaite aige, an *Tommy Tiernan Show*, ar ais ar RTÉ One. In 2022 lean an tsraith d'aíonna ó réimse éagsúil cúlraí a chur inár láthair agus tharla comhráite macánta le daoine cáiliúla agus le gnáthdhaoine araon a raibh scéalta neamhghnácha acu, agus gan fios ag Tommy roimh ré cé a bheadh os a chomhair amach. Bhí an séasúr ba láidre ag an gclár uathúil seo in 2022. I measc na n-aíonna a bhí ar an gclár bhí Joanne McNally, Steve Coogan, Gabriel Byrne agus Roger Daltrey. Bíonn tóir leanúnach ar *Callan's Kicks* gach Aoine ar RTÉ Radio 1 agus d'fhill Oliver Callan agus 2022 ag druidim chun deiridh chun a léargas aorach féin ar an mbliaín a thabhairt dúinn in *Callan Kicks the Year 2022*, le cúnamh ó na carachtair is mó cáil ó shaol na polaitíochta, ó shaol na siamsaíochta agus ón saol poiblí. Bhí an-tóir go deo ar dhá chlár de *Mrs Brown's Boys* faoi Nollaig, agus bhí sciar 40% ag clár Oíche Chinn Bliana. Leanfaidh an seó móréilimh seo ar aghaidh in 2023, agus beidh níos mó cláracha i gceist.

Is colún de chuid RTÉ Comedy iad na Cláracha Grinn a bhfuil Script leo agus is é an luach saothair is mó as na daoine cumasacha a fhorbraimid. Chomh maith le bheith ina fhreagra ar na dúshláin atá ag méadú de shíor ó SVOD, tugann ár straitéis ghrinn maidir le hábhar grinn a bhfuil script leis deis tábhachtach dúinn ár n-infheistíocht a threisiú agus daoine cumasacha Éireannacha a chur i láthair lucht féachana agus margaí idirnáisiúnta. Sampla maith de seo is ea *Sisters*. Tar éis tréimhse forbartha a bhí faoi stiúir RTÉ Comedy, choimisiúnaíomar an dráma grinn sé chlár seo faoi stiúir Declan Lowney, a ainmníodh do Ghradam Emmy, agus ina bhfuil Susan Stanley agus Sarah Goldberg a ainmníodh do Ghradam Emmy. Craolfar é in 2023 ar RTÉ One agus ar an RTÉ Player agus ar AMC sna Stáit Aontaithe, agus táthar ag súil le díolacháin ar fud an domhain.

Cé go bhfuil RTÉ ag tacú ar bhonn leanúnach le geandrámaíocht de chuid na hÉireann agus ag forbairt ábhar a bhfuil script leis agus ábhar neamhscripte araon, leanadh arís le roinnt sraitheanna grinn a bhfuil script leo a fhorbairt in 2022, go leor acu i gcomhpháirtíocht le Fís Éireann. Leanfar leis an bpróiseas forbartha ar fud na sraitheanna nua a bhfuil script leo in 2023.

Tháinig an clár de chuid RTÉ Comedy a bhfuil gradaim buaite aige, an *Tommy Tiernan Show*, ar ais ar RTÉ One. In 2022 lean an tsraith d'aíonna ó réimse éagsúil cúlraí a chur inár láthair agus tharla comhráite macánta le daoine cáiliúla agus le gnáthdhaoine araon a raibh scéalta neamhghnácha acu.



Siamsaíocht agus Ceol

Lean RTÉ de lear mór cláracha siamsaíochta buaióthráthanna a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha dá aschur siamsaíochta agus ceoil, ina raibh ábhar siamsaíocht nua, daoine cumasacha sa cheol agus filleadh na gláracha is fearr le daoine.

Ar RTÉ One, in 2022 d'fhill dhá chlár a raibh an-tóir go deo orthu - *Ireland's Fittest Family*, atá léirithe ag Animo TV, agus *Dancing with the Stars*, atá léirithe ag Shinawil. I mí Eanáir chuir muintir na tíre snas ar a mbróga damhsa don chúigiú sraith den tsraith shiamsaíochta an-rathúil, agus líon mór ag féachaint air chun líonn dubh an gheimhridh a dhíbirt. In éineacht le Jennifer Zamparelli agus Nicky Byrne bhí an moltóir nua Arthur Gourounlian agus i measc na cléire a bhí chun steip a dhéanamh bhí Billy McGuinness, Erica Cody agus Gráinne Seoige, sular thug Nina Carberry na cosa léi leis an ngradam.

Níos déanaí sa bhliain d'fhág Nina na bróga damhsa ina diaidh chun bheith ina cóitseálaí ar *Ireland's Fittest Family*. Bhí réimse iontach d'imeachtaí spreagúla sa tsraith, chomh maith le teaghlaigh inspioráideacha ó gach cearn den tír agus ár goóitseálaithe díograiseacha, a thacaíonn agus a spreagann ár n-iomaitheoirí. Ag cruthú go bhfuil ábhar úrnua na hÉireann ar chaighdeán den scoth, thug an deichiú sraith den fhormaid, ar thacaigh RTÉ léi den chéad uair in 2014, lucht féachana le chéile, agus tá gach cosúlacht air go bhfuil an fhormaid siamsaíochta dhúchasach seo anois ar cheann de na cláracha is fearr le teaghlaigh.

Ábhar nua ó eamail na léiriúchán neamhspleách

Chun cur leis an tsamhail seo, seoladh feachtas forbartha nua le hearnáil na léiriúchán neamhspleách i gcoitinne chun glúin nua d'ábhar úrnua Éireannach a chinntiú chun luí isteach leis na formáidí atá ann cheana. Mar thoradh ar obair fhairsing thar roinnt míonna bhí cláracha coimisiúnaithe agus cláracha píolótacha nua, a fhógrófar in am trátha agus a bheidh le feiceáil ar an scáileán níos déanaí in 2023 agus in 2024. Craoladh ceann de na chéad chláracha a tháinig chun cinn as sin faoi Nollaig nuair a léirigh Adare Productions seó siamsaíochta nua a thug ár n-ardáin chraoltóireachta le chéile, agus a chuir réaltaí 2FM Breakfast ar an scáileán. Ba chlár nua 30 nóiméad a bhí in *The Full Irish Hidden Camera Show*, arna chur i láthair ag Doireann Garrihy, Donncha O'Callaghan agus Carl Mullan. Tugann an clár gnéithe den ghreann agus den chleasaíocht thraidisiúnta le chéile chun rud éigin nua agus comhaimseartha a léiriú. Thaitin an clár go maith leis an lucht féachana agus craolfa sraith iomlán in 2023.

R2135 (v) PAC33

Thugamar faoi chur chulge nua freisin maidir le seó traidisiúnta na hAthbhliana leis an *New Year's Eve Party with Jennifer Zamparelli*. An fhoireann léiriúcháin inmheánach a bhí i mbun léirithe ar an glár ina raibh 75 nóiméad de cheol, de ghreann, de cheiliúradh agus de chomhrá a thug ardán do chumas breá taibheoirí éagsúla. Chuir an lucht féachana fáilte chroíúil roimh leithéidí Tom Grennan, MuRli le Jafaris, Donovan, agus Ash ag seinm le Ceolfhoireann Coirme RTÉ.

Chuir an fhoireann léiriúcháin inmheánach *Late Late Toy Show*, a raibh téama an *Wizard of Oz* aige, inár láthair chomh maith agus d'éirigh go hiontach leis. Léiríonn sin arís eile nach bhfuil áit ar bith eile gur mhaith leis an lucht féachana is mó den bhliain a bheith ná ag féachaint ar 'The Toy Show'. D'fhill an *Tommy Tiernan Show*, a bhfuil gradaim buaithe aige, agus atá léirithe ag Power Pictures. Tháinig an clár i dtír ar shrianta Covid trí dhlúthchaidreamh agus tréine na gcomhráite macánta a threisiú, rud a fhágann gur pléisiúr é an clár uathúil seo don lucht féachana nach maith leo é a chailleadh. Le haíonna amhail Joanne McNally, Steve Coogan, Gabriel Byrne agus Roger Daltrey, bhí an tsraith seo ar an gceann is rathúla go dtí seo. Tháinig *Home Advantage*, clár thráth na gceist do theaghlaigh, ar ais don dara sraith agus ba í Jennifer Zamparelli a chuir i láthair é.

Sa cheol, d'fhill *Other Voices*, a léirigh *South Wind Blows*, don 20ú sraith agus chuir Annie Mac réimse saibhir ceoil i láthair ar an scáileán, lena n-áirítear roinnt de na ceoltóirí agus amhránaithe is fearr in Éirinn, amhail Dermot Kennedy agus Orla Gatland agus ceoltóirí idirnáisiúnta amhail Sigrid agus Sam Fender. I gcomhpháirtíocht raidió agus teilifíse idir RTÉ 2FM/RTÉ One, thug *The Ultimate Irish Playlist*, a léirigh Shinawil, ardáin chraolta RTÉ le chéile. D'iarr 2FM ar mhuintir na tíre an 20 amhrán Éireannach is fearr a bhí riamh ann a roghnú, agus nocht RTÉ One na torthaí i sár-chlár speisialta dhá uair an chloig a craoladh ar an RTÉ Player freisin. Ní hamháin go raibh go leor d'amhrán ceoltóirí mór le rá na tíre i measc an cheoil a taispeánadh ar an glár, thug ceoltóirí ceannródaíocha Éireannacha eile, amhail Shobsey agus Ruth Ann Cunningham, a gcuid leaganacha nuálacha féin ar roinnt de na hamhráin.

In éineacht leis an *bhFleadh Cheoil*, an *RTÉ Choice Music Prize*, *Féile Naomh Pádraig 2022*, *Callan Kicks the Year*, agus go leor eile nach iad, choinnigh RTÉ ceol, daoine cumasacha, cruthaitheacht, taibhléiriú agus cultúr na hÉireann i lár an aonaigh do lucht féachana ar fud ár n-ardán.

Sa cheol, d'fhill *Other Voices*, a léirigh *South Wind Blows*, don 20ú sraith agus chuir Annie Mac réimse saibhir ceoil i láthair ar an scáileán, lena n-áirítear roinnt de na ceoltóirí agus amhránaithe is fearr in Éirinn, amhail Dermot Kennedy agus Orla Gatland agus ceoltóirí idirnáisiúnta amhail Sigrid agus Sam Fender.



Siamsaíocht agus Ceol (ar lean)

Toy Show the Musical

Bhí ríméad ar RTÉ *Toy Show the Musical* a chur ar stáitse san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath, do thréimhse na Nollag. Ba é RTÉ a chruthaigh agus a d'fhorbair *Toy Show the Musical* in éineacht le foireann chruthaitheach den scoth ó shaol na hamharlannaíochta, agus ba cheoldráma úrnua Éireannach agus thar a bheith speisialta a bhí ann. Leis an bpríomhcharachtar, Nell Mooney, ár laoch ficin, agus na páistí agus na carachtair ar fad ar Tricycle Street, bhain an ceoldráma le scéal croíúil - a insíodh trí amhráin, scéalta grinn agus geáitsí - faoin gcaoi a n-éiríonn le Nell a teaghlach beag a thabhairt ar ais le chéile ar oíche an Toy Show agus ar an eachtra a bhaineann dóibh.

Cuireadh beocht sa scéal, sa cheol, sna hamhráin, sa chóiréagrafaíocht, sa seit agus sa dearadh feisteas trí chliar iontach de leanaí agus de dhaoine fásta, lena n-áirítear Jamie Beamish, Clare Barrett agus Anna Healy a chuir seó uathúil Éireannach ar fáil a bhí lán de chroí, de cheol agus de rógaireacht.

R2135 (v) PAC33

Cé go raibh gá roinnt de na seónna a chur ar ceal ar gearrfhógra mar gheall ar thinneas i measc na cléire agus an chriú, ba mhór ag RTÉ gur thaitin an seó go mór leis na teaghlaigh agus na leanaí a chonaic é. Bhí leanaí go háirithe an-tógtha leis an scéal agus leis na hamhráin agus gur leanaí cosúil leo féin a bhí sa chliar ilchineálach.

Imeacht nua a bhí sa tionscadal seo do RTÉ agus, tar éis do thionscal na n-imeachtaí beo thréimhse chomh deacair sin a chur de, tá mórtas ar RTÉ i goónaí gur thacaigh sé le daoine cumasacha cruthaitheachta agus amharclainne as Éirinn agus gur infheistigh sé iontu: scríbhneoirí, cumadóirí, aisteoirí, léiritheoirí, stiúrthóirí, dearthóirí agus na speisialtóirí léiriúcháin agus teicniúla ar fad. Bhí níos mó ná 100 duine fostaithe ag *Toy Show the Musical* le linn na thréimhse, chomh maith le foireann fáilteachais agus criú don leagan amach.

Agus é seo á scríobh, amhail gach tionscadal cruthaitheach, tá athbhreithniú iomlán ar *Toy Show the Musical* ar siúl.

Ag Tacú le Léirithe Beo & Ceol na hÉireann

Tar éis bhriseadh dhá bhliain, bhí imeachtaí amhail Fleadh Cheoil na hÉireann agus an RTÉ Choice Music Prize ar ais le lucht féachana beo, mar aon leis na RTÉ Radio 1 Folk Awards, a d'fhill ar Vicar Street in 2021.

D'fhill 'An Fhleadh' ar an mbaile inar thosaigh sé an chéad lá riamh – An Muileann gCearr i gCo. na hIarmhí – agus chun an teacht abhaile speisialta seo a chomóradh, ba é RTÉ an meán oifigiúil a chabhraigh leis an bhféile is mó ar domhan de chomhrá Gaeilge, ceol, amhránaíocht agus damhsa na hÉireann a cheiliúradh. Tá tacaíocht RTÉ do Fhleadh Cheoil na hÉireann 2022 ag teacht lenár n-aisling cultúr na hÉireann a chur chun cinn trí lucht féachana a mhealladh agus ilchineálacht shaibhir na hÉireann a cheiliúradh, agus bhí feachtas margaíochta fairsing ann ar fud ardáin chraolta, shóisialta agus dhigiteacha chomh maith le réimse cláracha raidió ar fud RTÉ Radio 1 agus RnaG beo ón Muileann gCearr i rith sheachtain na Féile.

D'fhill an RTÉ Choice Music Prize le hócáid bheo in Vicar Street a rinne ceiliúradh ar na hainmniúcháin agus a d'fhógair buaiteoirí Albam Éireannach na Bliana (For Those I Love) agus Amhrán na Bliana (Dermot Kennedy). Ba i Tracy Clifford a chuir an ócáid i láthair agus craoladh an ócáid beo ar RTÉ 2FM freisin le léirithe eisiacha ó ochtar de na ceoltóirí agus amhránaithe ainmnithe. Ar an Domhnach, an 13 Márta, chraol RTÉ2 clár buaicphointí teilifíse uair an chloig, a léirigh Southpaw Pictures, ina raibh léirithe beo mar aon le healaíontóirí faoi agallamh ag Bláthnaid Treacy.

Rinne na RTÉ Radio 1 Folk Awards ceiliúradh iontach ar an gceol tíre is fearr in Éirinn le bliain anuas, le John Creedon ina fhear an tí in Vicar Street, Baile Átha Cliath, Déardaoine an 17 Samhain agus bhí siad beo ar RTÉ Radio 1. Fuair Mary Black an Gradam Saoil, agus ionduchtaíodh bunaitheoir agus ceann feadhna na Chieftains, Paddy Moloney, a bhásaigh in 2021, isteach i Halla na Laochra. I measc na mbuaiteoirí bhí Cormac Begley, Ye Vagabonds agus Muireann Nic Amhlaoibh. Sheinn baill de na Chieftains, Sharon Shannon, Scullion, Pauline Scanlon, Inni-K, Mary Black agus go leor eile beo.

D'fhill an RTÉ Choice Music Prize le hócáid bheo i Vicar Street a rinne ceiliúradh ar na hainmniúcháin agus a d'fhógair buaiteoirí Albam Éireannach na Bliana (For Those I Love) agus Amhrán na Bliana (Dermot Kennedy).



Na hEalaíona agus an Cultúr

De réir mar a tháinig laghdú ar thionchar na paindéime domhanda in 2022 agus de réir mar a tháinig gníomhaíochtaí ealaíne agus cultúrtha ar ais gar do na leibhéil a bhí ann roimhe seo, bhí RTÉ in ann réimse agus méid níos mó d'ábhar ealaíon agus cultúir a chraoladh, idir imeachtaí le lucht féachana beo agus léiriúcháin choimisiúnaithe. Agus é sin á dhéanamh, lean RTÉ de thosaíocht a thabhairt d'ábhar sainiúil ealaíon agus cultúir na hÉireann a chruthú chun lucht féachana leathan a mhealladh agus tacú le raon agus ilghnéitheacht iomlán ealaíontóirí cruthaitheacha agus taibhithe na hÉireann agus iad a chothú.

Teilifís

I measc na gcláracha faisnéise teilifíse a raibh tóir ag lucht féachana mór orthu bhí *100 years of Ulysses, Songs of the Open Road* (le Thomas McCarthy), *Tommy Tiernan's Epic West* agus *A Note for Nature*, léiriú a rinne iarracht ceol agus taibhiú a chomhcheangal le híomhánna agus machnamh ar na brúnna a chuirtear ar ár dtimpeallacht nádúrtha. Ag an am céanna, lean RTÉ ar aghaidh ag coimisiúnaí mórchláracha faisnéise teilifíse ar mhór-ealaíontóirí na hÉireann le *Brian Friel – Shy Man, Showman, Micheál Ó Súilleabháin: Between Worlds, Francis Bacon: The Outsider* agus an dearthóir faisin aitheanta, *Clodagh*. Chomh maith leis sin bhí *The Works Presents*, a chuir sraith eile leo de phróifíilí iontacha de na healaíontóirí, Eimear Noone, John Boyne, Eilís O'Connell, Robert Ballagh agus Conor McPherson.

I measc na mbuaicphointí eile ar an teilifís bhí *Culture Night – Live at Lough Boora*, agus an ócáid ag filleadh ar an dea-uair mar chraoladh beo ar RTÉ don Oíche Chultúir. Bhí réimse ilchineálach ealaíontóirí ag seinm i dteannta Cheolfhoireann Coirme RTÉ agus taobh léi i suíomh aitheanta a d'éascaigh an meascán ceoil agus taibhithe a rinne machnamh ar na dúshláin atá le sárú ag ár dtimpeallacht nádúrtha.

Raidió

I measc na goláracha Ealaíon agus Cultúir ar RTÉ Radio 1 leanadh le sraith de chláracha speisialta Luan Saoire Baine, dar teideal *The RTÉ Concert Orchestra Presents ...*, san áireamh bhí ceol Paul McCartney a chuir Paul Muldoon in aithne, chomh maith le ceol David Byrne. Craoladh na *RTÉ Radio 1 Folk Awards* beo arís ó Vicar Street, le clár buaicphointí teilifíse ina dhiaidh sin. In *The County Measure*, mórthionscadal nua de chuid RTÉ Radio 1 a dhéanann comóradh ar *Dheich mBliana na gCuimhneachán*, chuaigh an láithreoir Vincent Woods ar thuras ilbhliantúil chun atlas raidió na hÉireann a chruthú, a chuir beagán d'fhéiniúlacht chultúrtha gach ceann de na 32 contae in iúl, agus thrasnaigh ocht gcinn sa chéad bhliain seo.

Bhí cláracha rialta ealaíon agus cultúir lárnach i gcónaí in aschur RTÉ Radio 1. I measc na gcláracha a cruthaíodh do lucht féachana ar leith bhí *The Rolling Wave* agus *Céilí House*, agus thapaigh an péire acu an deis taifeadadh beo a dhéanamh ó phobail ar fud na tíre; an t-irischlár a chraoltar ar laethanta na seachtaine *Arena; South Wind Blows; Folk on One; The Poetry Show*; agus an dara sraith de scríbhneoireacht choimisiúnaithe in *Spoken Stories – Creatures of the Earth*.

Lean *Comórtas Gearrscéalta RTÉ* ar aghaidh ag aimsiú agus ag cúiteamh daoine cumasacha nua scríbhneoireachta na hÉireann ar Rte.ie/culture agus RTÉ Radio 1, le scéal Gaeilge, 'Cnámharlach Uaigneach' le Nicola Crean, á léamh ag Denis Conway, i measc bhuaiteoirí dhuaiseanna na bliana seo. Mar an gcéanna, lean na sraitheanna seasta a mbíonn tóir ag lucht féachana mór agus leathan orthu amháil *Sunday Miscellany* agus *Book on One*, ina raibh an t-údar a bhfuil duaiseanna bainte aici, Claire Keegan, ag léamh a saothair féin *Small Things Like These*.

Lean aschur lyric fm RTÉ ag freastal ar a lucht éisteachta atá ag fás trína mheascán sainiúil de cheol Éireannach agus idirnáisiúnta, ó luath ar maidin le *Marty in the Morning go Classic Drive* agus isteach sa tráthnóna le *The Mystery Train, Vespertine* agus *The Blue of the Night*. Bhí an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta le cloisteáil go rialta ar RTÉ lyric live, léirithe thar a bheith ilchineálach ó Cheolfhoireann Coirme RTÉ lena n-áirítear léirmhíneithe nua de *Pheadar agus an Mac Tíre* (Peter and the Wolf) a bhí á aithris ag Aedin Gormley agus *The Carnival of the Animals* a bhí á aithris ag Marty Whelan, agus craoltaí beo chuig críocha idirnáisiúnta trí Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) ó Fhéile Cheoil Aireagail Iarthar Chorcaí. I measc na n-aschur ceoldrámaíochta rialta bhí clúdach domhain ar Fhéile Cheoldrámaíochta Loch Garman, lena n-áirítear dhá cheoldráma a craoladh beo ar fud an EBU, mar aon le léiriúcháin ó Music for Galway, Cork Opera House agus Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann.

R2135 (v) PAC33

I measc na dtionscadal nua sainiúil bhí rannpháirtíocht i *Mí Stair na nDaoine Dubha*, ag cur béim ar oidhreacht iontach cumadóirí, stiúrthóirí agus taibheoirí Dubha, agus sraith nua sé chuid, *Root and Branch*, ón éiceolaí Anja Murray agus ón gceoltóirí traidisiúnta Brián MacGloinn, a chuir ceiliúradh tráthúil ar fáil don lucht féachana i bhfocail agus in amhráin de chrainn dhúchasacha na hÉireann agus a n-áit inár n-oidhreacht agus inár n-éiceachóras.


Ar líne

Thug RTE.ie/Culture rochtain ar éileamh arís don lucht féachana agus éisteachta ar an ábhar ealaíon agus cultúir is fearr a tarraingíodh ó chlár teilifíse agus raidió RTÉ. Buaicphointe ba ea óstáil raon ábhar a rinne ceiliúradh ar chomóradh céid shárshaothar James Joyce, *Ulysses*. I measc na n-imeachtaí beo a bhí le feiceáil bhí léirithe sruthaithe ó Fhéile Cheoldrámaíochta Loch Garman, *Other Voices*, an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta agus Comórtas Idirnáisiúnta Pianó Bhaile Átha Cliath. D'óstáil RTE.ie/Culture réimse ábhar suntasach freisin ó eagraíochtaí cultúrtha eile, lena n-áirítear An Chomhairle Ealaíon, Oíche Chultúir agus Féile First Fortnight.

Ceolfhoireann Coirme RTÉ

Chuir Ceolfhoireann Coirme RTÉ fáilte roimh thús a bheith arís leis na ceolchoirmeacha os comhair lucht féachana beo, ag tosú i mí Eanáir le ceol John Williams á chur i láthair lucht féachana in ionaid lán go doras i nGaillimh, Luimneach agus Baile Átha Cliath, ag leanúint ar aghaidh le ceolchoirmeacha clasaiceacha beo ag am lóin ar lyric fm RTÉ i rith mhí Lúnasa, agus ag críochnú le seó mór snagcheoil le Guy Barker le téama Nollag sa Helix i mí na Nollag. Measctha isteach lena sceideal ceolchoirme craolta, bhí clár buaicphointí i sceideal teilifíse Cheolfhoireann Coirme RTÉ ar RTÉ One inar sheinn siad ceol Thin Lizzy beo ó Dhún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath, agus bhí siad le feiceáil ar chláracha móra lena n-áirítear *The Tommy Tiernan Show* agus *Dancing with the Stars*. I measc na dtionscnamh nua ar Raidió RTÉ bhí ceolchoirm bheo speisialta le *Arena* ar RTÉ Radio 1 agus, le RTÉ lyric fm, léiriúcháin cheolchoirme craolta de *Marty in the Evening* agus *Movies and Musicals*.

I measc na gcláracha faisnéise teilifíse a raibh tóir ag lucht féachana mór orthu bhí *100 years of Ulysses*, *Songs of the Open Road* (le Thomas McCarthy), *Tommy Tiernan's Epic West* agus *A Note for Nature*, léiriú a rinne iarracht ceol agus taibhiú a chomhcheangal le híomhánna agus machnamh ar na brúnna a chuirtear ar ár dtimpeallacht nádúrtha.



Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ

De réir mar a chuaigh géarchéim na hÚcráine in olcas ag tús mhí Feabhra 2022, d'éitil Eagarthóir na hEorpa Tony Connelly agus a cheamaradóir Bram Verbeke atá lonnaithe sa Bhrúiseil chun na hÚcráine chun tuairisciú ón bpríomhchathair, Cív. Bhí Nuacht RTÉ ar an láthair nuair a thrasnaigh trúpaí na Rúise isteach san Úcráin, agus é ag tuairisciú ar an ngéarchéim dhaonnúil. Sna laethanta ina dhiaidh sin, ar líne agus ar an raidió agus ar an teilifís, rinneamar doiciméadú ar an eagla a bhí ar na daoine nach raibh in ann teitheadh agus ar mhísneach na ndaoine a bhí meáite ar throid agus léiriomar briseadh croí na dteaghlach a bhí tarraingthe óna chéile ag cogadh. Sna seachtainí agus sna míonna ina dhiaidh sin, san Úcráin agus ar an láthair i dtíortha in aice láimhe san Eoraip, mar aon leis na hiarrachtaí sa bhaile, lean iriseoirí ar fud Nuacht agus Chúrsaí Reatha RTÉ ag insint an scéil: ní hamháin i mBéarla ach i nGaeilge freisin, rud a léiríonn an ról tábhachtach a bhíonn ag foireann Bhaile na hAbhann gach lá, agus nuacht á bailiú i mBéarla agus i nGaeilge. Lean Nuacht RTÉ de bheith i gceannas ar chlúdach na mórimeachtaí náisiúnta i rith na bliana, lena n-áirítear tragóid phobal an Chraoslaigh, Co. Dhún na nGall, toghcháin Chomhthionól Thuaisceart Éireann, agus anailís dhomhain ar Bhuiséad na mbillíon euro chun dul i ngleic le géarchéim an chostais maireachtála.

Dhírigh Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ ar a lucht féachana níos óige agus rinne iarracht é sin a mhéadú trí dhíriú ar a chuntas nua TikTok, a bhfuil 150,000 leantóir bainte amach aige i mbeagán os cionn bliana.

Mar phríomhshraith chúrsaí reatha RTÉ, phlé *Prime Time* na ceisteanna is tábhachtaí i sochaí na hÉireann agus nocht sé scéalta cumhachtacha pearsanta. Thosaigh an bhliain amach le seachtain iomlán dírithe ar thithíocht neamh-inacmhainne - fadhb a mbíonn ar gach glúin dul i ngleic leis – le hanailís dhomhain, díospóireacht, sonraí agus ábhar fise chomh maith le dhá chlár teilifíse ar leith a craoladh beo. Nochtadh i dtuairiscí speisialta *Prime Time* freisin fadhb na handúile i gcóidín, mar gur léiríodh nach raibh cógaslanna na hÉireann ag leanúint treoirlínte maidir le díol cóidín; an chuma atá ar mhórshráid na príomhchathrach, Sráid Uí Chonaill; an ghéarchéim cúraim baile; agus an tionchar a bhíonn ag mí-úsáid ar líne ar imreoirí agus ar oifigigh sa CLG.

Le linn na bliana leanamar lenár dtiomantas do shaincheisteanna aeráide a chlúdach le *Prime Time Climate Specials*, a scrúdaigh éilimh 'ghlasa' cuideachtaí, a d'fhiafraigh an seasann gealltanais mhargaíochta, a scrúdaigh an nasc idir cailteanas dúlra na hÉireann agus an t-athrú aeráide, a d'fhéach ar an dochar atá

R2135 (v) PAC33

déanta don timpeallacht cheana féin agus a rinne iniúchadh ar réitigh fhéideartha. Díriodh aird ar gheilleagar ciorclach Amstardam roimh straitéis bheartaithe na hÉireann agus scrúdaíomar an dá ghéarchéim a bhaineann le cailteanas bithéagsúlachta agus athrú aeráide na hÉireann.

Thug ár sraith *Climate Heroes* léargas ar na daoine atá ag seasamh an fhóid chun an timpeallacht a chosaint agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Cé go dtagann na daoine seo ó gach gné den saol, tá comhchuspóir acu: an domhan timpeall orainn a fheabhsú. Lean an tsraith mhór dhigiteach i gcaitheamh 2022 ar fad, agus rinneadh na 50 tuairisc ar fad a thaifeadadh agus a chur in eagar ar fhón póca, ag sroicheadh lucht féachana ar ardáin dhigiteacha agus meán sóisialta.

Tá Nuacht RTÉ ag cur lena chlúdach idirnáisiúnta ar líne agus ar an aer. I mbliana d'fhógair Nuacht RTÉ go raibh ról nua á gceapadh, leis na hiriseoirí Yvonne Murray ina Tuairisceoir Slándála Domhanda lonnaithe i Nua-Eabhrac; Liam Nolan ina Thuairisceoir Oirthear na hEorpa lonnaithe i Vársá, an Pholainn; agus Kagweni Micheni ina Thuairisceoir na hAfraice lonnaithe in Nairobi, an Chéinia. Tá siad ag tuairisciú ar réimse leathan saincheisteanna lena n-áirítear obair Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ról na hÉireann i siochánaíocht agus i gcóras na Náisiún Aontaithe, tionchar an athraithe aeráide ar mhór-roinn na hAfraice agus saincheisteanna geopholaitiúla domhanda. Faigheann an leathnú seo ar chlúdach nuachta thar lear cúnaimh ó mhaoiniú ón Global Ireland Media Challenge Fund.

In 2022, bhí Nuacht RTÉ ar cheann de na chéad dosalen soláthraí meán a bhí chun tosaigh ar fud an domhain mar eagraíochtaí meán deimhnithe de chuid an Journalism Trust Initiative, in éineacht le craoltóirí teilifíse seirbhíse poiblí náisiúnta na Fraince, France TV, Corparáid Craolacháin na hÉilvéise agus Corparáid Craolacháin Cheanada. Tá sé mar aidhm ag an Journalism Trust Initiative iriseoireacht agus foinsí nuachta iontaofa a chur chun cinn, ag cabhrú le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis. Faigheann sé tacaíocht ó Aontas Craolacháin na hEorpa agus tá sé glactha go foirmiúil ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.

I mbliana ceapadh Deirdre McCarthy ina Stiúrthóir Bainistíochta, Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ, tar éis comórtas poiblí. Is í Deirdre an chéad bhean atá ceaptha sa phost tábhachtach seo.

Le linn na bliana leanamar lenár dtiomantas do shaincheistanna aeráide a chlúdach le *Prime Time Climate Specials*, a scrúdaigh éilimh ‘ghlasa’ cuideachtaí, a d’fhiafraigh an seasann gealltanais mhargaíochta, a scrúdaigh an nasc idir caillteanas dúlra na hÉireann agus an t-athrú aeráide, a d’fhéach ar an dochar atá déanta don timpeallacht cheana féin agus a rinne iniúchadh ar réitigh fhéideartha.

RTÉ Investigates

In 2022 d'eascair roinnt comhráite náisiúnta as tuairiscí ceannródaíochta ó RTÉ Investigates agus tharla a thrú polaitiúil agus sóisialta in Éirinn mar gheall orthu.

I mí Feabhra, scrúdaigh RTÉ Investigates – *Domestic Abuse, a Year in Crisis* an tionchar a bhí ag dianghlásáil Covid-19 ar mharthanóirí mí-úsáide baile in Éirinn. Taifeadadh an clár faisnéise thar 12 mhí i roinnt tearmann agus seirbhísí tacaíochta ar fud na tíre, áit ar tháinig méadú faoi cheathair ar ghlaonna éigeandála ó mharthanóirí mí-úsáide baile le linn na tréimhse sin.

Tar éis dóibh rochtain nach bhfuarthas riamh cheana a thabhairt do RTÉ Investigates, rinne baill foirne cur síos ar a streachailt laethúil chun marthanóirí a choinneáil sábháilte, mar go mbíonn orthu fanacht ina gcónaí lena mí-úsáideoirí mar gheall ar an nganntanas áiteanna tearmainn. Idir smacht comhéigheach agus patrúin leantacha foréigin teaghlai agus feimeamharú agus an turas trámach tríd an gcóras ceartais, nocht an clár faisnéise scéalta na ndaoine ar a bhfuil na staitisticí bunaithe.

Tar éis an chláir, gheall an tAire Dlí agus Cirt Helen McEntee maoiniú breise chun líon na n-áiteanna tearmainn a mhéadú. Tá na háiteanna sin á gcur ar fáil anois de réir a chéile.

Bliain i ndiaidh a chéad exposé, dhírigh RTÉ Investigates aird arís ar uchtuithe stairiúla mídhleathacha na hÉireann, ag nochtadh an chaoi, in ainneoin na ngealltanais de thacaíocht ón Rialtais, a raibh go leor daoine a uchtaíodh fós ag cuardach freagraí 12 mhí níos déanaí agus ag streachailt i gcónaí chun a bhféiniúlachtaí cearta a fháil amach. I mí an Mhárta d'fhoilsigh an Rialtas tuarascáil ar chleachtas stairiúil na n-uchtuithe mídhleathacha in Éirinn a thiomsaigh an tOllamh Conor O'Mahony, an Rapóirtéir Speisialta ar Chosaint Leanáí.

Chaith RTÉ Investigates sé mhí ag scrúdú conas a dhéanann údaráis áitiúla a ngnó a bhainistiú agus a mhaoirsiú. Nocht an clár teipeanna córasacha, a cheadaigh cuntasaiócht bhréagach agus calaois fostaithe. D'fhéach RTÉ Investigates: *Council Chamber Secrets* ar an gcaoi nár tharla na hathchóirithe a gealladh tar éis na mbinsí fiosrúcháin.

I mí na Bealtaine, nocht RTÉ Investigates gur cuireadh ionsaithe gnéis ar othair i leith an dara dochtúir in Ospidéal Ginearálta an Náis. Roimhe sin, i mí na Samhna 2021, nocht an clár go raibh trí imscrúdú ar leithligh ar siúl san ospidéal maidir le sraith gearán faoi amhras go ndearna dochtúir ionsaí gnéis ar othair a bhí gan aithne in 2016. Nocht RTÉ Investigates gur cuireadh clárúchán leighis dochtúra eile a bhí ag obair san ospidéal ar ceal bliain roimhe sin, in 2015, tar éis do bheirt othar óg fir gearán a dhéanamh.

I mí Dheireadh Fómhair nocht RTÉ Investigates fianaise nua a bhain le bás an Athar Niall Molloy in 1985. I mí Dheireadh Fómhair nocht RTÉ Investigates fianaise nua a bhain le bás an Athar Niall Molloy in 1985. Den chéad uair, bhí cur síos i ndoiciméid a d'aimsigh lucht an chláir, ó bhéal Richard Flynn féin, ar leithead a ionsaí ar an Athair Molloy agus an chúis, b'fhéidir, a bhí leis an ionsaí sin.

Ag leanúint óna imscrúdú in 2015 ar bhreabaireacht bainisteoirí ospidéal ag cuideachta soláthair trealamh ospidéal, thuairiscigh RTÉ Investigates ar an gcaoi ar bhronn FSS conarthaí nua ar an gcuideachta laistigh de sheachtainí tar éis an nochta.

I mí na Nollag seo caite, nocht RTÉ Investigates an chaoi a raibh mórfháirc ghnó de chuid an IDA faoi imscrúdú mar gheall ar thruaillí arís is arís eile ar an gcóras uisce áitiúil i Luimneach agus éilimh na talmhaíochta, an chomhshaoil agus an tionscail ag teacht salach ar a chéile.

In 2022 d'eascair roinnt comhráite náisiúnta as tuairiscí ceannródaíochta ó *RTE Investigates* agus tharla athrú polaitiúil agus sóisialta in Éirinn mar gheall orthu.



Fíorasach

R2135 (v) PAC33

Cláracha reiligiúin

Don tríú bliain, lean RTÉ ag cur lena aschur rialta reiligiúin le haifrinn agus seirbhísí breise i rith na seachtaine agus ar an Domhnach, agus iad sruthaithe i gcomhar le ChurchServices.tv. Tá éileamh mór i gcónaí ar an tseirbhís, in ainneoin go bhfuil daoine tar éis filleadh ar an láthair adhartha tar éis Covid-19.

Tá an ilghnéitheacht fós ina cuid lárnach d'aschur RTÉ Reiligiúin, agus coimisiúnaíodh gearrscannáin chun mórfhéilte a chomóradh thar raon leathan creidimh i rith 2022. Don tríú bliain as a chéile, chraol RTÉ beo-chlúdach ilcheamara ar *Phaidreacha Eid as Páirc an Chrócaigh*, rud a mheall ceannlínte agus clúdach idirnáisiúnta.

Tá aschur adhartha Críostaí RTÉ chomh hilghnéitheach céanna, agus i measc na gcráoltaí in 2022 bhí *Aifreann le Paróiste an Lucht Siúil; Seirbhís i nDlúthpháirtíocht leis an Úcráin*, go hiomlán i dteanga na hÚcráine; *Aifreann le Pobalscoil na mBodhar* sa Chabhrach; agus raon cráoltaí eile ina raibh meascán leathan cultúir, grúpaí eitneacha, grúpaí socheacnamaíocha, idir óg agus aosta, ó gach cearn d'oileán na hÉireann.

Inbhuanaitheacht agus an Ghéarchéim Aeráide

In 2022 díriodh arís ar inbhuanaitheacht agus ar an ngéarchéim aeráide os comhair an cheamara agus ar a chúl. Mar thoradh ar bhrú mór do theicnící léiriúcháin inbhuanaithe bhain *The Today Show*, ceann de phríomh-ancairí sceideal RTÉ, Deimhniú Léiriúcháin Inbhuanaithe Albert. Bhí RTÉ Corcaigh ar thús cadhnaíochta ó thaobh na gláracha, agus é ina cheann feadhna arís i dtionscnamh uile-Eorpach, *Back from the Brink*, le comhghleacaithe ón EBU. Le linn 2022, thacaigh RTÉ Fíorasach le roinnt tionscadal a bhain leis an aeráid agus d'éirigh leo maoiniú a fháil ón BAI. Cuireadh glao ar smaointe ón earnáil neamhspleách i gcrích i dtreo dheireadh na bliana 2022, rud a fhágfaidh go ndéanfar sraith nua a choimisiúnú isteach arís i sceideal buaicthráthanna RTÉ One. Táthar ag súil go mbeidh an tsraith seo ina eiseamláir maidir le heolas agus plé a bhaineann leis an aeráid ar feadh na mblianta atá le teacht.

Is in RTÉ Fíorasach a fhaightear na scéalta a bhaineann go speisialta le hÉirinn, áit ina dtagann lucht féachana RTÉ le haghaidh siamsa, eolas a fháil, agus iad féin a fheiceáil.

Cláracha Faisnéise

Nuair a dhéantar go maith é, is féidir le scéalaíocht fhíorasach an comhrá náisiúnta a mhúnlú. Le linn 2022, ní raibh aon ghanntanas ábhar cainte ar RTÉ Fíorasach.

Cuireadh tús agus deireadh leis an mbliain le dhá phríomhshraith faisnéise. I mí Eanáir, d'fhéach *Crimes and Confessions* ar 'Heavy Gang' na nGardaí sna 1970idí agus, den chéad uair, rinneadh naisc idir na himscrúduithe coiriúla a raibh cuid de na cásanna is iomráití d'iomrall ceartais in Éirinn mar thoradh orthu. I mí na Samhna, d'fhéach *Quinn Country* ar theacht chun cinn agus ar thitim an fhir ghnó Seán Quinn agus ar an bhforéigean a tharla in amanna i ndiaidh chliseadh a impireachta gnó. Mheall an dá shraith lucht féachana mór agus bhí tionchar suntasach acu. Sular craoladh an chéad chlár de *Crimes and Confessions* fuair Martin Comney, fear a ciontaíodh go héagórach i ndúnmharú Una Lynskey, leithscéal gan agus ó Choimisinéir an Gharda Síochána.

I mí na Samhna, chuir an *Documentary on One* deireadh lena shéasúr de chláracha faisnéise aonuaire le scéal beirt deartháireacha, Mark agus David Ryan, a ndearna sagairt mí-úsáid orthu ar thailte Choláiste na Carraige Duibhe ag deireadh na 1970idí agus ag tús na 1980idí. Léirigh *Blackrock Boys* den chéad uair scála agus nádúr na mí-úsáide a rinneadh agus nár tuairiscíodh ar feadh na mblianta i gceann de na hinstiúidí oideachais is iomráití in Éirinn. Laistigh de laethanta ón gcráoladh, agus de bhun tuairiscíú leantach ó chomhghleacaithe in RTÉ Radio 1, go háirithe ó fhoireann *Liveline*, d'fhógair an rialtas go mbunódh sé fiosrúchán chun imscrúduithe breise a dhéanamh ar leithead na mí-úsáide seo, agus d'fhógair an tOrd Spioratánach clár neamhspleách ceartais aisiríoch chun cabhrú leis an iliomad íospartach a tháinig chun cinn.

Stair

Bhí ár stair le feiceáil go soiléir i rith na bliana. Rinne *The Irish Civil War*, sraith shuntasach trí chlár, comóradh tuisceanach agus údarásach ar chéad bliain ó bhí an tráth b'achrannaí i stair na tíre seo ann. D'fhéach sraith a ghabhann leis, *Two Tribes*, a chuir Sean O'Rourke i láthair, ar oidhreacht pholaitiúil an ama seo agus scrúdaíodh an 100 bliain de pholaitíocht an chogaidh chathartha a tharla ó shin. Féachadh ar bhealach níos spráilúla ar ghnéithe dár stair le déanaí agus *The Way We Were* ar ais don dara sraith, agus d'fhéach *Saipan: Rebel Without a Ball* ar a bhféadfadh a bheith tarlaithe dá mbeadh Roy Keane fanta thall ag Corn an Domhain in 2002.

Guthanna Ilchineálacha

Maidir lenár n-ábhar eile faisnéise, bhí eispéiris grúpaí ilchineálacha chun tosaigh. I mí Feabhra, rinne *Vincent Hanley: Sex, Lies and Videotapes* doiciméadú ar na heispéiris agus na dearcthaí a bhí ag pobal aerach na hÉireann le linn ghéarchéim SEIF na 1980idí. I mí na Bealtaine cuireadh 9:30pm ar an Luan ar fáil d'eispéiris na ndaoine is leochailí i measc na ndaoine a tháinig chun na tíre le déanaí ag lorg tearmainn: Thug *Growing Up in Direct Provision* guth do na leanaí a bhíonn i sáinn uaireanta i gcóras an stáit.

Gabhadh eispéiris dhiaspóra nua na hÚcráine in *The War at Home i mí Mheán Fómhair*, clár faisnéise álainn a léirigh iarrachtaí mhuintir na hÚcráine atá ina gcónaí in Éirinn agus mhuintir na hÉireann thar lear chun cabhair dhaonnúil a sholáthar dóibh siúd atá ag teitheadh ón gCogadh. Grúpa eile a chonaic go raibh ionadaíocht déanta ar a dtaithí den chéad uair go hiomlán ar ár scáileáin i mí na Bealtaine ná mná aosta. Rinne *The Change: Ireland's Menopause Story* iarracht an tabú a bhaineann le plé poiblí ar an meanapás a bhriseadh agus chuir lucht féachana de gach aois fáilte mhór roimhe.

Grúpa eile a chonaic go raibh ionadaíocht déanta ar a dtaití den chéad uair go hiomlán ar ár scáileáin i mí na Bealtaine ná mná aosta. Rinne *The Change: Ireland's Menopause Story* iarracht an tabú a bhaineann le plé poiblí ar an meanapás a bhriseadh agus chuir lucht féachana de gach aois fáilte mhór roimhe.

Ba í 2022 an bhliain ina raibh réaltaí spóirt na hÉireann ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain i ndisciplíní éagsúla agus chuir Spórt RTÉ faoi bhráid lucht féachana na hÉireann iad. Ó rámhaocht, gleacaíocht, dornálaíocht agus rugbaí, bhain líon níos mó ná riamh de lucht spóirt na hÉireann stádas amach ina seaimpíní domhanda agus ina n-imreoirí domhanda na bliana, rud a chinntigh go raibh rath ar spórt na hÉireann i bhfad agus i gcéin. As na 10 gclár ba mhó lucht féachana ar RTÉ, ba chláracha spóirt beo naoi goinn acu. Is rud é an spórt i gcónaí a thugann lucht féachana agus éisteachta le chéile, a spreagann iad agus a chuireann faoi dhraíocht iad.

I mbliain ina raibh dhá mhórchomórtas – Comórtas Euro na mban agus Corn Sacair Domhanda na bhfear – go mór i gceist sa samhradh agus sa gheimhreadh, bhí lucht féachana dosháraithe Spórt RTÉ faoi dhraíocht agus faoi gheasa ag Messi, Mbappé agus Mead. Chuir RTÉ dhá chomórtas ollmhóra ina n-íomláine ar fáil do lucht féachana ar theilifís saorchraolta chun go bhféadfadh gach buachaill agus cailín a laochra spóirt a fheiceáil. Ina theannta sin, cuireadh béim níos mó ná riamh ar cheisteanna na huileghabhálachta, an chomhionannais agus na hilchineálachta, ós rud é gur i gCatar a bhí Corn Domhanda na bhfear ar siúl.

R2135 (v) PAC33

D'fhill rugbaí na hEorpa ar RTÉ den chéad uair le 16 bliana, i dteannta chomórtais na Sé Náisiún agus an URC, agus méadú déanta ar réimse chearta spóirt RTÉ.

Ag leibhéal an chraobhchomórtais, na sraith agus na gclubanna, tharraing CLG ár n-aird arís agus cuireadh faoi gheasa muid nuair a chuaigh réalta na glúine seo, David Clifford, ó neart go neart agus chinntigh iománaithe Luimnigh go mbeidh cuimhne orthu i saol an spóirt go deo. Ní hamháin gur ghlac rámhaithe, dornálaithe agus gleacaithe na hÉireann páirt i gcomórtais ar fud an domhain, ach d'éirigh leo ina ndisciplíní faoi seach, agus bhí a n-iarraichtaí agus a mbuanna le feiceáil ag ár lucht féachana ar fud ardáin RTÉ.

Ní dhéanfar dearmad choíche ar an oíche a cháiligh foireann sacair idirnáisiúnta na mban do Chorn an Domhain. Ina mbua, thug siad pobal an Chraoslaigh chun cuimhne agus iad faoi réir do stáitse an domhain i bpríomhócáid spóirt an tsamhraidh seo chugainn.

Is féidir linn a bheith ag féachaint chun cinn go muiníneach do 2023 ar fud na n-ardán ar fad agus fios againn nuair a thabharfaidh Éire aghaidh ar an domhan i rugbaí na bhfear agus i sacar na mban, ó Pháras go Perth, go mbeidh RTÉ ann chun ár lucht féachana a thabhairt níos gaire don spórt beo sin ar fad.

Spórt na mBan á Chur Chun Cinn

Ba é RTÉ lárionad shacar na mban i mí Iúil agus gach ceann den 31 cluiche in Euro 2022 na mBan UEFA á gcráoladh beo – an chéad uair riamh ar theilifís phríomhthrátha na hÉireann – ag leanúint le tiomantas RTÉ do spórt na mban. Bhí RTÉ2 agus RTÉ Player ann freisin nuair a bhuaíl Poblacht na hÉireann Albain i nGlaschú sa chluiche ba mhó riamh i stair shacar na mban in Éirinn.

Mar thoradh ar bhua fhoireann Vera Pauw, rinneadh gaisce nach ndearnadh riamh roimhe sin nuair a cháiligh na mná go díreach do Chorn Domhanda na mBan FIFA a bheidh ar siúl san Astráil agus sa Nua-Shéalainn an samhradh seo chugainn. Beidh RTÉ ann don chomórtas ar fad, tar éis dó cearta craolta a fháil trí chomhaontú EBU le FIFA a chlúdaíonn 28 críoch thar ceann 32 craoltóir seirbhíse poiblí de chuid EBU.

Ba é RTÉ lárionad shacar na mban i mí Iúil agus gach ceann den 31 cluiche in Euro 2022 na mBan UEFA á gcráoladh beo – an chéad uair riamh ar theilifís phríomhthrátha na hÉireann.



Ba bhliain iontach í 2022 d'ábhar leanaí ar fud ár seirbhísí ar fad. Tá ár straitéis 'tús áite do chúrsaí digiteacha' ag du lar aghaidh go maith agus táimid anois ag nascadh lenár lucht féachana ar fud iliomad ardán agus seirbhísí ar bhealach an-fhiúntach. Gné ríthábhachtach de seo is ea inaimsitheacht, agus leanaimid den obair mhór chun a chinntiú go bhfuil iliomad pointí teagmhála ann do leanaí agus do thuismitheoirí araon chun teagmháil a dhéanamh leo agus chun taitneamh a bhaint as ábhar ar fud na n-ardán. Tá fás leanúnach tagtha ar ár gcainéil YouTube atá brandáilte ag RTÉ agus tá rochtain ar ábhar ar fhón póca i bhfad níos éasca anois le cnaipe 'páistí' ar an RTÉ Player tugtha isteach againn ar iOS agus Android araon.

Rinne Rannóg na nDaoine Óga gach iarracht arís i mbliana a chinntiú go bhfuil guthanna leanaí le cloisteáil inár n-ábhar fuaimne agus físe ar fad. Ní féidir an iomarca tábhachta a chur ar an misean seo, mar gur féidir le rochtain ar na meáin seirbhíse poiblí tionchar mór a imirt ar an gcaoi a bhfeiceann agus a dtuigeann leanaí bpiaraí agus an bealach a gcaitheann siad leo agus an bealach a n-idirghníomhaíonn siad leis an domhan mórtimpeall orthu.

Is príomhchólún fós é for-rochtain inár straitéis do Dhaoine Óga in 2022 agus amach anseo. I gcomhar lenár gcomhghleacaithe san EBU, ghlac rannóg

R2135 (v) PAC33
RTÉ Kids páirt i roinnt tionscnaimh pan-Eorpacha. Ar an gcéad dul síos, bhí rannpháirtíocht ollmhór ar na meáin shóisialta, agus ar chainéil agus suíomhanna gréasáin YouTube de chuid RTÉ Kids, san EBU Kids International Friendship #SayHi Campaign, clár frithbhulaíochta ar fud na hEorpa. Thugamar freisin faoi shaol an ríomhspóirt, ag obair go dlúth le Dream Space, agus leanamar orainn ag cur lenár dtairiscint do dhéagóirí ar fud na hÉireann trínár gcomhpháirtíochtaí le hÉire Ildánach, *Junk Kouture* agus Fresh Film.

RTÉ Kids (7-12 bliain)

Ba í 2022 an bhliain ar éirigh linn breith suas linn féin tar éis na paidéime. Tháinig méadú ollmhór ar léiriú san earnáil agus tháinig níos mó agus níos mó ilchineálachta isteach inár n-ábhar do leanaí. Do lucht féachana RTÉ Kids, rinne Dyehouse Films méadú as cuimse ar ár gcomórtas náisiúnta ealaíne digítí, *This Is Art!*, trí sraith nua ealaíne tionlacain, *This Is Art Club!* a léiriú. Ní fada go mbeidh *This Is Art Club!*, a chuireann Holly Pereira agus Shane Keeling i láthair, ar an áit nua agus an spás nua chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach rud cruthaitheach agus páirt a ghlacadh ann.

Ag leanúint leis an gceiliúradh ar théama na cruthaitheachta, ba chúis spreagtha agus ba phribhléid é do RTÉ Kids comhoibriú le *Junk Kouture* agus Fresh Film, Déantóir Scannán Óg na Bliana in Éirinn, chun ardán a thabhairt don líon ollmhór daoine cumasacha cruthaitheachta a tháinig chun cinn in Éirinn in 2022 agus iad a cheiliúradh.

Tháinig *Keep It Up* ó Mhacalla Teoranta ar ár scáileán ina chuaifeach. Rinne an tsraith sé chlár seo iniúchadh agus anailís ar na cúinsí a n-éiríonn cailíní atá sna déaga as spóirt foirne. Is í Emer O'Neill ó *Home School Hub* a chur an tsraith *Keep It Up* i láthair a raibh i bhfad níos mó i gceist leis ná clár teilifíse – gluaiseacht a bhí ann.

Ina dhiaidh sin bhí *Ireland's Future Is MINE* (Reverist agus Tamber Media), an comórtas ríomhspóirt is fearr agus an chéad cheann dá leithéid do RTÉ. Tar éis míonna d'obair chrua agus taispeántais lán teannais, chuaigh dhá scoil - Scoil Náisiúnta Mhaigh Mhórdha, an larmhí agus Scoil Náisiúnta Naomh Aodha, Liatroim - in adharca a chéile sa chluiche ceannais, agus bhí an bua ag Scoil Náisiúnta Naomh Aodha.

Is sraith é *Wild Atlantic Kids* (Fubar Films) dóibh sin ar fad a bhfuil fonn taistil orthu. Leanamar teaghlach Fortune agus iad ag déanamh a mbealaigh feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin. In 2022 freisin sheolamar sraith nua eile a raibh an-tóir uirthi, *Storybud* (Kite Entertainment) – siscéalta clasaiceacha le cor iontu. Scríofa ag Jason Byrne, Karl Harpur, Alison Spittle, Bernard O'Shea agus Sinéad Quinlan agus inste ag Doireann Garrihy, Deirdre O'Kane, Baz Ashwamy, Bernard O'Shea agus Jason Byrne, is seoidíní beaga iad seo atá an-bharrúil go deo. Bhí cúig chlár Nollag i gceist freisin.

I dtreo dheireadh na bliana, tugadh roinnt sraitheanna ar ais mar gheall ar an mór-éileamh a bhí orthu. Bhí Tom Bán ar ais le sraith eile de *Bush Kids 2* (GMarsh TV). Bhí ceithre theaghlach nua linn agus iad ag dul sa seans agus ag foghlaim gach ní atá ag teastáil chun maireachtáil san fhiántas.

Bhí ábhar beochana, mar a bhíonn i gcónaí, ina bhunchloch san aschur don aoisghrúpa seo. Tháinig cláracha úrnua de *Royals Next Door* agus *Ink & Light* (stiúideo na Fionlainne- Spáinne Pikukala agus *Walking the Dog* as an mBeilg faoi seach) amach in 2022 in éineacht le *Stella's Royal Vlog* ar chainéal YouTube RTÉ Kids. Agus ar ndóigh choimisiúnaíomar cúig ghearrscannán áille agus tochtmhara do Lá Domhanda na Meabhairshláinte ón earnáil beochana a rinne iniúchadh ar cheisteanna a théann i bhfeidhm ar leanaí agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar dhomhan an lae inniu.

**In 2022 freisin sheolamar sraith
nua eile a raibh an-tóir uirthi,
Storybud (Kite Entertainment) –
síscéalta clasaiceacha le cor iontu.**



Daoine Óga (ar lean)

RTÉjr (0-6 bliana)

Bhí 2022 lán le sraitheanna beochana agus beo don aoisghrúpa seo.

Beochan

I measc na sraitheanna beochana úrnua dár lucht féachana is óige bhí *Happy the Hoglet* (Paper Owl). Carachtar beag é Happy a bhfuil mothúcháin mhóra aige. Léirigh *Wee Littles* (Magpie 6 Media) Bitsy, Itsy, Mini, Teensy agus Jeremy Throckmorton III dúinn gur cuma cé chomh beag is atá tú, is féidir leat rudai iontacha a dhéanamh! Is pobal ildaite de charachtair é *Atom Town* (Treehouse Republic) atá bunaithe ar ghnéithe an tábla pheiriadaigh. Is sraith iontach teanga é *Fia's Fairies* (Little Moon Animation) a mhúineann an Ghaeilge duit agus tú ag spaisteoireacht i dtír na sí le Fia, Ameer, Blaithín agus Cuán.

Beochan (ar lean)

Ba é *Ray of Sunshine* (Daily Madness) an áit ar éirigh le leanaí am a chaitheamh leis an leabh seacht mbliana d'aois is gealgháirí dá raibh riamh ann, ag dul chuig cóisirí spráúla tae agus ag tabhairt faoi eachtraí garraíodóireachta, chomh maith le cláracha úrnua de na sraitheanna a bhfuil an-tóir go deo ag leanaí orthu *Alva's World* agus *Kiva Can Do* ó Kavaleer Live Action. Bhí *Bright Sparks* (Macalla Teoranta) ar ais i bPáirc ildaite Bright chun casadh le Séamus, Dr Tunes, Wild Guy, Clara, Mrs Owlington, Billy, Aoife agus Alpha ar thuras trína saol laethúil beochana, áit a n-úsáideann siad a gcuid scileanna speisialta chun deacrachtaí a réiteach, draíocht a chruthú, cabhrú le daoine eile, spraoi a bheith acu agus gach duine a thabhairt slán. Ábhar úrnua ar RTÉjr in 2022.

Leanann *The Imagination Machine* (Firebrand Productions) Ella, Lucy agus Blaze agus iad ag dul ar eachtraí iontacha trí am agus spás a bhuíochas do chumhachtaí draíochta atá faighte acu ó leabhar speisialta agus seanbhosca cairtchláir, ach timpeall gach cúinne tá an Dr Doty agus an tUasal Fluffy Pants i bhfolach agus fonn diabhláochta orthu.

Clár nua eile le RTÉjr nach raibh a leithéid ann cheana ba ea *Dizzy Deliveries* (Macalla Teoranta) - an chéad chlár teilifíse do leanaí in Éirinn ina raibh an teanga chomharthaíochta Lámh á múineadh agus a húsáid. Is clár é do gach leabh réamhscoile agus díríonn sé ar leanaí a bhfuil riachtanais intleachtúla speisialta acu. I ngach clár buailimid le Joe, an fear seachadta le cumhachtaí draíochta, Ozzy, an róbat eitilte a oibríonn le Joe agus a chuidíonn leis a chuid earraí a sheachadadh, agus Aisling. Ise an ceannasaí ar na *Dizzy Deliveries* agus cabhraíonn sí leis an ngrúpa lena gcomharthaí Lámh gach lá. Múinídh Aisling trí phríomhchomhartha Lámh ar bhealach spráúil freisin, agus tá sí ag iarraidh ar gach duine a bheith páirteach sa bhaile freisin!

Chuir *Simon Says*, (Meangadh Fíbin) sraith álainn lán le ceol, clabhsúr leis an mbliain. Is coimeádaí tí solais agus ceoltóir é Simon, agus cuireann an tsraith seo amhráin iontacha ar fáil dár lucht féachana a fhanfaidh ina gceann agus a bheidh á gcanadh acu pé áit a bhfuil siad.

Raidió & Podchraoladh RTÉjr

Thug 2022 deis do RTÉjr Radio teagmháil a dhéanamh arís lenár lucht éisteachta óg go pearsanta, agus a nguthanna, a bhí coinnithe amach as an stiúideo ag Covid ar feadh i bhfad, a thabhairt ar ais arís. Chuir DJ for a Day fáilte roimh leanaí ar na haerthonnta chun smacht a ghlacadh gach deireadh seachtaine agus iad ag roghnú agus ag cur a gcuid cláracha féin i láthair.

Thug *Cereal*, ár bpodchraoladh coirscéalta firinneacha 'atá fíor ar éigean' aisteoirí óga agus daoine fásta ó gach cearn den tír isteach i mistéir a ndearna Ryan Tubridy ó RTÉ meantóireacht uirthi. Chuaigh *Mothertongues* isteach i scoileanna ina labhraítear níos mó ná 30 teanga chun scéalta agus comhairle leanaí a bhailiú agus a roinnt lena chéile agus iad ag foghlaim arís conas spraoi agus spás a roinnt. Thug *The Kids Are All Right* aghaidh ar shláinte mheabhrach agus fhisiciúil do leanaí. Chum Nero's Class miotaseolaíochtaí nua agus carachtair thar a bheith iontach ar oileán nach bhfuil ach triúr leanaí ina gcónaí ann. Agus tháinig Ciarán Hinds, a ainmníodh le haghaidh gradam Oscar, isteach chun glóru a dhéanamh ar *The Neighbourhood*.

Bhí toradh maith ar an obair a rinneamar ar uainchlár ár bpodchraoltaí ó thaobh gradaim de. Ainmníodh ceithre chlár sa Chatagóir do Theaghláigh sna chéad Ghradaim do Phodchraoltaí na hÉireann, agus bhaineamar na chéad trí áit is fearr amach agus bhain *Someone Like Me* an gradam óir. Bhain *Maddie and Triggs* an gradam óir do Chruthaitheacht Speisialta, agus aithníodh *Ecolution* sa Chatagóir Comhshaoil i mbliain nuair a tháinig Mary Robinson ar an gclár chun ceisteanna leanaí a fhreagairt maidir le ceartas aeráide agus a chur in iúl go dteastaíonn uaithi níos mó plé idirghlúine a chloisteáil ar na haerthonnta.

Fuair eamar tuilleadh ainmniúchán do ghradaim IMRO agus d'éirigh linn dhá dhuais a thabhairt linn ag an Prix Ex Aequo, an fhéile idirnáisiúnta drámaíochta raidió do leanaí agus don óige, le haghaidh *Cereal* agus léirigh *The Emperor's New Duds* gur chruthaigh ár stáisiún beag níos fearr ná a bheifí ag súil leis arís sa bhaile agus thar lear.

Bhí *Bright Sparks* (Macalla Teoranta) ar ais i bPáirc ildaite Bright chun casadh le Séamus, Dr Tunes, Wild Guy, Clara, Mrs Owlington, Billy, Aoife agus Alpha ar thuras trína saol laethúil beochana, áit a n-úsáideann siad a gcuid scileanna speisialta chun deacrachtaí a réiteach, draíocht a chruthú, cabhrú le daoine eile, spraoi a bheith acu agus gach duine a thabhairt slán.



I measc an ábhair a chraol RTÉ i nGaeilge in 2022 ar an teilifís bhí raon leathan de shraitheanna agus d'fhormaidí úrnua a ndearnadh coimisiúnú orthu ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus ó na foirne intí, chomh maith le rogha níos fearr d'ábhar a bhí léirithe go neamhspleách a fháil, rud a thug rogha níos fearr d'ábhar i nGaeilge don lucht féachana i ngach seánra ó ábhar na bpáistí go dtí sraitheanna fíorasacha ag buaic-am féachana.

I mí Aibreáin, rinne RTÉ Raidió na Gaeltachta ceiliúradh ar leathchhead bliain ar an aer agus choimisiúnaigh RTÉ dhá mhór-imeacht chun comóradh a dhéanamh ar bhliain an cheiliúrtha: ceolchoirm ó Bhaile na hAbhann a thug le chéile scoth na gceoltóirí ó cheantair Ghaeltachta na hÉireann agus a craoladh beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar RTÉ.ie, agus a craoladh níos déanaí ar theilifís RTÉ One agus *Ceol na nGael* inar bhreathnaigh Mairéad Ní Mhaonaigh siar ar thionchar an stáisiúin ar bhunú a ceoil féin.

Léiriú intí

Chuir foireann intí Chláracha Gaeilge RTÉ réimse breá éagsúil de chláracha nua ar fáil a raibh an-ghlacadh leis ag cách agus a chuir le sciar an lucht féachana in 2022.

Cuireadh tús le séasúr 2022 le *Cloch le Carn*, sraith de chláracha faisnéise a dhéanann ceiliúradh ar shaol agus ar oidhreacht cheathrar ceannródaíthe i saol poiblí na hÉireann a fuair bás an bhliain roimhe sin: Paddy Moloney, Pat Hume, Donncha Ó Dúlaing agus Des O'Malley.

Mheall *Scannal*, sraith staire sóisialta RTÉ, lucht féachana mór agus léargas úr á thabhairt aige ar na scannail a bhain croitheadh as an tír. D'fhéach sraith 2022 siar ar thionchar agus ar thoradh scannail mhóra in Éirinn, lena n-áirítear fuadach John O'Grady, cás gan réiteach Annie McCarrick, scannal Tailidimide, timpiste Air India, agus dúnmharú Brian Stack, an t-aon oifigeach príosúin a dúnmharaíodh in Éirinn le linn aimsir na dTrioblóidí. Bhí an-ghlacadh ag an lucht féachana agus ag léirmheastóirí araon leis an dá shraith mar gheall ar an irisioireacht a bhí iontu agus an léargas a thug siad, agus d'éirigh thar cionn leo.

Clár faisnéise dhá chlár ba ea *Athbhaile*:

The Cobblestone faoin áit is ansa le lucht an cheoil i lár chathair Bhaile Átha Cliath – ach scéal é freisin faoi theaghlaigh agus faoin bpobal. Tarraingíodh aird na meán ar an teach tábhairne ceoil agus gnó teaghlaigh seo a bhfuil an-ghean air nuair a thug na mílte aghaidh ar shráideanna na príomhchathrach chun cur in aghaidh iarratas pleanála ar óstán naoi stór, a chuirfeadh an mol cultúir a bhí cothaithe ag úinéir an tí tábhairne Tom Mulligan ó 1988, i mbaol, dá n-éireadh leis. Bhí teistiméireachtaí sa tsraith ó mhuintir Mulligan

R2135 (v) PAC33

agus ó cheoltóirí agus Gaeilgeoirí araon a throid go crua chun an t-ionad mór cultúir seo a chosaint. In ainneoin iomaíocht ghéar ó Chorn an Domhain ar RTÉ2, bhí an-tóir ag an lucht féachana ar an tsraith agus bhain sí ardmholadh agus cáil amach.

I gclár faisnéise sainscríofa a coimisiúnaíodh go speisialta chun 50 bliain de Raidió na Gaeltachta a chomóradh, rinne Mairéad Ní Mhaonaigh, ceoltóir as Dún na nGall a bhfuil ardmheas uirthi ar fud na tíre, iniúchadh ar an ról lárnach a bhí ag RTÉ Raidió na Gaeltachta in athbheochan an cheoil agus na hamhránaíochta traidisiúnta ar oileán na hÉireann. Lean *Ceol na nGael* Mairéad ar thuras síos cósta thiar na hÉireann, ag bualadh le ceoltóirí eile agus craoltóirí ar an mbealach, chun an scéal a insint faoin gcaoi ar chuir an stáisiún beocht nua i dtraidisiún ceoil agus amhránaíochta na hÉireann.

Cuireadh clabhsúr leis an séasúr le sraith speisialta dhá chlár de *Cloch le Carn* a rinne ceiliúradh ar shaol agus ar oidhreacht bheirt fhathach de shaol na hÉireann: an t-irisioir agus an daonnúlach, Jim Fahy, agus an file agus an fíodóir focal, Brendan Kennelly.

Léiriúcháin Neamhspleácha

D'oibrigh RTÉ i ndlúthpháirt leis an gCiste Craoltóireachta Gaeilge, leis an BAI agus le BBCNI chun coimisiúnú a dhéanamh ar ábhar breise i nGaeilge, rud a raibh an lucht féachana thar a bheith sásta leis i rith 2022.

Rinne *Droichid na hÉireann* (New Departures Media), á chur i láthair ag an aisteoir Lochlann Ó Mearáin, iniúchadh ar an stair, na scéalta, an innealtóireacht agus na daoine a ba chúis le cuid de na droichid is mó a bhfuil tóir orthu in Éirinn.

Craoladh *Faoi Bhláth* (Abú Media), sraith a dhéanann ceiliúradh ar bhithéagsúlacht na hÉireann, ar RTÉ One i mí Feabhra. Le linn 13 clár, thaistil an láithreoir Aedin Ni Thiarnaigh trí pháirceanna, lochanna, portaigh agus sléibhte na hÉireann chun a raon saibhir bláthanna fiáine a nochtadh agus iniúchadh a dhéanamh ar an eolaíocht agus ar an mbéaloideas a bhaineann le gach ceann acu, chomh maith lena n-úsáid sa chócaireacht, sa leigheas agus sa cheardaíocht.

Sraith stíl mhaireachtála sé chlár a fuair tacaíocht ón ILBF ab ea *Bog Amach* (Strident Media), arna cur i láthair ag Tessa Fleming agus a chraol RTÉ i mí an Mheithimh. Lean an tsraith sé theaghlach agus iad ag tabhairt a ndroim d'fhuadar shaol na cathrach le haghaidh eachtraí nua faoin tuath in Éirinn, ag féachaint ar thithe a bhí ar díol in áiteanna áille ó Dhún na nGall go deisceart Chiarraí, trí Ghaillimh.

I mí Aibreáin, rinne RTÉ Raidió na Gaeltachta ceiliúradh ar leathchéad bliain ar an aer agus choimisiúnaigh RTÉ dhá mhór-imeacht chun comóradh a dhéanamh ar bhliain an cheiliúrtha.



Clár faisnéise aonuaire ab ea *The Man with the Moving House*, (Bang Bang Teoranta) a craoladh ar RTÉ One i mí Lúnasa agus a d'inis scéal an leoin agus na luiche faoi streachailt 14 bliana Bhreannáin Uí Bheaglaioich ag iarraidh cead a fháil ó na húdaráis phleanála chun teach a thógáil ar a thalamh féin. Léirigh an scéal – arbh é an clár faisnéise ba mhó a féachadh air sa samhradh ag an am áirithe sin - an téama níos leithne maidir le tionchar na ndlíthe phleanála ar phobail tuaithe na Gaeltachta. Thacaigh an BAI leis an tionscadal seo.

D'fhill an tsraith mhóréilimh *Saol an Tréidlia* (Strident Media) ar RTÉ One don dara sraith ceithre chlár san fhómhar. An uair seo, bhí an tréidlia atá lonnaithe i gConamara, John, in éineacht le tréidlia na cathrach Emma agus an tréidlia capall Liam. Fuair an lucht féachana léargas pearsanta ar gach gné de chleachtas tréidliachta nua-aimseartha, idir obráidí ar ainmhithe beaga agus déileáil le fadhbanna móra ainmhithe in Árann agus ag ullmhú capaill folaíochta le díol go hidirnáisiúnta ag Goffs.

Clár faisnéise uair an chloig ab ea *The Life of Seán Saol Sheáin* (Tyrone Productions) a craoladh ar RTÉ One i mí na Nollag agus a rinne iniúchadh ar shaol seisear fear os cionn 60 bliain d'aois, a raibh an t-ainm Seán orthu uile. Ba é an smaoineamh ná léargas a thabhairt ar an taithí a bhí ag glúin d'fhir na hÉireann agus gach Seán ag insint a scéil féin agus ag déanamh machnaimh ar an saol, ar an ngrá agus ar an mbás agus ar na hathruithe, idir mhaith agus olc, a chonaic sé le linn a shaoil.

RTÉ do TG4

Chomh maith le hábhar a choimisiúnú do RTÉ, déanann RTÉ Gaeilge ábhar a choimisiúnú do TG4 mar chuid den chomhaontú soláthair ábhair idir na craoltóirí. Choimisiúnaigh RTÉ clúdach spóirt Chraobh an URC do TG4 in 2022.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Ar Dhomhnach Cásca 1972, thosaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta i mbun craoltóireachta, ócáid chinníunach i stair chraoltóireachta na hÉireann. Tháinig stáisiún raidió do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ar an bhfód mar thoradh ar ghluaiseacht cearta sibhialta a d'éiligh seirbhísí Gaeilge don phobal sin. Den chéad uair riamh, cheangail sé na pobail sin, ag tabhairt aitheantas oifigiúil dóibh, agus ina dteanga féin. In 2022, rinneamar ceiliúradh ar an méid atá déanta ag an stáisiún le 50 bliain anuas, ag saibhriú agus ag neartú na bpobal Gaeltachta agus Gaeilge ar fud na tíre, agus a gcuid scéalta, amhrán agus ceoil á roinnt go laethúil.

R2135 (v) PAC33

Chun tús a chur le ceiliúradh na bliana seo, craoladh ceolchoirm speisialta - *RTÉ Raidió na Gaeltachta 50* - beo ar an raidió agus i bhfoirm físe ar líne ó chroílár na Gaeltachta i gConamara i mí Aibreáin 2022. Bhí deis ag ceoltóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ceoltóirí óga, damhsóirí agus amhránaithe an t-ardán a roinnt le Ceolfhoireann Coirme RTÉ. Ghlac os cionn 100 taibheoir páirt in ócáid dhraíochtúil le lucht féachana beo a craoladh níos déanaí ar theilifís RTÉ One freisin.

Ba i 2022 an bhliain freisin a bhuail RTÉ Raidió na Gaeltachta bóthar chun craoladh ó na mór-imeachtaí a cuireadh siar le linn na paindéime. Cuireadh béim ar chraoltóireacht lasmuigh agus ar 'an raidió' a thabhairt chomh fada leis an bpobal. I measc na n-imeachtaí móra bhí Comórtas Peile na Gaeltachta, Fleadh Cheoil na hÉireann, Scoil Samhraidh Willie Clancy agus Oireachtas na Gaeilge. Craoladh cláracha ó ionaid phobail, scoileanna, seipéil agus féilte beaga i gcoralaithe beaga lasmuigh, agus thug siad an pobal le chéile chun a gcuid scéalta a roinnt. Tá nuacht, cúrsaí reatha, siamsaíocht, spórt agus ceol i sceideal an stáisiúin agus bíonn siad le cloisteáil i rith na bliana, agus bhí siad riamh ina gcuid thábhachtach d'fhéiniúlacht an stáisiúin.

Beidh roinnt imeachtaí ar bun in 2023 chun clabhsúr a chur le ceiliúradh an leathchéid agus tá sé beartaithe roinnt sraitheanna spleodracha nua drámaíochta agus ceoil a chraoladh i rith na bliana.

RTÉ Gaeilge ar Líne

Lean RTÉ Gaeilge ar rte.ie ar aghaidh ag nascadh an chuid is fearr den ábhar raidió, nuachta agus teilifíse ag RTÉ le gnéithe agus podchraoltaí suimiúla i nGaeilge, agus tháinig méadú 75% ar a sciar den lucht féachana ó 2019 i leith. Príomhbhuaiopointe na bliana ab ea Creidim Ionat, feachtas meantóireachta de chuid Fhoras na Gaeilge agus RTÉ, faoi stiúir fhoireann láithreoireachta *Beo ar Éigean*. Spreag an feachtas an lucht éisteachta chun an Ghaeilge a bhí acu a úsáid agus a bheith ina meantóir/meantá chun cabhrú le daoine eile leis an teanga.

**Clár faisnéise
aonuaire ab ea *The
Man with the Moving
House*, (Bang Bang
Teoranta) a craoladh
ar RTÉ One i mí
Lúnasa agus a d'inis
scéal an leoin agus na
luiche faoi streachailt
14 bliana Bhreanndáin
Uí Bheaglaoich ag
iarraidh cead a fháil ó
na húdaráis phleanála
chun teach a thógáil ar
a thalamh féin.**

Saorview

Lean seirbhís teilifíse dhigiteach saor in aisce na hÉireann ag feidhmiú go maith in 2022 agus fás tagtha ar lucht féachana Saorview go dtí 38% de na tithe ar fad a bhfuil teilifíseán iontu (*Suirbhé bunaíochta Nielsen, Eanáir 2023*). Thacaigh suíomh gréasáin uasghrádaithe lenár bhfeachtas fógraíochta 2022 ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin shóisialta, ina raibh an teachtaireacht 'Déan do Theilifíseán Cliste Níos Cliste (níl ort ach aeróg a phlugaíl isteach)'. Seoladh ár dteachtaireachtaí do chustaiméirí i Ráithe 4, agus feabhsaíodh é sin le hearraí díolphointe miondíoltóra ar fud na tíre, a bhí á seachadadh ag ambasadóirí branda Saorview a labhair go díreach leis an bhfoireann miondíola faoi na buntáistí a bhaineann le Saorview.

Go suntasach, bhí an feachtas dátheangach, le leaganacha Gaeilge d'fhógraí teilifíse agus raidió, chomh maith le díolphointí dátheangacha. Tá sé i gceist go mbeidh an Ghaeilge ina cuid shuntasach dár gcumarsáid amach anseo de réir *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021*.

Lean Saorview ag cur luach agus rogha ar fáil do lucht féachana teilifíse na hÉireann in 2022, le huasghrádú TG4 go seirbhís Ardghléine agus Virgin Media Four curtha leis tar éis Sky News a bheith curtha leis an ardán in 2021.

2m

Déanann 2m, fochuideachta faoi lánúinéireacht RTÉ, córas tarchuradóireachta na hÉireann a chothabháil, a bhainistiú agus a fhorbairt ar son gach craoltóir ar an oileán agus cuireann sé seirbhísí bonneagair ar fáil don tionscal teileachumarsáide. 2m atá i bhfeighil chóras craolacháin agus tarchuradóireachta náisiúnta na hÉireann, á chinntiú go mbíonn an tír ceangailte i gcónaí agus cinntíodh iontaofacht 99.99% ar fud na seirbhísí tarchuradóireachta teilifíse agus raidió arís.

Leanadh, trí sheirbhísí Saorview agus Saorsat, de sheirbhísí teilifíse agus raidió seirbhíse poiblí a chur ar fáil saor in aisce i ngach teach sa Stát, le seirbhís ardchaighdeán físe agus fuaimne. As an 1.72 milliún teaghlach in Éirinn a mbítear ag faire ar an teilifís, bhí Saorview ag thart ar 648,000 acu i rith na bliana 2022 agus bhí thart ar 201,000 teaghlach, (*Suirbhé bunaíochta Nielsen, Eanáir 2023*) nach raibh aon bhealach eile seachas Saorview acu chun breathnú ar chraoladh teilifíse.

R2135 (v) PAC33

In 2022, de bharr COVID-19 b'éigean athruithe a dhéanamh ar go leor de na cleachtais agus na próisis oibre chomh maith le feabhas a chur ar oiliúint na foirne le go bhféadfaí tabhairt faoi na hoibreacha a bhí riachtanach go sábháilte chun iontaofacht na seirbhísí a chinntiú, agus déileáil le soláthraithe agus le custaiméirí araon. Mhaolaigh na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm an tionchar a bhí COVID-19, agus ní raibh aon tionchar ábhartha aige ar fheidhmíocht fhoriomlán 2m i rith na bliana.

Ar an iomlán, ghin 2m ioncam €25.75 milliún in 2022, laghdú beag ón mbliain 2021 a d'eascair as laghdú a bheith tagtha ar an ioncam rialáilte ó sheirbhísí craolacháin náisiúnta. Ar an iomlán, léiríonn an €25.75 milliún agus an fheidhmíocht bliain ar bhliain go bhfuil an margadh craolta seasmhach agus an margadh cíosa crann agus túr ag feidhmiú go láidir.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar an margadh raidió áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta ó tharla go bhfuil beagnach na réimsí ar fad atá ar fáil in úsáid anois. Tá brúnna costais agus iomaíocht sa ghnó teileachumarsáide ag fás i gcónaí, ach an oiread leis an riachtanas maidir le nascacht snáthoptaice. Bhí sé dúshlánach i gcónaí cobhsaíocht ioncaim bliain ar bhliain a bhaint amach sa ghnó teileachumarsáide.

RTÉ Guide

Is é an RTÉ Guide an iris is mó díol in Éirinn i gcónaí, le leagan seachtainiúil ar na seilfeanna, chomh maith le móréagrán iontach dubailte don Nollaig. Chomh maith leis sin, foilsíonn an RTÉ Guide Taste, iris bhliantúil atá dírithe ar bhia agus ceiliúradh á dhéanamh ar an mbia, ar chócairí, treocheaí agus táirgí séasúracha. Bhí na hirisí fós ag gineadh ioncaim do RTÉ, rud a chuidigh le lucht féachana níos óige a mhealladh, chomh maith leis na croiléitheoirí a choinneáil. Ba í 2022 an bhliain a d'fhill an chuid is mó againn ar an saol mar a bhí - don tionscal cló ba thréimhse dhúshlánach eile í de réir mar a thosaigh daoine ag bogadh arís agus thosaigh an t-eispéireas 'ag baile' ag titim ó chéile - tharla titim 10% i dtionscal na nuachtán agus an phreasa.

Tháinig laghdú níos lú ar an RTÉ Guide agus léirigh sí teacht aniar arís le díolachán láidir Nollag, agus chuidigh an méadú ar an bpraghas le hioncam. Tháinig méadú mór ar phraghsanna páipéir i gcaitheamh 2022, agus na costais á dtiomáint ag boilsciú fuinnimh agus stailceanna san Fhionlainn, agus chuir an cogadh san Úcráin barr ar an donas. Tá na praghsanna socraithe anois agus táimid ag súil le laghdú beag ar chostais pháipéir i rith 2023. Ar an iomlán, ba bhliain dhúshlánach í 2022 do thionscal iomlán an phreasa ach le rialú docht ar chostais agus teacht aniar an RTÉ Guide sna siopaí, coinníonn sí a háit mar an iris is mó díol in Éirinn.



RTÉ Player

Spreag spórt, drámaíocht, sobalchláir agus ábhar a bhaineann go sonrach le hÉirinn tuilleadh éilimh ar an RTÉ Player ar bhonn uilechoiteann in 2022 agus bhí an líon is mó sruthanna riamh ann, 83,300,000 sruth, (+14% bliain ar bhliain) agus caitheadh 25,800,000 uair an chloig ag sruthú (+33% i gcomórtas leis an mbliain 2021).

Le clúdach beo thar na bearta ar mhóriméachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, tháinig fás suntasach ar shruthú Spórt RTÉ ar an RTÉ Player le 11,900,000 sruth déanta ó Eanáir go Nollaig. I measc na mbuaicphointí bhí Corn Domhanda FIFA 2022 (8,500,000 sruth) agus Corn na Sé Náisiún 2022 (500,000 sruth Fir, Mná agus Faoi20) *The Saturday/Sunday Game Live* (1,642,000 sruth) chomh maith le clúdach ar Chluichí Cáilithe Chorn Domhanda Fhoireann Náisiúnta Ban Phoblacht na hÉireann (120,000 sruth 2021/2022) agus cluiche cáilithe Chraobhchomórtas Faoi-21 na hEorpa UEFA idir Poblacht na hÉireann agus Iosrael (102,600 sruth).

Tá 3 áit bainte amach ag an tsraith shuntasach faisnéise, *Quinn Country*, sna 5 chlár aonair is mó a thuill lucht féachana ar an RTÉ Player (gan an Corn Domhanda san áireamh), agus is é *The Late Late Toy Show* an t-aon chlár eile a bhfuil tóir níos mó air (341,000 sruth).

Tá tábhacht mhór i gcónaí le sobalchláir do lucht féachana an RTÉ Player, le 18,600,000 sruth i rith na bliana déanta ar na cláracha is mó tóir *Fair City*, *EastEnders* agus *Home and Away* a ndearnadh 4,800,000 sruth, 5,600,000 sruth agus 5,700,000 sruth faoi seach orthu. Bhain drámaí a bhfuil script leo agus boscraí grinn 15,000,000 sruth amach in 2022 agus lucht féachana ag féachaint go hainsrianta ar na cláracha Éireannacha agus idirnáisiúnta is fearr leo, an scéinséir spiaireachta *Killing Eve* (700,000 sruth), *Conversations with Friends* (800,000 sruth) mar aon le *Normal People* (1,000,000 sruth) ina measc. Bhí sé chlár de *Normal People* i measc na 25 clár is mó ar féachadh orthu i rith na bliana.

Chuir ábhar ar líne de chuid RTÉ Player Original a foilsíodh anuraidh aghaidheanna nua, guthanna nua agus daoine cumasacha nua inár láthair a raibh 511,000 sruth mar thoradh air. Bhreathnaigh an lucht féachana ar réimse éagsúil téamaí idir ghreann agus chláracha faisnéise agus i measc na n-aghaidheanna nua a bhí le feiceáil ar líne, bhí Shane Daniel Byrne (*Love Bites*), David Meyler agus Ruesha Littlejohn (*Glitch*) Meg Reilly, Frankie McNamara, Ericka Roe, Simon Hennessy agus Anna Clifford (*Darren & Joe's Free Gaff*).

D'fhill Darren Conway agus Joseph McGucken don dara séasúr de shraith iomráiteach RTÉ Player Original *Darren & Joe's Free Gaff*, le dhá oiread cláracha agus scata mór de lucht grinn na hÉireann atá ag teacht chun cinn, lena

R2135 (v) PAC33

n-áirítear Michael Fry, James Kavanagh, Meg Reilly, Frankie McNamara, Peter McGann, Ericka Roe, Simon Hennessy, Anna Clifford, Enya Martin, Terence Power, Calvin O'Brien agus an chliar rialta ó shéasúr 1, Jen Hatton, Tony Cantwell agus Justine Stafford. Sháraigh an tsraith ceathrú milliún sruth saoil ó cuireadh an clár píolótach ar fáil ar an RTÉ Player in 2021.

Bhí réimse éagsúil daoine óga Éireannacha a d'fhás aníos i ndomhan ina bhfuil fón chomh tábhachtach le bia nó uisce le feiceáil in *The Disconnect*, clár faisnéise teacht in aois faoin gcuidreamh atá againn leis na scáileáin.

RTÉ.ie

Ba é suíomh gréasáin RTÉ.ie fós an chéad rogha ag muintir na hÉireann le haghaidh nuachta agus siamsaíochta in 2022.

I gcomparáid le 2019, tháinig méadú RTÉ.ie 23% in aghaidh na míosa, nó 31 milliún cuairt mhíosúil, agus d'fhás an t-amharc míosúil ar leathanaigh 19%, nó 79 milliún amharc leathanaigh. Toradh iontach eile ab ea gurbh é an mheántréimhse ama a caitheadh in aghaidh na cuairte ná 8 nóiméad 24 shoicind sin méadú 13% i gcomparáid le 2019.

Bhain na barrscéalta le fiosrúchán dúnmharaithe Aisling Murphy agus tragóid an Chraoslaigh, ach tharraing scéalta níos éadroime trácht ollmhór freisin amhail rómánsaíocht réaltaí *Strictly Come Dancing* agus buaiteoir Phota Óir €19 milliún an Lotto. Tharraing iarratais an lucht féachana le haghaidh ticéid don *Late Late Toy Show* spéis mhór freisin.

CLG agus Katie Taylor is mó a raibh spéis ag daoine ann sa nuacht spóirt, leis an scéal is deireanaí faoi chluiche leathcheannais Chraobhchomórtas Uile-Éireann CLG idir Áth Cliath agus Ciarraí ag barr an liosta agus rugbaí an URC agus na Sé Náisiún sna sála air sin. I Stíl Mhaireachtála, in éineacht le comhairle folláine agus áilleachta, cuireadh an-suim go deo i scéal Johnny B agus an chluain fhíorúil a cuireadh air. Sa tsiamsaíocht, tharraing eachtra Will Smith ag na gradaim Oscar agus bás brónach réaltaí amhail Olivia Newton John, Meat Loaf agus Aaron Carter aird an lucht féachana.

Ó thaobh an chultúir de, mealladh trácht suntasach chuig rte.ie/Ulysses, rannóg atá tiomnaithe do shárshaothar liteartha James Joyce. Tháinig méadú 155%, i gcomparáid le 2019, ar thrácht go dtí rannóg Brainstorm, comhpháirtíocht le saol acadúil na hÉireann, le hailt ghéarchúiseacha ar an Úcráin, ar ghéarchéim an chostais maireachtála agus ar bhagairt sláinte poiblí. Inár rannóg Gaeilge, bhí méadú 88% ar thrácht i gcomparáid leis an mbliain 2019 agus bhí comhairle faoi fhoghlaim na Gaeilge i measc na n-alt ba mhó a léadh.

Le clúdach beo thar na bearta ar mhóirmeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, tháinig fás suntasach ar shruthú Spórt RTE ar an RTE Player le 11,900,000 sruth déanta ó Eanáir go Nollaig.



Spórt RTÉ ar an RTÉ Player

11,900,000 sruth ar chomórtais mhóra náisiúnta agus idirnáisiúnta

- Scóir Chorn Domhanda FIFA 2022: 8,500,000 sruth
- An lucht féachana is mó riamh, 8,500,000 sruth iomlán, mealta ag breis agus 200 uair an chloig den chlúdach beo a rinneadh ar gach ceann de na 64 cluiche ar an RTÉ Player (buaicphointí agus sruthú ar éileamh agus réamhamhairc)
- 478,000 beo-shruth san iomlán ar an RTÉ Player don chluiche ceannais is iontaí riamh i gCorn an Domhain
- Babhta na nGrúpaí - Seachtain 1 (20 cluiche): 2,500,000 sruth
- Babhta na nGrúpaí - Seachtain 2 (28 cluiche): 2,200,000 sruth
- 16 fhoireann fanta (ocht gluiche): 1,200,000 sruth
- Cluichí Ceathrú Ceannais (ceithre chluiche): 1,010,000 sruth
- Cluichí Leathcheannais (dhá chluiche): 402,000 sruth
- Cluiche Ceannais: 478,000 sruth

An RTÉ Player seolta ar Sky Glass

Seoladh aip an RTÉ Player ar Sky Glass i mí Lúnasa 2022. Den chéad uair, tá teacht ag úsáideoirí Sky ar bhreis agus 3,500 uair an chloig d'ábhar ar éileamh agus na cainéil sruthaithe bheo RTÉ One, RTÉ2, RTÉjr, RTÉ News agus an RTÉ Player. Cruthóidh an seoladh seo deiseanna nua don RTÉ Player chun lucht féachana a aimsiú trí fheabhsuithe ar mheiteashonraí, ar phríomh-ealaín agus ar choimeádaíocht, agus cinnteoidh sé go mbeidh ábhar RTÉ le feiceáil i measc ábhar idirnáisiúnta ó dháileoirí domhanda.

Cartlann RTÉ

Coimeádtar bailiúchán de thaifeadtaí closamhairc, grianghraif agus doiciméid a bhaineann le haschur RTÉ ón mbliain 1926 go dtí an lá atá inniu ann i gCartlann RTÉ.

Tugadh os cionn 3.3 milliún cuairt ar shuíomh gréasáin Chartlann RTÉ i rith 2022 áit a raibh teacht ag an bpobal ar réimse ábhar a bhaineann le saol na hÉireann atá bailithe ag raidió agus teilifís RTÉ. Cuireadh míle scéal nua leis an rannóg Cartlann Laethúil, agus cuireadh 1.7 milliún fiseán agus 53,870 mír fuaime á seinm tríd an suíomh gréasáin, www.rte.ie/Archives.

Leanadh leis an obair chaomhnaithe chun ábhar a aistriú ó fhormáidí analógacha agus luathfhormáidí digiteacha go dtí comhaid dhigiteacha, agus díriodh i rith 2022 ar bhailiúcháin fuaime. Cuireadh beagnach 5,000 taifead don raidió ar an Acetate Disc Collection, 1930idí-1970idí, ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin Chartlann RTÉ. Fuair an tionscadal seo tacaíocht ó Scéim Maoinithe Cartlainne an BAI.

Mheall taispeántas grianghrafadóireachta Ireland on the Box, faoi choimeád Chartlann RTÉ i gcomhar leis an Leabharlann Náisiúnta agus a seoladh i mí na Nollag 2021 chun 60 bliain de theilifís RTÉ a chomóradh, 20,364 cuairteoir chuig an gCartlann Grianghrafadóireachta Náisiúnta i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath.

Bhí ábhar ó Chartlann RTÉ go mór le feiceáil freisin i réimse leathan de chláracha faisnéise teilifíse agus scannánaíochta ar ardchaighdeán, le téamaí sóisialta, siamsaíochta agus fíorasacha, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ina measc sin bhí *Vicky: The Story of Vicky Phelan*, *Charlie Bird: Loud and Clear*, *Nothing Compares (Sinéad O'Connor)* agus cláracha Gaeilge amhail *Cloch le Carn* agus *Marú Inár Measc*.

Bhain lucht éisteachta sheirbhísí Raidió RTÉ sásamh as réimse cláracha ina raibh scéalta ón gcartlann, an tsraith sheanbhunaithe *Bowman Sunday* agus *The Rolling Wave* ina measc. Mar chuid den chomóradh 50 bliain, craoladh an tsraith 13 ohlár ó 1986 *Seasca Bliain Ag Fás* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta inar raibh daoine mór le rá i gcrualtóireacht na Gaeilge le blianta fada anuas faoi agallamh.

**Bhí ábhar ó Chartlann
RTÉ go mór le feiceáil
freisin i réimse leathan de
chláracha faisnéise teilifíse
agus scannánaíochta ar
ardchaighdeán, le téamaí
sóisialta, siamsaíochta agus
fíorasacha, in Éirinn agus go
hidirnáisiúnta.**

**NA 10 gCLÁR IS MÓ LUCHT FÉACHANA 1 EANÁIR-31 NOLLAIG 2022
GACH CAINÉAL - NÁISIÚNTA, AONAIR, COMHDHLÚITE AOIS 4+**


Ord	Clár	Cainéal	Lá	Dáta	Tráth	Rátáil	000s	Sciar %
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	Dé hAoine	25-11-2022	21:35 - 00:03	34.40	1532.3	76.16
2	Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann – Gaillimh v Ciarraí	RTÉ2	Domh	24-07-2022	15:32 - 17:09	19.58	872.3	74.62
3	Guinness Six Nations: An Fhrainc v Éire	Virgin Media One	Sath	12-02-2022	16:44 - 18:33	18.39	818.5	63.05
4	Cluiche Ceannais Sinsir Iománaíochta na hÉireann – Cill Chainnigh v Luimneach	RTÉ One	Domh	17-07-2022	15:32 - 17:05	17.64	786	72.19
5	Cluiche Leathcheannais Corn an Domhain FIFA - an Airgintín v An Chróit	RTÉ2	Dé Máirt	13-12-2022	19:00 - 20:54	17.60	784.2	51.82
6	Cluiche Ceannais Corn an Domhain FIFA - an Airgintín v An Fhrainc	RTÉ2	Domh	18-12-2022	15:00 - 17:54	17.59	783.7	58.21
7	Guinness Six Nations: Sasana v Éire	RTÉ2	Sath	12-03-2022	16:45 - 18:34	17.49	778.5	60.55
8	Cluiche Ceathrú Ceannais Corn an Domhain FIFA – Sasana v An Fhrainc	RTÉ2	Sath	10-12-2022	19:00 - 21:00	17.06	759.9	54.88
9	Guinness Six Nations: Éire v An Bhreatain Bheag	RTÉ2	Sath	05-02-2022	14:17 - 16:09	16.48	733.3	65.56
10	Guinness Six Nations: Éire v An Iodáil	Virgin Media One	Sath	19-03-2022	16:46 - 18:39	15.36	683.6	59.44

The Late Late Toy Show		1,532,300
Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann – Gaillimh v Ciarraí		872,300
Guinness Six Nations: An Fhrainc v Éire		818,500
Cluiche Ceannais Sinsir Iománaíochta na hÉireann – Cill Chainnigh v Luimneach		786,000
Cluiche Leathcheannais Corn an Domhain FIFA - an Airgintín v An Chróit		784,200
Cluiche Ceannais Corn an Domhain FIFA - an Airgintín v An Fhrainc		783,700
Guinness Six Nations: Sasana v Éire		778,500
Cluiche Ceathrú Ceannais Corn an Domhain FIFA – Sasana v An Fhrainc		759,900
Guinness Six Nations: Éire v An Bhreatain Bheag		733,300
Guinness Six Nations: Éire v An Iodáil		683,600

Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM
Aon Lá Aon Am - An eipeasóid is fearr arna rangú in ord rátála (TVR) (tugtar chun aire go mbiann athrú faoi thrí gach bliain ar an ollréimse)
10 nóiméad iosthad clár


**SCIAR COMHDHLÚITE NÁISIÚNTA AN CHAINÉIL
AR FEADH AN LAE MAIDIR LE DAOINE AONAIR 4+ (%)**

■ 2022 □ 2021




UAIREANTA D'ÁBHAR DE DHÉANTÚS NA hÉIREANN A CRAOLADH AR THEILIFÍS RTÉ LE LINN BUAICHRÁTHANNA DE RÉIR SEÁNRA

■ 2022 □ 2021



Foinse: RTÉ


UAIREANTA TEILIFÍSE LE FOTHEIDIL




Foinse: RTÉ

**NA 10 gCLÁR RAIDIÓ IS MÓ AR ÉISTEADH LEO AR FEADH NA SEACHTAINE NÁISIÚNTA - DAOINE FÁSTA 15+
 SCIAR BLOC AMA I gCÁS STÁISIÚIN TRÁCHTÁLA NÁISIÚNTA
 EANÁIR - NOLLAIG 2022**

Ord	Clár	Stáisiún	Tráth de Lá	Laethanta na Seachtaine	Sciar na nDaoine Fásta 15+	Líon Daoine Fásta 15+ (000)
1	Morning Ireland	RTÉ Radio 1	07:00-09:00	Luan-Aoine	11%	433
2	Playback	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Sath	8%	347
3	The Brendan O'Connor Show	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Sath	8%	338
4	The Business	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Sath	8%	336
5	The Ryan Tubridy Show	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Luan-Aoine	8%	331
6	The Brendan O'Connor Show	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Domh	8%	329
7	Today with Claire Byrne	RTÉ Radio 1	10:00-12:00	Luan-Aoine	8%	321
8	Sunday with Miriam	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Domh	8%	317
9=	News at One	RTÉ Radio 1	13:00-13:45	Luan-Aoine	8%	310
9=	Liveline with Joe Duffy	RTÉ Radio 1	13:45-15:00	Luan-Aoine	8%	310



**SCIAR NÁISIÚNTA DE LUCHT ÉISTEACHTA RAIDIÓ 2022 –
LÁ NA SEACHTAINE/BUAICTHRÁTH
EANÁIR - NOLLAIG 2022**



Foinse: JNLR / Ipsos MRBI 2022/4





UAIREANTA RAIDIÓ DE RÉIR SEÁNRA

■ 2022 □ 2021








Foinse: RTÉ
Tabhair ar aird: Áirítear sa chatagóir 'Eile' Reiligiún, Daoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht

AN LÍON LEATHANACH AR AN MEÁN A TAPAÍODH SA MHÍ AR FUD NA SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA (MILLIÚIN)

2022		224.9
2021		264.8
2020		295.4
2019		187.1


Foinse: RTÉ

SCIAR A BHAINNEANN LEAS AS SEIRBHÍSÍ DHIGITEACH RTÉ SA tSEACHTAIN 2022

Aon seirbhís dhigiteach ó RTÉ		47%
RTÉ.ie		30%
Seinnteoir RTÉ Player		24%
Aipeanna RTÉ		5%
Seinnteoir RTÉ Radio Player		6%

Foinse: RTÉ

SRUTHANNA AR AN RTÉ PLAYER - 2022




Foinse: RTÉ

* Níl sruthanna trí oibríteoirí ardáin teilifíse san áireamh (Comhlán = 83.3 milliún)

TAIBHITHE CHEOILFOIRNE RTÉ

■ 2022 □ 2021



Foinse: RTÉ

FREASTAL CHEOLFHOIRNE RTÉ

■ 2022 □ 2021



Foinse: RTÉ

* Nóta: D'aontaigh an Rialtas Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ a aistriú ó RTÉ go dtí An Ceoláras Náisiúnta, le héifeacht ó 24 Eanáir 2022. D'aistrigh cóir RTÉ - Cór Fiolarmónach RTÉ, Cór na nÓg agus Cór Linn - ó RTÉ go dtí An Ceoláras Náisiúnta ar an dáta céanna.



**1. Siún Ní Raghallaigh, Cathaoirleach****Téarma oifige: 29 Samhain 2022-28 Samhain 2027**

Is iar-Chathaoirleach le TG4 agus iar-bhall de Bhord TG4 í Siún Ní Raghallaigh.

Bhain sí cáil amach ina ceannaire san earnáil cruthaitheachta ó tharla go raibh sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin in Ardmore Studios agus Troy Studios go dtí an bhliain 2021. Bhí sí ina Stiúrthóir Bainistíochta le Tyrone Productions agus bhí sí ar dhuine den fhoireann a bhunaigh TG4 agus d'oibrigh sí ansin ón mbliain 1996 go dtí an bhliain 2001 i ról airgeadais, straitéise agus mhargaíochta.

Bhí sí ina Ceann Airgeadais leis an Tribune Newspaper Group. Bhunaigh sí a cuideachta teilifíse neamhspleách féin, Ikandi Productions agus léirigh sí roinnt cláracha faisnéise. Tá baint ag Siún freisin leis an earnáil beochana agus bhí sí ina léiritheoir feidhmiúcháin ar scannáin lánfhada beochana.

**2. Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir****Comhalta ex officio de bhun an cheapacháin ina Príomh-Stiúrthóir an 11 Iúil 2016 Deireadh téarma: 10 Iúil 2023**

Ceapadh Dee Forbes ina Príomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ón 11 Iúil 2016. I Londain a bhí Dee Forbes lonnaithe sula ndeachaigh sí i mbun oibre le RTÉ, áit ar chaith sí níos mó ná 27 bliain ag obair do chraoltóirí agus don ghníomhaireacht fógraíochta Young and Rubicam.

Bhí sí ina hUachtarán agus ina Stiúrthóir Bainistíochta i Discovery Networks Northern Europe. Thosaigh Dee ag obair le Discovery in 2010 mar Cheann oibríocht na Ríochta Aontaithe/na hÉireann agus chuir sí lena cuid freagrachtaí de réir a chéile go dtí go raibh sí i gceannas ar réigiún Thuaisceart na hEorpa, ina raibh 18 margadh agus críoch agus 27 cainéal, idir chinn saor-go-haer agus sintiúis, a bhí ag craoladh chuig breis is 276 milliún líon tí ar fud Thuaisceart na hEorpa gach mí.

Sula ndeachaigh sí le Discovery, stiúir Dee gnónna Turner Broadcasting sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ina raibh seacht gcainéal siamsaíochta, ina measc Cartoon Network, Boomerang agus TCM. Chaith sí roinnt blianta ag obair le Turner i ról éagsúla tráchtála, ina measc Bainisteoir Ginearálta ar réigiún Nordach/Lár na hEorpa, Oirthear na hEorpa agus na réigiúin EMEA. Ba í Ceann na nDíolachán Fógraíochta don Eoraip freisin í.

Bhí Dee ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar bhord *The Irish Times* tráth agus tá sí ar bhord *Munster Rugby* faoi láthair. I nDrom Dhá Liag in iarthar Chorcaí a rugadh Dee agus bhain sí céim sa stair agus sa pholaitíocht amach in UCD.

**3. Aileen Howard****Téarma oifige: 29 Samhain 2022-28 Samhain 2027**

Is Stiúrthóir í Aileen Howard san Ionad Cultúir do Leanaí, The Ark, i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath.

Tá sí ag obair le cúrsaí amharclannaíochta agus ealaíon le níos mó ná scór bliain agus í ina stiúrthóir ealaíne, léiritheoir agus coimisinéir do shaothar nua. Sa ról ceannaireachta atá aici in The Ark, tá meascán d'eagraíocht tathanta agus déanamh ealaíne do leanaí i gceist ar an tuiscint go bhfuil ceart ealaíne agus cultúir ag leanaí mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún NA um Chearta an Linbh. Sular thosaigh Aileen ag obair in The Ark, bhí sí ina Stiúrthóir Liteartha in Amharclann na Mainistreach agus tá sí ina heagarthóir ar *Irish Shorts: New Plays from The Abbey Theatre*. Bhí sí ina Stiúrthóir Ealaíne bunaidh san ionad iildisciplíneach, Mermaid Arts Centre, agus d'oibrigh sí ina comhairleoir liteartha ar thionscadail na Comhairle Ealaíon. Bhí sí i mbun coimeádaíochta ar an gclár filíochta *Mountains to Sea Festival* sa bhliain 2014.

Tá Aileen ina ball den Chomhairle Chomhairleach do Leanaí, den Shainghrúpa Comhairleach um Óige Ildánach agus den Fheachtas Náisiúnta do na hEalaíona. Tá BA aici sa Bhéarla agus sa Ghearmáinis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá MA aici sa Drámaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'fhill sí ar an oideachas sa bhliain 2019 agus fuair sí Teastas sa Rialachas ón bhForas Riaracháin. Is iarrthóir PhD í Aileen faoi láthair ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

**4. Ian Kehoe****Téarma oifige: 9 Deireadh Fómhair 2018-8 Deireadh Fómhair 2023**

Iriseoir, údar agus craoltóir é Ian Kehoe a bhfuil gradaim buaite aige. In 2014, nuair a bhí sé 34 bliana d'aois, ceapadh ina Eagarthóir ar an nuachtán *The Sunday Business Post* é, agus bhí an post sin aige ar feadh ceithre bliana. Le linn na tréimhse sin, ceapadh chuig bord an nuachtáin sin é chomh maith lena cheapadh chuig gnó clóadóireachta bainteach eile.

Ina dhiaidh sin, bhí Ian ina chomhbhunaitheoir ar Currency Media Limited, a fhoilsíonn an tseirbhís ghnó ar líne, The Currency. Bhí Ian ina láithreoir agus ina iriseoir roimhe seo ar chlár *Prime Time* de chuid RTÉ, agus tá líon mórchláracha faisnéise teilifíse déanta aige - *Who's Buying Ireland?* agus *The Great Irish Sell-Off* ina measc.

Tá Iriseoir na Bliana maidir le Gnó agus Eacnamaíocht buaite faoi dhó aige agus bronnadh Gradam Miriam Hederan O'Brien air de bharr an méid atá curtha aige le beartas fioscach na hÉireann. Is é comhúdar an leabhair *Citizen Quinn* é, leabhar mórdhiola faoi éirí agus faoi thitim an tionsclaí Seán Quinn.

Is as Inis Córthaidh i gCo. Loch Garman ó dhúchas é agus tá BA bainte amach aige san Iriseoireacht agus MA sa Chaidreamh Idirnáisiúnta ó DCU.



5. Connor Murphy

Téarma oifige: 19 Márta 2020-18 Márta 2025

Fiontraí teicneolaíochta é Connor Murphy a bhfuil cúlra aige i gcaipiteal frontair, i sainchomhairleoireacht bhainistíochta agus i ríomheolaíocht. Tá sé ina chomhalta den fhoireann Techstars Venture Partner i láthair na huairé agus bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar chlár Techstars SAP.iO i mBeirlín roimhe sin. Tacaíonn sé le cláracha Techstars in Melbourne, Súl, Bangalore, Singeapór, Osló, Liospóin, Amstardam, München agus i mBeirlín. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeanach agus ina Bhunaitheoir tráth ar Datahug, a ghlac Callidus Cloud, atá liostaithe ar Nasdaq (Nasdaq:CALD), seilbh air agus atá mar chuid anois de SAP.

Roimh a thréimhse le Datahug, d'oibrigh Connor le PA Consulting Group i Londain, i Nua-Eabhrac agus in Washington, DC. Bhain sé céim chéadonóracha amach sa ríomheolaíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.



6. An Dr. P.J. Mathews

Téarma oifige: 4 Samhain 2014–3 Samhain 2024 (Athcheaptha don dara téarma ar an 10 Nollaig 2019)

Tá an Dr. P.J. Mathews ina Chomh-Ollamh i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Baineann a shaothar go speisialta le litríocht agus le cultúr an hÉireann. Is é a scríobh an saothar *Revival* (arna fhoilsiú ag Field Day) Cork UP sa bhliain 2003) maidir le tréimhse athbheochan chultúr na hÉireann; a rinne eagarthóireacht ar an saothar *Cambridge Companion to J.M. Synge* (2009); agus comheagarthóireacht ar *A Handbook of the Irish Revival* (arna fhoilsiú ag Amharclann na Mainistreach sa bhliain 2015).

Is é P.J. a bhunaigh agus atá ina Stiúrthóir ar an bpodchraoltóireacht acadúil le UCD scholarcast (www.ucd.ie/scholarcast). Bhí sé ina stiúrthóir ar Scoil Samhraidh Parnell idir 2002 - 2005 agus ceapadh ina Chomhalta Naughton agus ina Chomh-Ollamh Cuairte sa Bhéarla é in Ollscoil Notre Dame sa bhliain 2007-8. Tá sé ina bhall seachtrach de Mheitheal Léann na hÉireann in Université Sorbonne Nouvelle-Paris 3, agus ina chomhthionálaí ar Chraobhchóras Taighde Dochtúireachta Léann na hÉireann.



7. Anne O'Leary

Téarma oifige: 4 Samhain 2014–3 Samhain 2024 (Athcheaptha don dara téarma ar an 10 Nollaig 2019)

Tá taithí mhór ag Anne O'Leary ina Feidhmeannach Gnó. Réimsí spéise ina bhfuil cumas faoi leith léirithe aici is ea cúnadh a thabhairt do chomhlachtaí bealaí nua a aimsiú chuig an margadh agus leas a bhaint as deiseanna teicneolaíochta d'fhonn acmhainneacht a thapú. Tá tuiscint ghéar ghrinn ag Anne ar rialachas corparáide agus ar chúrsaí comhlíonta. Ina comhalta di d'Institiúid na Stiúrthóirí, tá tuiscint aici ar na coinníollacha reatha maidir le boird phríobháideacha agus boird chomhlachtaí Stáit.

Is fiontraí cruthanta í a rinne tionscnamh agus forás ar ghnólacht teicneolaíochta de scoth an domhain sular dhíol sí é, agus bíonn béim láidir aici ar pháirtneireacht straitéiseach, ar bhainistíocht díolacháin, ar mhargaíocht, ar fhorbairt táirgí agus ar bhainistíocht maidir le caidreamh inmheánach - seachtrach.

Tá taithí leathanréimseach ag Anne ar earnálacha éagsúla gnó. Is léir a cumas maidir le fáthmheas, pleanáil straitéiseach, soirbhiú do mheithle agus do dhaoine aonair agus méadú inbhuanaithe ar theacht isteach airgid.



8. Robert Shortt

Téarma oifige: 29 Bealtaine 2018–3 Samhain 2024 (Athcheaptha don dara téarma ar an 10 Nollaig 2019)

Thosaigh Robert Shortt ag obair in RTÉ ina iriseoir ar an gclár *News at One* sa bhliain 1998. Tá sé ag obair ó shin i leith ar go leor cláracha sa rannán Nuachta & Cúrsaí Reatha. Bhí sé ina Chomhfhreagraí Gnó agus bhí sé ina chuid den fhoireann a bhunaigh *The Business* ar RTÉ Radio 1. Chaith sé ceithre bliana ina Chomhfhreagraí in Washington sula ndeachaigh sé le *Prime Time* sa bhliain 2009. Tá Gradam Iriseoireachta Gnó Smurfit buaite faoi dhó aige as a chuid tuairisceoireachta.

Sular thosaigh sé in RTÉ, bhí sé ag obair do nuachtán airgeadais na Seapáine, an Nikkei agus don BBC. Toghadh ina chéad chathaoirleach ar Fhochraobh RTÉ NUJ agus d'fhóin sé ina Leas-Chathaoirleach ar Ghrúpa Ceardchumainn RTÉ (TUG) ar feadh trí bliana. Bhain sé BA sa Bhéarla agus san Eacnamaíocht amach in UCD agus MSc san Eacnamaíocht amach i Scoil Staidéar an Oirthir agus na hAfraice in Ollscoil London.

Is é Robert Comhfhreagraí Eacnamaíochta RTÉ faoi láthair.

**Ag deireadh na bliana,
ba mhná iad cúigear de
Bhord RTÉ agus b'fhir iad
seachtar acu.**

**9. Susan Ahern****Téarma oifige: 13 Iúil 2021-12 Iúil 2026**

Is abhcóide, idirghabhálaí creidiúnaithe agus eadránaí idirnáisiúnta í Susan atá ag cleachtadh a gairme. Is Comhalta í d'Institiúid Chairte na nEadránaithe, is eadránaí í sa Chúirt Eadrána Spóirt agus ceapadh chuig Rannán Frithdhópála na Cúirte Eadrána Spóirt í do na Cluichí Oilimpeacha 2020 i dTóiceo.

Tá breis is 25 bliain taithí ag Susan i gcleachtas dlí tráchtála agus spóirt, i riarachán spóirt agus i rialachas corparáide ina stiúirthóir feidhmiúcháin agus ina stiúirthóir neamhfheidhmiúcháin ar roinnt bord lena n-áirítear Spóirt Éireann, Cruicéad Éireann agus Craobhchomórtais an Domhain sa Rothaíocht 2023. Bhí Susan ina Ceann Gnóthaí Dlí agus Reachtaíochta ag Rugbaí an Domhain, áit a mbíodh ról lárnach aici ceithre Chorn an Domhain sa Rugbaí a sheachadadh agus áit ar bhunaigh sí Aonad Ionracais Rugbaí an Domhain.

Déanann Susan ionadaíocht dá cuid cliant os comhair na gúirteanna agus binsí, tugann sí faoi fhiosrúcháin, bíonn sí ina headránaí agus ina hidirghabhálaí agus tá roinnt ról rialála aici ina cinnteoir neamhspleách i gcúrsaí araíonachta, iompair agus tráchtála gairmiúla. Is comhairleoir í Susan do chomhlachtaí idirnáisiúnta, go háirithe i réimsí an rialachais chorparáidigh agus réitigh díospóidí.

**10. Daire Hickey****Téarma oifige: 13 Iúil 2021-12 Iúil 2026**

Is bunaitheoir agus Comhpháirtí Bainistíochta é Daire Hickey ag 150Bond. Cuireann sé comhairle straitéiseach ar fáil d'fheidhmeannaigh leibhéal c ag cuidiú leo a dteachtaireacht a mhéadú agus cur lena líonra. Tá 30 feidhmeannach ag an ngnólacht lonnaithe idir Nua-Eabhrac agus Baile Átha Cliath, a oibríonn le comhlachtaí ard fáis, le caipitlithe frontair agus le comhlachtaí Fortune 500.

Bhí Daire ina chomhbhunaitheoir ar Web Summit. Is infheisteoir é freisin i roinnt gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí frontair agus bhí sé ina iriseoir tráth.

**11. David Harvey****Téarma oifige: 13 Iúil 2021-12 Iúil 2026**

Is iar-láithreoir teilifíse agus raidió agus léiritheoir teilifíse a bhfuil gradaim buaite aige é David Harvey a bhfuil leas aige i roinnt comhlachtaí a bhaineann leis na meáin agus atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta. Bhí roinnt poist bhainistíochta, léirithe agus bhoird aige agus roghnaíodh é ina chathaoirleach agus stiúirthóir neamhfheidhmiúcháin leis na scoileanna sin a thabhairt chuig réimse institiúidí agus comhlachtaí eile, institiúidí agus comhlachtaí a bhaineann le cúrsaí craoltóireachta agus nach mbaineann le cúrsaí craoltóireachta.

Bhí sé ina chathaoirleach tráth ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, IADT Dhún Laoghaire agus ar Fhéile Pádraig. Chaith sé blianta fada ina chathaoirleach ar lontaobhas People in Need (a bhí i mbun rannpháirtíochta le RTÉ chun Teileatón RTÉ/People in Need a chur chun cinn). Bhí sé ina stiúirthóir tráth ar Bhord Bia agus tá ina chathaoirleach ar Áras Nua-Ealaíne na hÉireann faoi láthair.

Tá BBS agus MA aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

**12. Jonathan Ruane****Téarma oifige: 08 Márta 2022-12 Iúil 2026**

Is Léachtóir agus Eolaí Taighde é Jonathan Ruane in Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT).

Is ball den fhoireann teagaisc é laistigh den ghrúpa Bainistíochta agus Eacnamaíochta Domhanda i Scoil Bhainistíochta Sloan de chuid MIT agus is ceannaire taighde é ar thionscnamh MIT maidir leis an Eacnamaíocht Dhigiteach (IDE). Tá sé ar dhuine de na daoine a fuair an gradam Fulbright roimhe seo agus is Ollamh Taca é i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá suim aige taighde a dhéanamh i dtrasnú eacnamaíochta digití, i ríomhaireacht ardleibhéil, i straitéisí agus i margaí idirnáisiúnta.

Bíonn Jonathan ag teagasc ar chúrsaí ar fud Scoil Bhainistíochta MIT agus Roinn Innealtóireachta Leictirí agus Ríomheolaíochta MIT. Bhí sé ina chomh-cheannaire ar fhorbairt roinnt cúrsaí ceannródaíochta iarchéime in MIT sna réimsí Inleachta Saorga agus Ríomhaireachta Candamaí. Sular thosaigh Jonathan ag obair in MIT, bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chuideachta bogearraí a bhfuil tacaíocht aige ó chaipiteal frontair a chomhbhunaigh sé féin agus a dhíol sé ina dhiaidh sin. Chuir sé tús lena ghairm i mbainistiú branda le Procter & Gamble.

Is sléibhteoir a bhfuil taithí aige é Jonathan agus bhain sé barr Shliabh Everest agus Eiger amach. Chuaigh sé san iomaíocht sna Stáit Aontaithe agus ar fud an domhain le Club Rámhaíochta MIT agus bhí sé ina reathaí maratóin faid ultra roimhe seo.

Freastal ar Chruinnithe an Bhoird

Tionóladh ocht gcrúinní de Bhord RTÉ i rith na bliana 2022. Leagtar amach thíos freastal chomhaltaí an Bhoird ar na cruinnithe sin:

	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh
An Bord mar a bhí an 31 Nollaig 2022		
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)	1	1
Susan Ahern	8	8
Dee Forbes	8	8
David Harvey	8	8
Daire Hickey	8	8
Aideen Howard	1	1
Ian Kehoe	8	8
An Dr P.J. Mathews	8	8
Connor Murphy	8	8
Anne O'Leary	8	8
Jonathan Ruane	7	6
Robert Shortt	8	8

Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den Bhord sa bhliain 2022

Moya Doherty	7	7
Deborah Kelleher	7	6

Féach an tuairisc faoi Rialachas Corparáide ar leathanach 102 maidir le tuilleadh mionsonraí faoin athrú i gcomhaltas an Bhoird sa bhliain 2022.

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tionóladh naoi gcrúinní i rith na bliana 2022, a ndearnadh freastal mar seo a leanas orthu:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Anne O'Leary (Cathaoirleach)	9	8	27 Samhain 2014
Susan Ahern	9	9	16 Meán Fómhair 2021
Ian Kehoe	9	8	13 Feabhra 2020
Robert Shortt	9	8	13 Meán Fómhair 2018

Coiste na gCláracha

Tionóladh cúig chruinní de Choiste na gCláracha i rith na bliana 2022. Is mar seo a leanas a freastalaíodh orthu.

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
An Dr. P.J. Mathews (Cathaoirleach Gníomhach)	5	5	27 Samhain 2014
Daire Hickey	5	5	16 Meán Fómhair 2021
Comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige le linn na mbliana 2022			
Deborah Kelleher	4	4	27 Samhain 2014

An Coiste maidir le Cóirthrádáil

Tionóladh trí chruinní i rith na bliana 2022, agus bhí na comhaltaí go léir i láthair ag gach cruinní, mar seo a leanas:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Ian Kehoe	1	1	1 Nollaig 2022
Susan Ahern	2	2	16 Meán Fómhair 2021
Comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige le linn na mbliana 2022			
Deborah Kelleher	1	1	24 Meán Fómhair 2015

An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Níor reáchtáladh aon chruinní den Choiste le linn na bliana 2022. Is iad Anne O'Leary (ceaptha an 22 Eanáir 2015) agus Connor Murphy (ceaptha an 2 Nollaig 2021) comhaltaí an Choiste. D'éirigh Moya Doherty as a bheith ina chomhalta den Choiste ar dheireadh a theacht lena téarma oifige.

An Coiste Digiteach

Reáchtáladh trí chruinní den Choiste Digiteach a bunaíodh le déanaí le linn na bliana 2022 agus bhí na comhaltaí go léir i láthair ag gach cruinní, mar seo a leanas:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infhreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Jonathan Ruane (Cathaoirleach)	3	3	7 Iúil 2022
Connor Murphy	3	3	7 Iúil 2022
Robert Shortt	3	3	7 Iúil 2022

Freastal ar Chruinnithe Fhochoiste Bhord RTÉ

Is do fhreastal chomhaltaí an Bhoird ar chruinnithe de Bhord RTÉ agus d'fhochoistí an Bhoird a thagraítear leis an eolas a fhoilsítear thuas. Anuas air sin, bhí David Harvey, Daire Hickey, Ian Kehoe agus Connor Murphy ina gcomhaltaí freisin ar Bhoird fochuideachtaí de chuid RTÉ, agus déanann siad freastal ar na cruinnithe Boid de réir sceidil na bhfochuideachtaí sin.



Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir

Féach an nóta beathaisnéise ar leathanach 96.

Richard Collins

Príomhoifigeach Airgeadais

Tháinig Richard ag obair in RTÉ i mí Eanáir 2020. Tá sé ina stiúrthóir ar RTÉ Commercial Enterprises DAC agus RTÉ Transmission Network DAC.



Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, chaith Richard 13 bliana ag obair san earnáil miondíola, áit a bhfuair sé taithí leathan ar airgeadas agus oibríocht, bhí sé i gceannas ar líon olltionscadal comhlánaithe agus athchóiriúchán. Le déanaí bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais in Dunnes Stores áit a raibh ról tábhachtach aige i bhforbairt straitéise agus córais a nuachóiriú. Roimhe sin ba é Stiúrthóir Airgeadais Superquinn é agus ba é a rinne an comhcheangal le Musgrave Group a stiúradh.



Bhí ról airgeadais shinsearach ag Richard anseo in Éirinn agus thar lear in eagraíochtaí mar Dell Computer Corporation agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhain sé céim amach i gColáiste na Tríonóide agus thraenáil sé le bheith ina chuntasóir cairte le KPMG.

Rory Coveney

Stiúrthóir Straitéise

Tá Rory ag obair le RTÉ ón mbliain 2007 agus is iomaí ról a bhí aige ó shin. Ón mbliain 2011, ina Chomhairleoir Straitéiseach don Phríomh-Stiúrthóir, tá Rory lárnach i bpleanáil straitéiseach na heagraíochta. Ina Stiúrthóir Straitéise, treoróidh sé feidhm straitéise nua ina gcuimseofar straitéis chorparáideach, frontair agus nuálaíocht nua, gnóthaí poiblí agus bainistiú straitéiseach riosca.



Sular thosaigh sé in RTÉ, bhí Rory ag obair do Chúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Is céimí de chuid UCC é Rory áit ar bhain sé BA sa Stair amach. Bhain sé MA sna Meáin Idirghníomhacha amach in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chomh maith.



Eimear Cusack

Stiúrthóir, Acmhainní Daonna

Ceapadh Eimear ina Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna sa bhliain 2017. Tá taithí ag Eimear ar oibriú le cúrsaí dlí, baincúireachta, seirbhísí gairmiúla agus TEC i rith a saol oibre agus ceapadh ina Ceannasaí Acmhainní Daonna maidir leis an Ríocht Aontaithe agus Éirinn le Ericsson i sa bhliain 2013, áit a ndearna sí cláracha forleathana athrúcháin a leagan amach agus a chur i bhfeidhm. Lena bhfuil de thaithí aici ar straitéisí nuálaíochta i leith daoine, tá béim ag Eimear ar an gcaidreamh leis an bhfostaí, ar dhaoine cumasacha a mhealladh chun na heagraíochta agus ar bhainistíocht ina leith, agus ar chúrsaí foghlamtha agus forbartha.

Sular thosaigh sí ag obair le RTÉ, bhí straitéisí éagsúla idirathraithe, athchóiriúcháin agus comhtháite tugtha i gcoric ag Eimear i ndáil le seirbhísí bainistithe agus cásanna éadála.

Adrian Lynch

Stiúrthóir, Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht

Thosaigh Adrian ag obair in RTÉ in 2014 agus bhí sé ina Cheannasaí Cainéil le haghaidh RTÉ One agus RTÉ2 roimhe sin. Nuair a bhí sé sa phost sin, sheol sé sceidil uailmhianacha nua do na seirbhísí. Ina Cheannasaí Cainéil dó ar RTÉ One agus ar RTÉ2, thug Adrian réimse leathan d'ábhar cláir den iliomad seánra ar an scáileán agus is suntasach mar a d'éirigh le *Dancing with the Stars*, *RTÉ 1916*, agus cláracha faisnéise de leithéid *My Homeless Family* ar bronnadh gradaim orthu chomh maith.

Sular thosaigh sé le RTÉ, bhíodh Adrian ina Stiúrthóir Bainistíochta agus ina úinéir ar Animo Television, ceann de na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha is fearr ar éirigh leis in Éirinn. Ba é a bhí freagrach as roinnt de na cláracha is iomráit ar RTÉ One i rith a chuid ama le Animo, sraitheanna faisnéise ar bronnadh gradaim orthu ina measc, mar shampla *Freefall - The Night the Banks Failed*.

Paula Mullooly

Stiúrthóir, Cúrsaí Dlí

Ceapadh Paula ina Stiúrthóir ar Chúrsaí Dlí sa bhliain 2019. Sainaturnae meáin í Paula a bhfuil taithí os cionn 25 bliain aici sna meáin chraoltóireachta agus sa dlí príobháideach aici. Chuir sí comhairle ar réimse leathan cliant meán le linn a gairme agus rinne sí ionadaíocht thar a gceann chomh maith, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon, agus tá léachtaí tugtha aici ar dhlí na meán. Cheap an Rialtas í ina ball ar an nGrúpa Oibre um Leasú Clúmhille, a chuir tuarascáil ar fáil in 2003 trína ndearnadh leasuithe a mholadh agus dréacht-reachtaíocht a chur i láthair. Rinne sí fónamh chomh maith ar an gCoiste um Chomhlíonadh ag Údarás Craolacháin na hÉireann ó 2010 go dtí 2018 agus bhí sí ina Cathaoirleach ar an mBord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán ó 2004 go dtí 2012.



Geraldine O'Leary

Stiúrthóir Tráchtála

Thosaigh Geraldine le RTÉ in 1997 ina Bainisteoir, Díolacháin Teilifíse, agus fuair sí ardú céime go dtí Stiúrthóir, Díolacháin agus Margaíocht sa bhliain 1999. In 2003, ceapadh ina Stiúrthóir Tráchtála, Teilifís RTÉ, í agus bhí ról mór aici maidir le feidhm tráchtála RTÉ. Ceapadh ina Stiúrthóir Tráchtála, RTÉ í in Eanáir 2018 agus is í atá freagrach as gach ball foirne agus gach oibríocht tráchtála rannach agus tras-rannach in RTÉ a threorú. Is Comhalta í Geraldine de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann, Stiúrthóir Bunaitheach TAM Ireland agus is comhalta í de Chumann Margaíochta na hÉireann chomh maith le bheith ina Comhalta Boird de EGTA (Grúpa na hEorpa maidir le Fógraíocht Teilifíse). Bhí sí ina hUachtarán ar Bhord EGTA idir 2009 agus 2011.



Jim Jennings

Stiúrthóir, Ábhar

Ceapadh Jim ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Raidió RTÉ i mí na Samhna 2013. Déanann sé maoirseacht freisin maidir leis an mbainistíocht ar Cheolfhoireann Coirme RTÉ. Bhí Jim ina Cheannasaí ar RTÉ Raidió 1 sular ceapadh sa phost seo é. Sa bhliain 1985 a thosaigh Jim le RTÉ Radio 1, ag obair ar dtús le gnéchláracha agus cúrsaí reatha ar chláracha de leithéid *Today at Five* agus *The Pat Kenny Show*.



D'athraigh sé sa bhliain 1989 go dtí Teilifís RTÉ, mar a raibh roinnt poist shinsearacha aige, ina measc Léiritheoir Feidhmiúcháin ar *The Late Late Show*, *Election 2012* agus searmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. D'oibrigh sé freisin ina eagarthóir ar *Léargas*. Rinneadh Stiúrthóir ar Ábhar de Jim mar chuid den athstruchtúrú ar an eagraíocht sa bhliain 2017.



Richard Waghorn

Stiúrthóir, Oibríochtaí, Teicneolaíocht agus Athchóiriúchán

Thosaigh Richard le RTÉ ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta i mí Feabhra 2012. Ceapadh Richard ina stiúrthóir ar RTÉ Transmission Network DAC i rith na bliana 2013. Tá céim MBA ag Richard ó Henley Management College agus is céimí de chuid an University of Leeds é.

Bhí Richard ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta leis an South African Broadcasting Corporation idir na blianta 2009 agus 2011. Roimhe sin, chaith Richard ceithre bliana ina Stiúrthóir Dáiliúcháin leis an BBC agus é i mbun ceannródaíochta maidir leis an athrú go dtí córais dhigiteacha. D'oibrigh sé ar fud roinnt réimsí éagsúla leis an BBC, straitéis, meáin chumarsáide nua, dáiliúchán agus léiriúcháin raidió ina measc. Bhí Richard ina stiúrthóir boird ag Freesat agus ina bhainisteoir tionscadail maidir le seoladh Freeview sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2002.

Ghlac Richard ceannasaíocht ar ghníomhaíochtaí teicneolaíochta agus athchóiriúcháin RTÉ sa bhliain 2017, agus ghlac bainistíocht ar an rannán oibríochta sa bhliain 2019, mar chuid den atheagar ar an eagraíocht.

Deirdre McCarthy

Bainisteoir Stiúrtha, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Ceapadh Deirdre McCarthy ina Bainisteoir Stiúrtha, Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ i Nollaig na mblíana 2022 i ndiaidh comórtas poiblí. Is í Deirdre an chéad bhean atá ceaptha sa phost seo. Ceapadh ina Bainisteoir Stiúrtha eastramhach í i ndiaidh do Jon Williams an post a fhágáil níos luaithe sa bhliain agus threoraigh sí an tuairisciú a rinneadh ag imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear an tragóid sa Chraoslach i gContae Dhún na nGall chomh maith le *Lá an Bhuiséid* agus bás mhonarc na Breataine.

Bhí Deirdre ina hEagarthóir Bainistíochta ar chláracha Réigiún agus Nuachta Raidió agus ar thuairisciú gnó agus polaitíochta freisin, áit ar imir sí tionchar ar chlúdach straitéise agus nuachta réigiúnaí agus polaitíochta na heagraíochta agus ar chuir sí leis an golúdach sin agus ar fheabhsaigh sí aschur digiteach go háirithe. Bhí sí ina stiúrthóir ar fhorbairt na bpríomh-chláracha nuachta raidió (*Morning Ireland*, *News at One* agus *This Week*) agus bhain sí barr feabhais amach sa chraoltóireacht agus nearthaigh sí an chraoltóireacht i ngach ceann de na trí chlár a bhfuil duaiseanna buaite acu.

Roimhe seo bhí Deirdre ina hEagarthóir RTÉ ar Thuairisciú Polaitíochta i dTeach Laighean agus í ag stiúradh scéalta nuachta polaitíochta a thuairisciú chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar imeachtaí náisiúnta a chraoladh beo amhail Olltoghcháin, díospóireachtaí toghcháin, Reifrinn lena n-áirítear Comhionannas Pósta agus Ginmhilleadh agus imeachtaí Cuimhneacháin amhail Comóradh Céad Bliain Chath an Somme.

Idir na blianta 2008-2012 bhí Deirdre ina heagarthóir ar chlár polaitíochta tiomanta RTÉ, *The Week in Politics* agus na cláracha *Leaders' Questions* le linn am a raibh cior thuathail ollmhór sa pholaitíocht agus sa gheilleagar.

Rialachas Corparáide

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Tá comhaltaí Bhord RTÉ tiomanta maidir leis na caighdeán is airde a choinneáil ar bun maidir leis an rialachas corparáide agus leis an iompar i mbun gnó. Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* go mbeadh taithí nó cumas ag comhaltaí i gcúrsaí atá iomchuí don mhaoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí (Alt 82). Ní mór do chomhaltaí uile an Bhoird freisin a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach lena gcinntítear go ndéantar obair RTÉ, de bhun na gcuspóirí faoin reachtaíocht, go héifeachtach agus go críochnúil (Alt 87).

Cloíonn RTÉ leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód Cleachtais”).

Leagtar amach sa Chód Cleachtais na prionsabail maidir le rialachas corparáide a gceanglaítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit iad a chomhlíonadh. Áirítear orthu sin gnáis agus nósanna rialachais maidir le raon leathan réimsí, mar shampla, ról an Bhoird; cóid iompair agus nochtadh leasa; tuairisciú gnó agus airgeadais; bainistíocht i ndáil le réimsí baoil agus rialú inmheánach; caidreamh leis an Oireachtas agus leis an Roinn rialtais a dtagann an comhlacht faoina coimirce; agus gnáis rialála faoi leith maidir le raon réimsí eile. Leagtar amach tuilleadh eolais ar na réimsí sin sa chuid eile den chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Éilítear ar Chathaoirleach an Bhoird gach bliain a dheimhniú leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go bhfuil na cleachtais agus nósanna imeachta rialachais in RTÉ ag teacht leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Comhlíonann RTÉ freisin an ceanglas maidir le rialachas corparáideach agus ceanglais eile arna bhforchur ag an *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus ag an *Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001* agus an *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éilithe), 2018*.

Tá a Chód Iompair féin glactha ag an mBord chomh maith, ina leagtar amach an cur chuige atá aige i leith iompar gnó freagrach agus eiticiúil.

Bord RTÉ

Comhdhéanamh


Ceaptar Comhaltaí Bhord RTÉ faoi Alt 81 d'*Acht Craolacháin 2009* ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bhliana. Foráiltear faoin Acht do Bhord ar a bhfuil dáréag comhalta, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:

- Seisear comhaltaí a cheaptar ar ainmniúchán an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán;
- Déanann an Comhchoiste Oireachtais um Meán, Turasóireacht, Ealaíon, Cultúr, Spóirt agus Gaeltacht ceathrar comhaltaí a mholadh leis an Aire;
- Is comhalta ex-officio Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar duine amháin d'fhoireann RTÉ tar éis toghcháin.

Ceapann an rialtas duine de na comhaltaí chun gníomhú mar Chathaoirleach. Foráiltear faoin *Acht Craolacháin 2009* freisin do chothromaíocht idir na hinscíní maidir le comhaltas an Bhoird, trína éileamh go mbeadh ar na comhaltaí líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí cúigear ban agus seachtar fear ar Bhord RTÉ.

Tháinig athrú ar chomhaltaí Bhord RTÉ i rith na bliana.

Iléagsúlacht an Bhoird ó thaobh cúrsaí Inscne



Ceapadh Jonathan Ruane chuig an mBord ar an 8 Márta 2022, chun folúntas a tháinig chun cinn i Meán Fómhair na bliana 2021 a líonadh. Rinneadh a cheapachán tar éis don Chomhchoiste Oireachtais um Meán, Turasóireacht, Ealaíon, Cultúr, Spóirt agus Gaeltacht moladh a dhéanamh leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.


Tháinig deireadh le téarma oifige bheirt chomhaltaí Boird an 6 Samhain 2022: Moya Doherty, Iar-Chathaoirleach an Bhoird, agus Deborah Kelleher. Cheap an Rialtas na comhaltaí seo a leanas chuig an mBord le héifeacht ón 29 Samhain 2022 chun na folúntais sin a líonadh:

- Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)
- Aideen Howard.

Tar éis na gceapachán sin, bhí gairm phoiblí ar iarratais agus próiseas measúnaithe a bainistíodh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Leagtar amach sonraí beathaisnéise faoi dháréag comhaltaí an Bhoird, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2022, ar leathanaigh 96 go dtí 98 agus mionsonraí faoi théarmaí oifige san áireamh.

Iléagsúlacht an Bhoird maidir le Seilbh Oifige



Ról

Leagtar amach dualgais chomhaltaí an Bhoird in Alt 87 d'*Acht Craolacháin 2009*. Tugann comhaltaí an Bhoird treoir faoi stiúir chorparáideach agus straitéis RTÉ agus seasann siad ar son leasa an lucht féachana agus an lucht éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ na dualgais faoin reachtaíocht ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán an lucht Feidhmeannais a thabhairt ar bhealach tairbheach agus trí chuidiú le cuspoirí straitéise RTÉ a thabhairt chun cinn.

Tá éagsúlacht ag baint le cúlra, scileanna agus taithí chomhaltaí an Bhoird maidir le raon leathan réimsí gnó a bhaineann le hábhar maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chraoltóir seirbhíse poiblí. Leagtar síos na critéir maidir le comhaltacht ar an mBord in Alt 82 den *Acht Craolacháin 2009*. Luaitear i measc na gcritéar nithe mar seo a leanas: gnóthaí meán cumarsáide, craoltóireacht seirbhíse poiblí, ábhar craoltóireachta a léiriú, teicneolaíocht do mheáin dhigiteacha, gnó agus gnóthaí tráchtála, cúrsaí dlí agus gnóthaí rialúcháin agus nithe a bhaineann leis an nGaeilge a thabhairt chun cinn.

Déantar deighilt shoiléir ó thaobh freagrachtaí idir post Chathaoirleach an Bhoird, ar cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ann, agus post an Phríomh-Stiúrthóra.

Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, freagracht as cúrsaí oibriúcháin ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagracht an Chathaoirleach ceannasaíocht a dhéanamh ar an mBord, clár oibre an Bhoird a dheimhniú, éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú agus freastal do rannpháirtíocht iomlán a bheith ag gach comhalta den Bhord.

Bíonn cruinnithe go minic ag Cathaoirleach an Bhoird agus an lucht bainistíochta feidhmiúcháin leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun cúrsaí maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais RTÉ a phlé.

Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar struchtúir agus feidhmíocht an Bhoird féin. Rinne an Bord measúnú le linn 2022 ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmiú an Bhoird.

Nósanna Imeachta an Bhoird

Cuirtear cáipéisí mionteagaisc faoi RTÉ agus cúrsaí oibriúcháin RTÉ ar fáil do gach comhalta den Bhord ar a gceapadh. Tagann an Bord le chéile de réir sceideal cruinnithe rialta agus bíonn cruinnithe ann tráthanna eile freisin de réir mar a mheastar gá leis sin. Bíonn teacht iomlán go tráthúil ag gach comhalta den Bhord ar an eolas a theastaíonn chun cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta den Bhord in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas sa bhreis air sin ar fáil go héasca ag gach comhalta Boird ar a iarraidh.

Bíonn san áireamh le páipéir an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird miontuairiscí gach cruinniú coiste a tionóladh ón gcruinniú Boird roimhe sin nó, sa chás nach mbíonn miontuairiscí ar fáil an tráth a ndéantar na páipéir a dháileadh, tugtar cuntas ó bhéal ag cruinniú an Bhoird.

Bíonn teacht ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí Ghrúpa RTÉ atá freagrach as cinntiú go ndéantar de réir nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhalta aonair den Bhord comhairle lucht gairme a fháil agus dul faoi oiliúint ghairmiúil, más gá, ar chostas RTÉ. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord trína slánaítear comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí imeachtaí dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgas mar chomhaltaí den Bhord.

Tá sceideal foirmeálta leagtha síos maidir le cineálacha ábhair a choimeádtar don Bhord amháin maidir lena meas agus cinneadh a dhéanamh ina leith. Tagann réimsí buntábhachtacha de ghnó RTÉ faoi scáth an sceidil sin:

- Pleananna straitéise, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a aontú;
- Bearta móra infheistíochtaí, tionscadail chaipitil agus iasachtaí a aontú;
- Sócmhainní suntasacha a éadail, a dhiúscairt nó a lígean i léig;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht ó thaobh cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí airgeadais;
- An polasaí cistíochta agus polasaithe maidir le bainistíocht i leith riosca;
- Leibhéil údaráis tharmligthe, conarthaí móra a aontú san áireamh;
- An Príomh-Stiúrthóir agus an Rúnaí Grúpa a cheapadh (de réir Alt 89 den *Acht Craolacháin 2009*);
- Cathaoirleach/Stiúrthóirí/lontaobhaithe Fhochuideachtaí agus Scéimeanna Pinsin RTÉ a cheapadh; agus
- Athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Déantar ábhair áirithe eile a tharmligean le coistí de chuid an Bhoird, mar a leagtar amach thíos.

Bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt faoi imeachtaí an choiste ag na cruinnithe Boird, de réir mar is gá.

Coistí an Bhoird

Tá cúig cinn d'fhochoistí buana ar bun ag an mBord an 31 Nollaig 2022 chun cuidiú leis an bhfeidhmiúchán i leith na bhfreagrachtaí. Is iad sin an Coiste Iníuchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, Coiste na gCláracha, an Coiste maidir le Cóirtrádáil agus an Coiste Digiteach a bunaíodh le déanaí.

Leagtar amach ar leathanach 99 na comhaltaí atá ar gach coiste agus sonraí faoin bhfreastal a rinneadh ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana 2022. Feidhmíonn Rúnaí Ghrúpa RTÉ ina Rúnaí ar gach Coiste.

D'fhéadfaí coistí sealadacha a bhunú ó am go chéile chun déileáil le hábhair faoi leith de réir téarmaí tagartha sainiúla. Níor bunaíodh aon choistí sealadacha i rith na bliana 2022. Bhunaigh RTÉ Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta freisin ar bhonn reachtúil.

An Coiste Iníuchta agus Riosca

Tá ceathrar de chomhaltaí an Bhoird ar an gCoiste Iníuchta agus Riosca, agus comhaltaí iad triúr acu a mheastar a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Tá téarmaí tagartha an choiste, a nuashonraíodh i Meán Fómhair na bliana 2022, ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Ceannasaí Iníuchta Inmheánaigh ar chruinnithe an choiste, agus freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha de réir mar is gá. Foráiltear faoi théarmaí tagartha an choiste gur féidir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí eile den Bhord, d'fheidhmeannaigh agus do dhaoine eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith. Bíonn teacht go hiomlán, go díreach agus go neamhsrianta tráth ar bith ag an gCeannasaí Iníuchta Inmheánaigh agus ag na hiniúcháirí seachtracha araon ar Chathaoirleach an choiste. Anuas ar an méid sin, bíonn plé ar a laghad uair sa bhliain ag an gCoiste Iníuchta agus Riosca le hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha, gan daoine den lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon ábhar buartha gan sócrú.

Rialachas Corparáide

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 (ar lean)

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar na nithe seo a leanas i rith na bliana 2022:

Tuairiscí airgeadais

- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta iad. Bhí athbhreithniú an choiste dírithe go háirithe ar shreafaí airgid tuartha an Ghrúpa don tréimhse amach anseo, lena n-áirítear ar dhifriochtaí a d'fhéadfadh a bheith sna tuartha sin, i gcomhthéacs ghnóthas leantach an Ghrúpa a mheas. Áiríodh polasaithe cuntasaióchta, ar réimsí a dteastaíonn breithiúnas ina leith, a shoiléire agus a bhíochtadh á dhéanamh agus cúrsaí comhlíonta maidir leis na caighdeáin chuntasaíochta agus dlí is infheidhme in athbhreithniú an choiste chomh maith.
- Tuarascáil bhliantúil Léiriúchán Neamhspleách, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta í

Buiséadú agus gnóthaí airgeadais

- Buiséad bliantúil Ghrúpa RTÉ, sula gcuirtear ar aghaidh go foirmiúil chuig an mBord é
- Tuairisc rialta faoi fheidhmíocht an Ghrúpa ó thaobh cúrsaí airgeadais, gnóthaí pinsean san áireamh chomh maith leis an mbainistíocht riosca maidir le hathruithe ar rátaí malairte eachtraí
- Sreafaí airgid, socruithe baincéireachta agus saoráidí cistíochta RTÉ
- Nuashonruithe maidir le tionscadail mhóra caipitil
- Nuashonrú ar pholasaithe a cheadú

Rialú inmheánach agus bainistíú riosca

- Éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus tuairisc ar na torthaí a thabhairt don Bhoird
- Tuairiscí gach ráithe maidir le hábhar baoil agus athruithe i rith na bliana a mheas maidir leis na príomhbhaoil chorparáideacha
- Tuairisc mhion ón Urra Feidhmiúcháin maidir le roinnt de na príomhréimsí baoil do ghnó na corparáide
- Bainistíú riosca cibearshlánda

Rialachán agus comhlíonadh

- Cúrsaí comhlíonta maidir le Rialachas Corparáide, comhlíonadh an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* san áireamh
- Nuashonrú rialta maidir le GDPR agus maidir le cúrsaí dlí
- Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise
- Socruithe maidir le hábhar buartha a chur in iúl (sceithireacht) lena n-áirítear athbhreithniú agus nuashonrú ar an bPolasaí maidir le Nochtaí Cosanta sa bhliain 2022 chun comhlíonadh iomlán leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 a chinntiú

Iniúchadh Inmheánach

- An Plean don Iniúchadh Inmheánach
- Tuairiscí maidir le hIniúchadh Inmheánach agus an dul chun cinn maidir le bearta a shonraítear sna tuairiscí a chur i bhfeidhm. Cuireann an Ceannasaí Iniúchta Inmheánach tuairisc i láthair ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca, ina dtugtar cuntas achomair ar obair a rinneadh ó bhí an cruinniú deireanach ann agus ar thorthaí na hoibre sin, chomh maith leis na réimsí a lua a mbeifear ag díriú orthu don chéad tréimhse eile

Iniúchadh seachtrach

- An plan don iniúchadh seachtrach, scóip na hiniúchóireachta, de réir mar a leagtar amach sa Litir Fostaíochta, agus éifeachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta

- Tuairisc ón iniúchóir seachtrach tar éis iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus plé ar na ceisteanna a d'eascair uaidh sin

Cuireadh seisiúin eolais ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca i rith na bliana 2022 faoi chora nua i réimsí éagsúla maidir le rialachas corparáide, bainistíú riosca agus caighdeáin chuntasaíochta agus tugadh faoi athbhreithniú scoidealaithe ar théarmaí tagartha an Choiste.

Tá bearta cúraim curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht fheidhm na hiniúchóireachta seachtraí. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar na bearta cúraim sin. Anuas air sin, tá deimhneacht ag na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go leanann siadsan de nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ionas nach bhféadfadh tarlú go gcuirfí isteach ar a gcuid neamhspleáchais ná ar a gcuid oibiachtúlachta.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca an leibhéal seirbhíse neamhiniúchta a chuireann iniúchóirí seachtracha ar fáil agus na táillí a ghabhann leo a bhreithniú gach bliain i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúchóirí neamhspleácha mar chuid d'athbhreithniú an choiste ar leordhóthanacht agus ar oibiachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta seachtraí. Leagtar amach mionsonraí maidir le cineál na seirbhíse i rith na bliana reatha/i rith na mblianta roimhe seo nár bhain le hiniúchóireacht, agus maidir leis na táillí a bhaineann leo sin, i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

Coiste na gCláracha

Beirt de chomhaltaí an Bhoird a bhí ar Choiste na gCláracha amhail an 31 Nollaig 2022 agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha an bheirt acu. Breithníonn an coiste seo bearta forbartha agus pleananna mórtábhachtacha maidir le hábhar agus sceidil RTÉ. Ag gach ceann de na cruinnithe, buaileann an coiste leis na feidhmeannaigh atá freagrach an ábhar a léirítear agus a chuirtear ar fáil agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí (lena n-áirítear lucht déanta cláracha neamhspleácha go hinmheánach agus go seachtrach, de réir mar is gá) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar cláir atá á chur ar fáil agus ar na straitéisí agus na pleananna atá á leagan amach.

Maidir le riosca eagarthóireachta, tugann Coiste na gCláracha agus an Coiste Iniúchta agus Riosca a gcuid cláracha oibre le chéile ionas go goinntítear maoirseacht agus bainistíocht éifeachtúil maidir le baol ó chúrsaí eagarthóireachta. Tugann an Bord riosca eagarthóireachta i gceist i gcomhthéacs riosca go ginearálta, mar a mhínítear níos mine maidir le rialú inmheánach agus bainistíú riosca thíos.

An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

- Beirt de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, meastar gur comhaltaí neamhspleácha iad an bheirt. Tá téarmaí tagartha an choiste ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ. Áirítear na bearta seo a leanas a bheith ag baint le ról agus freagracht an choiste:
- Ceapachán, spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh leis an mBord sula n-iarrtar aontú an Rialtais. Déantar an t-athbhreithniú sin i gcomhthéacs pholasaí ábhartha an Rialtais. (Déanann téarmaí tagartha an choiste foráil freisin do ról an Leas-Phríomh-Stiúrthóra, nó aon duine arna cheapadh go sealadach chuig ról an Phríomh-Stiúrthóra de réir Alt 89 (8) den Acht Craolacháin 2009)
 - Comhairliúchán a dhéanamh leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir le pacáiste luach saothair don lucht bainistíochta feidhmiúcháin, le haird ar pholasaí an Rialtais maidir le luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí i gcomhlachtaí Stáit tráchtála.

- Comhairliúchán a dhéanamh leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir leis na conarthaí do chonraitheoirí "sárchumais"
- Breithniú a dhéanamh ar luach saothair aon chomhaltaí Boird d'fhochuideachtaí RTÉ nár cheap an Rialtas.

Bíonn cúnadh ag an gcoiste, de réir mar a bhíonn gá leis sin, ó dhuine a ainmníonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is de réir pholasaí an Rialtais a shocraítear luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní ábhar sin a thagann faoi scáth bhreithniú an Choiste seo go sonrach.

An Coiste maidir le Cóirthrádáil

Tá an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Pholasaí Cóirthrádála RTÉ. Beirt de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gcoiste agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha gach comhalta den choiste. Seo a leanas feidhmeanna an choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ón Oifigeach Cóirthrádála;
- Maoirseacht a dhéanamh, agus athbhreithniú nuair is gá, ar na gnáis agus ar an nós oibre inmheánach, an nós oibre maidir le gearáin san áireamh;
- Athbhreithniú a choimisiú nó ó am go chéile ar ghnáis cóirthrádála RTÉ.

Tá Polasaí Cóirthrádála, chomh maith le Nós Imeachta maidir le Gearáin faoi chúrsaí Cóirthrádála, ag RTÉ agus cuirtear an dá cháipéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin RTÉ.ie. Bhí an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh i leith an pholasaí sin i rith na bliana. I gcomhréir leis an bpolasaí sin, d'aontaigh an coiste tuarascáil maidir leis an bPolasaí Cóirthrádála agus a chur i bhfeidhm agus tá sin ar leathanach 181.

An Coiste Digiteach

Tháinig an Coiste Digiteach nuabhunaithe le chéile den chéad uair i Lúnasa na bliana 2022 agus triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha iad beirt acu.

Seo a leanas ról an choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí agus táirgí ar féidir ceangal leis an idirlíon agus a úsáideann RTÉ chun feidhmiú de réir sainordú teilifíse agus craolacháin fuaim
- Athbhreithniú measta a dhéanamh ar shamhlacha gnó digiteacha RTÉ, na cinn reatha agus na cinn atá beartaithe araon
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpríomh-thionscadal agus na bpríomh-sheirbhísí digiteacha agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna agus acmhainní RTÉ do dhaoine cumasacha teicniúla chun daoine cumasacha a tharraingt isteach amach anseo.

An Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta

Bunaíodh Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ ar bhonn reachtúil faoi Alt 96 den *Acht Craolacháin 2009* Cuirtear deis ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta tuairim a thabhairt maidir le toradh saothair RTÉ agus maidir le RTÉ maith a dhéanamh den sainchúram poiblí a leagtar air. Cuirtear comhairle ar Bhord RTÉ maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann le sainchúram poiblí RTÉ agus le riachtanais an lucht féachana agus éisteachta.

Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar réimse leathan leasanna agus oúlraí agus is é Bord RTÉ a cheapann iad, ag glacadh riachtanais an *Achta Craolacháin 2009* san áireamh. Ceapann Bord RTÉ chomh maith duine de chomhaltaí an Bhoird mar chomhalta ex officio ar an gComhairle. Tá Susan Ahern ceaptha faoi láthair a tháinig in áit an Dr. P.J. Mathews i Lúnasa na bliana 2022.

Is mar seo a leanas a bhí comhaltaí na comhairle amhail an 31 Nollaig 2022:


Artur Banaszkiwicz	Mark McNulty
Eamonn Grennan	Kieran O'Donovan
Míchéal Kilcrann	Robbie Sinnott
Genevieve Lynch	Abidemi Taiwo
Carmel McCreá	Ciara Wilson
Jacintha McGowan Nielsen	

Is í Susan Ahern atá ina Cathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ amhail an 31 Nollaig 2022.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le Comhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta agus le comhaltaí na Comhairle ar fáil ar <https://about.rte.ie/inside-rte/rte-audience-council/>

Neamhspleáchas Chomhaltaí an Bhoird

Comhaltaí Boird nach comhaltaí Neamhspleácha 17%



Comhaltaí Boird Neamhspleácha 83%

Bíonn breithiúnas, ceistiú agus díograis neamhspleách á gcur i bhfeidhm ag gach comhalta Boird maidir leis an ábhar a phléann an Bord. Tá meastóireacht déanta ag an mBord ar neamhspleáchas na gcomhaltaí de réir na gcoriúir neamhspleáchais a leagtar amach faoi Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe, an Cód maidir le Rialachas Corparáide atá i bhfeidhm maidir le cuideachtaí atá liostaithe ar Euronext, Baile Átha Cliath.

Iléagsúlacht an Bhoird maidir le cúrsaí Neamhspleáchais

Le haird ar ionracas, dianseasmhacht agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Bhoird, meastar go bhfuil gach comhalta den Bhord neamhspleách faoi na critéir sin. Ina ainneoin sin, is fostaithe de chuid RTÉ iad Dee Forbes agus Robert Shortt agus ní féidir dá bhrí sin, agus ar an gcúis sin amháin, iad a mheas mar chomhaltaí neamhspleácha den Bhord ar an 31 Nollaig 2022 de réir chritéir Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe.

Mar a luaitear níos mionsonraithe i nóta 24 (Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara), tharla idirbhearta gnó idir RTÉ agus comhaltaí áirithe den Bhord, nó daoine gar gaoil leo, le linn gnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Ainneoin idirbhearta mar sin, tá deimhnithe ag an mBord go bhfuil na comhaltaí Boird sin neamhspleách ina dtríthe agus ina mbreithiúnas. Agus an Bord ag teacht ar an gcomhairle sin, rinneadh an t-ábhar seo a leanas a mheas:

Rialachas Corparáide

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 (ar lean)

Bhí cás amháin lenar bhain cláracha a bheith á gcoimisiúnú ag RTÉ ó chuideachta léiriúcháin atá faoi úinéireacht / rialú duine muinteartha comhalta den Bhord. Chuir an Bord san áireamh sna cásanna sin gurb ann do Threoirlínte agus Nósanna Imeachta foirmeálta den fhollasacht maidir le Coimisiúnú, go bhfoilsítear iad ar láithreán gréasáin RTÉ agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad maidir leis na coimisiúin uile. Anuas air sin, is ar an lucht bainistíochta feidhmiúcháin atá an fhreagracht maidir le gach cinneadh ar leith maidir le coimisiún, déantar a mheas de réir critéir mheasúnaithe shoiléire agus is de réir gnáth-théarmaí agus gnáthchoinníollacha tráchtála i ngach cás a thugtar conarthaí i ngach cás. Ní ábhar an cinneadh maidir le coimisiún aon chlár faoi leith le tabhairt faoi mheas agus faoi bhreithniú an Bhoird. D'fhonn an fhollasacht a léiriú, déantar athbhreithniú neamhspleách ar nósanna imeachta coimisiúnaithe áirithe freisin gach bliain agus cuirtear tuarascáil bhliantúil faoi Léiriúchán Neamhspleách faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de réir Alt 116 (9) d'Acht Craolacháin 2009.

Bhreithnigh an Bord freisin ceist maidir le comhalta den Bhord, nó duine gar gaoil leo, a bheith á fhostú ag RTÉ faoi chonradh Ealaíontóra maidir le páirt a ghlacadh i gclár. Daoine den lucht eagarthóireachta agus bainistíochta líne a shocraíonn ar rannpháirtí nó láithreoir a fhostú do chlár, agus an aird chuí ar riachtanais an chlár agus ar scileanna agus taithe an duine atá á fhostú. Thug an Bord ar aird freisin gur ar na gnáth-théarmaí tráchtála a goeanglaítear conarthaí agus iad ag teacht le polasáí RTÉ maidir le daoine a fhostú. Níor tharla fostú ar bith a bhainfeadh le hábhar i rith na bliana 2022.

Rialú Inmheánach agus an Bhainistíocht maidir le Riosca

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais an Ghrúpa don rialú inmheánach agus le hathbhreithniú ar a éifeachtúlacht agus atá siad. Is chun bainistíocht a dhéanamh maidir le riosca nach mbainfí amach cuspóir gnó seachas chun an baol sin a chur ar neamhni a fad atá na córais sin leagtha amach agus is dearbhú réasúnta a thugtar leo nach dtarlóidh míráiteas ábhartha nó cailteanas agus ní dearbhú absalóideach.

Deimhníonn an Bord go raibh próiseas leanúnach ar bun ar feadh na bliana agus go dtí dáta cheadú na ráiteas airgeadais chun rioscaí suntasacha a bhainfeadh le RTÉ a shonrú, a mheas agus a bhainistiú. Tá an próiseas seo ag teacht leis an *Treoir faoi Bhainistíocht Riosca, faoi Rialú Inmheánach agus faoi Thuairiscí ar Chúrsaí Airgeadais agus Gnó a Ghabhann leis sin agus Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* na Comhairle. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht i leith an phróisis.

Glacann an Coiste Iniúchta agus Riosca leis gur cuid lárnach de chlár oibre an choiste an bhainistíocht i ndáil le riosca agus táthar díograiseach maidir le bainistíocht fhónta a dhéanamh ar an mbaol a mbeadh RTÉ ann agus maolú oiread agus is féidir ar an gcur isteach a bheadh aige ar na cuspóirí gnó a bhaint amach.

An Creatchóras Bainistíochta maidir le Cúrsaí Riosca

Tá creatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca ar bun ag RTÉ atá bunaithe ar struchtúir; freagracht i ndáil le réimsí baoil a leagan ar dhaoine; próisis agus córais trína dtugtar ábhar baoil chun suntais, trína ndéantar a mheas agus trína dtugtar tuairisc air; agus monatóireacht ar éifeachtúlacht na mbearta maolúcháin. Déanann an Stiúrthóir Straitéise, maoirseacht ar an gcreatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca agus déanann tuairiscí ina leith chuig an bPríomh-Stiúrthóir.

Bhí próiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca i bhfeidhm ag RTÉ i rith na bliana atá leagtha amach chun na réimsí riosca mórtábhachtacha a mbeadh an gnóthas ina mbaol a thabhairt chun suntais agus tuairisc a thabhairt don Bhord agus don Choiste Iniúchta agus Riosca ar na bealaí ina bhfuil bainistíocht á dhéanamh maidir leis na rioscaí. Diríonn an Bord go háirithe ar na cineálacha riosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do straitéis RTÉ nó rioscaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inniarthacht fhadtéarmach nó do dhea-chlú RTÉ. Mar a mhínítear níos mine thíos, tá dhá chéim i gceist leis an bpróiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca – meastóireacht straitéiseach ar an ábhar baoil a dhéanann Feidhmeannas RTÉ agus beart measúnachta áitiúil ar an mbaol a dhéanann an lucht bainistíochta líne sna rannóga.

Déanann lucht Feidhmeannas RTÉ an t-ábhar baoil a thabhairt chun suntais a thiofadh roimh straitéis RTÉ a thabhairt i gcorich. Luaitear Urra Feidhmiúcháin agus Úinéir Riosca le gach réimse a mheastar a bheith ina bhaol mórtábhachtacha agus coinnítear iad sin faoi athbhreithniú agus faoi mhonatóireacht leanúnach i rith na bliana. Coinníonn an tÚinéir Riosca súil ar na nithe ba chionsiocard leis an riosca agus coinnítear tuairisc ar na bearta rialála a dhéantar chun an baol a mhaolú. Déantar chomh maith táscairí baoil a shonrú a chuideodh leis an monatóireacht ar athrú maidir lena mhíne a bheadh an baol ann. Tugtar cuntas comhdhlúth ar an mbeartaíocht sin i goáipéis maidir le rioscaí straitéiseacha. Tá feidhm maidir le riosca a dhéanann maoirseacht agus athbhreithniú ar an obair seo anois agus ceangal cothaithe idir sin agus an próiseas pleanála straitéiseach faoi réimsí níos leithne ná sin ar fad. Cuirtear an cháipéis maidir le rioscaí straitéiseacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus faoi bhráid an Bhoird mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras don rialú inmheánach. Tugtar tuairisc reatha gach ráithe i rith na bliana freisin don Choiste Iniúchta agus Riosca faoi stádas na rioscaí éagsúla, faoi athruithe maidir le táscairí baoil agus faoi bhearta maolúcháin.

Ag teacht leis an bpróiseas straitéiseach a mhínítear thuas i ndáil le réimsí baoil a mheas, déantar cláracha baoil áitiúla a choinneáil d'fhonn ábhar baoil a mheas, an dóigh go dtarlóidh nó nach dtarlóidh na príomhtheagmhais a mbeifí ina mbaol a mheas agus an tionchar is dócha a bheadh ag na teagmhais dá dtitfidís amach. Déantar tuairisc ar na bearta bainistíochta a dhéantar maidir le gach baol.

Na Príomhréimsí Baoil agus Éiginnteachta

Mar chuid den phróiseas a mhínítear thuas maidir le hábhar baoil a shonrú, tá na príomhréimsí baoil leagtha amach a d'fhéadfadh a bheith ina gcur isteach ar ghnó, ar riocht airgeadais, nó ar thorthaí an Ghrúpa. Tugtar cuntas achoimre thíos ar na baoil straitéiseacha agus oibríochta. Níl i gceist gur anailís uilechuimsitheach seo ar gach ábhar baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an gnó a sheoladh. Déantar na príomhréimsí baoil a mheas ar bhonn leanúnach agus cuireann an lucht bainistíochta tuairisc ar athruithe suntasacha maidir leis an ábhar baoil a thugtar chun suntais, nó ar an tábhacht a bheadh leis an mbaol sin, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca.

Cuntas ar an Ábhar Baoil

Bearta Maolúcháin Reatha agus Beartaithe

Baoil Straitéiseacha & Deiseanna

Ioncam Tráchtála

Imríonn an t-aistriú sa mhargadh tráchtála i dtreo ardáin dhigiteacha, mar aon le teacht chun cinn samhlacha nua gnó agus teicneolaíochtaí ar bhonn leanúnach, tionchar ar chumas RTÉ ioncaim a choinneáil - féach freisin *Cúrsaí Dáileacháin agus Aistriú an Lucht Féachana & Éisteachta chuig IP*. Tá baol ann nach ndéanann RTÉ éagsúlú chun tairbhe a bhaint as deiseanna nua tráchtála mar fhreagra ar dhúshlán sa mhargadh.

- Cuntas agus tuairisciú maidir leis an lucht féachana agus éisteachta.
- Monatóireacht maidir le gnóthachtáil ioncaim agus tuar leanúnach ar an teacht isteach atá i ndán gach ráithe: déanann Feidhmeannas RTÉ monatóireacht gach coicis ar thuirisciú ioncaim, lena ngabhann tráchtairacht ar chúrsaí an mhargaidh agus na heacnamaíochta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar na tionchair reatha agus ar na tionchair atá ag teacht chun cinn ar staid airgeadais RTÉ de bharr neamhchinnteachta sa mhargadh agus fachtóirí eacnamaíochta seachtracha eile agus na tionchair sin a mheas.
- Tionscnaimh thráthúla oiriúnacha i ndáil le cúrsaí díolacháin agus ilmheáin maidir le timpeallacht iontaoifa RTÉ chun dul i ngleic leis an isliú ioncaim.
- Straitéis éagsúlaithe ioncaim RTÉ lena n-áirítear síniú isteach chun foinsí nua ioncaim a fhorbairt.

Rialú Meán agus Maoiniú Poiblí

Tá sainchúram seirbhíse poiblí leathan RTÉ comhaontaithe ag an rialtas agus leagtha amach i reachtaíocht.

Maoiniú poiblí easnamhach agus easpa leasaithe ar an goóras maoinithe poiblí; agus creachtóras rialála nach bhfuil ag dul in oiriúint go fóill don treo chun na meáin dhigiteacha a thapú (lena n-áirítear rialacha feiceálachta) a chuireann srian ar acmhainn RTÉ a chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí a chur ar fáil agus ar a chumas ioncam a shaothrú.

D'fhéadfadh toradh an FOMC agus aon athruithe ar rialúchán meán tionchar mór a imirt ar shamhail ghnó, ar oibriochtaí agus ar shainchúram seirbhíse poiblí RTÉ.

- Rannpháirtíocht rialta, réamhghníomhach le Coimisiún na Meán agus leis an RTCEGSM chomh maith le páirtithe leasmhara eile, agus aighneachtaí chuig próisis chomhairleoireachta e.g. Ciste Ábhar agus Feiceálacht PSM atá beartaithe, mar atá thuas.
- Rannpháirtíocht le Grúpa Comhairliúcháin Páirtithe Leasmhara an RTCEGSM agus le Coimisiún na Meán maidir le Moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (FOMC) a chur i bhfeidhm.
- Rannpháirtíocht leanúnach le príomhlucht na gcinntí lena n-áirítear Meitheal Theicniúil an RTCEGSM agus páirtithe leasmhara maidir le hathchóiriú ar an goóras Ceadúnais Teilifíse.
- Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá.
- Monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna maidir le táillí ceadúnais a bhailiú, ar na staitisticí maidir le teaghlaigh agus ar na rátaí seachanta.
- Comhoibriú leanúnach le An Post agus leis an RTCEGSM maidir le bailiú an táille cheadúnais agus gnóthaí gaolmhara.

Ábhar

An baol go dteipfeadh ar RTÉ ábhar atá ábhartha agus tarraingteach agus iléagsúil a chur ar fáil don lucht féachana agus éisteachta (go háirithe do dhaoine óga agus do dhreamanna den lucht féachana agus éisteachta ar lú an freastal a dhéantar orthu).

Tá sé seo sa chomhthéacs infheistíocht mhór a bheith á déanamh ag imreoirí domhanda in ábhar físeáin agus fuaimne agus baol ann go n-imreodh an boilsciú praghsanna ar ábhar tionchar ar chumas RTÉ an t-ábhar is fearr a fháil do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann. Tá baol freisin ann nach gcoinneodh RTÉ smacht ar an IP, d'fhonn an luach is fearr a fháil i ndáil leis an lucht féachana agus éisteachta, le cúrsaí aitreabúideachta agus le cúrsaí tráchtála.

Cúrsaí Dáileacháin agus Aistriú an Lucht Féachana & Éisteachta chuig IP

De réir mar a aistríonn an lucht féachana agus éisteachta i dtreo féachaint agus éisteacht le hábhar teilifíse agus raidió ar an goóras leathanbhanda, tá baol ann nach rachaidh RTÉ in oiriúint sách sciobtha chun coinneáil suas leis an athrú struchtúrtha seo i nósanna féachana agus éisteachta.

Tá sé sin i gcomhthéacs creachtórais rialála nach dtacaíonn go fóill le feiceálacht agus infhionntacht ábhar RTÉ ar ardáin dhigiteacha. Imríonn sé sin tionchar ar an gceangal atá ag RTÉ leis an lucht féachana agus éisteachta agus le spriocanna lucht féachana agus éisteachta, spriocanna tráchtála agus le spriocanna luacha chóir a bhaint amach.

- Cuntas agus tuairisciú maidir leis an lucht féachana agus éisteachta.
- Tionscnaimh i ndáil le hábhar freagrúil ilardáin maidir le gach cineál seánra agus seirbhíse: lena gcosnófar agus lena ndéanfar freastal ar lucht féachana agus éisteachta craolacháin agus lena bhfeabhsófar agus lena gcuirfear le hábhar agus le táirgí digiteacha RTÉ ag an am céanna.
- Earnáil láidir léiritheoirí neamhspleácha.
- Deiseanna comhchistíochta, e.g. Drámaíocht, comhroinnt ceart spóirt, infheistíocht RTÉ a threisiú chun tionchar níos mó a imirt.
- Straitéis Sonraí RTÉ (sonraí i gcomhair síniú isteach agus meiteashonraí).
- Monatóireacht agus anailís leanúnach ar chora nua sa teicneolaíocht agus ar nósmaireacht an lucht féachana agus éisteachta ar an margadh.
- Idirbheartaíocht leanúnach le hardáin reatha/atá ag teacht chun cinn agus le geatóirí ionscail chun barr feabhais a chur ar thairiscint ábhair RTÉ don lucht féachana agus éisteachta ar ardáin ilmheán.
- Oibriú i gcomhar le comhlachtaí ionscail/soláthróirí gréasáin/iomaitheoirí d'fhonn comhpháirtíochtaí dáileacháin a fhorbairt, nuair is cuí.
- Straitéis ar bun maidir le cúrsaí dáileacháin agus cearta ábhair.
- Rannpháirtíocht le príomhlucht na gcinntí, le príomhrialtóirí agus le príomhpháirtithe leasmhara maidir le feiceálacht agus iompar PSM agus cóid chlosamhairc ghaolmhara lena n-áirítear an RTCEGSM agus Coimisiún na Meán nuabhunaithe.

Rialachas Corparáide

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 (ar lean)

Cuntas ar an Ábhar Baoil

Branda & Clú

Má theiptear branda RTÉ a bhainistiú, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar dhearthaí na bpáirtithe leasmhara. Bheadh tionchar dá réir ansin ar an leibhéal muiníne agus tionchar b'fhéidir ar an éileamh reatha agus ar an éileamh amach anseo ar sheirbhísí RTÉ.

D'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaí dochar do chlú RTÉ dá dtiocfadh aon cheann de phríomhréimsí baoil RTÉ chun cinn agus go mbainfeadh sin ón tacaíocht i leith straitéis RTÉ.

Pleanáil Gnó agus Acmhainní Airgeadais

Ábhar baoil a bhaineann le leithrinnt bainistíocht straitéiseach ar acmhainní airgid le go ndéantar an infheistíocht is fearr a d'fhéadfaí in ábhar dúchasach/seirbhísí nua feabhsaithe agus caipiteal (sa ghnó); smacht agus íslíú ar an gcostas oibriúcháin agus luach ar an airgead a thabhairt i gcrích ar fud na seirbhísí go léir.

Tagann i gceist leis seo freisin an bhainistíocht leanúnach ar chúlchistí airgid thirim agus ar chistíocht bainc ionas go mbiann ciste leordhóthanach ar fáil maidir leis an airgead tirim a theastaíonn do chúrsaí leanúnacha oibriúcháin, agus chun infheistíocht a dhéanamh sa ghnó.

Baoil Oibríochta

Daoine agus Scileanna

An baol nach ndéanann RTÉ próifíl scileanna an lucht saothair a chur in oiriúint chun na tosaíochtaí atá leagtha amach i straitéis RTÉ (go háirithe cumais dhigiteacha) a chur ar fáil agus nach goinníonn suas le cúrsaí le himeacht aimsire.

Áirítear ar an mbaol fadhbanna le rátaí ísle athraithe lucht saothair agus leis an gcumas foireann a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, go háirithe i gcomhair ról speisialtóra, i gcomhthéacs áit mhargaidh iomaíoch ar a n-áirítear imreoirí digiteacha domhanda.

Áirítear air sin freisin an baol nach n-éireodh le RTÉ maith a dhéanamh ar thiomantais ilchineálachta agus uileghabhálachta d'fhonn lucht saothair iléagsúil a choinneáil ar an aer agus den aer araon

Bíonn baol níos mó gortaithe, fuadaigh nó báis i gceist le foireann RTÉ a imlonnú chuig timpeallachtaí doicheallacha.

Cúrsaí Eagarthóireachta

D'fhéadfadh damáiste do chlú RTÉ sa chás go dtarlódh teip thromchúiseach cloí leis na caighdeáin eagarthóireachta nó le coinníollacha eile maidir le cothroime, neamhchlaonadh agus príobháideacht cur isteach ar leibhéal muiníne an lucht féachana agus éisteachta, dochar a dhéanamh don bhranda agus a bheith ina chúis le himeachtaí dlí.

Pleanáil Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste

An baol a bhaineann le himeacht force majeure (amhail Covid-19) a chuireann isteach ar leanúnachas agus ar tháirgeacht gnó, nó teip ar theicneolaíocht rithábhachtach, ar bhonneagar/maoin nó ar shlándáil, nó ar ghníomhaíochtaí tríú páirtí (e.g. cibirionsaí, gníomhaíocht soláthróra).

Bearta Maolúcháin Reatha agus Beartaithe

- Straitéis Bhrandála RTÉ a chur i bhfeidhm - leagan amach brandála nua agus cur in iúl na cruthaitheachta do RTÉ
- Plean bliantúil margaíochta - feachtais bhrandála agus ábhair.
- Clú agus rianú brandála.
- Príomh-íomhánna ealaíne d'ardchaighdeán a chur ar fáil chun tacú le hinfhionntacht.
- Infheistíocht i dtionscnaimh margaíochta chun ábhair a chur chun cinn agus luach a léiriú.
- Tionscnaimh Fhreagracht Sóisialta na Corparáide (CSR).
- Treoirilínte atá curtha in iúl go soiléir agus cloí le polasaithe.
- Próiseas chun cásanna a chur faoi bhráid daoine níos sinsearaí sa chóras agus pleanáil maidir le bainistíocht ar chásanna géarchéime.

- Próiseas buiséadaíochta ar bun maidir leis an mbuiséad bliantúil.
- Cuntais bhainistíochta agus meastacháin ar bhonn míosúil, lena ngabhann an tuairisciú ar an teacht isteach agus ar an gcaiteachas i gcomórtas leis an mbuiséad.
- Próiseas buiséadaíochta caipitil agus Coiste Caipitil ar leith.
- Réimse feidhme maidir le cistíocht agus bainistíocht ar airgead tirim a oibríonn de réir polasaí cistíochta aontaithe.
- Meastacháin airgid meántéarmacha ilbhlianta.
- Teorainneacha ceadaithe bainistíochta agus údarais airgeadais i bhfeidhm maidir le caiteachas ar fad.

- Straitéis AD chomhtháite a bhfuil riachtanais ghnó, saolré iomlán an fhostaí agus rannpháirtíocht an fhostaí ann.
- Athbhreithniú ról agus grád - Tá Willis Towers Watson i mbun struchtúr ról agus grádaithe RTÉ a mheas, lena n-áirítear measúnú ar na scileanna a theastaíonn ó RTÉ anois, agus san am atá le teacht. Tá tagarmharcáil tuarastail mar chuid bhunúsach den athbhreithniú seo.
- Straitéis foghlama agus forbartha gairmiúla ar leibhéal na heagraíochta trí RTÉ Learn i gcomhar leis na réimsí gnó.
- Plean gnímh maidir le hIlchineálacht agus Uileghabhálacht chun ilchineálacht agus coinneáil foirne a spreagadh lena n-áirítear ilchineálacht san earcaíocht, clár intéirneachta, oiliúint agus tionscnaimh for-rochtana pobail.
- Tugtar oiliúint i ndáil le timpeallacht doicheallach do bhaill foirne ar fad atá á n-imlonnú agus cuirtear bearta maolaithe eile i bhfeidhm (e.g. feithiclí armúrtha) nuair is gá. Tacaíocht maidir le Bainistíú Teagmhais Chriticiúil a thabhairt isteach.

- Treoirilínte Iriseoireachta & Abhair RTÉ.
- Slabhra bainistíochta sainsonraithe agus struchtúir eile eagarthóireachta lena n-áirítear An Bord um Chaighdeáin Eagarthóireachta.
- Oiliúint ar an lucht foirne.
- Rochtain ar chomhairle dlí agus ar oiliúint, leanúnach.
- Próiseas Gearáin faoin Reachtáíocht.

- Pleananna leanúnachais gnó agus bainistíochta géarchéime athnuaite atá ag teacht le caighdeáin ISO.
- Buanseasmhacht agus iomarcacht a bheith ina gcuid chóirithe de na próisis ghnó: Gnáis cóipeanna taca TE; seachfhreastalaithe; gné iomarcachta maidir leis an gcóras tarchuradóireachta náisiúnta don chraolachán; etc.
- Straitéis teicneolaíochta.
- Straitéis mhaoine ilbhliantúil.

Cuntas ar an Ábhar Baoil

Cibirionsaí nó sárú i ndáil le sonraí

An baol a bhaineann le cibirionsaí a bhféadfadh na nithe seo a leanas tarlú mar gheall air; sonraí rúnda/iogaire a nochtadh agus/nó leas a bhaint astu, briseadh córais, sárú i ndáil le sonraí nó cailliúint sonraí; lena n-imrítear tionchar ar leanúnachas agus aschur gnó bainteach le Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaiste

ESG - Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais

Maidir lenár gcur chuige i leith gníomhaithe ar son na hAeráide agus i leith inbhuanaitheachta, ar an aer agus den aer araon, agus ár n-ullmhacht do na hathruithe sna hoibleagáidí tuairiscithe neamhairgeadais, tá an baol ann nach gcomhlíonann siad sin na riachtanais chomhlíontachta atá ag méadú agus an méid a bhfuil páirtithe leasmhara ag súil leis lena n-áirítear an rialtas, rialtóirí, an lucht féachana agus éisteachta agus soláthróirí.

Comhlíontacht dlí agus rialála

D'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chlú agus/nó pionós airgeadais a bheith i gceist i goás nach gcomhlíontar na caighdeáin agus na hoibleagáidí dlí agus rialála, lena n-áirítear polasaithe inmheánacha.

Anuas ar an bpróiseas bainistíochta riosca mar a sonraíodh thuas, tá creatchóras rialaithe inmheánach curtha ar bun ar bhonn docht d'fhonn rialú inmheánach den éifeacht a thabhairt i gcrích, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- Struchtúr eagrúcháin atá leagtha amach go soiléir, lena mbaineann saindealú foirmeálta maidir le teorainneacha údaráis agus córais tuairiscithe le leibhéal bainistíochta níos airde agus leis an mBord;
- Ráiteas maidir le cinntí forchoimeáda don Bhord lena mbreithniú agus le cinneadh a ghlacadh ina leith;
- Cóid iompair maidir leis an ngnó do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe ina leagtar amach na caighdeáin eiteice a bhfuil súil leo agus duine i mbun gnó;
- Nósanna imeachta atá leagtha síos chun riosca mórtábhachta a chuirfeadh isteach ar an ngnó a thabhairt chun aire, a smachtú agus a thuairisciú;
- Córais chuimsitheacha do bhuiséid le buiséid airgeadais bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- Próiseas pleanála do gach rannán agus pleananna straitéiseacha fadtéarmacha arna gceadú ag an mBord;
- Tuairisciú tráthúil de réir na míosa, leis na torthaí iarbhir á lua i gcomparáid leis an mbuiséad agus sin á bhreithniú ag an mBord gach mí;
- Polasaí maidir le Nochtuithe Cosanta trína gcuirtear córas ar fáil don lucht foirne lenár féidir tuairisc a thabhairt faoi rún agus, más gá, gan ainm a lua, mar gheall ar ábhar buartha; agus
- Beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le bearta rialála i goúrsaí oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear gealltanais agus caiteachas caipitil. Tugtar faoi thionscadail mhóra caipitil i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus tá cead ón mBord de dhíth.

Bearta Maolúcháin Reatha agus Beartaithe

- Caighdeáin agus polasaithe cibearshlándála agus rialachais.
 - Bainistiú sócmhainní, bainistiú leochaileachta, intleacht bhagartha agus monatóireacht, leanúnach.
 - Oiliúint foirne, feasacht ar shlándáil agus tástáil slándála.
 - Rialachas Sonraí agus Grúpa Stiúrtha Sonraí GDPR i bhfeidhm.
 - Ionad Oibriúcháin Slándála agus Teagmhas Slándála agus Bainistiú Imeachtaí.
 - Plean freagra i leith cibir-theagmhais.
 - Measúnú ar chórais chriticiúla, córais chúltaca agus córais athshlánaithe ó thubaiste.
-
- I bplean Gníomhaithe ar son na hAeráide RTÉ, tugtar sainmhíniú ar struchtúir rialachais corparáide i leith gníomhaithe ar son na haeráide, ar pholasaithe agus ar ghníomhartha chun spriocanna a bhaint amach (faoi réir tacaíochtaí riachtanacha).
 - Ábhar inbhuanaitheachta agus aeráide RTÉ.
 - Grúpa Craoltóirí Glasa RTÉ.
 - Féinthuiscint agus oiliúint.
 - Deimhniúchán Léiriúcháin Inbhuanaithe Albert.
 - Córais chomhlíontacha agus éifeachtacha maidir le tomhas astaíochtaí agus spriocanna laghdaithe.
 - Nochtáí i dtuairisciú feidhmíochta agus airgeadais.
 - Ath-dheimhniúchán don Mharc Gnó mar bhunchloch úsáideach.
-
- Treoirilínte agus polasaithe leasaithe agus iad a chur i bhfeidhm.
 - Cumarsáid rialta agus oiliúint ar an lucht foirne.
 - Monatóireacht agus athbhreithniú dlí.
 - Córas sainsonraithe maidir le rialachas corparáide agus rialáil oibriúcháin.
 - Coistí ceadaithe corparáide maidir le beartaíocht tráchtála.
 - Slabhra bainistíochta sainsonraithe maidir le cúrsaí dlí.
 - Idirchaidreamh leanúnach le hathbhreithnithe Roinne/Rialála.

Déanann Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú de réir córais ar na bearta rialála seo ag cur chuige ar bhonn riosca. Deimhniú an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh sa phróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Breithniú a dhéanamh ar an údarás, ar na haomhainní agus ar chomhordú na ndaoine a bhfuil baint acu le rioscaí suntasacha a mbeadh RTÉ ina mbaol a shonrú, a mheas agus a bhainistiú;
- Athbhreithniú agus meastóireacht ar thoradh an phróisis measúnaithe agus bainistíochta maidir le riosca;
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha riosca ón lucht bainistíochta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an golár oibre don iniúchadh inmheánach agus na príomhthorthaí a bhreithniú; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha, a dhéanamh, mar chuid dá ngnáthnósanna imeachta, scrúdú ar ghnéithe de na córais don rialú inmheánach agus tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca ar aon easnamh suntasach.

Rialachas Corparáide

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 (ar lean)

Gnóthas Leantach

Bhreithnigh comhaltaí an Bhoird sreabhadh airgid, leachtacht agus gníomhaíochtaí gnó an Ghrúpa. Breithníodas sreabhadh airgid tuartha an Ghrúpa maidir le chomh fada agus is intuartha agus na héagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na tuartha sin a mheas. Tar éis na fiosrúcháin sin a dhéanamh, tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an Bhoird go bhfuil acmhainní dóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó oibriúcháin chomh fada agus is intuartha. Mar gheall air sin, leanann siad de ghlacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Déan tagairt do Nóta 1 a) (iv) sna ráitis airgeadais chun tuilleadh sonraí a fháil.

Táillí Chomhaltaí an Bhoird¹

Cloíonn RTÉ le polasaí an Rialtais maidir le táillí a íoc le cathaoirleach agus stiúrthóirí chomhlachtaí Stáit, faoi mar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an bprionsabal "aon tuarastal amháin d'aon duine amháin", níl fostaíthe sa tseirbhís phoiblí atá ag suí ar bhoird stáit i dteideal táillí boird breise.

I mí na Samhna 2019, i gcomhthéacs tionscnamh laghdaithe costais a aithníodh mar chuid de straitéis leasaithe RTÉ 2020–2024, d'fhógair comhaltaí an Bhoird go raibh sé i gceist acu a gcuid táillí a tharscaoileadh, le feidhm ón 1 Eanáir 2020, Leanadh leis sin go dtí Meán Fómhair 2022 go dtí gur íocadh na táillí ar ais le comhaltaí an Bhoird, sa chás go raibh táille infheidhme.

Dá thoradh ar an gcinneadh sin, níor fhabhraigh comhaltaí reatha ná iarchomhaltaí aon táillí sa bhliain 2021; tá feidhm ag na táillí ó Mheán Fómhair 2022 más infheidhme.

	2022	2021
	€'000	€'000
Comhaltaí an Bhoird amháin an 31 Nollaig 2022		
Siún Ní Raghallaigh	1	-
Susan Ahern	16	-
Dee Forbes	-	-
David Harvey	5	-
Daire Hickey	5	-
Aideen Howard	3	-
Ian Kehoe	5	-
An Dr P.J. Mathews	-	-
Connor Murphy	5	-
Anne O'Leary	5	-
Jonathan Ruane	5	-
Robert Shortt ²	5	-

Íocaíochtaí le hIarchomhaltaí Boird

Moya Doherty	6	-
Deborah Kelleher	-	-

1. Is comhaltaí neamhfheidhmiúcháin comhaltaí uile an Bhoird, seachas an Phríomh-Stiúrthóir, Dee Forbes, a dhéanann fónamh mar chomhalta ex officio agus Robert Shortt, a ceapadh i ndiaidh toghchán foirme.

2. Chomh maith leis na táillí Boird, rinneadh Robert Shortt a íoc ina fhostaí de chuid RTÉ.

Costais Chomhaltaí an Bhoird¹

Ag teacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ní mór an foilsiú seo a leanas a dhéanamh i ndáil le costais a íocadh le comhaltaí den Bhoird:

	2022	2021
	€'000	€'000
Taisteal – míleáiste	-	-
Liúntais chothabhála	-	-
	-	-

1. Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas leis an bhfónamh ar an mBord amháin agus ní thugtar san áireamh costais chomhaltaí ina gcóil mar fhostaithe de chuid RTÉ.

Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra

Tá an luach saothair don Phríomh-Stiúrthóir ag cloí le polasaí an Rialtais faoi luach saothair príomhoifigeach feidhmiúcháin na gcomhlachtaí Stáit tráchtála a shocrú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus arna cheadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. I gcomhlíonadh an cheanglais nochtaithe atá sa *Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus in Alt 305 d'*Acht na gCuideachtaí 2014*, tá luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra comhdhéanta de:

	2022	2021
	€'000	€'000
Luach Saothair:		
– Buntuarastal	233	225
– Liúntas gluasteáin	25	25
Luach Saothair Iomlán	258	250
Ranníocaíochtaí Sochair Scoir ¹	58	56
	316	306

1. An méid a d'íoc RTÉ le scoim pinsin ranníoca sainithe.

Thabhaigh Dee Forbes costais dar suim iomlán €6,056 (2021: €2,119) i mbun dhualgais phost an Phríomh-Stiúrthóra a dhéanamh.

Níor deonaíodh ná níor íocadh aon phá de réir feidhmiúchta maidir leis an mbliain 2022 ná leis an mbliain 2021. Mar chuid de thionscnamh laghdaithe costais d'aontaigh comhaltaí an Fheidhmiúcháin laghdú 10% ar thuarastal a ghlacadh roimh thús na paindéime domhanda, cuireadh deireadh leis an laghdú sin i Meán Fómhair 2022.

Tuarascáil Chomhaltaí An Bhoird Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Cuireann comhaltaí Bhord RTÉ an tuarascáil bhliantúil maille le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 i láthair.

Príomhbheartaíocht

Is é RTÉ an craoltóir seirbhíse poiblí in Éirinn agus cuirtear seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil don lucht féachana agus éisteachta. Chomh maith leis sin foilsíonn RTÉ an *RTÉ Guide*, oibrítear seirbhísí teilifíse agus cuirtear raon leathan seirbhísí ar líne atá bunaithe ar an ngréasán ar fáil saor in aisce. Tríd an bhfochuideachta, RTÉ Transmission Network DAC, atá faoi lán-úinéireacht ag RTÉ agus atá ag trádáil mar 2rn, cuirtear córas tarchuradóireachta líonra analógach agus digiteach agus áiseanna crann craolta ar fáil do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, ritheann RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ, mar aon le grúpaí oifige eile.

Athbhreithniú ar an nGnó

Leagtar amach athbhreithniú mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana 2022 agus forbairtí don todhcháil san athbhreithniú ar chúrsaí Oibriúcháin ó leathanach 38 go dtí leathanach 94 agus san athbhreithniú ar chúrsaí Airgeadais ó leathanach 28 go dtí leathanach 36. Tugtar san áireamh leis na bearta athbhreithnithe sin na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta os comhair an Ghrúpa agus déantar anailís ar na príomhtháscairí feidhmíochta, idir tháscairí a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus táscairí eile. Déantar athbhreithniú ó leathanach 176 go dtí leathanach 180 ar fheidhmíocht RTÉ maidir le maith a dhéanamh de na gealltanais bhliantúla don lucht féachana agus éisteachta, arna leagan amach sa Ráiteas Bliantúil maidir le Gealltanais Feidhmíochta don bhliain 2022.

Torthaí na Bliana

Leagtar amach torthaí na bliana don Ghrúpa sa Ráiteas faoin Ioncam ar leathanach 115 agus sna nótaí a ghabhann leis an Ráiteas sin.

Comhaltaí an Bhoird

Leagtar amach ó leathanach 96 go dtí leathanach 98 ainmneacha na ndaoine a bhí ag fónamh ina gcomhaltaí ar an mBord ar an 31 Nollaig 2022.

Rialachas Corparáide

Leagtar amach socrúithe RTÉ maidir le cúrsaí rialachais corparáide sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáide leathanaigh 102 go dtí 110
- Próifílí chomhaltaí an Bhoird leathanaigh 98 go dtí 98
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 112

Comhlíontas na Stiúrtóirí

Tugtar isteach faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, a bhfuil feidhm leis maidir le fochuideachtaí RTÉ, coinníoll go ndéanfadh stiúrtóirí comhlíonadh na ndualgas ábhartha (faoi réir mar a shainmhínítear sin in Alt 225(1) an Acht) atá ar chuideachta a chinntiú sa chás go dtagann méid na cuideachta le critéir áirithe a leagtar síos san Acht.

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag RTÉ ionas go goinntítear, sa chás go bhfuil feidhm leis, go gcomhlíonann na fochuideachtaí gach a n-éilítear maidir le ráitis chomhlíontais ó stiúrtóirí faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Taifid Chuntasaíochta

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go ndéantar leabhair agus taifid chuntasaíochta a choimeád go cuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, lucht cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus an saineolas cuí acu a fhostú agus dóthain acmhainní a chur i leith fheidhm na gcúrsaí airgeadais. Is i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 a choimeádtar leabhair cuntasaíochta an Ghrúpa.

Cuntais a Íoc

Admhaíonn comhaltaí an Bhoird an fhreagracht a leagtar orthu maidir lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), 2012* arna leasú le *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)(Leasú), 2016* ('na Rialacháin'), maidir le gach gné ábhartha. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ionas go sonraítear gach dáta ar a mbíonn dlite sonrasc le híoc agus go gcoinntítear go ndéantar an íocaíocht faoin dáta faoi leith sin. Cuirtear ar fáil le nós imeachta den chineál sin dearbhú réasúnach nach dtarlódh neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na Rialacháin. Ba é a bhí de pholasaí íocaíochta i rith na bliana faoi chaibidil ná coinníollacha na Rialacháin a shásamh.

Cuideachtaí an Ghrúpa

Tugtar eolas maidir le gnóthais fhochuideachta agus gnóthais ghaolmhara i nóta 18 leis na ráitis airgeadais.

Ionstraimí Airgeadais

Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tá siad leagtha amach i nóta 21 leis na ráitis airgeadais.

Iniúcháir

Leanfaidh na hiniúcháirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnóthas Iniúcháireachta Reachtúil, in oifig de réir Alt 383 (2) *d'Acht na gCuideachtaí, 2014*.

Sintíús Pholaitíochta

Ag tagairt *d'Acht Toghcháin, 1997*, ní thugann RTÉ aon sintíús polaitíochta.

Faisnéis a bhaineann le hÁbhar na hIniúcháireachta

Is é tuairim chomhaltaí an Bhoird go ndearnadh gach beart is gá ionas go mbeidís ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúcháireachta agus gur cinntíodh go raibh iniúcháirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh mór agus is eol sin do na Stiúrtóirí, níl aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúcháireachta nach bhfuil iniúcháirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas mar gheall air.

Thar ceann an Bhoird

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Anne O'Leary
Comhalta Boird agus
Cathaoirleach an Choiste Iniúchta
agus Riosca

20 Meitheamh 2023

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Tá de fhreagracht ar chomhaltaí Bhord RTÉ (“Bord RTÉ”) an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* (“reachtaíocht an chraolacháin”) ar Bhord RTÉ ráitis airgeadais don Ghrúpa agus do RTÉ a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin, tá roghnaithe ag Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Ní cheadaíonn Bord RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa mura bhfuil sé sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus ar bhrabús nó cailteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ á ullmhú, déanann comhaltaí Bhord RTÉ:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama;
- A rá cibé ar ullmháid na ráitis airgeadais de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an grúpa agus RTÉ i mbun gnó.

Tá Bord RTÉ freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas an Ghrúpa agus RTÉ agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha leo ag an AE agus go gcomhlíonann siad forálacha reachtaíocht an chraolacháin agus forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*. Tá Bord RTÉ freagrach go ginearálta as gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d’fhonn sócmhainní RTÉ agus an Ghrúpa a chaomhnú agus d’fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais. Tá Bord RTÉ freagrach freisin as Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ullmhú a chomhlíonann forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas faoi rialachas corparáideach ar leathanaigh 102 go dtí 110 go gcomhlíonann an *Grúpa Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as caomhnú agus sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D’fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Anne O’Leary
Comhalta Boird agus
Cathaoirleach an Choiste Iniúchta
agus Riosca

20 Meitheamh 2023

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ

Tuarascáil ar an iniúchóireacht maidir leis na ráitis airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais RTÉ

Is é ár dtuairim go dtugann ráitis airgeadais Ghrúpa RTÉ (an Grúpa) agus Eintiteas RTÉ (an tEintiteas):

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a chaillteanas an Grúpa don bhliain dar chríoch sin; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais cuí agus, go háirithe, de réir cheanglais *Acht Craolacháin 2009*.

Tá na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu comhdhéanta de:

Ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach;
- Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 26, lena n-áirítear achoimre ar na polasaithe cuntasáochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Ráitis airgeadais an Eintitis:

- Ráiteas ar an Staid Airgeadais;
- Ráiteas faoi Athrú ar Chothromas;
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid;
- na nótaí gaolmhara 1 go 26, lena n-áirítear achoimre ar na polasaithe cuntasáochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

An *tAcht Craolacháin 2009* agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (IFRSanna arna nglacadh ag an AE) (“an creat tuairiscithe airgeadais cuí”) an creat tuairiscithe airgeadais cuí a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis á n-ullmhú.

Bunús leis an tuairim

Rinneadh an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Tugtar cuntas thíos ar a bhfuil de fhreagracht orainn faoi na caighdeáin sin faoin gceannteideal *Freagracht na n-iniúchóirí i ndáil le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais sa tuarascáil seo*.

Tá na hiniúchóirí neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Eintiteas i gcomhréir leis na coinníollacha eitice a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanamid ar ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eitice san áireamh arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus rinneamar gach freagracht eitice a chomhlíonadh i gcomhréir leis na coinníollacha sin. Is é ár dtuairim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuairamar leordhóthanach agus oiriúnach mar bhunús lenár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Tá cinnte againn, agus iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais, go bhfuil an úsáid a bhaineann na stiúthóirí as bonn cuntasáochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon neamhchinnteachtaí ábhartha aitheanta againn maidir le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh, bíodh sin ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, ar chumas an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó thugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúthóirí maidir le gnóthas leantach i goodanna ábhartha den tuarascáil seo.

Eolas eile

Tá an t-eolas eile déanta suas den eolas atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa, seachas an t-eolas atá sna ráitis airgeadais agus i dtuarascáil an iniúchóra. Is iad na stiúthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa. Ní bhaineann an tuairim a thugaimid faoi na ráitis airgeadais leis an eolas eile agus, seachas a mhéid a luaitear go sainráite sa tuarascáil, ní luaimid dearbhú d'aon sórt ina leith sin.

Is é atá de fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, ar a dhéanamh sin dúinn, a mheas cibé, bunaithe ar an obair iniúchóireachta, an bhfuil an t-eolas ansin ina mhiráiteas ábhartha nó ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó ag teacht leis an eolas atá againne ón iniúchóireacht. Má thugaimid aon mhiráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, éilítear orainn a chinneadh cibé an miráiteas ábhartha sin sna ráitis airgeadais nó an miráiteas ábhartha é san eolas eile. Má chinnimid, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go bhfuil miráiteas ábhartha ann i leith an eolais eile seo, tá dlíte orainn sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ (ar lean)

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte go dtugtar léargas fíor cóir iontu agus go bhfuil siad ag cloí seachas sin le *hAcht Craolacháin 2009*, agus as an rialú inmheánach sin a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé an calaois nó earráid ba chúis lena leithéid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as acmhainn an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint i mbun gnó mar ghnóthas leantach a mheas, as nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh de réir mar is gá agus as bonn cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil de rún ag na stiúrthóirí an Grúpa agus an tEintiteas a leachtú nó éirí as an ngnó, nó nach bhfuil aon rogha eile ag na stiúrthóirí le fírinne ach sin a dhéanamh.

Freagracht na nIniúchóirí i ndáil le hIniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Is é a bhíonn de chuspóir againn dearbhú réasúnach a thabhairt maidir leis na ráitis airgeadais tríd is tríd a bheith saor ó mhíríteas ábhartha, cibé ar calaois nó earráid ba chúis lena leithéid, agus tuarascáil iniúcháir a eisiúint a bhfuil ár dtuairim ina chuid de. Is dearbhú ar leibhéal ard dearbhú réasúnach ach níl ráthaíocht i gceist leis go dtabharfar chun suntais i ngach cás míráiteas ábhartha sa chás gur ann dá leithéid ar iniúchadh a dhéanamh i gcomhréir le caighdeán ISA (Éire). D'fhéadfadh míráiteas a theacht de bharr calaoise nó earráide agus meastar gur ábhartha míráiteas sa chás go bhféadfaí le réasún a cheapadh go mbeadh tionchar acu, ar a cheann amháin a thabhairt san áireamh as féin nó iad ar fad a thabhairt san áireamh in éineacht, ar chinneadh eacnamaíochta a dhéanadh lucht a n-úsáide bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tugtar cuntas eile ar na freagrachtaí atá orainn don iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar shuíomh gréasáin an IAASA ag: <https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/>. Tá an cuntas sin mar chuid de thuarascáil an iniúcháir.

Tuarascáil ar Cheanglais Eile Díl agus Rialála

Nithe a bhfuil dlíte orainn tuairisc a thabhairt orthu trí eisceacht

Faoin *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* (Lúnasa 2016) ("an Cód Cleachtais") tá dlíte orainn tuairisc a thabhairt duit mura léirítear leis an ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin *gCód Cleachtais* mar atá mar chuid den Ráiteas faoi Rialachas Corparáide comhlíontas an Ghrúpa le halt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó sa chás nach bhfuil sé ag teacht le faisnéis a bhfuil eolas againn air mar gheall ar an obair iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

Úsáid na tuarascála seo

Déantar an tuarascáil sin a chur faoi bhráid Chomhaltaí Bhord RTÉ agus leo sin amháin de réir *Acht Craolacháin 2009*. Rinneadh an obair iniúcháireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a lua i ráiteas le Comhaltaí Bhord RTÉ a gceanglaítear orainn iad a lua leis i dtuarascáil iniúcháir agus ní chun críche aon ní eile. A mhéid a cheadaítear sin faoin dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith aon duine eile seachas Comhaltaí Bhord RTÉ as an obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar ar tháingamar.

Richard Howard

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúcháireachta Reachtúil
Deloitte & Teach Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

21 Meitheamh 2023

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Oibríochtaí Leanúnacha			
Ioncam	2	347,695	344,473
Costais oibríúcháin (roimh dhímheas, amúchadh, gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt)	3	(339,288)	(331,345)
EBITDA¹ roimh ghnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt		8,407	13,128
Glandímheas agus amúchadh	5	(11,765)	(11,654)
Gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt	5	12	73
Gnóthachtáil ar infheistíochtaí a dhiúscairt		36	-
(Cailteanas)/Gnóthachtáil ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin		(3,310)	1,547
Ioncam airgeadais	4	2,136	2,620
Costas airgeadais	4	(1,816)	(1,401)
(Easnamh)/Barrachas roimh Cháin Ioncaim		(2,990)	2,766
Costas cáin ioncaim/(speansas)	7	197	(407)
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		(2,793)	2,359

1 EBITDA: Tuilleamh (brabús oibríúcháin) roimh ús, cháin, dímheas agus amúchadh

Ionstraimí airgeadais díorthaigh	32	257	-	-	32	257
Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha	32	257	142,520	122,122	142,552	122,379
Iomlán na Sócmhainní Airgeadais	32	270	142,520	122,122	142,552	122,392
Dlíteanais Airgeadais Neamhreacha						
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	-	-	(7,000)	(8,500)	(7,000)	(8,500)
Sochair fostaithe	-	-	(7,700)	(9,259)	(7,700)	(9,259)
Dlíteanas Léasa	-	-	(1,870)	(2,180)	(1,870)	(2,180)
Suimeanna iníoctha trádála agus eile	-	-	(15,170)	(7,575)	(15,170)	(7,575)
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(6)	-	-	-	(6)	-
Dlíteanais Neamh-Reatha Iomlána	(6)	-	(31,740)	(27,514)	(31,746)	(27,514)
Dlíteanais Airgeadais Reatha						
Suimeanna iníoctha trádála agus eile	-	-	(285,072)	(272,297)	(285,072)	(272,297)
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	-	-	(1,125)	(1,500)	(1,125)	(1,500)
Sochair fostaithe	-	-	(14,759)	(14,494)	(14,759)	(14,494)
Dlíteanas Léasa	-	-	(393)	(346)	(393)	(346)
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(100)	(1)	-	-	(100)	(1)
Iomlán Dlíteanas Airgeadais Reatha	(100)	(1)	(301,349)	(288,637)	(301,449)	(288,638)
Iomlán Dlíteanas Airgeadais	(106)	(1)	(333,089)	(316,151)	(333,195)	(316,152)

Is ionstraimí airgeadais a thomhaistear ar luach cóir tríd an mbarrachas nó tríd an easnamh iad na réamhchonartai i malairt eachtrach.

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

21. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

(b) Riosca Creidmheasa

Forléargas

Is ionann riosca creidmheasa agus an baol go dtarlódh cailteanas airgeadais don Ghrúpa sa chás go mainneodh custaiméir nó frithpháirtí le hionstraim airgeadais déanamh de réir coinníollacha conartha.

Is ionann an tsuim a thugtar anonn maidir le sócmhainní airgeadais agus an tsuim uasta a mbeifí i mbaol a chailte maidir le nochtadh do riosca creidmheasa. Seo a leanas an tsuim uasta maidir le nochtadh do riosca creidmheasa ar an dáta tuairiscithe:

Nótaí	Suim ghlanluacha Grúpa		Suim ghlanluacha RTÉ		
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000	
Nithe infhaighte trádála	11	46,652	41,832	41,878	37,677
Infheistíochtaí leachtacha	12	60,772	38,892	60,772	38,892
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	13	53,290	62,500	39,816	45,537
Ionstraimí airgeadais díorthaigh		32	257	32	257
		160,746	143,481	142,498	122,363

Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa a bhaineann lena sócmhainní airgeadais mar a leagtar amach thíos.

Riosca Creidmheasa maidir leis an Státhchiste

Tá nochtadh i gceist don Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa maidir leis na frithpháirtithe lena bhfuil cuntais bhainc ag an nGrúpa agus lena ndéantar idirbheartaíocht ar na margáí airgeadais. Tá na hinfeistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, agus ionstraimí airgeadais díorthaigh i seilbh contrapháirtithe airgeadais a bhfuil rátáil creidmheasa íosta de BBB- acu de réir rátáil Standard & Pools.

Is cistí na hinfeistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá infheistithe le hinstiúidí airgeadais in Éirinn agus uasteorainn leis na méid a choinnítear le banc nó instiúid amháin tráth ar bith. Le hinstiúidí de chuid na hÉireann agus de chuid na Ríochta Aontaithe atá ionstraimí airgeadais díorthaigh agus níor tharla aon chailteanas don Ghrúpa mar gheall ar mhainneachtain frithpháirtithe den sórt sin a gcuir dualgas a chomhlíonadh.

Riosca Creidmheasa maidir le custaiméirí

Tá árachas creidmheasa ag an nGrúpa agus socraítear teorainneacha creidmheasa do na custaiméirí ar fad. I bhfianaise chineál mhargadh na fógraíochta agus margáí eile ina mbíonn RTÉ ag feidhmiú, bhí nochtadh suntasach i gceist do RTÉ maidir le gníomhaireachtaí fógraíochta faoi leith agus custaiméirí eile i rith na bliana. Tá de pholasáí ag RTÉ teorainneacha a leagan síos maidir leis an tsuim chomhthiomsaithe dá mbeadh nochtadh maidir le gach custaiméir faoi leith. Bíonn an nochtadh sin agus na huasteorainneacha a ghabhann leis faoi réir ag athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.

B'ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe íochta de réir réigiúin tíreolaíochta:

	Suim ghlanluacha Grúpa		Suim ghlanluacha RTÉ	
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
Éire	44,556	39,115	40,175	35,015
An Ríocht Aontaithe	2,043	2,830	1,721	2,708
Réigiúin eile	53	(113)	(18)	(44)
Nithe Infhaighte Trádála	46,652	41,832	41,878	37,678

21. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

B'ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe de réir chineál an chustaiméara:

	Suim ghlanluacha Grúpa		Suim ghlanluacha RTÉ	
	2022	2021	2022	2021
	€'000	€'000	€'000	€'000
Féichiúnaithe neamhghníomhaireachta	10,432	10,172	6,340	7,280
Féichiúnaithe eile - gníomhaireachta	36,220	31,659	35,538	30,398
Nithe Infhaighte Trádála	46,652	41,832	41,878	37,678

Is ionann féichiúnaí gníomhaireachta agus gníomhaire nó gníomhaireacht fógraíochta, eadhon, duine, comhlacht nó cuideachta a roghnaíonn nó a chuireann spás fógraíochta in áirithe thar ceann an fhógróra.

Is leis an bhféichiúnaí is mó, ar cuideachta Éireannach é, atá ag an nGrúpa a bhaineann €4.3 milliún (9%) de luach na suime a thugtar anonn maidir le nithe infhaighte trádála amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €3.6 milliún).

Seo a leanas an ré a bhain le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe:

	Lagú			Lagú		
	Comhlán	Grúpa	Glan	Comhlán	RTÉ	Glan
	2022	2022	2022	2022	2022	2022
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Níl dlite thar théarma	20,656	-	20,656	19,290	-	19,290
Dlite thar théarma 0-30 lá	23,150	(503)	22,647	19,848	(249)	19,599
Dlite thar théarma 31-120 lá	3,372	(535)	2,837	2,798	(329)	2,469
Níos mó ná 120 lá	936	(424)	512	749	(229)	520
	48,114	(1,462)	46,652	42,685	(807)	41,878

	Lagú			Lagú		
	Comhlán	Grúpa	Glan	Comhlán	RTÉ	Glan
	2021	2021	2021	2021	2021	2021
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Níl dlite thar théarma	19,278	-	19,278	17,978	-	17,978
Dlite thar théarma 0-30 lá	20,018	(405)	19,613	17,710	(239)	17,471
Dlite thar théarma 31-120 lá	3,468	(543)	2,924	2,646	(443)	2,203
Níos mó ná 120 lá	327	(310)	17	147	(121)	26
	43,091	(1,258)	41,832	38,481	(803)	37,678

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

21. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht maidir le soláthar do lagú maidir le Nithe Infhaighte Trádála i rith na bliana:

	Grúpa		RTÉ	
	2022	2021	2022	2021
	€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	1,258	1,251	803	798
(Scaoilte)/soláthraíodh i rith na bliana	204	7	4	5
Discríobh ar dhrochfhiacha i rith na bliain	-	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	1,462	1,258	807	803

Ní mheastar go bhfuil aon nochtadh do riosca creidmheasa maidir le réamhíocaíochtaí.

(c) Riosca Leachtachta

Is ionann an riosca leachtachta agus an baol nach mbeidh an Grúpa in acmhainn dualgas airgeadais a shásamh de réir mar a bhíonn dlite. Is é an cur chuige atá ag RTÉ maidir le bainistíocht ar chúrsaí leachtachta go gcoinntítear oiread agus is féidir go mbíonn dóthain leachtachta ann chun dliteanais airgeadais a shásamh nuair a dhlítear sin, faoi ghnáthchúinsí oibre agus faoi chúinsí anáis, gan cailteanas doghlactha a thabú ná dul i mbaol dochar do dhea-chlú an Ghrúpa.

Leagtar amach sna táblaí a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais, íocaíochtaí úis a ghabhann le hiasachtaí san áireamh chomh maith leis an sreabhadh glan airgid neamhhlascainithe is féidir a chur i leith ionstraimí airgeadais díorthaigh.

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais:

31-Noll-22 Grúpa	Suimghlanluacha	Sreabhadh airgid conarthaí	Laistigh de 1 bhliain	1-2 bhliain d'aois	2-5 bliana d'aois	Níos mó ná 5 bliana
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	63,125	68,030	5,474	13,660	48,896	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	106	106	100	6	-	-
Suimeanna iníochta trádála agus eile	106,904	106,904	91,734	15,170	-	-
Sochair fostaithe	22,794	22,847	14,935	2,662	1,540	3,710
	192,929	197,887	112,243	31,498	50,436	3,710

31-Noll-21 Grúpa	Suimghlanluacha	Sreabhadh airgid conarthaí	Laistigh de 1 bhliain	1-2 bhliain d'aois	2-5 bliana d'aois	Níos mó ná 5 bliana
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	65,000	67,768	2,276	4,752	60,739	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	1	1	1	-	-	-
Suimeanna iníochta trádála agus eile	95,866	95,866	88,291	7,575	-	-
Sochair fostaithe	23,972	24,024	14,536	2,766	2,902	3,820
	184,839	187,659	105,104	15,093	63,461	3,820

21. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais:

31-Noll-22 RTÉ	Suim ghlanluacha €'000	Sreabhadh airgid conarthaí €'000	Laistigh de 1 bhliain €'000	1-2 bhliain d'aois €'000	2-5 bliana d'aois €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	8,125	8,621	1,399	7,222	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	106	106	100	6	-	-
Suimeanna iníochta trádála agus eile	300,242	300,242	285,072	15,170	-	-
Sochair fhostaithe	22,459	22,509	14,759	2,653	1,536	3,561
	330,932	331,478	301,330	25,051	1,536	3,561

31-Noll-21 RTÉ	Suim ghlanluacha €'000	Sreabhadh airgid conarthaí €'000	Laistigh de 1 bhliain €'000	1-2 bhliain d'aois €'000	2-5 bliana d'aois €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	10,000	10,438	1,652	1,646	7,140	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	1	1	1	-	-	-
Suimeanna iníochta trádála agus eile	279,872	279,872	272,297	7,575	-	-
Sochair fhostaithe	23,753	23,800	14,494	2,756	2,888	3,661
	313,626	314,111	288,444	11,977	10,028	3,661

Mar a nochtadh i nóta 14, tá saoráid iasachta téarmaí agus saoráid chreidmheasa imrothlaigh ag an nGrúpa le Banc na hÉireann chomh maith le saoráid iasachta tionscadail agus saoráid chlúb iasachtaí téarmaí le Barclays Bank PLC. Tá cúnaint iasachta ag an dá shaoráid sin agus má sháraitear iad amach anseo d'fhéadfadh go mbeadh ar an nGrúpa nó ar an gcuideachta na hiasachtaí a aisíoc níos luaithe ná mar a luaitear sna táblaí thuas. Léiríonn na híocaíochtaí úis sna táblaí thuas réamhrátaí úis an mhargaidh amhail an dáta tuairiscithe agus d'fhéadfadh athrú teacht ar na méideanna sin de réir mar a thagann athrú ar rátaí úis sa mhargadh. Seachas iasachtaí agus íosachtaíochtaí lena mbaineann ús, níltear ag súil go dtarlóidh an sreabhadh airgid a áirítear san anailís aibíochta thuas i bhfad níos luaithe nó ag méideanna mórán difriúla.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí saoráid rótharraingthe €10 milliún ag RTÉ, nár tarraingíodh chomh maith le saoráid iasachta téarmaí €5 milliún, nár tarraingíodh, agus saoráid chreidmheasa imrothlaigh €10 milliún, nár tarraingíodh.

(d) Riosca airgeadra

Is é an euro airgeadra feidhme eintitis uile an Ghrúpa. Mar gheall ar nádúr gnéithe áirithe den ghnó, go háirithe cláracha teilifíse ceannaithe agus cearta ó thar lear, bíonn nochtadh ann i gcás RTÉ don toradh ar athruithe i rátaí malartaithe airgeadra eachtrach. Is iad dollar na Stát Aontaithe agus steirling na hairgeadraí a dtagann an riosca seo chun cinn maidir leo.

Réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach den chuid is mó a úsáideann an Grúpa chun fálúchán eacnamaíochta a dhéanamh ar an riosca airgeadra. Déantar athrú ar luach cóir réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach a lua sa Ráiteas Ioncaim. Amhail an 31 Nollaig 2022 b'ionann luach cóir na sócmhainne díorthaí gaolmhaire agus €32,000 (2021: €257,000) agus b'ionann dliteanas díorthach agus €106,000 (2021: €1,000).

Déanann an Grúpa agus RTÉ ar a laghad 60% dá nochtadh airgeadra eachtrach buiséadaithe a fhálú maidir le cláracha teilifíse ceannaithe agus cearta ó thar lear.

Ní raibh aon sócmhainní ábhartha ag an nGrúpa ná ag an gCuideachta ainmnithe in airgeadra eachtrach amhail an 31 Nollaig 2022 ná 2021.

Ní raibh aon dliteanais airgeadais ag RTÉ ainmnithe in airgeadra eachtrach ach amháin iad sin a leagtar amach sna táblaí seo a leanas.

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

21. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra

	2022 €'000	2021 €'000
Grúpa		
Euro	4,614	3,405
GBP	251	229
USD	19	48
Eile	149	-
	5,033	3,682

Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra

	2022 €'000	2021 €'000
RTÉ		
Euro	3,999	2,841
GBP	236	12
USD	19	48
Eile	149	-
	4,403	2,901

Bhí na rátaí malartaithe suntasacha seo i bhfeidhm i rith na bliana:

	Meánráta		Spot-ráta an Dáta Tuairiscithe	
	2022	2021	2022	2021
EUR €1 = USD \$	1.0530	1.1827	1.0666	1.1326
EUR €1 = GBP £	0.8528	0.8596	0.8869	0.8403

Sa bhainistíocht a dhéantar maidir le rioscaí airgeadra, féachann an Grúpa leis an tionchar ó athruithe gearrthéarmacha ar thuilleamh an Ghrúpa a mhaolú. Baineann an Grúpa úsáid as conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtrach chun an luaineacht a eascraíonn as an nochtadh seo d'airgeadra eachtrach a laghdú. Mar thoradh air sin, maolaíonn an Grúpa an riosca suntasach ó ghluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraigh.

Grúpa

Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €40,117 (31 Nollaig 2021: €30,811) ar Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2022.

RTÉ

Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €38,332 (31 Nollaig 2021: €6,672) ar Ráiteas Ioncaim RTÉ ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2022.

(e) Riosca Ráta Úis

Amhail an 31 Nollaig 2022 bhí iasachtaí iomlána €63 milliún ag an nGrúpa (2021: €65 milliún).

Ar an 6 Nollaig 2019, chuaigh RTÉ i mbun comhaontú saoráide nua le Banc na hÉireann dar luach €20 milliún chun críocha caipitil oibre. Áirítear sa chomhaontú saoráide creidmheasa imrothlaigh €10 milliún nach raibh tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2022 agus saoráid iasachta téarmaí €8.13 milliún a bhí tarraingthe go hiomlán amhail an 31 Nollaig 2022.

21. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

An 1 Feabhra 2019, chuaigh an Grúpa i mbun comhaontú do shaoráid iasachta do thionscadail, trína fhochuideachta 2rn, le Barclays Bank Ireland PLC agus Banc na hÉireann, i leith méid comhlán €60 milliún a raibh €55 milliún de tarraingthe amhail an 31 Nollaig 2022.

D'fhágfadh gluaiseacht 1% sa ráta úis tionchar chun sochair nó chun dochair ab ionann is €1.1 milliún ar an Ráiteas Ioncaim.

Ar an dáta tuairiscithe, bhí próifíl rátaí úis na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ mar seo a leanas:

Grúpa	Suim ghlanluacha	
	2022	2021
	€'000	€'000
Ionstraimí Ráta Seasta		
Sócmhainní Airgeadais	70,772	45,892
Ionstraimí Ráta Inathraithe		
Sócmhainní Airgeadais	43,290	55,500
RTÉ		
Ionstraimí Ráta Seasta		
Sócmhainní Airgeadais	70,772	45,892
Ionstraimí Ráta Inathraithe		
Sócmhainní Airgeadais	29,816	38,537

D'fhágfadh gluaiseacht 1% maidir leis an ráta úis ar na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ toradh chun sochair nó chun dochair ar an Ráiteas Ioncaim ab ionann is €1.0 milliún (glan ar cháin).

(f) Luachanna córa

Taispeántar sa tábla seo a leanas luach cóir na sócmhainní airgeadais agus na ndlíteanas airgeadais, maille lena leibhéal san ordchóras maidir le luach cóir. Ní luaitear eolas maidir le luach cóir sócmhainní airgeadais ná dlíteanas airgeadais nach ndéantar a mheas ar an luach cóir sa chás gur meastachán réasúnta ina leith sin an luach cóir.

Grúpa ¹	Suim ghlanluacha	Luach cóir leibhéal 2	Suim ghlanluacha	Luach cóir leibhéal 2
	2022	2022	2021	2021
	€'milliún	€'milliún	€'milliún	€'milliún
Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir				
Conarthaí réamh-mhalairte	0.0	0.0	0.3	0.3
Dlíteanas airgeadais a mheastar ar a luach cóir				
Conarthaí réamh-mhalairte	0.1	0.1	-	-
Dlíteanas airgeadais nach meastar ar a luach cóir				
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	63.1	63.1	65.0	65.0

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

21. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

RTÉ ¹	Suim ghlanluacha 2022 €milliún	Luach cóir leibhéal 2 2022 €milliún	Suim ghlanluacha 2021 €milliún	Luach cóir leibhéal 2 2021 €milliún
Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir				
Conarthaí réamh-mhalairte	0.0	0.0	0.3	0.3
Dlíteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir				
Conarthaí réamh-mhalairte	0.1	0.1	-	-
Dlíteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir				
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	8.1	8.1	10.0	10.0

¹ Ní dhearna an Grúpa ná RTÉ luach cóir a nochtadh maidir le hionstraimí airgeadais de leithéid suimeanna trádála infhála agus iniútha ná sochair fhostaithe, ó tharla gur meastachán réasúnta ar an luach cóir an luach cóir ina leith a fhoilsítear ar leathanaigh 156 agus 157.

Bhí an luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh bunaithe ar an ordlathas luachála cothroime. Rinneadh an luach cóir ar réamhchonarthaí i malartú eachtrach agus ar an mbabhtáil ráta úis a ríomh de réir an mhodh luachála seo a leanas:

Leibhéal 2: ionchuir, seachas na praghsanna gan choigeartú a luaitear ar mhargaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dlíteanais den chineál céanna, is féidir a bhreathnú maidir leis an tsócmhainn nó an dlíteanas, más go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthú ó phraghsanna).

Níor tháinig aon athrú i rith na tréimhse tuairiscithe seo ná an tréimhse roimhe seo ar an modh luachála maidir le Leibhéal 2 ná ar na hionstraimí a ndéantar luacháil orthu leis an modh oibre seo. Níor tharla aon aistriú idir leibhéil san ordlathas luacha chóir.

Léiríonn na táblaí seo a leanas na teicnící luachála a úsáideadh chun luachanna córa Leibhéal 2 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite a úsáideadh.

Ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag luach cóir

Cineál	Teicníc luachála	Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite	Idirchaidreamh idir ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ar luach cóir
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	Bunaítear luachanna córa ar mheastacháin do chonarthaí comhchosúla arna dtrádáil i margadh gníomhach.	Níl infheidhme	Níl infheidhme

Ionstraimí airgeadais nach dtomhaistear ag luach cóir

Cineál	Teicníc luachála	Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	Sreabhadh airgid lascainithe bunaithe ar rátaí úis luaite le hiasachtaithe.	Níl infheidhme

21. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)**(g) Ionstraimí airgeadais díorthaigh**

Leagtar amach thíos an sreabhadh airgid de réir conarthaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais díorthaigh:

31-Noll-22	Suim ghlanluacha €'000	Sreabhadh airgid conarthaí €'000	Laistigh de 1 bhliain €'000	1-2 bhliain d'aois €'000	2-5 bliana d'aois €'000
------------	---------------------------	--	--------------------------------	-----------------------------	----------------------------

Grúpa**Glandliteanais dhíorthacha**

Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh)	(74)	(74)	(68)	(6)	-
---	------	------	------	-----	---

31-Noll-22	Suim ghlanluacha €'000	Sreabhadh airgid conarthaí €'000	Laistigh de 1 bhliain €'000	1-2 bhliain d'aois €'000	2-5 bliana d'aois €'000
------------	---------------------------	--	--------------------------------	-----------------------------	----------------------------

RTÉ**Glandliteanais dhíorthacha**

Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh)	(74)	(74)	(68)	(6)	-
---	------	------	------	-----	---

31-Noll-21	Suim ghlanluacha €'000	Sreabhadh airgid conarthaí €'000	Laistigh de 1 bhliain €'000	1-2 bhliain d'aois €'000	2-5 bliana d'aois €'000
------------	---------------------------	--	--------------------------------	-----------------------------	----------------------------

Grúpa**Glansócmhainní díorthacha**

Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh)	270	270	257	13	-
---	-----	-----	-----	----	---

31-Noll-21	Suim ghlanluacha €'000	Sreabhadh airgid conarthaí €'000	Laistigh de 1 bhliain €'000	1-2 bhliain d'aois €'000	2-5 bliana d'aois €'000
------------	---------------------------	--	--------------------------------	-----------------------------	----------------------------

RTÉ**Glansócmhainní díorthacha**

Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh)	270	270	257	13	-
---	-----	-----	-----	----	---

Déantar aon ghnóthachan nó cailteanas ag eascairt as athrú ar luach cóir réamhchonarthaí i malairt eachtrach a lua go díreach sa Ráiteas Ioncaim.

22. Ceangaltais, Teagmhais agus Barántais Airgeadais**(a) Ceangaltais chaipitil**

	Grúpa		RTÉ	
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith	5,398	2,591	4,176	2,125
Údaraithe ach gan conradh socraithe ina leith	4,056	360	3,843	-
	9,454	2,951	8,019	2,125

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

22. Ceangaltais, Teagmhais agus Barántais Airgeadais (ar lean)

(b) Ceangaltais maidir le ceannachán cláracha/ceart

	Grúpa		RTÉ	
	2022	2021	2022	2021
	€'000	€'000	€'000	€'000
Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith	131,767	68,942	131,767	68,942

(c) Dlíteanais theagmhais

De bharr nádúr a oibríochtaí, tá an Grúpa ina pháirtí in imeachtaí éagsúla dlí le tríú páirtithe a d'eascair i rith gnáthchúrsaí gnó. Cé nach féidir a thomhas go cruinn an dlíteanas a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na himeachtaí éagsúla, tá an Bord sásta go bhfuil soláthar dóthanach déanta don toradh is dócha a bheidh ar na himeachtaí sin.

(d) Barántais

Amhail an 31 Nollaig 2022 cheangail RTÉ le saoráid barántais dar luach €2.3 milliún a rachaidh in éag ar an 10 Feabhra 2024.

(e) Seirbhísí teilifíse digiteacha i dTuaisceart Éireann

Tá comhfhiontar nasotha ag RTÉ le TG4 maidir le seirbhísí teilifíse digiteacha a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann agus tá gealltanais cistíochta ar RTÉ faoin gcomhaontú sin a thiocfaidh in éag i mí Dheireadh Fómhair 2024. B'ionann an gealltanais a bhí fós ann amhail an 31 Nollaig 2022 agus €1.0 milliún.

23. Deontais

(a) Deontais Chaipitil

	Grúpa		RTÉ	
	2022	2021	2022	2021
	€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid Tosaigh	4,408	4,811	-	-
Scaoilte chuig an Ráiteas Ioncaim	(394)	(403)	-	-
	4,014	4,408	-	-

Arna anailísiú mar seo a leanas:

Dlíteanais neamhreatha	3,632	4,014	-	-
Dlíteanais reatha	382	394	-	-
	4,014	4,408	-	-

D'eisigh an RTCEGSM deontas caipitil a thosaigh sa bhliain 2017 le RTÉ Transmission Network DAC, fochuideachta de chuid RTÉ i ndáil le socrú do bhanda minicíochta Speictream 700 MHz a ghlanadh faoi mar a ordáitear faoi threoracha ón AE. Tá an ghluaiseacht maidir leis an deontas i rith na bliana i gcomhréir le polasaí cuntasáíochta an Ghrúpa.

(b) Deontais Eile

Le linn na bliana, bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) deontas €585,000 ar RTÉ (2021: €825,000) chun cláracha a bhaineann le heolaíocht a dhéanamh. Fuarthas €793,000 san iomlán le linn na bliana (2021: €240,000).

Sa bhliain 2022 bhronn Cartlann an BAI deontas €867,456 ar RTÉ (2021: €nialas) chun an leabharlann chartlannaíochta agus na Scéimeanna Cartlannaíochta a dhigitiú. Fuarthas €500,372 le linn na bliana (2021: €nialas). Sa bhliain 2021 bronnadh deontas €66,911 ar RTÉ faoin scéim Fuaim & Fís de chuid BAI i leith maoiniú cláracha. Fuair RTÉ €46,707 le linn na bliana (2021: €36,338).

23. Deontais (ar lean)

Bhronn an Chomhairle Ealaíon deontas €150,000 ar RTÉ sa bhliain 2022 (2021: €80,000) maidir le hOíche Chultúir. Fuarthas €150,000 le linn na bliana (2021: €80,000).

Bhronn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) deontas €2,430,000 ar RTÉ sa bhliain 2021 maidir le hábhar a léiriú, a sholáthar agus a choimeád mar chuid de chlár comórtha Dheich mBliana na gCuimhneachán. Fuarthas €750,000 de sin le linn na bliana (2021: €500,000).

Bhronn an RTCEGSM deontas €100,000 ar RTÉ chun an Ghaeilge a chur chun cinn (2021: €100,000). Fuarthas €100,000 le linn na bliana (2021: €100,000).

Bhronn an RTCEGSM deontas arbh fhiú €129,505 san iomlán é ar RTÉ sa bhliain 2021 maidir le The Atlas of the Irish Revolution. Fuarthas €50,000 de sin le linn na bliana (2021: €nialas).

Bhronn an RTCEGSM deontas arbh fhiú €110,000 (2021:€50,000) san iomlán é ar RTÉ do na blianta 2022 agus 2023 maidir le Tionscnamh Ealaíne Digití chun nuashonrú a dhéanamh ar láithreán gréasáin This is Art. Fuarthas €110,000 le linn na bliana (2021: €50,000).

Bhronn an RTCEGSM deontas €50,000 ar RTÉ maidir le Cruinniú na nÓg. Fuarthas €50,000 le linn na bliana.

Bronnadh dhá dheontas ar RTÉ in 2020 arbh fhiú €218,476 san iomlán iad maidir le tionscadail chun comóradh a dhéanamh ar Chogadh na Saoirse agus ar an nGorta Mór. Fuarthas €120,477 de sin in 2021.

Bhronn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht deontas €330,661 ar RTÉ maidir leis an tionscadal LIFE. Fuarthas €66,132 de sin le linn na bliana.

24. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

(a) Idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta iad

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh mar Chorparáid Craolacháin Seirbhíse Poiblí faoi faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*. Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí Bhord RTÉ. Meastar go dtagann an grúpa faoi rialú an Rialtais agus áirítear dá bhrí sin an Rialtas mar pháirtí gaolmhar de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin sna caighdeáin chuntasaíochta. Tá an cás eisceachta sin faoi IAS 24 Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara trína mbíonn díolúine maidir leis na coinníollacha faoi nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara curtha i bhfeidhm ag an ngrúpa maidir leis an Rialtas agus eintitis a bhaineann leis an Rialtas murar díol suntais aon idirbheart amháin as féin nó murar díol suntais idirbhearta éagsúla ar a dtabhairt le chéile.

I mbun an ghnáthghnó dó bhí an grúpa páirteach in idirbhearta leis an Rialtas, agus le heintitis a bhaineann leis an Rialtas, maidir le seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí eile den chineál céanna a chur ar fáil, chomh maith le ceannachán agus díolachán ar earraí agus ar sheirbhísí le ranna Rialtais agus eintitis atá faoi rialú Rialtais na hÉireann. Is é An Post a bhailíonn an táille cheadúnais teilifíse thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Amhail an 31 Nollaig 2022, b'ionann an t-iomlán a bhí iníochta le gnóthais fochuideachtaí de chuid RTÉ agus €206.0 milliún (2021: €193.3 milliún).

(b) Idirbhearta le daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta¹

Chun críche na gcoinníollacha maidir le nochtadh a thagann faoi IAS 24 *Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara* is iad a thagann faoi scóth an téarma “daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta” (i.e. na daoine sin a dtugtar údarás dóibh agus a leagtar freagracht orthu maidir le pleanáil, stiúradh agus rialú a dhéanamh ar bheartaíocht na cuideachta) comhaltaí Bhord RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir, Feidhmeanna RTÉ agus na feidhmeanna corparáide a thuariscionn go díreach chuig an bPríomh-Stiúrthóir. €3.3 milliún an tsuim iomlán i gcúiteamh a íocadh le pearsanra bainistíochta in 2022 (2021: €2.9 milliún). Bhí an tsuim sin comhdhéanta de thuarastail agus de shochair ghearrtéarmacha d'fhostaithe de €2.6 milliún (2021: €2.5 milliún), sochair pinsin iar-fhostaíochta de €0.4 milliún (2021: €0.4 milliún) agus sochair fhoirceanta de €0.3 milliún (2021: €nialas milliún).

B'ionann luach ceannacháin RTÉ ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú comhaltaí de chuid an Bhoird, daoine eile mórhábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó daoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2022 agus €1.4 milliún (2021: €1.9 milliún) agus ba maidir le cláracha coimisiúnaithe den chuid is mó an caiteachas sin. B'ionann luach díolacháin RTÉ le cuideachtaí atá faoi úinéireacht/rialú comhaltaí de chuid an Bhoird, daoine eile mórhábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó daoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2022 agus €0.1 milliún (2021: €nialas milliún). B'ionann luach dlíeanais faoi réir conartha ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú comhaltaí de chuid an Bhoird, daoine eile mórhábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó daoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2022 agus €nialas (2021: €0.8 milliún). Bhí suimeanna ábhartha gan íoc ag deireadh na bliana arbh fhiú €nialas (2021: €0.1 milliún).

Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

24. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

B'ionann luach na ranníocaíochtaí cláir a d'íoc RTÉ le comhaltaí Boird, le daoine eile a bhfuil mórhábhacht leo ar an lucht bainistíochta agus le daoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu leo i rith na bliana 2022 agus €180 (2021: €280).

Téarmaí agus coinníollacha na n-idirbheart le páirtithe gaolmhara

Is ar na téarmaí céanna atá i réim maidir le hidirbhearta neamhthuilleamaíocha a dhéantar an díolachán agus an ceannachán le páirtithe gaolmhara.

¹ Tugtar san áireamh le páirtithe gaolmhara daoine den lucht bainistíochta mórhábhachta, a gcuid gaolta gairide agus eintitis sheachtracha atá faoina smacht.

25. Dlíteanas Léasa

	Grúpa		RTÉ	
	2022	2021	2022	2021
	€'000	€'000	€'000	€'000
Dlíteanas Léasa				
Arna anailísú mar				
Neamhreatha	2,801	3,265	1,870	2,180
Reatha	548	576	393	346
	3,349	3,841	2,263	2,526
Anailís aibíochta				
Bliain 1	548	576	393	346
Bliain 2	404	506	268	351
Bliain 3	355	362	217	226
Bliain 4	371	355	230	217
Bliain 5	378	371	235	230
Ar aghaidh	1,293	1,671	920	1,156
	3,349	3,841	2,263	2,526

Níl aon riosca suntasach leachtachta i ndán don chuideachta maidir lena dlíteanas léasa. Déantar monatóireacht ar dhlíteanas léasa laistigh d'fheidhm chistíochta na Cuideachta.

26. Ceadú an Bhoird

Cheadaigh Bord RTÉ na ráitis airgeadais atá ó leathanach 115 go dtí leathanach 168 maidir leis an mbliain dár chríoch an 31 Nollaig 2022 ar an 20 Meitheamh 2023.

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Polasaithe Cuntasaíochta

1. Bunús na Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos liosta iomlán ár bpolasaithe cuntasaíochta. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ ach amháin i gcás na goaighdeán nua agus na leasuithe ar na caighdeáin arna leagan amach thíos.

(a) Eintiteas tuairiscithe

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2022 agus don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialáionn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an “Grúpa”).

(b) Ráiteas maidir le comhlíonadh

(b) Ráiteas maidir le comhlíonadh
Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairiscíú Airgeadais (IFRSanna) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá Ráiteas máthairchuideachta RTÉ maidir le Staid Airgeadais, Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar Ráiteas loncaim Grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

(c) Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

In euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na bpolasaithe cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna polasaithe cuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

(d) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh

Ghlac an Grúpa le linn na bliana le roinnt leasuithe ar chaighdeáin an IFRS agus le léirmhínte arna n-eisiúint ag an IASB a raibh éifeacht leo go ceann tréimhse bliana ag tosú an 1 Eanáir 2022 nó ina dhiaidh. Ar ghlacadh léi sna leasuithe agus nochtuithe, ní raibh aon tionchar ábhartha ar nochtuithe ná ar na méideanna arna dtuairisciú sna ráitis airgeadais seo.

(e) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós

Níl éifeacht fós le roinnt caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínte agus níor cuireadh i bhfeidhm iad is na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Níl i gceist ag an nGrúpa na caighdeáin seo a chur i bhfeidhm roimh an am; déanfar, ina ionad sin, iad a chur i bhfeidhm ón dáta éifeachta de réir mar a shocraítear sin i gcomhréir le dáta a n-aontú ag an AE. Áirítear orthu sin:

• IFRS 17 Conarthaí Árachais	Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2023
• Leasuithe ar IFRS 17	Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2023
• Leasuithe ar IFRS 17 Iarratas Tosaigh IFRS 17 agus IFRS 9 – Faisnéis Chomparáideach	Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2023
• Leasuithe ar IAS 1 agus ar IFRS Ráiteas Cleachtais 2 - Nochtadh na bPolasaithe Cuntasaíochta	Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2023
• Leasuithe ar IAS 1 Rangú Dliteanas mar Reatha nó Neamhreacha	Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2023
• Leasuithe ar IAS 1 Dliteanais Neamhreacha le Cúnaint	Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2024
• Leasú ar IFRS 16 Dliteanas Léasa i nDíolachán agus Aisléasú	Dáta feidhmithe le deimhniú ag IASB
• Díol nó Deonachán Sócmhainní idir Infheisteoir agus a Fhiontar Comhlachaithe nó Comhfhiontar	Curtha siar
• Leasuithe ar IFRS 4 Síneadh leis an Díolúine shealadach a bhaineann le IFRS 9 a chur i bhfeidhm	Dáta feidhmithe an 1 Eanáir 2023
• Leasuithe ar IAS 1 Rangú Dliteanas mar Reatha nó Neamhreacha – Dáta Feidhmithe Curtha Siar	I bhfeidhm an 1 Eanáir 2023
• Leasuithe ar IAS 12 Cáin iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais mar thoradh ar Idirbheart Aonair	I bhfeidhm an 1 Eanáir 2023
• IAS 8 Sainmhíniú ar mheastacháin chuntasaíochta	I bhfeidhm an 1 Eanáir 2023
• Leasuithe ar IFRS 16 Dliteanas Léasa i nDíolachán agus Aisléasú	I bhfeidhm an 1 Eanáir 2024

Ní dóigh leis na stiúrthóirí go mbeidh tionchar ábhartha ag glacadh na goaighdeán atá liostaithe thuas ar ráitis airgeadais an Ghrúpa sna tréimhsí amach anseo.

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

2. Aitheantas Ioncaim

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascaíni socraíochta nó lascaíni ó thaobh méid.

Tá IFRS 15 i bhfeidhm i ndáil le gach sruth ioncaim an Ghrúpa seachas ar ioncam ón táille cheadúnais a thagann faoin IAS 20 *Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas a Nochtadh*. Déantar na sruthanna ioncaim eile, mar atá leagtha amach thíos, a aithint nuair a aistrítear na seirbhísí nó earraí atá geallta chuig na custaiméirí. Tá cur chuige 5 chéim glactha ag an nGrúpa maidir le tráthú aitheantais ioncaim bunaithe ar oibleagáidí feidhmíochta i goonartháí custaiméirí. Is éard atá i gceist leis seo an Conradh le custaiméirí a aithint, na hoibleagáidí feidhmíochta a aithint, praghas an idirbhirt a ríomh, na praghas a leithroinnt chuig na hoibleagáidí feidhmíochta laistigh den chonradh agus ioncam a aithint nuair atá na hoibleagáidí feidhmíochta bainte amach.

(a) Ioncam ón gceadúnas teilifíse

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) mar ghníomhaire bailithe na táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Cheadúnais a bhailiú agus a íoc leis an RTCEGSM, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Coimirce Sóisialta (RCS) ioncam ón táille cheadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse 'saor in aisce'. Íocann an RCS an t-ioncam seo chuig an RTCEGSM gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den *Acht Craolacháin 2009* arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011* íocann an RTCEGSM "deontas i gcabhair" neamh-inaisíochta le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón RCS chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bhailiúcháin agus tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón Táille Cheadúnais atá iníochta ag an RCS. Déantar an t-ioncam eile ar fad ón táille cheadúnais a áireamh ar thuairisc a fháil ó An Post ar líon na gceadúnas a ceannaíodh i rith na tréimhse.

(b) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin gníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

(c) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó shaoráidí

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus saoráidí ón úsáid a bhaineann an tríú páirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

(d) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an *RTÉ Guide* a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus an t-ioncam comhlán a luaitear. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

(e) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar

Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

3. Tuairiscíú Rannóige

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán IFRS 8 *Rannóga Oibriúcháin* a leagan amach i nóta 2(d). Is iad na rannáin príomhrannóga tuairiscithe ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i nóta 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an rannán Tráchtála den chuid is mó. Tuairiscítear ioncam 2rn sa Rannán Líonraí. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne sa rannán Ábhair. Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile. Is feidhm é tuairiscíú an ioncaim ón táille cheadúnais laistigh de gach rannán den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh.

Déantar costais arna dtabhú ag rannán agus ar son rannáin a lua taobh istigh den rannán sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na rannóga sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláiracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar na rannáin maidir le hÁbhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Tá RTÉ ag cur lena aschur neamhlíneach agus is ar na hardáin dhigiteacha atá níos mó cláracha á gcráladh den chéad uair anois agus le haistriú chuig cur chuige ar líne ar dtús i ndáil le clúdach nuachta. Chun an straitéis ar líne ar dtús seo a léiriú, leithroinntear cuid chuí den costas maidir leis an ngnáthbhonneagar bailithe nuachta a leithroinnt ar na seirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláracha craolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

4. Fardail Cláracha

Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail cláracha dúchasacha is cláracha a dhéanann RTÉ inti nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha in-tí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a iocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcráoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas loncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

Gnéchláracha:	75% ar an gcéad tarchur
	25% ar an dara tarchur
Sraitheanna:	99% ar an gcéad tarchur
	1% ar an dara tarchur

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal chearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gcearta. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnais maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas faoin Ioncam. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas loncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcráladh.

5. Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí airgeadraí feidhme eintitis an ghrúpa faoi seach ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chailteanais mar thoradh ar athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dháta an idirbhirt mar ghnóthachan nó cailteanais malartaithe sa Ráiteas loncaim.

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Polasaithe Cuntasáíochta (ar lean)

6. Maoin, Innealra agus Trealamh

(a) Aitheantas agus tomhas

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag costas stairiúil glan ar dhímheas carntha agus ar aon chailteanas lagaithe carntha.

Áirítear ar chostas caiteachas a bhaineann go díreach le sócmhainn a éadail. Áirítear ar chostas sócmhainne féin-tógtha costais ábhair agus saothair dhírigh agus aon chostas eile a bhain go díreach le bail oibre a chur ar an tsócmhainn don úsáid bheartaithe chomh maith leis na costais a bhain le nithe a bhaint anuas agus a thabhairt den láthair chomh maith leis an láthair ar a mbeidís a athchóiriú. Déantar bogearraí a cheannaítear atá riachtanach le go n-oibreodh trealamh a chaipitliú mar chuid den trealamh sin.

Sa chás gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn agus gur féidir costas na míre ar tháinig sé ina áit a thomhas go hiontaoifa áirítear costais dá éis sin i suim ghlanluacha sócmhainne nó aithnítear ina sócmhainn ar leith í, mar is cuí. Cuirtear gach costas deisithe agus cothabhála eile de mhuiressa in aghaidh an Ráitis loncaim sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Luaitear stoic de mhionpháirteanna breise ag a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé is lú agus cuirtear san áireamh iad i dtionscadail Chaipitil atá ar bun.

(b) Dímhéas

Soláthraítear dímhéas ar gach maoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne díri thar a saol úsáideach measta, lúide luach iarmharach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

Foirgnimh	2.5%	-	25%
Innealra & trealamh	7.5%	-	20%
Fearais & feistis	10%	-	25%

Is ionann tionscadail chaipitil atá ar bun is an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear ag obair iad. Muirearaítear dímhéas ar shócmhainní ó dháta a gcoimisiúnaithe.

Sa chás go mbíonn saolré úsáideach éagsúil ag páirteanna de mhíreanna maoin, innealra nó trealamh is mar mhíreanna (mór-chomhpháirteanna) maoin, innealra nó trealamh ar leithligh a dhéantar cuntas orthu agus dímhéastar iad dá réir.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim ghlanluacha foirgneamh, innealra agus trealamh a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

(d) Costais iasachta

Mar chuid de chostas na sócmhainne a dhéantar caipitliú ar chostais iasachta a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a cheannach, a thógáil nó a tháirgeadh agus a ghlacann tréimhse shuntasach lena réiteach dá húsáid bheartaithe. Déantar gach costas iasachta eile a chuntas sa tréimhse inar tharla siad. Bíonn costais iasachta comhdhéanta d'ús agus costais eile a thabhaíonn eintiteas maidir le cistí a fháil ar iasacht.

7. Sócmhainní Doláimhsithe

(a) Aitheantas agus tomhas

A mhéid is gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn amach anseo agus gur féidir costas na sócmhainne a thomhas go hiontaoifa a aithnítear sócmhainn doláimhsithe, sócmhainn neamh-airgeadaíochta nach bhfuil substaint fhisiceach ag baint léi. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta nuair atá sí indeighilte nó go n-eascraíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní doláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh fabhráithe agus aon chailteanas lagaithe fabhráithe. Baineann sócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ina dhiaidh sin ach amháin má chuireann sé le tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé amach anseo.

(b) Amúchadh

Déantar sócmhainní doláimhsithe, a bhfuil saolta eacnamaíochta úsáideacha teoranta acu, a amúchadh go dtí an ráiteas ioncaim ar bhonn na líne díri thar a saolta úsáideacha measta ón dáta a mbíonn siad ar fáil le húsáid. I gcás bogearraí ríomhaire, is 3 go 5 bliana de ghnáth a bhíonn sna saolta eacnamaíochta úsáideacha.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim ghlanluacha sócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir tástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

8. Ionstraimí Airgeadais

(a) Ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh

Tá ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh comhdhéanta de thrádáil agus nithe infhaighte eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh), infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead tirim srianta, iasachtaí agus iasachtaíochtaí, ioncam carntha, sochair fostaithe agus trádáil agus nithe iníoctha eile.

Aithnítear ar dtús ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh ag luach cóir. Ina dhiaidh sin tomhaistear ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh mar a leagtar amach thíos.

Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

Ag costas a aithnítear infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina Ráiteas ar Staid Airgeadais, lúide cailteanais lagaithe.

Suimeanna infhaighte trádála agus eile

Tugtar nithe infhaighte trádála agus eile ag costas amúchta a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo. Iompraítear nithe infhaighte trádála ag suim an tsonraisc bunaigh lúide aon lagú maidir le suimeanna a bhféadfadh sé tarlú nach bhféadfaí iad a in-aisghabháil. Aithnítear lagú mar sin má tá fianaise oibíachtúil ann i ndiaidh na chéad aitheanta go bhféadfadh sé nach bhféadfaí in-aisghabháil a dhéanamh ar iarmhéid go hiomlán ná cuid de.

Infheistíochtaí leachtacha

Tá infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha ag a bhfuil dáta aibíochta nach mó ná trí mhí ón dáta a bhfuarthas iad ach nach lú ná dhá mhí dhéag ó dháta dheireadh na bliana. Ó tharla aibíocht na n-infheistíochtaí seo lasmuigh den am lena rangú mar airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim faoi IAS 7 *Ráitis faoi Shreabhaidh Airgid*, caitear le hiarmhéideanna gaolmhara amháil is gur sócmhainní airgeadais iad agus tugtar iad ag luach cóir ar dháta tionscanta agus luaitear iad mar chostas amúchta ina dhiaidh sin. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta d'iarhmhéideanna bainc agus taiscí inghlaoite atá inchomhshóite go héasca go dtí suimeanna airgid thirim a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag a luachanna iompair nó gar dó agus bíonn faoi réir riosca neamh-shuntasach go n-athróidh luach. Sa chás is go rangáitear taiscí inghlaoite mar choibhéisí airgid thirim, is aibíocht trí mhí nó níos lú ón dáta a bhfuarthas iad a bhíonn leis na hiarmhéideanna bainteacha. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

Fiachais agus iasachtaí

Taifeadtar fiachais agus iasachtaí ar a bhfuil ús ar dtús ag luach cóir, an luach cóir ar an gcomaoin infhaighte, glan ar chostais idirbheartaíochta a bhaineann. Ina dhiaidh sin tomhaistear iasachtaí ar ráta athraitheach ag costas amúchta ag baint leas as an modheolaíocht ráta úis atá in éifeacht.

Suimeanna iníoctha trádála agus eile

Tugtar nithe iníoctha trádála agus eile ag costas amúchta, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh

Tá an Grúpa nochtaithe do rioscaí margaidh a bhaineann le hathruithe ar rátaí úis agus ar rátaí malartaithe airgeadra. Tá an Grúpa i mbun babhtáil ar ráta úis chun bainistiú a dhéanamh ar athruithe ar rátaí úis ar iasachtaí an Ghrúpa. Baintear leas as réamhchonarthaí airgeadra eachtrach chun athruithe ar Dollar SAM agus Steirling a bhainistiú maidir le hidirbheartaíochtaí tuartha. Ní théann an Grúpa i mbun conarthaí díorthaigh amhantracha.

Trí lascainiú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid measta ar an socrú babhtála chun luach reatha a léiriú ag baint leas as an ráta margaidh cuí a chinntear luach cóir na babhtála ar ráta úis. Cinntear luach cóir na réamhchonarthaí airgeadra eachtrach bunaithe ar luach reatha an réamhphraghais atá tugtha.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cóir ar dtús agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin go dtí luach cóir gach dáta tuairiscithe. Rangaíonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh mar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bharrachas nó easnamh nó mar fháluithe sreabhaidh airgid. Cuirtear aon ghnóthachain nó cailteanais a bhíonn mar thoradh ar athruithe ar luach cóir na ndíorthach isteach díreach sa Ráiteas loncaim, seachas an chuid de na fáluithe sreabhaidh airgid atá ag obair agus a aithnítear sa Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach (mar a bhfuil cur síos thíos air).

Fáluithe Sreabhaidh Airgid

Nuair a chuirtear tús le fálú sreabhaidh airgid ainmníonn agus cláraíonn an Grúpa go foirmiúil an gaol fáluithe inar mian leis an nGrúpa a chur i bhfeidhm i gcuntasaíocht fálaithe agus an cuspóir bainistithe riosca agus straitéis le tabhairt faoin bhfálú.

Nuair a ainmnítear ionstraim airgeadais díorthaigh ar fhálú sreabhaidh airgid dliteanas aitheanta, aithnítear cuid éifeachtach aon chailteanais nó gnóthachain ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go dtí díreach sa Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach. Aithnítear cuid neamhéifeachtach aon ghnóthachain nó cailteanais láithreach sa Ráiteas loncaim. Athrangaítear an méid a charntar i gcothromas sa Ráiteas loncaim sa tréimhse chéanna a mbíonn tionchar ag an ní fálaithe ar an mbarrachas nó ar an easnamh.

Mura mbeidh an ionstraim fálaithe ag comhlíonadh na gcritéar do chuntasaíocht fálaithe nó má tharraingítear siar an t-ainmniúchán cuirtear deireadh go hionchasach leis an gcuntasaíocht fálaithe.

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

9. Sochair d'Fhostaithe

(a) Oibleagáidí sochair scoir

Déanann an Grúpa, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ, Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ (scéim chumaisc a bhfuil gnéithe shainithe agus ranníoca shainithe léi) agus scéimeanna ranníoca sainithe eile ranníocaíochtaí pinsin do líon suntasach fostaithé.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus le gné ranníocaíochtaí sainithe Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ, fabhraítear ranníocaíochtaí agus aithnítear iad sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse a saothraíonn na fostaithé cuí iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim sochair shainithe aoisliúntais maoinithe agus gné sochair shainithe de Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ, nochtar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dlíteanas na scéime ó mheasúnú achtúireach, á ríomh ag baint leas as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, mar shócmhainn/dlíteanas sa Ráiteas ar Staid Airgeadais. An tsuim a chuirtear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ná costas achtúireach na sochar pinsean a ghealltar d'fhostaithe a saothraíodh le linn na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a deonaíodh do chomhaltaí i rith na bliana.

Cinneann an Grúpa an (t-ioncam)/costas úis glan tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an oibleagáid shochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm leis an dlíteanas/(sócmhainn) sochair shainithe glan ag tús na tréimhse, ag cur san áireamh athruithe i rith na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Léirítear an costas/(t-ioncam) úis glan mar mhír airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Déantar atomhais ar an dlíteanas sochair sainithe glan, torthaí ar shócmhainní an phlean agus tionchar na teorann sócmhainne a aithint láithreach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Nuair a athraítear sochair aon phlean, déantar an t-athrú ar an sochar a bhaineann le seirbhís san am atá caite a aithint láithreach sa Ráiteas Ioncaim.

(b) Sochair Foirceanta

Aithnítear sochair scoir mar chaiteachas nuair is léir go mbíonn an Grúpa tiomanta, is gan aon fhéidearthacht ann tarraingt siar, do phlean mionsonraithe fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le hiomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair d'iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas má tá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir an líon glactha a mheas go hiontaoifa.

(c) Sochair ghearrthéarmacha

Ar bhonn neamh-lascainithe a thomhaistear oibleagáidí sochair ghearrthéarmach fostaithé agus déantar iad a chur san áireamh de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís.

10. Cáin Ioncaim

(a) Aitheantas

Tá cáin ioncaim comhdhéanta de cháin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear caiteachas cáin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim seachas a mhéid a bhaineann sé le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas agus sa chás sin a aithnítear i gcothromas.

(b) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an cháin ionchasach iníoctha ar ioncam incháinithe don bhliain, ag baint leas as na rátaí cánach achtaithe nó atá achtaithe go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon leasú ar cháin iníoctha maidir le blianta roimhe sin. Tá cáin chorparáide na hÉireann dlíte ar ioncam inchánaithe an Ghrúpa. Bhí ioncam a saothraíodh ó tháille ceadóin an Ghrúpa roimh an 31 Nollaig 2006 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

(c) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha leis an modh clár comhardaithe ina soláthraítear do dhifríochtaí idir an tsuim de shócmhainní agus dlíteanas a iompraítear do chríocha tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críocha cánach. Níl sócmhainní ná dlíteanas cánach iarchurtha faoi réir lascainiú agus déantar iad a thomhais ag rátaí cánach a mheastar a bhainfidh leis an tréimhse a bhfíoraítear an tsócmhainn nó a socraítear an dlíteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus na dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta deireadh na bliana.

Aithnítear dlíteanas chánach ar mhaithe le gach difríocht shealadach chánach seachas an chéad aithint sócmhainne nó dlíteanas in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach mbíonn tionchar aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús ná ar an gcaillteanas inchánaithe tráth a ndéantar an t-idirbheart.

A mhéid agus is dócha a bheidh brabúis inchánaithe ar fáil ina aghaidh agus ar féidir an difríocht shealadach a úsáid a aithnítear sócmhainn chánach. Déantar sócmhainní cánach a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad a mhéid is nach dóigh níos mó go mbainfeadh an sochar cánach bainteach amach.

Déantar sócmhainní agus dlíteanas cánach a fhritháireamh má tá ceart dlí infheidhmithe ann sócmhainní agus dlíteanas chánach a fhritháireamh agus go mbaineann siad le cáin ioncaim atá á ghearradh ag an údarás céanna cánach ar an eintiteas céanna inchánaithe.

11. Ioncam agus Costais Airgeadais

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam ó ús ar airgead tirim agus d'infheistíochtaí leachtacha agus gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta d'ús ar iasachtaí, ús diúltach ar thaiscí, díscáileadh na lascaine ar chostas athstruchtúrtha agus gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

12. Ioncam Díbhinne

Tugtar díbhinní a íocadh agus a fuarthas ó chuideachtaí an ghrúpa san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta maidir leis an tréimhse a ndearnadh na díbhinní atá i gceist a fhógairt agus a aontú lena linn.

13. Deontais

Aithnítear deontais sa Ráiteas Ioncaim sa bhliain airgeadais lena mbaineann. Aithnítear deontais mar ioncam nó baineadh iad ón gcostas a ghabhann leo, chomh fada agus atá dearbhú réasúnach faighte go gcomhlíonfaidh an Grúpa aon choinniollacha atá leis an deontas agus go bhfaighfear an deontas. Déantar ioncam ón táille cheadúnais a chuntas i gcomhréir leis an IAS 20 *Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas a nochtadh*.

Déantar deontais caipitil a lua mar ioncam iarchurtha agus a thabhairt san áireamh leis an Ráiteas Ioncaim ar bhonn atá ag teacht leis an bpolasaí dímheasa maidir leis na sócmhainní atá i gceist.

14. Léasanna

An Grúpa ina léasaí

Measann an Grúpa cibé an léas é conradh nó an bhfuil léas mar chuid den chonradh, nuair a chuirtear tús leis an gconradh. Aithníonn an Grúpa sócmhainn ceart ar úsáid agus dliteanas léasa comhfhreagrach i leith gach socrú léasa inarb é an Grúpa an léasaí, seachas i gcás léasanna gearrthéarmacha (arna sainmhíniú mar théarma léasachta 12 mhí nó níos lú). Maidir leis na léasanna sin, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chostas oibriúcháin ar bhonn na líne díri thar thréimhse an léasa.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ar dtús ag luach reatha na n-íocaíochtaí léasa nach bhfuil íoctha ag an dáta tosaithe, arna lascaíniú trí úsáid a bhaint as a ráta iasachta incriminteach.

Tá sócmhainní ceart ar úsáid comhdhéanta de thomhas tosaigh an dliteanas léasa chomhfhreagraigh, íocaíochta léasa a rinne ag an lá tosaithe nó roimhe, lúide aon tionscnaimh léasa a fuarthas agus aon chostais dhíreacha tosaigh. Déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas lúide dímheas carntha agus cailteanas lagaithe.

Déantar sócmhainní ceart ar úsáid a dhímheas sa tréimhse níos giorra de théarma an léasa agus saol úsáideach na sócmhainne bunaidh. Tosaíonn an dímheas ag dáta tosaithe an léasa.

Réamhrá

I ndeireadh na bliana 2019, chuir RTÉ a Straitéis Leasaithe 2020-2024 faoi bhráid an Rialtais, plean chun meáin chumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann a thabhairt ar chaoi inmharthanachta agus lena ndírítear ar chuid mhór de na réimsí deacrachta a chuirtear roimh RTÉ. Leagtar amach ann meascán nua de sheirbhísí beo agus ar líne saor in aisce, agus cuireann sin ábhar iontach agus éagsúil ar fáil don lucht féachana ag amanna agus ar dheiseanna a oireann dóibh féin. Tá an treo ina bhfuil RTÉ ag dul sna blianta atá romhainn amach fós mar chuid dá fhís: *A bheith ina chrann seasta ag cultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach, iléagsúlacht dhomhain na tíre a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú.*

Tugtar léargas ar an gcomhthéacs sin i dTiomantais 2022 agus leagtar sé thiomantas faoi thrí cheannteideal nó cuspóirí straitéiseacha amach ann: Lucht Féachana agus Éisteachta, Ábhar agus Inbhuanaitheacht.

An Lucht Féachana agus Éisteachta – Ábhar a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ar fad, ag freastal ar gach duine, gach áit

1. A chinntiú go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta i gcroílár na gcinntí a dhéantar
2. A bheith san áit a bhfuil an lucht féachana – teacht a bheith ag an uile dhuine ar na seirbhísí, barr feabhais a chur ar an ábhar lineach agus digiteach ar dtús a ghlacadh

Ábhar – Lucht féachana agus éisteachta a shásamh le meascán d'ábhar ar ardchaighdeán a thugann léargas ar scéalta na tíre a chur ar fáil

3. Ábhar iontaofa, dúshlánach agus spéisiúil a chur ar fáil
4. Cultúr na hÉireann a Chosaint
5. Iléagsúlacht a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú

Inbhuanaitheacht – Todhchaí na meán seirbhíse poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

6. Todhchaí na Meán Seirbhíse Poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

Faoi réir Alt 102(3) an Achta, cuireadh Ráiteas Bliantúil RTÉ faoi Ghealltanais Feidhmíochta 2022 (ASPC) faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí Aibreáin 2022. Foilsíodh achoimre ina dhiaidh sin ar RTÉ.ie. Cuirtear achoimre ar chomhlíonadh thiomantais na bliana 2022 i láthair anseo ag teacht le halt 102(5) den Acht. Ag teacht le halt 102(4) den Acht, rinneadh tuarascáil ar leithligh atá níos mionsonraithe maidir le gealltanais a chomhlíonadh nó eile a chur faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí Aibreáin 2023.

An comhthéacs a bhaineann le torthaí 2022

Éiríonn go maith le RTÉ i measc mhuintir na hÉireann. Tá ardmheas ar RTÉ agus is féidir brath go mór orthu, tá na leibhéil sástachta láidir agus tá brandaí RTÉ fós ar na cinn is mó a dtugtar aird orthu ar fud na teilifíse, raidió agus seirbhísí ar líne. É sin ráite, níor bhain RTÉ roinnt dá chuid spriocanna tuisceana lucht féachana agus éisteachta amach.

Chonacthas le cúpla bliain anuas go bhfuil dearcadh tomhaltóirí ar an leibhéal is ísle le deich mbliana anuas, rud a tháinig chun cinn sa bhliain 2022 mar gheall ar thionchar an chogaidh san Úcráin agus boilsciú ar chostais a tharla dá bharr. Bhí na nithe sin ar fad ag tarlú nuair a bhí an tsochaí ag teacht ar ais chuici féin i ndiaidh éifeachtaí fairsinge na paindéime domhanda. Ag an am céanna, tháinig fás leanúnach ar shintíúis chuig ardáin sruthaithe dhomhanda atá maoinithe go maith agus ar líon na ndaoine a d'fhéach ar na hardáin sruthaithe dhomhanda sin, ar ardáin iad a imríonn tionchar mór ar an méid a bhíonn lucht úsáide ag súil leis agus a chuireann go mór leis an méid a bhfuil súil acu leis. Mar gheall nach bhfuil aon athchóiriú ar an táille cheadúnais agus mar gheall ar infheistíochtaí laghdaithe agus ar an tearcmhaoiniú struchtúrach a tháinig dá bharr i roinnt réimsí, níl aon amhras ann gur laghdaíodh láidreacht an cheangail atá ag RTÉ leis an lucht féachana agus éisteachta. Téann na tosca sin ar fad i bhfeidhm go díreach ar an leibhéal dearfachta nó eile ar RTÉ.

Tá réimse pleananna á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm ag RTÉ (a bhfuil go leor acu mionsonraithe sa tuarascáil seo) atá leis na treochtaí sin a iompú ar ais nó iad a cheartú le linn 2023 agus níos faide amach. Is mór an t-ugach é a thabhairt ar aird gur baineadh tairbhe ráithiúil amach in 2022 le roinnt gnéithe a chuireann le forbairt RTÉ. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chomhartha luath go bhfuil muid ag athrú roinnt de na figiúirí sin chun feabhais.

An Lucht Féachana agus Éisteachta

An Lucht Féachana agus Éisteachta – Ábhar a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ar fad, ag freastal ar gach duine, gach áit

Gealltanais	Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	Toradh	
1. A chinntiú go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta i gcroílár na gcinntí a dhéantar	Tá riachtanais an lucht féachana agus éisteachta lárnach i ndáil le PSM a chur ar fáil in Éirinn.	<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ ábhartha do mhuintir na hÉireann a choinneáil ag >80% An dearcadh i measc an phobail go bhfuil ábhar agus seirbhísí den scoth ag RTÉ a choinneáil ag >75% 	<p>Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 67% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.</p> <p>Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 63% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.</p>	
	Braitheann muintir na hÉireann go bhfuil úinéireacht acu ar a PSM agus go bhfuil ceangal acu leis.			
2. A bheith san áit a bhfuil an lucht féachana – teacht a bheith ag an uile dhuine ar na seirbhísí, barr feabhais a chur ar an ábhar líneach agus digiteach ar dtús a ghlacadh	Tá riachtanais meán i ngach réimse de shocháí na hÉireann bainte amach.	<ul style="list-style-type: none"> An meánsciar seachtainiúil den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag 90% nó os a chionn (daoine 18+) 	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais.	
	Tá daoine óga gafa le hábhar agus seirbhísí Éireannacha.	<ul style="list-style-type: none"> An meánsciar seachtainiúil den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag 90% nó os a chionn (daoine 18–34) 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. B'ionann an meánsciar seachtainiúil agus 81%, tá sé ag éirí níos dúshlánaí sciar neasuiligh a choinneáil i leith an aoisghrúpa seo i dtimpeallacht lena mbaineann iomaíocht an-ghéar gan an infheistíocht atá de dhíth a fháil a d'fhéadfadh réiteach maoinithe poiblí a chur ar fáil.	
	Spreagfaidh nuálaíocht i léiriúchán meán rannpháirtíocht na ndúchasach digiteach le hábhar Éireannach.	<ul style="list-style-type: none"> Cur le meánsciar seachtainiúil RTÉ trí dheiseanna soghluaiste agus ar líne go dtí >56% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. B'ionann an meánsciar seachtainiúil agus 47%, tá ardú tagtha ar an leibhéal sástachta i measc úsáideoirí rialta agus léirítear sna sonraí faoi úsáid eile go bhfuil níos mó rannpháirtíochta ann. Bhí an líon sruthanna is mó ná riamh, 83.3m sruth, ar an RTÉ Player sa bhliain 2022 agus ag an am céanna tá forbairt fhadtéarmach fós le feiceáil ar RTÉ.ie agus ar aip RTÉ News i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim. Tá RTÉ tiomanta dá straitéis dhigiteach agus d'infheistíocht a dhéanamh ina tháirgí chun feabhas a chur ar thairgí an úsáideora agus tairiscint ábhair.	
	Beidh teacht éasca agus láithreach ag daoine ar ábhar Éireannach ar ghairesas dá rogha féin.			
		<ul style="list-style-type: none"> Sciar teilifíse RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad) ag 27.5% 	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais. B'ionann an sciar agus 26.8%.	
		<ul style="list-style-type: none"> Sciar raidió RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad) ag ≥30% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. B'ionann sciar raidió RTÉ agus 28.3%. D'éist 1,913,000 milliún duine nó 47% de dhaoine fásta as Éirinn i rith na seachtaine le raidió RTÉ agus léiríodh treochtaí dearfacha maidir le tarraingt raidió RTÉ a spreagadh i measc daoine óga.	
		<ul style="list-style-type: none"> Monatóireacht a dhéanamh ar an Am a Caitheadh ar RTÉ agus tuairisciú ina leith (daoine fásta 15+ & 15–34) 	Rinneadh maith den ghealltanais.	
	<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláracha agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse gaireas a choinneáil ag >70% 	Rinneadh maith den ghealltanais.		

Ábhar

Lucht féachana agus éisteachta a shásamh le meascán d'ábhar ar ardchaighdeán a thugann léargas ar scéalta na tíre a chur ar fáil

Gealltanais	Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	Toradh	
3. Ábhar iontaofa, dúshlánach agus speisiúil a chur ar fáil	I ré seo na bréagnuachta, tá foinse nuachta iontaofa ag muintir na hÉireann.	<ul style="list-style-type: none"> Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&CR atá iontaofa ar fáil a choinneáil ag ≥80% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 72% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Cé go bhfuil laghdú tagtha le roinnt blianta anuas ar an muinín atá ag daoine sna meáin ar an iomlán, is é RTÉ fós an fhoinsé nuachta is iontaofa in Éirinn: léirithe ag ár dtaighde féin agus i dTuarascáil Nuachta Digtí na hÉireann (74%). Ba é RTÉ an chéad eagraíocht nuachta in Éirinn a deimhníodh leis an marc Tionscnaimh Iontaobhe Iriseoireachta, an caighdeán domhanda i gcomhair iriseoireacht iontaofa atá glactha ag Oifig um Chaighdeán na hÉireann. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.	
	Coinnítear an dream is cumhachtaí i sochaí na hÉireann cuntasach, agus tugtar éagóir agus droch-chleachtas in institiúidí Éireannacha chun solais.		<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go spreagann RTÉ díospóireacht náisiúnta agus go gcuireann sé daoine ag caint a choinneáil ag ≥80% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 74% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.
	Cuirtear leis an oideachas in Éirinn trí dhearthaí agus bealaí foghlama éagsúla a áireamh.		<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go gcoinníonn RTÉ ar an eolas mé a choinneáil ag ≥80% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 74% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.
4. Cultúr na hÉireanna Chosaint	Spreagtar plé poiblí agus tugtar léargas ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann.	<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn a choinneáil ag ≥80% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 75% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.	
	Rachaidh an oidhreacht closamhairc shaibhir a chuirtear ar fáil trí chartlann PSM den chineál is nuaimseartha chun leasa mhuintir na hÉireann.	<ul style="list-style-type: none"> Cur leis an dearcadh i measc an phobail go lígeann RTÉ dom imeachtaí náisiúnta a thapú a choinneáil ag ≥80% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 73% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.	
	Neartaítear an mórtas atá againn as ár n-aitheantas náisiúnta trína bheith rannpháirteach sa taithí chultúir agus spóirt a cheanglaíonn le chéile muid mar náisiún.	<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go dtugann RTÉ an méid ama ceart do chláracha do leanaí a choinneáil ag ≥50%. 	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais. D'aontaigh 48% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin.	
	Feicfidh leanaí na hÉireann a dtaithí féin agus cloisfidh siad a nglór féin ar an scáileán, ar raidió agus ar líne.	<ul style="list-style-type: none"> Na daoine i measc an phobail a bhfuil de dhearcadh acu go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge a choinneáil ag ≥60% 	Rinneadh maith den ghealltanais.	
	Tiolfaidh méadú ar shuntasacht na Gaeilge agus beidh ina cuid lárnach de thírdhreach na meán Éireannach.	<ul style="list-style-type: none"> An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil ag ≥3% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. B'ionann an sciar seachtainiúil agus 2% Mar sin féin sa bhliain 2022 rinne RnaG ceiliúradh 50 bliain ar phobal na Gaeltachta agus ar phobal na Gaeilge ar fud na tíre a shaibhriú trína scéalta, amhráin agus ceol a roinnt agus bhí RnaG i measc an phobail i rith na bliana le sraith d'imeachtaí beaga agus móra.	
		<ul style="list-style-type: none"> 'Soláthar 365' TG4 a shásamh i gcomhréir le hAlt 120 den Acht 	Rinneadh maith den ghealltanais.	

Ábhar (ar lean)

Gealltanais	Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocheart	Toradh
5. Iléagsúlacht a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú	Feiceann gach duine as gach cuid de shochaí na hÉireann go bhfuil ionadaíocht déanta ar a dtaithí féin ina n-eagraíocht PSM agus braitheann go bhfuil siad san áireamh.	<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go léiríonn RTÉ sochaí reatha na hÉireann a mhéadú go dtí ≥80% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 63% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.
	Tá feasacht níos mó ar an éagsúlacht a bhaineann le sochaí na hÉireann agus comhtháthú sóisialta níos fearr.	<ul style="list-style-type: none"> Tuarascáil maidir le mná agus glórtha mná ar an aer 	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Tá PSM cruthaitheach agus nuálach ar bhonn leanúnach ag Éirinn.	<ul style="list-style-type: none"> Ardsciar den ábhar a chuirtear ar fáil ar bhandaí FM Raidió RTÉ a choinneáil ina ábhar dúchasach arna chraoladh den chéad uair ag ≥80% 	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Tagann fás ar gheilleagar cruthaitheach na hÉireann agus déantar é a neartú agus a fhorbairt.	<ul style="list-style-type: none"> Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais mar % d'iomlán na n-uaireanta an chloig le linn buaicthráthanna ar RTÉ One a choinneáil ag >75%. 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais a bhí in 70% de na buaicthráthanna ar RTÉ One. Cé go raibh méadú ar uaireanta bunaidh an chloig sa bhliain 2021, bhí níos lú cláracha athchraolta agus níos mó uaireanta craolacháin. Bhí Corn an Domhain FIFA ar siúl ar RTÉ2 freisin i Ráithe 4 den bhliain 2022.
	Tugtar ardán d'aos dána na hÉireann atá i mbun oibre cheana féin agus atá ag teacht chun cinn agus déantar iad a cheiliúradh.	<ul style="list-style-type: none"> An dualgas maidir le caiteachas faoin reachtaíocht a chomhlíonadh 	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Insítear scéalta iontacha mhuintir na hÉireann ar bhealach a dtuigeann cách iad agus ar bhealach cumhachtach.	<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go bhfuil dea-thionchar ag RTÉ One ar chúrsaí drámaíochta na tíre a mhéadú go ≥70% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 62%, ach mar sin féin tháinig méadú suas go 69% ar an leibhéal sástachta le Dráma RTÉ ar an iomlán.
	Déanfar síneadh a chur leis an mbealach a mbíonn teacht ar na healaíona agus déanfar go daonlathach é agus cuirfidh sin le luach atá ag an bpobal ar an gcultúr agus oidhreacht ar leith atá againn.	<ul style="list-style-type: none"> Sástacht an phobail le caighdeán an chultúir agus na n-ealaíon ar RTÉ a choinneáil ag ≥67% 	Tá Dráma RTÉ fós ina phríomhghné ar scoideal RTÉ One, ina dtarraingítear líon ard lucht féachana ach mar sin féin táthar ag féachaint níos mó agus níos ar dhrámaíocht na hÉireann anois ar an RTÉ Player, beo agus ar éileamh araon, áit a bhfuil tóir freisin ar ábhar nach é. Rinneadh 599k sruth ar an dara séasúr de <i>Smother</i> in 2022 agus ag an am céanna tá sraitheanna a craoladh in 2021 fós ag tarraingt lucht féachana ard ar éileamh agus tá líon suntasach sruthanna déanta orthu go dtí seo: <i>Smother</i> sraith 1 (974k), <i>Hidden Assets</i> (840k), <i>Kin</i> (2.9m). Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá freisin.
		<ul style="list-style-type: none"> An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ réimse leathan de cheol ceolfhoirne ar fáil a choinneáil ag (aontaíonn %) 50% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 59% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin, (64% gan na daoine 'nach bhfuil a fhios acu' san áireamh) agus bhí treochtaí in airde le feiceáil go soiléir le linn na bliana. De réir mar a thosaigh gníomhaíochtaí ealaíne agus cultúir arís ar leibhéal an-chosúil leis na leibhéil roimhe seo, níor bhain cineálacha áirithe d'imeachtaí beo i gcónaí an leibhéal lucht féachana amach a bhíodh acu roimh an bpaindéim. In ainneoin sin, chraol RTÉ réimse éagsúil d'ábhar ealaíon agus cultúir lena n-áirítear imeachtaí le lucht féachana beo ann agus léiriúcháin choimisiúnaithe. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá freisin.
			Rinneadh maith den ghealltanais.

Inbhuanaitheacht

Todhchaí na Meán Seirbhíse Poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

Gealltanais	Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	Toradh
6. Todhchaí PSM a Chosaint	Tá cosaint ag todhchaí PSM in Éirinn agus tá sé inbhuanaithe.	<ul style="list-style-type: none"> An buiséad bliantúil a shásamh. 	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais.
	Déantar é a rith go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tacaítear leis trí ghníomhaíochtaí tráchtála RTÉ.	<ul style="list-style-type: none"> Punann seirbhísí RTÉ a chur ar fáil taobh istigh den sprioc maidir le costas oibriúcháin buiséadaithe. 	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Tá sé oscailte, cuntasach agus trédhearcach.	<ul style="list-style-type: none"> Gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ a oibriú go héifeachtach chun an glantoradh is fearr a bhaint as do ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ agus spriocanna maidir le hioncam tráchtála Grúpa a bhaint amach. 	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais.
	Neartaítear agus tugtar cosaint do dhlísteacht PSM in Éirinn.	<ul style="list-style-type: none"> Is ionann an caiteachas iomlán ar ábhar agus ar dháileachán mar % de na Costais Oibriúcháin agus ≥80% 	Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanais.
		<ul style="list-style-type: none"> An sprioc PROC* bainte amach 	Rinneadh maith den ghealltanais.
	*Costais Oibriúcháin Cúrsaí Pearsanra		
		<ul style="list-style-type: none"> Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ tábhachtach do shocháil na hÉireann a choinneáil ag ≥85% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 77% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin agus chonacthas treochtaí ag dul in airde sa scála tomhais sin le linn na bliana. Féach léargas comhthéacsúil sa Réamhrá.
		<ul style="list-style-type: none"> Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ iontaofa a choinneáil ag ≥75% 	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. D'aontaigh 69% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin, gan athrú ó thoradh na bliana 2021. Chonacthas ardú beag in 2022 i roinnt de na táscairí eagraíochta a chuireann leis an iontaoibh agus is comhartha maith é sin.
			Féach freisin léargas faoi Ghealltanais 3: iontaoibh i N&CA RTÉ, agus sa Réamhrá ar an scór maidir le tuairim an phobail.

Tuairiscíil Cóirthrídála RTÉ 2022

Tá RTÉ tugtha dá chinntiú go gcloítear i mbun trádála le prionsabail na cóiriomaíochta agus go n-oibrítear taobh istigh de chreat dlí an AE agus den reachtaíocht náisiúnta araon. Mheas RTÉ gur chuí, sa bhreis air sin, polasaí agus nós imeachta dá chuid féin a chur i bhfeidhm, Polasaí agus Nós Imeachta Cóirthrídála RTÉ, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin RTÉ. Rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar an gcáipéis in 2022.

Bunaíodh an Coiste maidir le Cóirthrídáil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Pholasaí agus na Nósanna Imeachta. Is fochoiste é de chuid Bhord RTÉ. Ba iad Ian Kehoe agus Susan Ahern comhaltaí an fochoiste ag deireadh na bliana. D'éirigh Deborah Kelleher as a bheith ina chomhalta den Choiste le héifeacht ón 6 Samhain 2022 ar dheireadh a theacht lena téarma oifige. Tá an fochoiste seo freagrach as maoirseacht neamhspleách a dhéanamh


ar an bpolasaí maidir le cóirthrídáil i ndáil lena chur i bhfeidhm agus is féidir leis an bhfochoiste athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bpolasaí chomh maith le hathbhreithniú ar an bpróiseas maidir le gearáin. Rinne an tOifigeach Cóirthrídála, Eleanor Bleahane, tuairisciú go díreach leis an bhfochoiste i rith na bliana 2022. Lean an tOifigeach Cóirthrídála de chomhairle agus treoir a thabhairt faoi chúrsaí cóirthrídála do réimsí ábhartha in RTÉ le linn na bliana 2022.

Tuairisc faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014

Éilítear ar RTÉ faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta tuairisc bhliantúil a ullmhú maidir leis an nochtadh cosanta a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. I gcomhlíonadh an choinníll sin, tuairiscíonn RTÉ nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta amháin i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

IARRATAÍ UM SHAORÁIL FAISNÉISE (“SF”) CHUIG RTÉ


■ 2022 □ 2021



Foinse: RTÉ

GEARÁIN A RINNEADH LE HÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN (BAI) MAIDIR LE HÁBHAR CRAOLTA DE CHUID RTÉ

■ 2022 □ 2021



Foinse: RTÉ

	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000
RÁITEAS IONCAIM					
Ioncam ó cheadúnais teilifíse	195,642	196,131	196,623	196,248	189,055
Ioncam tráchtála	152,053	148,342	134,519	145,837	150,050
Ioncam iomlán	347,695	344,473	331,142	342,085	339,105
Costais Oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus míreanna eisceachtúla)	(339,288)	(331,345)	(307,691)	(337,773)	(339,803)
EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla	8,407	13,128	23,451	4,312	(698)
Dímheas agus amúchadh	(11,765)	(11,654)	(13,543)	(13,803)	(12,417)
Gnóthachtaí/(cailteanas) ar shócmhainní a dhiúscairt	12	73	(8)	288	5
Infheistíochtaí a dhiúscairt	36	-	-	-	-
Míreanna eisceachtúla ¹	-	-	-	256	(548)
Brabús/(cailteanas) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla	(3,310)	1,547	9,900	(8,947)	(13,658)
Glan ioncam/(chostas) airgeadais	320	1,219	(99)	57	520
Cáin	197	(407)	(1,863)	1,689	135
Barrachas/(easnamh) don bhliain	(2,793)	2,359	7,938	(7,201)	(13,003)
CLÁR COMHARDAITHE					
Sócmhainní reatha agus neamhreatha					
Maoin, innealra agus trealamh	58,145	62,810	60,982	71,028	67,846
Sócmhainní doláimhsithe	4,252	7,968	4,772	6,311	5,695
Sócmhainn phinsin	180,590	147,714	150,816	110,404	49,556
Fardail	25,951	27,105	26,669	27,689	31,245
Infheistíochtaí airgid agus leachtacha	114,062	101,392	87,165	69,149	66,961
Sócmhainní eile	62,831	61,484	71,509	63,511	60,246
Iomlán na sócmhainní	445,831	408,473	401,913	348,092	281,549
Dlíteanais reatha agus neamhreatha					
Sochair d'fhostaithe - costas athstruchtúrtha	7,392	8,792	13,411	14,332	16,675
Dlíteanais eile	206,105	197,554	190,358	178,452	169,344
Iomlán na ndlíteanas	213,497	206,346	203,769	192,784	186,019
Cothromas	232,334	202,127	198,144	155,308	95,530
Iomlán an chothromais agus na ndlíteanas	445,831	408,473	401,913	348,092	281,549
SREABHADH AIRGID					
Airgead tirim glan ginte/(ionsúite) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	26,085	27,682	22,560	8,025	(21,156)
Sreabhadh airgid glan maidir le héadail ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	(9,682)	(11,629)	(8,178)	(14,287)	(18,205)
Glanfháltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol	15	77	20	305	17
FOSTAITHE					
Líon iomlán na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig	1,868	1,871	1,866	1,831	1,822
FTE iomlán amhail an 31 Nollaig	1,735	1,755	1,758	1,714	1,691

¹ Tugtar san áireamh le míreanna eisceachtúla, an gnóthachan ó thalamh a dhiúscairt, costas tionscadail ionas go bhféadfaí an díolachán a dhéanamh, athstruchtúrú agus muirir eile







Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

T: +353 1 208 3111
F: +353 1 208 3080

E: info@RTÉ.ie
www.RTÉ.ie

 twitter.com/rte
 [linkedin.com/company/rte](https://www.linkedin.com/company/rte)